

RTÉ

# Súil Siar ar an mBliain

Tuarascáil Bhliantúil
& Ráitis Airgeadais
an Ghrúpa 2016



# Inniu, Amárach, Le Chéile.

**Is é RTÉ eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann – ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste**

**Bord Raidió Teilifís Éireann An 56ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 arna gcur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir alt 109 agus alt 110 den *Acht Craolacháin 2009.***

**Is féidir leagan Béarla den Tuarascáil a íoslódáil ó www.rte.ie/about/en/policies-and-reports/annual-reports/**

# Clár


| | |
|---|---|
| Fís, Misean & Luachanna | 02 |
| Buaicphointí | 03 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 04 |
| Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra | 06 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 12 |
| An Eagraíocht | 20 |
| Struchtúr Eagrúcháin | 21 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin | 22 |
| Bord RTÉ | 100 |
| Feidhmeannas RTÉ | 104 |
| Rialachas Corparáide | 106 |
| Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 113 |
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird | 114 |
| Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách | 115 |
| Ráitis Airgeadais | 116 |
| Nótaí is cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | 123 |
| Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa – Polasaithe Cuntasaíochta | 164 |
| Ceanglais Tuairiscíochta Eile | 169 |
| Eolas Staitisticí Eile | 179 |
| Stair Airgeadais | 180 |

# Fís

Is é fís RTÉ cur le saol na hÉireann; eolas, siamsaíocht agus ábhar machnaimh a chur i láthair; agus ceangal a chothú leis an saol ag an uile dhuine.

# Misean

An tseirbhís nuachta neamhspleách is iontaofa, is cruinne agus is neamhchlaonta in Éirinn a chur ar fáil do ré na cumarsáide ceangailte.

An réimse is leithne d'ábhar agus de sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le luach ar airgead do dhaoine de gach aois, de gach réimse spéise agus de gach pobal.

Iléagsúlacht chultúir agus réigiúin na hÉireann a léiriú agus deis a thabhairt do dhaoine ar imeachtaí móra.

Bonn taca a chur faoi léiriúchán in Éirinn agus faoi aos cruthaitheachta na hÉireann agus iad a chothú.

# Luachanna

An lucht féachana agus éisteachta a thuiscint agus iad a chur i lár báire maidir le gach a ndéantar.

A bheith cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil.

A bheith oscailte, solúbtha agus tabhairt faoi obair i gcomhar.

A bheith freagrach, measúil, ionraic agus cuntasach i leith a chéile agus i leith an lucht éisteachta agus an lucht féachana.

## Buaicphointí

**Féachadh 54,000,000 uair ar an meán in aghaidh na míosa ar leathanaigh ar RTÉ.ie i rith na bliana 2016.**

---

**D'fhéach níos mó ná 3,000,000 duine ar sheirbhísí teilifíse RTÉ i rith dheireadh seachtaine na Cásca, agus tarraingíodh sciar 75% den lucht féachana.**

---

**Bhí níos mó ná 600 oirfideach sa chliar do Centenary a chuir scéalta na hÉireann in iúl trí chineálacha éagsúla ealaíne.**

---

**Tugann breis is 1,000,000 duine cluas do RTÉ Radio 1 gach seachtain.**

---

**Tháinig ardú 74% i gcomórtas leis an mbliain 2015 ar líon na ndaoine a d'fhéach ar shruthanna beo ar sheinnteoir an RTÉ Player.**

---

**Chuir Spórt RTÉ 885 uair an chloig d'ábhar bunaidh spóirt ar fáil ar an teilifís i rith na bliana 2016.**

# Ráiteas an Chathaoirligh

**I rith na bliana 2016, bhí ról lárnach ag earnáil na cruthaitheachta in Éirinn, earnáil a bhfuil páirt lárnach ag RTÉ inti, in iarrachtaí an náisiúin an stair a thabhairt chun cuimhne agus glacadh leis na ceachtanna atá le foghlaim uaithi. Ba bhliain spleodair agus ba bhliain mhachnaimh ab ea í i dtaobh comóradh agus le pleanáil don am atá romhainn. Bhain cuid mhór d'ábhar cláir RTÉ maidir leis an gcomóradh náisiúnta le réimse an chultúir, rud a léiríonn an tionchar a bhí ag na himeachtaí sin ar an gcruth ina bhfuil pobal an lae inniu.**

Ós é RTÉ an tseirbhís náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí, leantar d'ardán faoi leith a chur ar fáil do bhlas sainiúil na hÉireann sa saol ródhomhandaithe seo. Is den tábhacht é go raibh RTÉ ina rannpháirtí agus ina fhinné maidir leis an ócáid phoiblí staire agus cultúir is uaillmhianaí a cuireadh ar bun riamh in Éirinn. Chuidigh RTÉ leis na himeachtaí a chruthú agus lena thaifeadadh don chartlann, más ar Shráid Uí Chonaill é don Chomóradh Stáit, i nDún Uí Choileáin le haghaidh *A Nation's Voice*, mórócáid teilifíse *Centenary*, *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*, an ócáid phoiblí ollmhór a reáchtáladh i lár chathair Bhaile Átha Cliath, nó an tionscnamh *Every County has a Story*, a cuireadh ar fáil ar sheinnteoir an RTÉ Player agus ar ardáin eile.

Tráthúil go leor, ba bhliain freisin an bhliain 2016 lenar bhain tús nua i réimsí éagsúla. Ba é an tOlltoghchán in earrach na bliana seo an scéal mór maidir le cúrsaí polaitíochta ag lucht déanta clár. D'fhág an éagsúlacht tuairimíochta faoi chúrsaí polaitíochta, deighilt agus dealú éagsúil maidir le páirtithe Rialtais agus páirtithe an fhreasúra, agus cur chuige nua maidir le Rialtas a chur le chéile go raibh dúshlán ag baint le tráchtaireacht chóir chuimsitheach a chur ar fáil. Chuir RTÉ tráchtaireacht chothrom iomlán ar fáil ar fud na n-ardán ar fad ar na heachtraí de réir mar a thit siad amach.

I gcás RTÉ, ba bhliain athnuachana a bhí sa bhliain 2016 chomh maith. Ceapadh Dee Forbes ina Príomh-Stiúrthóir i mí Iúil. Is í Dee an chéad duine a ceapadh sa phost sin ón taobh amuigh den eagraíocht le breis agus 50 bliain anuas agus is í an chéad bhean í sa phost. Is í a stiúrfaidh an eagraíocht ag dul i mbun an chéad straitéis cúig bhliana eile. Beidh an gá le hathrú claochlaitheach, atá bunaithe ar na córais atá ag teacht chun cinn agus ar a n-éilítear maidir le craoltóireacht seirbhíse poiblí sa 21ú aois, ar an ábhar is mó ar fad a bhainfidh lena téarma mar Phríomh-Stiúrthóir. Tabharfaidh an Bord gach cúnamh di i mbun an mhórchúraim sin.

Ceapadh Dee i gcomharbacht ar Noel Curran a d'fhág tar éis blianta fada a chaitheamh ag obair do RTÉ. Aireoimid uainn a chuid taithí agus a chuid ceannródaíochta agus tá an Bord buíoch as an stuaim a d'fheidhmigh sé i bpoist shinsearacha i ndiaidh a chéile ar feadh roinnt mhaith blianta agus, go háirithe, as a chuid oibre ina Phríomh-Stiúrthóir dó, ag treorú RTÉ trí thréimhse chorraitheach. Guítear gach rath air ina gcuireann sé roimhe amach anseo.

Bliain anróiteach eile a bhí ann do RTÉ ó thaobh cúrsaí airgid. An cúram eisceachtúil a bhain leis na tiomantais a leagadh ar an eagraíocht i rith na bliana 2016 ba chúis le cuid de sin. Tharla olltoghchán agus mórócáidí spóirt, mar shampla na Cluichí Oilimpeacha agus Craobhchomórtas Sacair na hEorpa, in aon bhliain leis na himeachtaí náisiúnta a bhain le comóradh céad bliain ar Éirí Amach na Cásca.

Tosca iad sin a raibh pleanáil déanta lena n-aghaidh agus, mar gheall ar an gcostas ard a ghabhann leo, bhí easnamh á thuar roimh ré don bhliain.

Bhí tionchar ag tosca seachtracha ar obair RTÉ i gcónaí. Chuir socrú na Ríochta Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, 'Breatimeacht' mar atá á thabhairt air, isteach go mór ar chúrsaí eacnamaíochta. Íslíodh ioncam tráchtála RTÉ go mór dá bharr sa dara leath den bhliain, mar a tharla i gcás eagraíochtaí eile meán cumarsáide chomh maith. Bhí easnamh €19.7m sa bhliain 2016 de thoradh ar na tosca sin go léir. Tá an Bord ag obair leis an lucht bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin agus bearta a dhéanamh, go gearrthéarmach agus ar bhonn struchtúir, chun teacht ar ais ar an gcothrom.

Tá an Bord ag leanúint ar aghaidh le straitéis chun luach tairbhe a bhaint as roinnt de shealúchais talún RTÉ, achar áirithe de na tailte i nDomhnach Broc a dhíol san áireamh, agus cuirfidh sin roinnt acmhainní cinniúnacha ar fáil don athinfheistíocht chomh maith le hathleagan amach a thabhairt ar an láthair féin mar chuid d'athstruchtúrú níos ginearálta ar RTÉ.

I dtimpeallacht meán cumarsáide atá éiginnte agus síorathraitheach, tá an Bord ag féachaint, in éineacht le dreamanna eile san earnáil, le bonn cistíochta nua inbhuanaithe don chraoltóireacht seirbhíse poiblí a chur ar bun. Tarlóidh claochlú na heagraíochta i rith na mblianta beaga seo romhainn i gcomhthéacs athrú ar an timpeallacht rialála agus ar an timpeallacht tráchtála maidir leis na meáin chumarsáide ar fad agus ní mór córas maoinithe RTÉ, ach oiread le RTÉ féin a mhúnlú agus a athmhúnlú chun dul in oiriúint do na deacrachtaí nua.

Ar ndóigh, cé go dtarlaíonn athruithe móra, bíonn leanúnachas i gceist chomh maith. D'athnuaigh RTÉ an socrú le CLG go ceann cúig bliana breise, cúis áthais dúinn go léir.


Chomh maith leis an gcraoladh cuimsitheach ar an teilifís, beidh cearta náisiúnta raidió againn ar bhonn eisiach ar feadh na tréimhse sin. Lean Radio 1 ar an nguth is tréine agus is soiléire ar na haertonnta. Tá an iriseoireacht fiosrúcháin tréan i gcónaí. Tharraing roinnt tuairiscí suntasacha a chraol RTÉ díospóireacht phoiblí, go háirithe scéalta faoi charthanas Console agus roinnt scéalta faoi institiúidí cúraim.

Tháinig deireadh le téarma chomhaltaí Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ a ceapadh sa bhliain 2015. Chuir siadsan sonraí úsáideacha agus léargas pearsanta ar fáil don Bhord faoi réimsí éagsúla dár ngníomhaíocht. Beidh obair na Comhairle úsáideach don phlean eagrúcháin atá á fhorbairt i rith na bliana 2017.

Lean coistí an Bhoird leis an obair fhiúntach. Bíonn cúraimí tábhachta orthu cé gur minic a théann a gcuid oibre gan a lua. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí ar fad as an dúthracht agus an cúram a chaitheann siad le socruithe tábhachtacha a dhéanamh. Rinneadh Coiste nua Tráchtála agus Teicneolaíochta a chur ar bun mar chuid den obair sin agus d'oibrigh an Coiste maidir le Trádáil Chóir leis an lucht bainistíochta chun deighilt fheidhmeach a thabhairt i gcrích i ndáil le gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ.

D'fhág Pádraig Ó Céidigh an Bord chun dul isteach i Seanad Éireann. Tháinig Eoin McVey ina áit ag teannadh le deireadh na bliana. Beidh fáilte roimh a chion díograise agus an Bord ag tabhairt faoi dhúshláin na bliana seo chugainn.

Is léir cheana féin gur bliain dhúshlánach eile a bheidh sa bhliain 2017 – ó thaobh cúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus sóisialta. Le linn ré éiginnteachta den sórt seo, is den bhunriachtanas go leanann RTÉ ag dul i ngleic le ceisteanna casta in Éirinn agus thar lear leis an oibiachtúlacht, an mhacántacht, an chóir agus an chothroime dá bhfuil an cháil sin air ina leith. Leanfaidh an Bord ag obair chun a chinntiú go gcosnaítear agus go gcaomhnaítear an dea-chlú sin atá tuillte go maith.



**Moya Doherty**
**Cathaoirleach**



# Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

**Is beag bliain a dtarlaíonn tráthanna cinniúnacha maidir le hinfhilleadh, réabadh agus machnamh lena linn mar a tharla i rith na bliana 2016. Ba bhliain speisialta comóradh an chéid a bhí inti in Éirinn a d'fhág ar ár gcumas comóradh, ceiliúradh agus machnamh a dhéanamh ar na heachtraí ba chionsiocair le saoirse na tíre. Bliain toghchánaíochta a bhí inti freisin, toghchán a d'fhág cruth eile ar fad ar an Dáil agus Rialtas mionlaigh i gcumhacht nach mbeifí ag súil leis roimh ré agus ar socrú muiníne agus soláthair leis an bpáirtí is mó sa fhreasúra a choinníonn ar bun é. Maidir leis an Eoraip, ba bhliain í inar shocraigh ceann de na ballstáit is mó, tar éis feachtas an-deighilteach, an tAontas a fhágáil. Agus maidir leis na Stáit Aontaithe, fuair duine ón taobh amuigh de shaol na polaitíochta, an duine ba lú a gceapfaí a d'éireodh leis sa pholaitíocht, Donald Trump, an ceann is fearr ar Hilary Clinton ionas gur toghadh ina Uachtarán sa Teach Bán é.**

I rith na bliana sin, chuir RTÉ iomlán a raibh ag titim amach i láthair an lucht féachana agus éisteachta in Éirinn ar fud na seirbhísí raidió,teilifíse, soghluaiste agus ar líne.

### RTÉ 1916

Is beag ról atá níos lárnaí maidir leis na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí ná comóradh náisiúnta ar eachtraí suntasacha. Mar a chéile leis an gcuid is mó d'eachtraí na staire, bíonn athrú seasta ar an tuairimíocht maidir leis an Éirí Amach agus is casta go mór an dearcadh ina leith le 50 bliain anuas ná mar a bhí sa bhliain 1966. Níor shéan RTÉ an chastacht sin sa chaoi ar cuireadh chuig an gcomóradh. Idir dhrámaíocht agus chláir fhaisnéise, idir chláir phlé agus imeachtaí cultúir poiblí a chraoladh beo, chuir RTÉ an iriseoireacht agus an chruthaitheacht ar fad atá san eagraíocht i bhfeidhm ionas go bhféadfadh an lucht féachana agus éisteachta dul i ngleic leis an réimse leathan scéalaíochta a bhaineann leis an Éirí Amach agus leis an tréimhse ina dhiaidh, an réimse sin a thabhairt chun cuimhne agus tuiscint a bhaint as.

Is iomaí buaicphointe a bhain lenar chuir RTÉ leis an gcomóradh. Ag tús na bliana, chuir dráma RTÉ One *Rebellion* tús leis an ábhar comórtha. Tháinig réimse leathan de chláir fhíorasacha, fhaisnéise agus chultúir ina dhiaidh sin, ina measc *1916* a ndearna Liam Neeson an tráchtaireacht air agus an clár cróga *A Fanatic Heart – Geldof on Yeats*.

Bhí deireadh seachtaine na Cásca féin corraitheach agus ina ábhar ceiliúrtha. Bhí comóradh an Stáit ar Dhomhnach Cásca tochtach maorga mar a léirigh Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ ón aer agus ó leibhéal na sráide; craoladh *A Nation's Voice* beo ar RTÉ One le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ i mbun coirme le cór 1,000 duine i nDún Uí Choileáin; ar Luan Cásca tharla imeacht sráide seachas mar a chonacthas riamh cheana, *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*, arna cheapadh, arna eagrú agus arna stiúradh ag RTÉ, a bhí ar an ócáid chathrach ba mhó riamh i stair an Stáit; agus ar oíche Luan Cásca tharla an ócáid cultúir *Centenary* beo as amharclann Bhord Gáis Energy– cúpla lá fíorspeisialta.

Nuair is fearr a chruthaíonn na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, cinntítear go mbíonn spás don phobal ann inar féidir linn ar fad cruinniú le chéile i mbun plé agus díospóireachta, i mbun cuimhneacháin agus ceiliúrtha in éineacht lena chéile. Ba shin é ról sainiúil RTÉ i rith bhliain thábhachtach seo an chomórtha.

Ba ról é nach bhféadfaí a chomhlíonadh gan comhoibriú agus cúnamh taca ar leibhéal neamhghnách ó réimse páirtnéirí ar a n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig na nOibreacha Poiblí, Údarás Craolacháin na hÉireann agus, go háirithe, Éire 2016.

### Olltoghchán 2016

Bhí Olltoghchán 2016 ar an toghchán ilmheáin ba chuimsithí agus ba uaillmhianaí fós ag RTÉ. Den chéad uair riamh i stair RTÉ, eagraíodh díospóireacht cheannairí na bpáirtithe san olltoghchán taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath nuair a craoladh *Claire Byrne Live* as Ollscoil Luimnigh. Bhí *Six-One News, Nine O'Clock News* agus *Prime Time* ar an mbóthar freisin i rith an fheachtais, rinneadh comhchur i láthair as ionaid éagsúla ar fud na tíre agus pléadh na ceisteanna a bhí ag déanamh tinnis don phobal i lár cathracha, i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Chuaigh *Morning Ireland* freisin amach ar an mbóthar le ceannairí na bpáirtithe agus rinneadh agallaimh diancheistiúcháin. Rinneadh tuairiscíocht agus anailís ar imeachtaí an lae ar *News at One*.

Le *Project 500*, tionscnamh de chuid RTÉ News, tugadh cead cainte do gach iarrthóir a bhí ag seasamh sa toghchán le mionsuíomh ceannródaíochta don ghléasra soghluaiste ar líne. Trí leas a bhaint as líonra réigiúnach RTÉ, cuireadh físeáin aon nóiméad amháin ar fhad, gan freasúra, i láthair a bhí mar a bheadh craoladh polaitíochta pearsanta ann agus ligeadh don daonlathas parlaiminte tarlú go poiblí. Tugadh deis do gach iarrthóir labhairt go díreach leis na vótálaithe.

Trí shaineolas polaitíochta, iriseoireachta agus acadúlachta a chur in úsáid, bhí *Election 2016*, an mol digiteach ar líne de chuid RTÉ News ina shiopa ilseirbhíse maidir le hábhar uile RTÉ ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin dhigiteacha. Tugadh le chéile ábhar as cláir cúrsaí reatha, as feasacháin nuachta, as podchraoltaí agus as gné-ailt scríbhneoireachta agus ábhar anailíse.

Tar éis 24 lá feachtasaíochta, tharla an tOlltoghchán ar an 26 Feabhra. Meitheal na nImeachtaí Speisialta Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bhí i mbun thráchtaireacht RTÉ ar thorthaí an toghcháin. Bhí 32 ionad comhairimh i gceist leis an 40 Dáilcheantar agus ba díol mór suntais an clár 17 uair an chloig *Election 2016 Results* ó thaobh stair na teilifíse in Éirinn ó chraol RTÉ beo ón uile ionad comhairimh ar fud na tíre.

Spreag an tOlltoghchán ábhar físe a theacht chun cinn i gcúrsaí raidió. Chuir ceamaraí sna stiúideonna le clú na gclár chomh maith le hábhar eagarthóireachta den tairbhe a chur ar fáil a bhí ar fáil ar fud na n-ardán go léir. Cláir cúrsaí reatha raidió a shocraigh an t-ábhar cainte i rith an fheachtais le tráchtaireacht agus tuairisceoireacht chuimsitheach as gach ceann den 40 toghcheantar agus ba é buaic na hoibre 20 uair an chloig leanúnach d'ábhar cláir ar dheireadh seachtaine an chomhairimh.

Chuir pobalbhreith mhionsonraithe ar dhaoine ag fágáil láthair na vótála dóibh le hábhar craolta uile RTÉ chomh maith le faisnéis faoin gcomhaireamh de réir an toghcheantair a rinneadh a dháileadh beo ar RTÉ News Now agus ar líne chuig gléasra digiteach ar feadh dheireadh seachtaine an chomhairimh leis an scéal ba dheireanaí gach nóiméad den lá ar @rtenews agus @rte ar Twitter, agus ar fud phríomhchuntais RTÉ ar na meáin shóisialta.

### Scéalaíocht Faisnéise

Taobh amuigh de na cláir chomórtha ar fad, ba bhliain den scoth an bhliain 2016 maidir le teilifís seirbhíse poiblí i réimse na gclár fíorasach. Ar RTÉ One, chuaigh *Sugar Crash*, *My Homeless Family*, *Keeping Ireland Alive: The Health Service in a Day* agus *The Crossing* i ngleic le ceisteanna móra práinneacha éagsúla, eadhon, siúcra i mbia-aiste leanaí



## Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra
(ar lean)

na hÉireann; an saol dáiríre a chaitheann daoine gan dídean; a dtarlaíonn ó lá go lá i seirbhís sláinte na hÉireann; agus an tragóid a bhaineann gach lá le saol na ndaoine atá ag streachailt leis an Mheánmhuir a thrasnú i mbáidíní beaga rubair. Baineadh leas as modhanna nua den nuálaíocht agus as scéalaíocht thréan láidir ionas gur thug na cláir faisnéise léargas doshéanta don lucht féachana ar réimsí den saol nach dtuigtear rómhaith agus nach bhfeictear go minic ar an teilifís.

Ar RTÉ2, rinneadh cíoradh ar théamaí agus ar cheisteanna a bhfuil tábhacht faoi leith leo don chuid is óige de dhaoine fásta na hÉireann le cláir fhaisnéise a spreag ábhar machnaimh ag an lucht féachana. Bhí an lucht siúil, lucht imirce agus a bhfuil i gceist le hÉireannachas mar ábhar le sraith faisnéise nua trí chlár faoi chúrsaí féiniúlachta agus Éireannachais a cuireadh ar an aer i rith na earraigh. *I Am Traveller,* ina raibh John Connors le feiceáil, an chéad chlár sa tsraith. Chuaigh John i ngleic, ar an turas pearsanta sin, le ceisteanna achrannacha maidir le steiréitíopáil ciníochais agus féiniúlacht an lucht siúil in Éirinn sa lá atá inniu ann. Rinneadh cíoradh in *The Only Gay in the Village* ar a dtagann i gceist don duine homaighnéasach, leispiach nó déghnéasach atá ag éirí aníos agus á chur sin in iúl i mbailte agus i sráidbhailte na hÉireann.

Ar RTÉ Radio 1, is fada é dá rá gurb í *Documentary on One* an tsraith clár faisnéise raidió Béarla is gradamúla ar domhan. Tharla arís sa bhliain 2016 gur bronnadh gradaim idirnáisiúnta ar an tsraithsin. Bronnadh duaiseanna idirnáisiúnta ar *The Case that Never Was* le Frank Shouldice/Liam O'Brien, *Mick Meaney: Buried Alive* le Robert Mulhern/ Sarah Blake agus *An Open Verdict* le Jason Murphy/Liam O'Brien agus is léiriú iad ar fad ar fheabhas agus ar éagsúlacht na sraithe.

Léirigh tuairiscí scannalacha *RTÉ Investigates* maidir le Console feall agus míbhainistíocht ar leibhéal tromchúiseach i gceann de na carthanais is mó in Éirinn. Trí chaidreamh le sceithirí agus taighde mhionchúramach ar na mílte cáipéis a fuarthas faoin dlí maidir le Saoráil Faisnéise, chuir RTÉ Investigates an pictiúr le chéile ó na míreanna mearaí a thaispeáin an chaoi ar baineadh mí-úsáid as na céadta míle euro a tugadh don charthanas.

"Léirigh Spórt RTÉ 885 uair an chloig d'ábhar spóirt i rith na bliana 2016 agus bhí an samhradh lán le spórt, le 110 uair an chloig de na Cluichí Gaelacha, 116 uair an chloig de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa agus 215 uair an chloig de thráchtaireacht ar na cluichí Oilimpeacha as Rio."

Laistigh de roinnt seachtainí ó craoladh an clár, bhí Console dúnta, seacht gcinn de bhearta imscrúdúcháin oifigiúla ar siúl agus cuid mhórthábhachtach den *Acht Carthanas 2009* – cumhacht imscrúdúcháin a leagan ar an Rialtóir Carthanas – á achtú, rud a chuir athrú ar an gcóras rialála in Éirinn.

### Siamsaíocht don Náisiún

Cuireadh tús i rith na bliana 2016 le *Cutting Edge* le Brendan O'Connor ar RTÉ One. Chruinnigh triúr eile ar phainéal timpeall an bhoird leis gach seachtain i mbun cíoradh grinn greannmhar a dhéanamh ar an ábhar cainte atá ag muintir na tíre. Bhí tarraingt na ndaoine ar na cláir chainte beo agus ardú ar líon na ndaoine sa lucht féachana ag *The Late Late Show* agus *The Ray D'Arcy Show*. Tá gean ag muintir na tíre ar *The Late Late Toy Show* agus meánlíon dochreidte 1.57 milliún duine (comhdhlúite) de lucht féachana aige.

Bhí forbairt a dhéanamh ar ábhar grinn de chuid na hÉireann agus ar dhaoine cumasacha ar cheann de na bunchlocha maidir le RTÉ2 i gcónaí i rith na bliana 2016. Cuireadh sraith nua de *Bridget & Eamon,* an lánúin mhíshona ó na 80idí is ansa le muintir na hÉireann, ar an aer ar RTÉ2. Bhí tóir ag an lucht féachana ar dhrámaíocht scripteáilte ghrinn as Éirinn mar shampla i gcás *Can't Cope, Won't Cope*, dráma dorcha grinn le Stefanie Preissner, scríbhneoir agus aisteoir óg de chuid na tíre seo.

Cé go ndearna RTÉ riamh craoladh ó na féilte móra ceoil in Éirinn, sa bhliain 2016 bhí 2fm, den chéad uair riamh, le háireamh ar na hoirfidigh. Ag obair i gcomhar le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus leis an DJ Jenny Greene, ghlac 2fm Rankin's Wood Marquis ar lámh ag féile Electric Picnic agus seinneadh uair an chloig de cheol damhsa na 90idí do lucht éisteachta ba mhó ná 11,000 duine. Mheas lucht eagraithe na Féile go raibh sé ar cheann den dá seó ab fhearr i rith an deireadh seachtaine.

I mí na Samhna, rinne 2fm, i gcomhar le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus Jenny Greene traiceanna fhéile Electric Picnic a sheinm arís os comhair 9,000 duine san 3Arena – agus bhí moladh ag lucht léirmheasa ar an ócáid arís eile.

### Samhradh Lán le Spórt

I rith an tsamhraidh, bhí Spórt RTÉ i gceartlár shaol spóirt na hÉireann agus cuireadh léiriú spóirt ar bronnadh gradaim air ar fáil ar bhealach a bhí áisiúil ag an uile dhuine agus saor in aisce ar an aer.

Léirigh Spórt RTÉ 885 uair an chloig d'ábhar spóirt i rith na bliana 2016 agus bhí an samhradh lán le spórt, le 110 uair an chloig de na Cluichí Gaelacha, 116 uair an chloig de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa agus 215 uair an chloig de thráchtaireacht ar na cluichí Oilimpeacha as Rio.

Spórt RTÉ a léirigh 12 as an 20 clár is mó a tharraing lucht féachana ar theilifís na hÉireann

i rith na bliana 2016. Bhí cluiche na hÉireann in aghaidh na Fraince ar cheann den 20 clár teilifíse ba mhó lucht féachana le 20 bliain anuas le meánlíon lucht féachana cothrom le 1.2 milliún nó 82.5% den lucht féachana a bhí ar fáil Dé Domhnaigh an 26 Meitheamh.

Bíonn bliain na gCluichí Oilimpeacha speisialta i gcónaí agus léiríodh na buaicphointí agus na lagtránna drámatúla ó thaobh chúrsaí na hÉireann leis an léiriú teilifíse agus an tráchtaireacht ar na meáin dhigiteacha a rinne RTÉ ar na Cluichí Oilimpeacha. Ba é an comórtas spóirt is mó a tharraing lucht féachana ag na Cluichí Oilimpeacha ná craobh-bhabhta na bhfear sa chomórtas lingchláir 3m, inar tháinig Oliver Dingley san 8ú háit, le meánlíon lucht féachana gar do 388,000 duine ar an 16 Lúnasa. Tharraing na deartháireacha O'Donovan, a raibh iomrá orthu mar gheall ar a gcuid éachtaí rámhaíochta agus a gcuid agallamh, beagnach an líon céanna; meánlíon 350,000 a tharraing an rás beirte ísealmheáchain inar bhuaigh siadsan an bonn airgid tráthnóna an 12 Lúnasa.

Taobh amuigh d'imeachtaí spóirt beo, ba ar na Cluichí Oilimpeacha i Rio ba mhó a bhí aird ar thuairiscí nuachta ó Spórt RTÉ. Bhí meitheal bheag den lucht spóirt ag tuairisciú ag tús agus deireadh na gclár nuachta gach lá ar feadh trí seachtaine le scéalta faoi na ceannlínte nuachta chomh maith leis na himeachtaí spóirt. Ba scéalta iad sin faoi dhrugaí á n-úsáid ag lucht spóirt, daoine á ngabháil ag na póilíní agus á gcur i bpríosún, moltóireacht chonspóideach, daoine nár chruthaigh chomh maith agus a síleadh a dhéanfadh, agus na scéalta a chuir ríméad ar lán na tíre.

Bhí toradh maith ar ghnóthaí na bliana ar an raidió freisin ag Spórt RTÉ; is léir ó na figiúirí is deireanaí faoin lucht éisteachta gur choinnigh an dá chlár mórshuntais, *Sunday Sport* agus *Saturday Sport,* an chéad dá áit ar liosta na gclár spóirt náisiúnta raidió agus iad i bhfad chun tosaigh ar aon chlár eile. Bhí meánlíon 173,000 duine lucht éisteachta ag *Sunday Sport* agus 163,000 ag *Saturday Sport*.

### Fiúntas Poiblí a Thabhairt i gCrích sa Saol Digiteach

Mar gheall ar an réimse seirbhísí digiteacha, tá RTÉ i gceartlár thimpeallacht dhigiteach na hÉireann agus borradh faoi. Tugadh athdhearadh suntasach ar RTÉ.ie sa bhliain 2016 ionas go dtairgtear seirbhís luathoibríoch den chineál céanna don lucht úsáide ar ríomhaire boird, fón póca nó táibléad. Tháinig ardú suntasach ar líon na mbrabhsálaithe aonair agus ar líon na n-uaireanta ar breathnaíodh ar leathanaigh i gcomórtas leis an mbliain 2015, le leathanaigh daoine ag féachaint 54 milliún uair ar an meán ar leathanaigh gach mí agus 5.6 milliún brabhsálaí ar leith. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar fhón póca freisin ó 49% sa bhliain 2015 go dtí 54% sa bhliain 2016.

> **"Ceanglaíodh buaicleibhéal sruthanna ar an seinnteoir RTÉ Player i rith na bliana 2016. Cheangail an seinnteoir RTÉ Player 4.2 milliún sruth ar an meán gach mí i rith na bliana 2016 agus le 1.7 milliún brabhsálaí faoi leith, ardú 30% i gcomórtas leis an mbliain roimhe seo maidir leis an dá fhigiúr."**

Chomh maith leis an trácht cuimsitheach a dhéantar ar chúrsaí nuachta agus spóirt ar RTÉ.ie, tugadh isteach rannóga nua maidir le cultúr, slite maireachtála, bia agus an saol i rith na bliana 2016 chomh maith le suíomh 1916 RTÉ a d'fheidhmigh mar mhol idirghníomhaíochta i ndáil le cúrsaí cartlannaíochta agus an bheartaíocht i ndáil le RTÉ Radharc ar an Réabhlóid. Tháinig borradh faoin rannóg siamsaíochta agus rannóg na slite maireachtála chomh maith agus cuirtear tuiscint faoi leith ar ábhar RTÉ Radio 1 gach seachtain ar fáil leis an rannóg nua maidir le buaicphointí raidió.

Ceanglaíodh buaicleibhéal sruthanna ar an seinnteoir RTÉ Player i rith na bliana 2016. Cheangail an seinnteoir RTÉ Player 4.2 milliún sruth ar an meán gach mí i rith na bliana 2016 agus le 1.7 milliún brabhsálaí faoi leith, ardú 30% i gcomórtas leis an mbliain roimhe seo maidir leis an dá fhigiúr.

Léiriú ar an athrú atá ar nósanna an lucht féachana gur tháinig ardú 74% i rith na bliana i gcomparáid leis an mbliain 2015 ar a bheith ag féachaint beo ar an seinnteoir RTÉ Player agus gur sruthanna beo a bhí in 20% de na sruthanna gach mí i rith na bliana 2016 i gcomparáid le 15% sa bhliain 2015. Spórt RTÉ ba mhó ar fad a bhí i gceist le figiúirí an tsamhraidh. Cuireadh níos mó ná 750 uair an chloig d'ábhar beo spóirt ar fáil don lucht féachana in Éirinn le sruthchraoladh ar Euro 2016, na Cluichí Oilimpeacha i Rio agus Craobhchomórtas CLG.

Choinnigh RTÉ News Now an áit ar bharr liosta aipeanna nuachta na hÉireann. Bíonn teacht ar na ceannlínte is deireanaí nuachta, spóirt agus siamsaíochta agus duine ag gluaiseacht thart. Rinneadh an aip a íoslódáil 1.63 milliún uair faoin tráth seo agus bhí 165,000 duine a thosaigh ar a úsáid den chéad uair i rith na bliana 2016. Bhí an tOlltoghchán tábhachtach maidir le cuid mhór daoine a bhí santach ag nuacht a tharraingt chuig an aip.

Lean GAAGO – seirbhís sruthchraolta ar líne RTÉ agus CLG maidir leis na cluichí Gaelacha ar fud an domhain – de leathnú ar an tseirbhís a thairgtear i rith na bliana 2016 ionas gur craoladh níos mó ná 120 imeacht de chuid CLG chuig an lucht leanúna i níos mó ná 190 tír ar fud an domhain. Leis an mbéim ar thoradh níos fearr a bheith ar an deis a thapú ag an lucht féachana agus ar na margaí is tábhachtaí a fhorbairt, sheol GAAGO cainéal sainiúil dá chuid féin GAAGO ar ardán sruthchraolta Roku ionas go bhfuil na cluichí Gaelacha ar fáil ag na milliúin teaghlach i Meiriceá.

Leanadh den mhéadú ar Saorview, seirbhís dhigiteach teilifíse saor go haer na hÉireann, i rith na bliana 2016 agus is é an t-ardán teilifíse is mó in Éirinn é. Seoladh Oireachtas TV ar an ardán i rith na bliana mar chainéal uimhir 22. Fágann sin go bhfuil deich gcinn de chainéil teilifíse ar Saorview agus péire acu sin (RTÉ One agus RTÉ2) ar chaighdeán HD. I mí Iúil, seoladh aip Saorview don fhón póca agus don táibléad ar chóras iOS agus ar chóras Android araon. Tá treoir liostaí seacht lá ar aip Saorview chomh maith le naisc le hábhar ar a éileamh agus seirbhís moltaí ar a dtugtar Spotlight. Tá an aip ina chuid dá bhfuil á thairiscint le Saorview Connect, an táirge den chéad ghlúin eile atá Saorview lena sheoladh i rith na bliana 2017.

Cuireadh aip Saorview ar fáil i nGaeilge go hiomlán freisin. Aithnítear go huathoibríoch na socruithe teanga ar an bhfón póca agus bíonn i nGaeilge nó i mBéarla de réir mar atá roghnaithe agat ar an bhfón. Cuireann an aip le suíomh idirlín iomlán dhátheangach Saorview.

Ba bhliain shuntasach í maidir le himeachtaí náisiúnta ar chuidigh RTÉ leo nó arb é RTÉ a d'eagraigh iad. Chomh maith le níos mó ná 100 imeacht ealaíon a raibh cúnamh taca ina leith faoi scéim RTÉ Ag tacú leis na hEalaíona, agus mórócáid *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*, ba mhór i gceist RTÉ ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT, Bloom, ag an RTÉ All-Ireland Drama Festival, féile Rós Thrá Lí, Féile Scannánaíochta Chorcaí agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tháinig buaiclíon daoine i láthair ag an dara comhdháil RTÉ Mojocon maidir leis an iriseoireacht shoghluaiste agus leanadh den nuálaíocht maidir le cainéil mheáin shóisialta RTÉ agus den dea-thoradh dá réir.

# Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra
(ar lean)

**“Is é is mó a mbeidh béim agam air i rith na mblianta seo romhainn ná tacaíocht ghinearálta an phobail agus an lucht polaitíochta do choincheap na meán cumarsáide seirbhíse poiblí féin a threisiú.”**

**Feidhmíocht Airgeadais 2016**

Mar a leagtar amach thuas, i bhfianaise réimse faoi leith na ngealltanas eagarthóireachta a rabhthas tugtha dóibh i rith na bliana 2016, bhí i ndán ón tús go mbeadh sí ina bliain dhúshlánach ó thaobh cúrsaí airgid ag RTÉ. Leagadh amach go soiléir sa phlean cúig bhliana a foilsíodh sa bhliain 2013, go raibh gealltanais eisceachtúla i gceist leis an mbliain 2016 agus, go mbeadh an-deacracht ag baint leis sin mura gcuirfí aon chistí poiblí breise ar fáil. Ina ainneoin sin, d’fhág roinnt tosca seachtracha nach raibh súil leo, teagmhais pholaitíochta den chuid is mó, agus an tionchar a bhí acu ar mhuinín lucht tráchtála agus ar an gcaiteachas ar fhógraíocht, go raibh an t-easnamh níos measa ná an t-easnamh a bhí beartaithe.

Mar a tharla i gcás earnálacha eile in eacnamaíocht na hÉireann, bhí tionchar thar a bheith diúltach ag an mBreatimeacht ar earnáil na meán cumarsáide agus na fógraíochta in Éirinn agus sa Bhreatain. Cé go raibh gealladh maith faoi thús na bliana 2016 ó thaobh cúrsaí tráchtála, agus borradh maith faoin tráchtáil ar fud na sruthanna tábhachtacha ar fad maidir le hioncaim tráchtála RTÉ an chéad leath den bhliain, tá cúngú mór tagtha ar an margadh ó tharla vóta an Bhreatimeachta i mí Meithimh agus tionchar chun dochair ar thorthaí airgeadais na bliana a d’fhág easnamh foriomlán glan €19.7 milliún tar éis an chánachais.

D’fhan an chistíocht phoiblí sa bhliain 2016 ar aon leibhéal a bheag nó a mhór leis an mbliain 2015, gan aon fheabhas ar an bhfeidhmíocht maidir le táillí an cheadúnais teilifíse a bhailiú. Cé gur tharla dul chun cinn áirithe maidir le cistíocht RTÉ i mBuiséad 2017, agus gurbh ábhar áthais sin, tá riocht cistíochta RTÉ go ginearálta ag teannadh leis an gcás nach bhféadfar leanúint ar aghaidh mar atá, i bhfianaise a fhairsinge atá an cúram a leagtar ar RTÉ, an scála a bhaineann leis an lucht iomaíochta, an dúshlán leanúnach a ghabhann ó thaobh cúrsaí tráchtála leis an mBreatimeacht agus leis an gcur isteach ón réimse digiteach, athrú ar nósanna an lucht féachana agus éisteachta agus an gá le breis infheistíochta i gcláir agus in ábhar na meán cumarsáide.

Ó tharla RTÉ ar bun mar chomhlacht meán cumarsáide seirbhíse poiblí le dhá mhodh cistíochta agus go leagtar réimse leathan freagrachta ar an eagraíocht faoin reachtaíocht, tá an leibhéal de chistíocht phoiblí a fhaightear ríthábhachtach.

Ní féidir le RTÉ athchóiriú a chur ar chóras an cheadúnais teilifíse; sin cúram atá ag an Rialtas.

Nuair atá an ráta seachanta 14%, leibhéal na dtithe nach bhfuil teilifíseán iontu cothrom le 9% agus costas an-ard ag gabháil le bailiú na táille, is in Éirinn atá ceann de na córais is measa san Eoraip ó thaobh feidhmíochta i ndáil le táille an cheadúnais a bhailiú. Tá níos mó ná €50 milliún sa bhliain á chailleadh maidir leis an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse.

Tá cuid mhór i mbaol cheana féin. Tá poist á gcailleadh, agus poist caillte cheana féin, mar gheall ar an teip leanúnach athchóiriú a dhéanamh ar chóras an cheadúnais teilifíse; tá laghdú follasach ar líon na gclár teilifíse a dhéantar in Éirinn dá bharr, tá ábhar nuachta agus cúrsaí reatha iontaofa a bheith á chur ar fáil faoi bhagairt agus tá múchadh agus plúchadh ar an acmhainn feabhais a ghabhann le hearnáil na craoltóireachta in Éirinn ó bhun go barr.

Is féidir le RTÉ dul i ngleic leis an méid a bhfuil smacht ag an eagraíocht air agus déanfar sin ag ullmhú don am atá le teacht. Chuige sin, lean RTÉ i rith na bliana 2016 ag meas straitéisí éagsúla chun luach tairbhe a bhaint as an sealúchas talún i nDomhnach Broc agus cistí a chur ar fáil ar an gcaoi sin don infheistíocht chaipitil fhadtéarmach, don infheistíocht sa réimse digiteach agus don infheistíocht in athstruchtúr ar an eagraíocht, bearta a bhfuil bunriachtanas leo más le RTÉ leanúint de riachtanais athraitheacha an lucht féachana agus éisteachta a shásamh sa saol digiteach atá ag teacht chun cinn chomh mór agus chomh tréan sin.

Ní leigheasfaidh sin, áfach, tearcmhaoiniú leanúnach RTÉ. Mar a luaigh an té a bhí sa phost seo romham, Noel Curran, i dtuarascáil na bliana seo caite, easpa tola, i réimse na polaitíochta agus an riaracháin, tabhairt faoi chóras an cheadúnais teilifíse in Éirinn a athchóiriú, an bhagairt is suntasaí atá ann d’inmharthanacht fhadtéarmach RTÉ.

I ndeireadh báire, braitheann na cúiseanna le cur ar son RTÉ ar a ndéanann RTÉ; ar na cláir, ar an ábhar agus ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus ar a thábhachtaí a bhíonn RTÉ sa saol ó lá go lá ag gach duine a chónaíonn in Éirinn. Táimse go láidir den tuairim gur léirigh RTÉ go soiléir follasach i rith na bliana 2016 an ról rífhiúntach atá ag an eagraíocht i gcónaí i saol na hÉireann. Ba mhaith liom, mar gheall air sin go háirithe, buíochas a ghlacadh le Noel agus le gach duine d’fhoireann RTÉ a rinne an phleanáil ar bhliain faoi leith d’ábhar cláir agus d’imeachtaí agus a shaothraigh leis an dea-thoradh a thabhairt i gcrích.

Is furasta, go háirithe ag daoine a oibríonn sna meáin chumarsáide seirbhíse poiblí nó a chreideann san fhiúntas atá le meáin den sórt sin, talamh slán a dhéanamh de RTÉ, a cheapadh ag smaoineamh ar an am atá le teacht go mbeidh RTÉ lárnach i gcónaí ann, go leanfar de sciar suntasach den mhargadh a choinneáil agus go mbeidh RTÉ tábhachtach i gcónaí. Ach tá sin faoi bhagairt cheana féin.

Is é is mó a mbeidh béim agam air i rith na mblianta seo romhainn ná tacaíocht ghinearálta an phobail agus an lucht polaitíochta do choincheap na meán cumarsáide seirbhíse poiblí féin a threisiú. Beidh tús áite á thabhairt agam do dhream i bhfad níos leithne a thabhairt le chéile a sheasfaidh mar chrann taca leis an athchóiriú is gá. Beidh sé sin ríthábhachtach más le RTÉ an tábhacht atá leis don lucht féachana agus éisteachta a choinneáil agus, i roinnt cásanna, a chur ar bun an athuair agus na hacmhainní a ghnóthú a theastaíonn chun teacht slán agus dul ar aghaidh go maith san am atá romhainn.

Is rímhaith is eol domsa gur gá do RTÉ athrú agus muinín agus seasamh an phobail leis a thuilleamh arís agus arís eile tríd an obair a dhéantar gach lá. Agus straitéis nua cúig bhliana RTÉ á ullmhú againn maidir leis na blianta 2018-2022, cuirfear in iúl go soiléir an t-athrú a chuirfear orainn féin chun gach a n-éilítear san am atá romhainn a shásamh.

Tá mé cinnte chomh maith, nuair atá ‘nuacht bréige’ ag teacht i dtreis, easpa muiníne sna forais phoiblí agus timpeallacht na meán cumarsáide plúchta ag cláir agus ábhar idirnáisiúnta, go bhfuil ról tairbheach le comhlíonadh i gcónaí ag RTÉ agus ceangal faoi leith idir an eagraíocht agus an pobal.

Is fiú sin a chosaint, is fiú seasamh leis agus is fiú a athbheochan.

**Dee Forbes**
**Príomh-Stiúrthóir, RTÉ**


Rio2016
17:

# Athbhreithniú Airgeadais

### Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Mar gheall ar a laghad de mhéadú a tháinig ar an teacht isteach, chomh maith leis an gcostas a bhain le himeachtaí speisialta a chraoladh i rith na bliana, thuairiscigh RTÉ easnamh glan tar éis an chánachais is ionann agus €19.7 milliún i leith na bliana 2016 (2015: easnamh €2.8 milliún). Tháinig méadú 2% ar an ioncam tráchtála i rith na bliana ainneoin tionchar chun dochair mar gheall ar an mBreatimeacht i rith an dara leath den bhliain. Cúis díomá an teacht isteach ó tháille an cheadúnais a bheith cothrom go maith leis an ioncam inchomparáide sa bhliain 2015. Cé gur ardú 2% a tháinig ar na bunchostais oibriúcháin i rith na bliana, ba díol suntais a raibh d'imeachtaí speisialta i gceist do RTÉ i rith na bliana agus d'eascair costais incriminteacha ábhartha os cionn €16 milliún ón gcraoladh ar an Olltoghchán, Comóradh Céad Bliain 1916, UEFA Euro 2016 agus na Cluichí Oilimpeacha.

### Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

| | 2016 €m | 2015 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam Tráchtála | 158.2 | 155.4 | 2.8 |
| Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse | 179.1 | 178.9 | 0.2 |
| Ioncam Iomlán | 337.3 | 334.3 | 3.0 |
| Costais Oibriúcháin (gan Imeachtaí Speisialta a áireamh)* | (327.3) | (320.3) | (7.0) |
| **EBITDA (roimh Imeachtaí Speisialta)** | **10.0** | **14.0** | **(4.0)** |
| Costais maidir le hImeachtaí Speisialta | (16.1) | - | (16.1) |
| **EBITDA **** | **(6.1)** | **14.0** | **(20.1)** |
| Dímheas & Amúchadh | (13.6) | (14.2) | 0.6 |
| Gnóthachan ó Dhiúscairt Sócmhainní | 0.1 | 0.6 | (0.5) |
| Ioncam/(Caiteachas) Glan Airgeadais | 0.2 | (2.7) | 2.9 |
| **(Easnamh) roimh Chánacha** | **(19.4)** | **(2.3)** | **(17.1)** |
| Cáin | (0.3) | (0.5) | 0.2 |
| **(Easnamh) don Bhliain** | **(19.7)** | **(2.8)** | **(16.9)** |

*Costais Oibriúcháin roimh Dhímheas& Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hImeachtaí Speisialta a áireamh.
**EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cánachas, Dímheas agus Amúchadh.

### Ioncam Tráchtála 2016

Tháinig méadú 2% go dtí €158.2 milliún ar ioncam tráchtála RTÉ i rith na bliana 2016, toradh maith i mbliain a raibh deacrachtaí ag baint léi. Gnóthachtáil mhaith maidir leis an Teilifís an chéad leath den bhliain, de réir mar a tharraing cláir faoi imeachtaí speisialta ioncam incriminteach fógraíochta chuig cainéil RTÉ, is mó ba chúis leis an ardú ioncaim, agus cruthaíodh go maith ó thaobh cúrsaí raidió chomh maith. Tharla laghdú infheistíochta san fhógraíocht i rith an dara leath den bhliain mar gheall ar éiginnteacht ag eascairt as an mBreatimeacht agus na hathruithe maidir le hairgeadra dá bharr sin.

Fógraíocht agus urraíocht Teilifíse an foinse is mó maidir le hioncam tráchtála agus 58% d'ioncam tráchtála uile RTÉ i gceist leis i rith na bliana. Sa bhliain 2016, tháinig an méadú 3% ar an ioncam ó fhógraíocht agus urraíocht Teilifíse ainneoin ísliú suntasach an dara leath den bhliain mar gheall ar éiginnteacht faoin mBreatimeacht agus an tionchar dá réir sin a bhí ag lagú sterling. Tháinig méadú 1% ar an ioncam ó ghnóthaí Raidió ainneoin lagú an mhargaidh. Ní raibh an teacht isteach ó fhógraíocht agus ó urraíocht sna réimsí digiteacha chomh maith agus a bhí á thuar mar gheall ar athruithe maidir le cúrsaí ceannacháin i ndáil leis an bhfógraíocht dhigiteach agus, go háirithe, ísliú ar an infheistíocht i bhfógraí taispeántais tar éis d'ísliú géar ar phraghsanna. Tháinig ardú maith ar theacht isteach RTÉ ó chainéil agus seirbhísí a dháileadh.

**"Tháinig méadú 2% go dtí €158.2 milliún ar ioncam tráchtála RTÉ i rith na bliana 2016, toradh maith i mbliain a raibh deacrachtaí ag baint léi."**

**"Tá an leibhéal seachanta in Éirinn beagnach trí oiread an ráta sa Ríocht Aontaithe agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais i dtíortha eile san Eoraip."**

| | 2016 v 2015 Athrú €m | Athrú % |
|---|---|---|
| Fógraíocht & Urraíocht - Teilifís | 2.8 | +3% |
| Fógraíocht & Urraíocht - Raidió | 0.2 | +1% |
| Fógraíocht & Urraíocht - Digiteach | (0.8) | -11% |
| Ioncam Eile, Ábhar Digiteach san áireamh | 0.6 | +2% |
| **Gluaiseacht le himeacht na bliana** | 2.8 | +2% |
| Ioncam Tráchtála 2015 | 155.4 | |
| **Ioncam Tráchtála 2016** | 158.2 | |

### Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Ós seirbhís meán cumarsáide dhémhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal cistí poiblí a fhaightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) atá freagrach as an airgead ceadúnais teilifíse atá dlite a bhailiú, ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce". Tugann an DCCAE ansin deontas i gcabhair do RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bailíodh.

As an €214 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2016, tháinig €179.1 milliún (i.e. 84%) go díreach chuig RTÉ. Caitheadh fuílleach na táille ceadúnais chun costais bailiúcháin An Post agus táillí gaolmhara a íoc, chun Ciste Físe agus Fuaime BAI a mhaoiniú agus chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar TG4.€179.1 milliún an teacht isteach a fuarthas ón táille ceadúnais sa bhliain 2016, cothrom go maith le leibhéal na bliana 2015 de €178.9 milliún. I bhfianaise feabhas ginearálta ar chúrsaí eacnamaíochta agus an méadú ar líon na dteaghlach nua a cruthaíodh, b'ábhar díomá an toradh sin.

De réir mar atá ríofa ag DCCAE, tá an leibhéal seachanta cothrom le 14% (2015) de na teaghlaigh agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu, ráta atá ard i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip. Tá an leibhéal seachanta in Éirinn beagnach trí oiread an ráta sa Ríocht Aontaithe agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais i dtíortha eile san Eoraip. Tá an Post, an DCCAE agus RTÉ ag obair i gcomhar d'fhonn an leibhéal seachanta a ísliú agus tá sin mar thosaíocht arís don bhliain 2017.

| | |
|---|---|
| Éire | 14% |
| An Ríocht Aontaithe | 5% |
| An Ghearmáin | 2% |
| An Ostair | 4% |
| An Danmhairg | 9.9% |
| An Eilvéis | 8.5% |
| An Iorua | 6.8% |

Foinse: Tuarascáil de chuid an EBU maidir le Táillí Ceadúnais agus Rátaí Seachanta 2015

Ábhar buartha eile an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán den ghnáthchineál acu. Tá ardú ar an bhfigiúr sin go seasta le blianta beaga anuas de réir an *Nielsen Establishment Survey* agus é cothrom le 9% faoin tráth seo (Eanáir 2017). De réir mar atá athrú i gcónaí faoi na modhanna ina dtapaítear ábhar na meán cumarsáide, agus sin ag éirí níos casta, is lú a thiocfaidh táille an cheadúnas teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá sin ar an gcúis is mó leis an athrú ar an gcóras atá á thabhairt isteach i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meáin chumarsáide nó modh eile atá iontu anois seachas táille a bhaineann le gléas de chineál faoi leith.

Tá laghdú €22 milliún (i.e. 11%), tagtha ón mbliain 2008 i leith ar an ioncam ó tháillí Ceadúnais Teilifíse a fhaigheann RTÉ trí chistíocht phoiblí mar gheall ar bhearta eile trína laghdaítear an ciste atá ar fáil. Áirítear ar na bearta sin páirtmhaoiniú a dhéanamh ar TG4 díreach ó tháille an cheadúnais teilifíse, maoiniú breise ar Chiste Fuaime agus Físe BAI, an t-uasteorainn airgid a tugadh isteach i ndáil leis an tsuim a bhíonn le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le táillí do cheadúnais 'saor in aisce', agus an laghdú de €5 mhilliún faoin mBuiséad Náisiúnta 2014 ar shuim iomlán na gcistí poiblí a fuarthas.

Mhol an tÚdarás Craolacháin gach bliain – mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an gcistíocht do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí i leith na mblianta 2013, 2014 agus arís sa bhliain 2015 – gur cheart an maoiniú poiblí ar RTÉ a ardú chun dul i ngleic leis an leibhéal cistíochta a fhaigheann RTÉ faoi láthair atá easnamhach maidir leis na cuspóirí mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí a thabhairt i gcrích. Fáiltíonn RTÉ roimh an €6 mhilliún breise de chistíocht phoiblí a fógraíodh faoi Bhuiséad 2017 mar pháirtchúiteamh ar chiorruithe na mblianta roimhe sin.

Leagtar amach faoin gceannteideal 'An Úsáid as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a bailíodh' an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le infheistíocht á dhéanamh ar 79% d'iomlán na dtáillí ceadúnais i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ agus an 21% fuílligh ar Bhearta Neamh-RTÉ, lena n-áirítear Ciste Fuaime agus Físe BAI, an asbhaint agus an cúnamh a bhaineann le TG4 agus na táillí bailiúcháin a íoctar le An Post.

### Costais Oibriúcháin

Ba dhíol suntais a raibh d'imeachtaí speisialta i gceist do RTÉ i rith na bliana 2016 agus d'eascair costais incriminteacha ábhartha €16.1milliún ón gcraoladh ar an Olltoghchán, Comóradh Céad Bliain 1916, UEFA Euro 2016 agus na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha. B'ionann Costas Oibriúcháin Iomlán na bliana 2016 agus €343.4 milliún, ardú €23.1 milliún, i.e. 7%, i gcomórtas leis an mbliain 2015 nó ardú €7.0 milliún, i.e. 2%, gan costas imeachtaí speisialta a thabhairt san áireamh. Tá smacht á choinneáil ar chostais i gcónaí agus, ina ainneoin sin, bhí costas oibriúcháin na bliana 2016 22% níos ísle ná leibhéil na bliana 2008.

| | 2016 v 2015 Athrú € m |
|---|---|
| Ardú ar Chostais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Pearsanra | 11.3 |
| Ardú ar Chostais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Neamhphearsanra | 11.8 |
| Ardú in imeacht bliana (Imeachtaí Speisialta san áireamh) | 23.1 |
| Costais Oibriúcháin 2015 | 320.3 |
| **Costais Oibriúcháin 2016** | 343.4 |

Bhí ardú ar na costais oibriúcháin maidir le cúrsaí pearsanra (PROC) agus ar na costais oibriúcháin maidir le cúrsaí neamhphearsanra (non-PROC) araon i gceist leis an ardú ar chostais oibriúcháin sa bhliain 2016. Bhí toisc éagsúla ina gcionsiocair leis an ardú ar chostais PROC, ardú ar leibhéal na n-acmhainní a theastaigh i rith na bliana chun bonn treise a chur faoin obair léiriúcháin maidir le himeachtaí speisialta agus faoina gcraoladh. Chomh maith leis sin, thángthas ar réiteach leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn faoi chiorruithe deonacha pá ar ghlac lucht na foirne leo sa bhliain 2009 agus a bhí i réim ó shin, a chur ar ais mar a

# Athbhreithniú Airgeadais
## (ar lean)

bhíodh ar bhonn céimnithe. Aontaíodh athrú ar ais ó na ciorruithe pá ar bhonn céimnithe idir mí na Nollag 2015 agus mí na Nollag 2017, rud ar tháinig ardú maidir le costas PROC dá bharr sa bhliain 2016. Cuireadh deireadh i rith na bliana 2016 leis an tobhach pinsin, arna ghearradh ag an Rialtas, a bhí i bhfeidhm ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2015. Comhaltaí na scéime pinsin a d'íoc as costas an tobhaigh agus bhí de thoradh air sin i gcás Scéim Aoisliúntais RTÉ gur tharla creidmheas isteach is amach le €5 mhilliún a chur chun sochair na gcostas PROC sa bhliain 2015 agus sna blianta roimhe sin. Níor tharla creidmheas den sórt sin sa bhliain 2016.

Tharla an t-ardú ar chostais non-PROC sa bhliain 2016 mar gheall ar chostais bhreise i ndáil le cearta d'imeachtaí speisialta, ina measc UEFA Euro 2016, na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha agus na costais léiriúcháin ardaithe a bhain le himeachtaí speisialta, costas maidir le craoltóireacht sheachtrach agus le ciorcaid san áireamh.

### Líon na bhFostaithe

B'ionann líon an bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2016 agus 1,984 (2015: 1,978) agus bhí 278 (2015: 285) acu sin ar mba fostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach iad. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha an 31 Nollaig 2016 agus 1,834 (2015: 1,833). Léirítear sa chairt thall an briseadh síos ar líon na bhfostaithe an 31 Nollaig 2016 de réir na Rannóg Gnó Comhdhlúite (IBD).

### Costas Glan Airgeadais

Bhí ioncam glan airgeadais €0.2 milliún i gceist sa bhliain 2016 i gcomórtas le muirear glan airgeadais €2.7 milliún sa bhliain 2015, mar seo a leanas:

B'ionann an tIoncam Airgeadais iomlán sa bhliain 2016 agus €1.8 milliún, i gcomórtas le hioncam airgeadais €0.1 milliún sa bhliain 2015, mar gheall ar na tosca seo a leanas;

- Gnóthachtáil ar luach cothrom €0.6 milliún (caillteanas ar luach cothrom €1.0 milliún sa bhliain 2015 ) ar dhíorthaigh airgeadra iasachta;
- Ioncam glan úis €1.2 milliún i ndáil leis an dliteanas pinsin IAS 19 (2011) faoin scéim pinsin shochair shainithe (costas glan úis €0.3 milliún sa bhliain 2015);
- Bhí an t-ioncam glan úis ar thaiscí an-íseal an bhliain seo (2015: €0.1 milliún).

Is ionann an costas airgeadais i leith na bliana 2016 agus €1.6 milliún, i gcomórtas le costas €2.8 milliún sa bhliain 2015. Tugtar san áireamh leis an gcostas €1.6 milliún an t-ús atá le híoc, ús ar chostais athstruchtúraithe agus caillteanas ar luach cothrom maidir le fálú sreabhadh airgid arna aistriú ón gcothromas (2015: €1.5 milliún).

### Cúrsaí Cánachais

Tharla muirear cánachais €0.3 milliún sa bhliain 2016 mar gheall ar mhuirear cánach iarchurtha (2015 creidmheas cánach €0.5 milliún) a tháinig i gceist mar gheall ar éagsúlacht ó thaobh tráthanna a ndearnadh liúntais chaipitil a éileamh agus muirear maidir le dímheas a ghearradh.

### Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

Mar a bhí á thuar, bhí tionchar chun dochair ag easnamh glan na bliana ar an sreabhadh airgid agus ar iasachtaí agus tháinig de thoradh air sin go mb'ionann an fiachas glan ar an 31 Nollaig 2016 agus €40 milliún (2015: €25 milliún).

B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim ar an 31 Nollaig 2016 agus €17.7 milliún (2015: €25.7 milliún). Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2016 a leagan amach mar seo a leanas:

| **Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid** | **2016 €m** | **2015 €m** |
|---|---|---|
| Easnamh Glan don Bhliain | **(20)** | (3) |
| Gluaiseacht maidir le Caipiteal Oibre agus Coigeartú i ndáil le Míreanna Neamhairgid | **15** | 12 |
| Airgead Tirim Glan arna (Chomhghabháil) / Gnóthú mar gheall arBhearta Oibriúcháin | **(5)** | 9 |
| Beartaíocht Infheistíochta – Caipiteal Glan ar Dhiúscairt | **(8)** | (7) |
| Sreabhadh Airgid maidir le Cúrsaí Airgeadais: | | |
| - Iasachtaí (Ar Tarraingíodh Anuas Lúide Aisíocaíochtaí) | **7** | 1 |
| - Ús a Íocadh | **(2)** | (2) |
| Sreabhadh Airgid Glan maidir le Cúrsaí Airgeadais | **5** | (1) |
| **(Ísliú)/Ardú glan maidir le hAirgead Tirim agus Infheistíocht i Sócmhainní Leachtacha** | **(8)** | 1 |

I bhfianaise ar tháinig de bhrú maidir le cúrsaí airgeadais ón mbliain 2008 i leith, tá béim níos géire ar an mbainistíocht ar airgead tirim agus ar chistíocht. Bhí sin ar cheann de na gnéithe barrthábhachta maidir leis an mbainistíocht airgeadais arís i rith na bliana 2016 chun a dheimhniú go mbeadh sreabhadh leordhóthanach airgid thirim ar fáil agus saoráidí leordhóthanacha ina leith sin.

Tá an-tábhacht don eagraíocht le socruithe agus saoráidí baincéireachta RTÉ chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na saoráidí céanna sin. Beidh buntábhacht i gcónaí i rith na bliana 2017 leis an mbéim seo ar chúrsaí cistíochta.

Ar an 31 Nollaig 2016, bhí iasachtaí bainc ag RTÉ dar luach iomlán €57.9 milliún (2015 €50.6 milliún), mar seo a leanas:

- Tá comhaontú saoráide iasachta €40 milliún maidir le ciste airgeadais tionscadail idir 2rn, fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, agus Barclays Bank mar chuid den mhaoiniú don infreastruchtúr tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don tionscadal maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT). Tá an tsaoráid sin ag seasamh amach an 31 Nollaig 2016. Rinneadh saoráid iasachta sa bhreis air sin, dar luach €13 milliún a shocrú chomh maith i rith na bliana 2014, agus bhí a iomlán sin tarraingthe anuas i rith na bliana 2016. Cuirfear tús le haisíocaíochtaí caipitil i ndáil leis an iasacht sin i rith na bliana 2017.
- Saoráid iasachta le Banc na hÉireann a tarraingíodh anuas sa bhliain 2012 agus a bhí le híoc ar ais i rith tréimhse 5 bhliana le €1.9 milliún ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2016. Socraíodh saoráid nua maidir le creidmheas imrothlach i mí Eanáir 2016 dar luach €15 milliún agus bhí €3 milliún de sin tarraingthe anuas ar an 31 Nollaig 2016.


### Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Is é Bord RTÉ a leagan síos polasaithe cistíochta an Ghrúpa, ar a n-áirítear ionstraimí airgeadais, bainistíocht ar airgead tirim, riosca maidir le rátaí úis, riosca maidir le malartú eachtrach, riosca leachtachta agus riosca creidmheasa maidir le frithpháirtithe. Leagtar amach iad sin i Nóta 22 leis na ráitis airgeadais.


### Caiteachas Caipitil

Rinneadh srianadh arís sa bhliain 2016, mar ba ghá, ar an gcaiteachas caipitil ionas gur caomhnaíodh an riocht leachtachta. B'ionann

# LÍON NA BHFOSTAITHE




# COSTAIS OIBRIÚCHÁIN RTÉ €M 2008 – 2016



caiteachas caipitil iomlán RTÉ i rith na bliana 2016 agus €7.6 milliún (2015: €8.3 milliún). Tháinig san áireamh leis sin an infheistíocht maidir le forfheabhsú ar an timpeallacht léiriúcháin Avid, Saorview Connect, teicneolaíocht freastalaithe comhad, tionscnaimh dhigiteacha agus infreastruchtúr. Leanadh den bhéim ar an infheistíocht leanúnach in infreastruchtúr craolacháin DTT agus i dtionscnaimh athnuachana maidir leis na córais tarchuradóireachta. Mar chuid den ullmhúchán maidir le sciar den talamh ar beag úsáid a bhaintear as ar láthair Dhomhnach Broc a dhíol, bhí roinnt tograí caipitil infreastruchtúir agus an caiteachas a ghabh leo a tharla i rith na bliana 2016 agus caiteachas €0.9 milliún a tharla go dtí seo.

### Diúscairt Sócmhainní

Lean Bord RTÉ de straitéisí a thabhairt chun tosaigh chun tairbhe ón sealúchas maoine i nDomhnach Broc a réadú agus, mar chuid de sin, aontaíodh le cinneadh talamh ag an gceann thiar den ghabháltas a dhíol. Tar éis próiseas maidir leis an soláthar poiblí a leanúint, ceapadh Savills i mbun an díolacháin. Tá cuid mhór pleanála déanta ina leith seo, lena n-áirítear comhairleoirí tríú páirtí a fhostú chun máistirphlean foriomlán RTÉ don suíomh i nDomhnach Broc a fhorbairt agus chun cuidiú le hiarratais éagsúla ar chead pleanála. Tá an phleanáil maidir le sraith de thionscadail infreastruchtúir ar bun, lena n-áirítear creche RTÉ a athlonnú ar an láthair, bealach isteach nua agus acomhal áise ó Bhóthar Stigh Lorgan (R138) isteach ar láthair RTÉ a fhorbairt ar an suíomh agus athlonnú Chlub Spóirt agus Sóisialta RTÉ agus láthair léiriúcháin Fair City. Lean RTÉ i rith na bliana 2016 de straitéisí a mheas chun tairbhe ón sealúchas maoine i nDomhnach Broc a réadú agus cistí a chur ar fáil ar an gcaoi sin d'infheistíocht chaipitil fhadtéarmach, d'infheistíocht fhadtéarmach i gcúrsaí digiteacha agus don athstruchtúrú eagrúcháin atá bunriachtanach ionas gur féidir le RTÉ leanúint ag freastal de riachtanais shíorathraitheacha an lucht éisteachta agus an lucht féachana sa saol ar tábhachtaí de réir a chéile an ghné dhigiteach de. I ndeireadh mí Márta 2017, cuireadh 8.64 acra talún i nDomhnach Broc ar an margadh mar chuid de phróiseas poiblí oscailte agus é de rún an díolachán a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana 2017.

### Cúrsaí Rialála

Tar éis comhairle a ghlacadh leis an Údarás Craolacháin, faoi mar a éilíonn an Rialtas, d'fhoilsigh RTÉ leagan leasaithe den Pholasaí agus de na Gnáis Oibre maidir le Trádáil Chóir i mí Feabhra 2016. Leagtar creatchóras amach sa cháipéis leasaithe atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Deighilt ghlan idir an bheartaíocht tráchtála agus an tseirbhís phoiblí
- Trádáil chothrom de réir phrionsabail an mhargaidh
- Follasacht agus freagracht

> **"I ndeireadh mí Márta 2017, cuireadh 8.64 acra talún i nDomhnach Broc ar an margadh mar chuid de phróiseas poiblí oscailte agus é de rún an díolachán a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana 2017."**

Ar mhaithe le breis follasachta a bheith ag baint leis an deighilt idir an bheartaíocht tráchtála agus an bheartaíocht seirbhíse poiblí, tá atheagar curtha ag RTÉ le héifeacht ón 1 Eanáir 2016ar an mbeartaíocht tráchtála, seachas an chuid a ndearnadh a ndealú cheana faoi scáth 2rn, maidir le seirbhísí ilphléacsaithe a chur ar fáil agus i ndáil le cúrsaí díolacháin as an leabharlann cartlannaíochta agus rannóg tráchtála nua ar bun lena aghaidh sin. Ionas gur soiléire arís an deighilt atá i gceist, tá aistriú beartaíochta déanta idir RTÉ agus an fhochuideachta tráchtála RTÉ Commercial Enterprises DAC a thagann go hiomlán faoi úinéireacht RTÉ. Tugtar mioneolas faoin rangú nua ar bheartaíocht Rannóga Gnó agus eintitis dlí Ghrúpa RTÉ i nóta 19 leis na Ráitis Airgeadais. Ionas gur tréine arís cúrsaí maoirseachta agus freagrachta, rinne RTÉ fochoiste de chuid Bhord RTÉ, an Coiste maidir le Trádáil Chóir, a chur ar bun, Oifigeach Cóir-Thrádála a cheapadh, agus Nós Imeachta maidir le Gearáin a fhoilsiú.

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), roimhe seo, RTÉ agus 2rn mar chomhlachtaí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh (SMP) acu sna margaí a bhaineann le seirbhísí tarchuradóireachta agus dáileacháin a chur ar fáil do chraoltóirí Raidió agus don oibritheoir Ilphléacs DTT agus iarsholáthar seirbhísí Ilphléacs DTT do chraoltóirí. Is é toradh a tháinig de bharr na breithe sin go leagtar dualgais áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus ar 2rn (Margadh A). Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.

### Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: scéim pinsin le sochair shainithe (DB), scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe (DC) agus scéim hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

#### Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníoca, le sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim ón mbliain 1989 i leith. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí 213 fostaí ag RTÉ (229 fostaí ar an 31 Nollaig 2015) a bhí ina gcomhaltaí de Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Ar an 31 Nollaig 2016, b'ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,043 milliún (2015: €995 milliún). B'ionann dliteanais na Scéime ar an 31 Nollaig 2016, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le Sochair Fostaithe agus €1,016 milliún (2015: €952 milliún). Mar a éilítear de réir IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin riocht airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €27 milliún i leith na Scéime ar an 31 Nollaig 2016(2015: €43 milliún). Is é ba mhó ba shiocair leis an laghdú seo ar an tsócmhainn pinsin ísliú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun luach na ndliteanas a ríomh, rud a léiríonn an t-ísliú a tháinig i rith na bliana ar an ngnóthachtáil ar bhannaí corparáide. Rinneadh an tionchar a bheadh aige sin a mhaolú mar gheall go raibh an toradh ar an infheistíocht i rith na bliana 2016 a bheith níos fearr ná an ráta a bhí á thuar.

Rinne achtúirí na Scéime riocht na Scéime a mheas freisin i ndáil le dliteanais arna n-áireamh de réir Thástáil Luachála Chaighdeán an Chiste Íosta (MFS). De réir mheastachán na n-achtúirí, b'ionann farasbarr na scéime ar an 31 Nollaig 2016 faoi thástáil MFS agus €97 milliún (2015: €80 milliún). Bhí, chomh maith leis sin, an coinníoll maidir le Caighdeán an Chúlchiste Cistíochta á shásamh i ndáil leis an Scéim ar an 1 Eanáir

2017. Ba thorthaí tairbheacha an dá ní sin don Scéim agus fágtar nach mbeidh gá cistíocht a bheartú i rith na bliana 2017.

**Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ (DC)**
Is socrú ranníocaíochtaí sainithe maoinithe í an Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 1,272 fostaí ag RTÉ (1,248 amhail an 31 Nollaig 2015) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

**Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ**
Scéim mhaoinithe, ranníocach, hibrideach atá i Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá ina theideal. Ar an 31 Nollaig 2016, bhí 332 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin "50/50" Riosca i bPáirt RTÉ (300 fostaí an 31 Nollaig 2015).

Ar an 31 Nollaig 2016, bhí luach €14 milliún ar an margadh le sócmhainní roinn DB na Scéime. B'ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB ar dháta an chláir chomhardaithe agus €12.1 milliún, rud a fhágann barrachas €1.9 milliún (barrachas na bliana 2015: €3.3 milliún).Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le riocht airgeadais RTÉ.

Tá barrachas ag baint le roinn DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

### Cúrsaí Árachais
Coimeádtar coimirce cuí árachais in aghaidh réimse rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórthubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh iomchuí.

### Imeachtaí Dlí
Tá RTÉ agus fochuideachtaí dá chuid ina bpáirtithe in imeachtaí éagsúla dlí agus tá éileamh i leith RTÉ nó fochuideachtaí dá chuid ag baint le roinnt acu sin cé nach bhfuiltear cinnte, an tráth seo, cén toradh a bheidh ar na himeachtaí. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle a fuarthas, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, arna dtabhairt le chéile, ar riocht airgeadais, ar thorthaí ná ar leachtacht RTÉ.

### Tionchar RTÉ ar Eacnamaíocht na hÉireann
Choimisiúnaigh RTÉ nuashonrú ar an tuarascáil neamhspleách a d'ullmhaigh PwC le roinnt blianta anuas ionas go leagtar amach an leas i ndáil le heacnamaíocht na hÉireann i rith na bliana 2016 a d'eascair ó RTÉ. Seo iad príomhthorthaí na hoibre mar a luaitear sa tuarascáil:

- B'ionann caiteachas oibriúcháin iomlán RTÉ sa bhliain 2016 agus €343.4 milliún agus chaith RTÉ €297 milliún den chaiteachas sin le daoine agus soláthraithe in Éirinn. B'ionann sin agus 86% den ollchostas oibriúcháin.
- Bhí caiteachas RTÉ in Éirinn i rith na bliana 2016 €118 milliún sa bhreis ar an ioncam ó tháillí ceadúnais.
- Gan cánachas a áireamh, b'ionann cion RTÉ maidir leis an táirgeacht náisiúnta agus €315 milliún. Chuir RTÉ bonn taca faoi thuairim is coibhéis 2,900 post lánaimseartha ar fud eacnamaíocht na hÉireann agus sin anuas ar choibhéis 1,834 post lánaimseartha ag daoine a bhí fostaithe go díreach ag RTÉ.
- Bhí suim iomlán €79 milliún i gceist le ranníocaíochtaí cánachais RTÉ i rith na bliana 2016 nó, le comhthéacs a lua, chuaigh 44% den ioncam ó tháillí ceadúnais a fuair RTÉ sa bhliain 2016, ar ais díreach chuig an Stát ina cháin.
- Chuir RTÉ €2.20 le heacnamaíocht na hÉireann, cánachas san áireamh, in aghaidh gach €1 a caitheadh ar tháillí maidir le ceadúnas teilifíse i rith na bliana 2016.

### Breathnú Romhainn
Is é a fheictear romhainn i rith na bliana 2017 agus i rith na mblianta ina dhiaidh sin go mbeidh dúshlán mór le sárú mar gheall ar leibhéil cistíochta neamhdhóthanacha ó tháille an cheadúnais agus ón ioncam tráchtála araon.

- Cé go bhfuil borradh eacnamaíochta ag teacht ar ais arís faoi eacnamaíocht na hÉireann, fágfaidh an géarú ar an iomaíocht agus deighilt agus scaipeadh an lucht féachana agus éisteachta, go háirithe maidir le margadh fógraíochta na teilifíse, líon níos mó gach bliain de chainéil ón Ríocht Aontaithe le fógraí de chuid na hÉireann, agus an tionchar leanúnach ó chúrsaí an Bhreatimeachta gur mó na deacrachtaí a bhaineann le hioncam tráchtála a ghnóthú.
- Níl an córas maidir le táille do cheadúnas teilifíse atá ar bun faoi láthair oiriúnach don chuspóir. De réir mar atá an modh ina dtapaítear na meáin faoi athrú i gcónaí, agus RTÉ ag leanúint den fhorfheabhsú agus den leathnú ar na seirbhísí digiteacha, is lú arís agus arís eile an ceangal a bheidh idir táille an cheadúnais teilifíse agus an modh ina dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá ráta na hÉireann maidir le táille an cheadúnais teilifíse a sheachaint ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip agus an costas bailiúcháin ar cheann de na rátaí is airde chomh maith. Bheadh i ndán le leasú ar an gcóras maidir le táille ceadúnais don teilifís, tríd an nasc le teilifíseáin a scaoileadh, bunachair sonraí a fheabhsú agus a chónascadh agus an costas a ghabhann leis an mbailiúchán a ísliú, go gcruthófaí méid suntasach d'ioncam breise le hinfheistiú i meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, gan cur ar bhealach ar bith leis an ualach ar an duine aonair ná ar an teaghlach.
- Fáiltíonn RTÉ, mar thús tairbheach le dul i ngleic le leibhéal na cistíochta poiblí, an t-ardú €6 milliún maidir le cistíocht ón táille ceadúnais a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2017 agus atá ina chúiteamh maidir le cuid de na ciorruithe €20 milliún a rinneadh ón mbliain 2010 i leith.
- Leis an bhfáltas ionchais ó dhíol talún i rith na bliana 2017, cuirfear cistí a bhfuil géarghá leo ar fáil d'infheistíocht chaipitil fhadtéarmach, d'infheistíocht sa réimse digiteach agus d'athstruchtúrú eagrúcháin. Cuirfear na cistí ar fáil a chuideoidh le cruth nua a chur ar an eagraíocht agus athinfheistíocht a dhéanamh inti ionas gur féidir le RTÉ leanúint de riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus an lucht féachana a shásamh.
- Tá plean cúig bhliana agus straitéis chostáilte á ullmhú faoi láthair ag RTÉ le cur faoi bhráid an Údaráis Craolacháin. Is próiseas tábhachtach atá ansin.

> **"De réir mheastachán na n-achtúirí, b'ionann farasbarr na scéime ar an 31 Nollaig 2016 faoi thástáil MFS agus €97 milliún (2015: €80 milliún). Bhí, chomh maith leis sin, an coinníoll maidir le Caighdeán an Chúlchiste Cistíochta á shásamh i ndáil leis an Scéim ar an 1 Eanáir 2017."**

# Athbhreithniú Airgeadais
(ar lean)

### An Leas a Bhaintear as Gach Táille Ceadúnais

Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na Ráitis Airgeadais ar an leas a bhaintear as an táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ mar chiste i ndáil leis na seirbhísí poiblí. Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a gcuirtear an táille ceadúnais i leith chainéil agus sheirbhísí faoi leith.

Cuirtear cistí poiblí i leith sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le costas glan na seirbhíse poiblí. Ríomhtar costas glan na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón ollchostas a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcrích.


Féachtar leis an úsáid a bhaintear as aon Táille Ceadúnais Teilifíse amháin ar bith a leagan amach sa tábla seo a leanas, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó Tháillí Ceadúnais Teilifíse:

### An Úsáid as gach Táille Ceadúnais a Bailíodh

| | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| RTÉ One | **46.23** | 42.69 |
| RTÉ2 | **29.52** | 33.65 |
| **Teilifís RTÉ** | **75.75** | 76.34 |
| | | |
| RTÉ Radio 1 | **12.83** | 13.66 |
| RTÉ 2fm | **3.74** | 3.91 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) | **8.55** | 8.35 |
| RTÉ lyric fm | **4.46** | 4.31 |
| **Raidió RTÉ** | **29.58** | 30.23 |
| | | |
| Ceolfhoirne RTÉ | **9.41** | 8.88 |
| Muirir rialachais agus cistíochta | **4.54** | 4.19 |
| Cúrsaí DTT | **0.48** | 0.49 |
| Seirbhísí ar líne | **3.47** | 3.70 |
| Cainéil eile | **3.14** | 2.93 |
| **Beartaíocht RTÉ** | **126.37** | 126.76 |
| | **79%** | 79% |
| Cúnamh RTÉ do TG4 | **5.65** | 5.36 |
| Tobhach BAI | **1.10** | 0.92 |
| Asbhaint maidir le TG4 | **6.87** | 6.88 |
| Ciste Fuaime agus Físe BAI | **10.53** | 10.54 |
| Costais Bailiúcháin An Post agus táillígaolmhara | **9.48** | 9.54 |
| **Beartaíocht Neamh-RTÉ** | **33.63** | 33.24 |
| | **21%** | 21% |
| Costas an Cheadúnais Teilifíse | **€160** | €160 |

Tugtar achoimre leis an bpíchairt (thíos) ar an dáileadh a rinneadh i rith na bliana 2016 ar an ioncam ó Tháillí an Cheadúnais Teilifíse a fhaigheann RTÉ i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

## LEITHROINNT AR AN IONCAM ÓN GCÉADÚNAS TEILIFÍSE A FUAIR RTÉ IN 2016




*Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT agus cainéil eile

## An Costas in aghaidh na hUaire Craolacháin

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huaire a bhain leis na cláir a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2016 chomh maith le figiúirí inchomórtais leo i leith na bliana 2015.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huaire craolacháin mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus ísliú maidir le costais cláir dá mbarr, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta.

| 2016 | RTÉ One | RTÉ2 | RTÉ Radio 1 | RTÉ 2fm | RTÉ lyric fm | RTÉ RnaG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m |
| **Costais** | | | | | | |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | 111.7 | 47.6 | 32.9 | 10.7 | 5.1 | 10.1 |
| Cláir a ceannaíodh – in Éirinn | 2.8 | 0.3 | - | - | - | - |
| – Thar Lear | 12.3 | 10.3 | - | - | - | - |
| Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 13.1 | 11.5 | 1.8 | 0.5 | 0.3 | 0.3 |
| TáillíTarchuradóireachta & Cumhachta | 2.7 | 2.8 | 2.0 | 1.1 | 1.1 | 1.1 |
| | 142.6 | 72.5 | 36.7 | 12.3 | 6.5 | 11.5 |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | 8,784 | 8,784 | 8,949 | 8,784 | 8,784 | 8,784 |
| **Meánchostas foriomlán in aghaidh na huaire craolacháin – 2016** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **16,200** | **8,300** | **4,100** | **1,400** | **700** | **1,300** |

| 2015 | RTÉ One | RTÉ2 | RTÉ Radio 1 | RTÉ 2fm | RTÉ lyric fm | RTÉ RnaG |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m | €'m |
| **Costais** | | | | | | |
| Cláir de dhéantús na hÉireann | 98.8 | 46.5 | 32.2 | 10.6 | 4.9 | 10.0 |
| Cláir a ceannaíodh – in Éirinn | 1.8 | 0.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| – Thar Lear | 12.3 | 11.7 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta | 11.8 | 10.8 | 1.4 | 0.4 | 0.3 | 0.2 |
| Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta | 2.8 | 2.9 | 1.8 | 1.1 | 1.1 | 1.1 |
| | **127.5** | **72.1** | **35.4** | **12.1** | **6.3** | **11.3** |
| **Uaireanta** | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta | Uaireanta |
| Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh) | 8,760 | 8,760 | 8,946 | 8,760 | 8,760 | 8,760 |
| **Meánchostas foriomlán in aghaidh na huaire craolacháin – 2015** | € | € | € | € | € | € |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **14,600** | **8,200** | **4,000** | **1,400** | **700** | **1,300** |
| **Gluaiseacht i rith na bliana** | | | | | | |
| **% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na huaire[1]** | | | | | | |
| **Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad** | **11.5%** | **0.3%** | **3.6%** | **1.4%** | **2.9%** | **1.6%** |

1. Déantar an costas in aghaidh na huaire a shlánú go dtí an céad euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huaire sula n-oibrítear an slánúchán.

# An Eagraíocht

### Teilifís

RTÉ ONE
RTÉ ONE +1
RTÉ 2
rté jr
TRTÉ
RTÉ News NOW

### Raidió

RTÉ RADIO 1
RTÉ 2FM
RTÉ lyric fm
RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA
RTÉ 2XM
RTÉ pulse
RTÉ RADIO 1 EXTRA
RTÉ GOLD
rté jr RADIO
RTÉ radio player

### Nuacht agus Cúrsaí Reatha

RTÉ News & Current Affairs
RTÉ ten

### Spórt

RTÉ Sport

### Digiteach


RTÉ.ie
RTÉ player
RTÉ AERTEL
RTÉ Archives
RTÉ News NOW

### Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir

RTÉ NATIONAL SYMPHONY ORCHESTRA
RTÉ CONCERT ORCHESTRA
RTÉ CONTEMPO QUARTET
RTÉ PHILHARMONIC CHOIR
RTÉ Cór na nÓg

RTÉ GUIDE
SAORVIEW
2rn

# An Struchtúr Eagrúcháin







# Na tráthanna cinniúnacha

**Bíonn RTÉ i gceartlár chomhrá na ndaoine.**

**Craoladh 5,027 uair an chloig d'ábhar cláir a léiríodh in Éirinn i rith na bliana 2016, 1,376 uair an chloig de sin a léiríodh i gcomhar le hearnáil léiritheoirí neamhspleácha na hÉireann.**

## Maidir le Seirbhísí Teilifíse RTÉ

**Cuireann seirbhísí teilifíse RTÉ cláir shainiúla seirbhíse poiblí ar fáil atá ina n-ábhar siamsaíochta, machnaimh agus eolais ag dreamanna de gach aois sa lucht féachana. Cuirtear an réimse is leithne de chláir arna léiriú in Éirinn ar fáil ar fud RTÉ One HD, RTÉ One +1, RTÉ2 HD, RTÉ News Now, RTÉjr agus TRTÉ.**

**Ba bhliain faoi leith ag teilifís RTÉ an bhliain 2016. Ainneoin géarú ar an iomaíocht ó chainéil na hÉireann agus ó chainéil ón iasacht, ar RTÉ One agus RTÉ2 a bhí gach ceann den 20 clár is mó a raibh lucht féachana acu in Éirinn. Tugadh rogha níos leithne don lucht féachana ar réimse de na hardáin nua atá ag teacht chun cinn, ach roghnaigh 33.4%* ina dhiaidh sin féin a bheith ag faire ar chainéil RTÉ ar mhaithe le cláir agus nuacht iontaofa ar ardchaighdeán arna léiriú in Éirinn.**

**Tharraing an sceideal sainiúil de chláir seirbhíse poiblí ar RTÉ One agus RTÉ2 an náisiún le chéile ag faire ar chomóradh céad bliain 1916; ar shamhradh fada spóirt le Euro 2016, na Cluichí Oilimpeacha agus Craobhchomórtais CLG; ar chláir fhaisnéise den scoth; ar chláir drámaíochta nua mhórshuntasacha de dhéantús na hÉireann; ar chláir ghrinn mhór-ráchairte; agus ar chláir shiamsaíochta don teaghlach.**

* Buaicsciar chomhdhlúite maidir le RTÉ One, RTÉ2, RTÉ One +1, RTÉjr, RTÉ News Now (náisiúnta, daoine aonair 4+).

### RTÉ One ag Uimhir a hAon

Tharraing an éagsúlacht agus an t-ardchaighdeán cláir lucht féachana níos líonmhaire ná riamh i rith na bliana 2016. Bhí an cainéal ar an gceann ba mhó a ndearna gach dream den lucht féachana faire air, le sciar comhdhlúite buaicthrátha (náisiúnta daoine aonair 4+) ab ionann le 24.2%. Bhí an sceideal lán le drámaíocht ríspéisiúil, le cláir fhaisnéise ar ardchaighdeán, le cláir fíorasacha spreagúla; le tráchtaireacht ar imeachtaí náisiúnta; agus le cláir ghrinn, ealaíon, siamsaíochta agus ceoil – sa dá theanga – chomh maith leis an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha is fearr agus is mó iontaoibh in Éirinn.

### Bliain Ceiliúrtha agus Comórtha

Rinne Teilifís RTÉ ceiliúradh ar chéad bliain Éirí Amach na Cásca le hábhar ilardáin a raibh stair de chineálacha iléagsúla ina chroílár. Tugadh deis don lucht féachana an eachtra chinniúnach sin a thuiscint trí lionsaí a bhí á síorathrú, trí shraith faisnéise mhórshuntais, trí chlár faisnéise corraitheach aon údar, trí dhrámaíocht agus trí chláir ábhar cartlainne, chomh maith le bunábhar nua mar chuid de chláir reatha de leithéid *Nationwide*. Scrúdaíodh 1916 ar theilifís RTÉ trí lionsaí an spóirt, an chreidimh, na polaitíochta, na staire agus an chultúir.

Cuireadh tús le sceideal na gclár leis an tsraith drámaíochta *Rebellion*. Chonacthas na heachtraí móra a lean 1916 trí shúile dhream cairde as Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus Londain de réir mar a bhí páirt chinniúnach acu, agus iad ag dul in aghaidh a chéile uaireanta, i scéal shaoirse na hÉireann.

Tar éis an dráma sin, tháinig séasúr de chláir fhaisnéise trína ndearnadh scrúdú le dearcadh de chineálacha éagsúla ar an gcomóradh céad bliain. I sraith faisnéise trí chlár mhórshuntais, le tráchtaireacht Liam Neeson, ríomhadh scéal Éirí Amach na Cásca agus na n-eachtraí a tháinig ina dhiaidh sin ba bhun le saoirse na tíre ar *1916*. Scrúdaigh Bob Geldof an pháirt a bhí ag cúrsaí cultúir in Éirí Amach na Cásca trí scrúdú a dhéanamh ar shaol agus ar shaothar WB Yeats i *Fanatic Heart*. D'fhoilsigh Joe Duffy scéalta tragóideacha 40 leanbh a maraíodh i rith an Éirí Amach in *Children of the Revolution*. Bhain siad le gach aicme agus le gach cuid de shaol Bhaile Átha Cliath, roinnt acu nach raibh ach dhá bhliain d'aois, ní damáiste comhthaobhach amháin a bhí i gceist leo.

Bhí dearcadh ón taobh eile le *The Enemy Files* arna chur i láthair ag Michael Portillo. Clár faisnéise conspóideach dúshlánach a bhí ann trínar cuireadh dearcadh fiúntach ón taobh eile ar an Éirí Amach i láthair. Foilsíodh scéalta dochreidte, ar minic iad a ligean i ndearmad, faoi ról na mban san Éirí Amach in *Seven Women,* á chur i láthair ag Fiona Shaw. Rinne an staraí Catriona Crowe cíoradh in *Life Before the Rising* ar a raibh ar siúl i saol an ghnáthdhuine i rith na mblianta díreach roimh 1916, más gnáthdhuine den mheánaicme a bhí ag teacht chun cinn i measc na gCaitliceach nó gnáthdhuine in áras tionóntaí.

Ar dheireadh seachtaine na Cásca, tharla buaicphointe an chomórtha le *A Nation's Voice*, tráchtaireacht ar chomóradh an Stáit agus an seó spleodrach *Centenary*, cur i láthair ar scéal Éire na linne seo trí cheol, damhsa agus amhránaíocht, arna chraoladh beo as Amharclann Bord Gáis Energy.

### Lom na Fírinne faoi Éire na Linne seo

Chuir RTÉ One cláir fhaisnéise chorraitheacha ar fáil i rith na bliana a raibh léargas maith iontu ar Éire na linne seo. Scrúdaíodh an méid siúcra a ídíonn muintir na hÉireann in *Sugar Crash*, á chur i láthair ag an Dr Eva Orsmond, agus cíoradh an t-ábhar taighde is deireanaí faoi na fadhbanna sláinte a ghabhann leis sin. Díríodh intinn mhuintir na tíre ar cheist na ndaoine gan dídean nuair a craoladh *My Homeless Family*, clár ar tugadh ceamaraí lena aghaidh do thrí cinn de theaghlaigh ionas go bhféadfaidís scannánaíocht a dhéanamh ar an saol atá acu i gcóiríocht shealadach óstáin ó tá siad gan áras cónaithe dá gcuid féin.

Bhí cumasc idir an teicneolaíocht nua agus scéalaíocht den scoth i gceist le *The Collectors*, inar cuireadh an scéal a bhain le seisear Éireannach i láthair a bhfuil difríochtaí móra eatarthu ach aon rud neamhghnách amháin ag baint leo ar fad – tá siad uile tugtha don bhailiúchán. Is é *The Collectors* an chéad fhadscannán faisnéise a choimisiúnaigh craoltóir ar bith san Eoraip lena thaifeadadh ar chaighdeán 4k (ultra-ardghléine) ar ghléas iPhone.

**"Rinne teilifís RTÉ ceiliúradh ar chéad bliain Éirí Amach na Cásca le hábhar ar ardáin éagsúla a raibh stair de chineálacha éagsúla ina cheartlár."**

### An 10 gClár ba mhó lucht féachana

1 Eanáir - 31 Nollaig 2016 Gach Cainéal, Comhdhlúite, Náisiúnta, Daoine Aonair 4+

| Ord | Clár | Cainéal | Lá | Dáta | Tráth | Rátáil | '000 | Sciar % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | The Late Late Toy Show | RTÉ One | Aoine | 02-12-2016 | 21:37 - 23:57 | 38.4 | 1572 | 76.18 |
| 2 | UEFA Euro 2016: An Fhrainc v Poblacht na hÉireann | RTÉ2 | Domh | 26-06-2016 | 14:01 - 15:52 | 30.8 | 1262 | 82.46 |
| 3 | UEFA Euro 2016: An Iodáil v Poblacht na hÉireann | RTÉ2 | Céad | 22-06-2016 | 20:01 - 21:50 | 30.0 | 1231 | 71.88 |
| 4 | UEFA Euro 2016: Poblacht na hÉireann v an tSualainn | RTÉ2 | Luan | 13-06-2016 | 17:01 - 18:50 | 26.4 | 1083 | 70.72 |
| 5 | Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann | RTÉ One | Domh | 18-09-2016 | 14:55 - 17:41 | 22.7 | 928 | 68.77 |
| 6 | UEFA Euro 2016: An Bheilg v Poblacht na hÉireann | RTÉ2 | Sath | 18-06-2016 | 14:01 - 15:49 | 22.5 | 925 | 77.94 |
| 7 | Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann — Athimirt | RTÉ2 | Sath | 01-10-2016 | 16:59 - 19:19 | 20.6 | 844 | 62.57 |
| 8 | Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann | RTÉ One | Domh | 04-09-2016 | 14:54 - 17:43 | 19.2 | 786 | 65.44 |
| 9 | UEFA Euro 2016 Cluiche Ceannais: An Phortaingéil v an Fhrainc | RTÉ2 | Domh | 10-07-2016 | 20:01 - 22:31 | 19.1 | 783 | 45.03 |
| 10 | UEFA Euro 2016 Cluiche Leathcheannais: An Phortaingéil v an Bhreatain Bheag | RTÉ2 | Céad | 06-07-2016 | 20:00 - 21:48 | 17.7 | 725 | 47.93 |

Foinse: TAM Ireland/Nielsen TAM
Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbíonn athrú ar an ollréimse trí huaire in aghaidh na bliana)
15 nóiméad íosfhad an chláir

# Athbhreithniú Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Teilifís
**(ar lean)**

**“Rinneadh scannánaíocht ar feadh trí bliana, leis an teicneolaíocht ceamradóireachta is nuaí atá ar fáil, le ceamaraí den chéad chineál eile, le ceamaraí oíche infridheirg agus le sármhoilliú gluaiseachta, ar *Wild Cities* inar léiríodh an fiadhúlra go fada fairsing i saol an bhaile mhóir sna háiteanna neamhghnácha is lú a mbeadh súil le hainmhithe.”**

Léiríodh cúrsaí sláinte an náisiúin agus obair na ndaoine a shaothraíonn sa tseirbhís sláinte ar *Keeping Ireland Alive: The Health Service in a Day*. Cuireadh 75 criú ceamara amach go dtí 70 láthair ar fud na tíre go mbeadh tuairisc ar oibriú na seirbhíse sláinte ar fad agus ar na daoine a thapaíonn an tseirbhís ar aon lá faoi leith.

Ag deireadh na bliana, craoladh *The Crossing*, clár faisnéise den scoth faoi aon mhí amháin d'obair an LÉ Samuel Beckett i ndeisceart na Meánmhara. Foilsíodh fírinne an tsaoil do lucht foirne na loinge agus don lucht imirce de réir mar a thagann siad trasna ar a chéile i lár na farraige, i gcúinsí den chineál is anróití i gcuid mhaith de na cásanna.

### Fiadhúlra agus Eolaíocht
Rinneadh scannánaíocht ar feadh trí bliana, leis an teicneolaíocht ceamradóireachta is nuaí atá ar fáil, le ceamaraí den chéad chineál eile, le ceamaraí oíche infridheirg agus le sármhoilliú gluaiseachta, ar *Wild Cities* inar léiríodh an fiadhúlra go fada fairsing i saol an bhaile mhóir sna háiteanna neamhghnácha is lú a mbeadh súil le hainmhithe. Ceathrar saineolaithe nua nach raibh ar RTÉ One roimhe sin – Rob Gandola, an Dr Tara Shine, John Lusby agus Simon Watt – a bhí ina láithreoirí agus thug gach duine an lucht féachana ar thuras pearsanta tríd an gcathair ina bhfuil cónaí orthu, ar eachtraí sna háiteanna is fiáine iontu.

“Rinneadh scannánaíocht ar feadh trí bliana, leis an teicneolaíocht ceamradóireachta is nuaí atá ar fáil, le ceamaraí den chéad chineál eile, le ceamaraí oíche infridheirg agus le sármhoilliú gluaiseachta, ar *Wild Cities* inar léiríodh an fiadhúlra go fada fairsing i saol an bhaile mhóir sna háiteanna neamhghnácha is lú a mbeadh súil le hainmhithe.”

Tháinig cúrsaí eolaíochta agus fiadhúlra le chéile ar *Big Week on the Farm*, cur i láthair teilifíse ar feadh seachtaine arna chraoladh beo as stiúideo saindéanta ar fheirm caorach le bruach Loch Dairbhreach i gContae na hIarmhí. Tugadh an lucht féachana teilifíse isteach i gceartlár shaol na tuaithe in Éirinn i rith an earraigh ar an gclár a chuir Áine Lawlor agus Ella McSweeney i láthair os comhair lucht féachana beo le Helen Carroll agus Darragh McCullough ag déanamh tuairiscí beo ó fheirmeacha eile ar fud na tíre.

Craoladh dhá chlár faisnéise mórshuntais ar RTÉ One mar chuid den cheiliúradh ar Sheachtain na hEolaíochta. Rinneadh scrúdú le *Hacked* ar an mborradh atá faoi chibearchoiriúlacht ar fud an domhain agus le *Cloud Control* ar a dtagann i gceist maidir le gnáthshaol an duine le gnóthaí ollsonraí.

### Teanga na Tíre
Cuireadh réimse leathan de chláir ardchaighdeáin ar fáil i nGaeilge ar RTÉ One i rith na bliana 2016. Scrúdaíodh gnéithe nach mbeadh chomh soiléir sin faoi Éirí Amach 1916 ar *Ar Son na Poblachta*, pléadh stair na rialtas comhpháirtí in Éirinn ar *Comhrialtas*, agus caitheadh súil siar ar an gcaoi ar éirigh le hÉirinn ag Craobhchomórtas Sacair na hEorpa sa bhliain 1988 agus sa bhliain 2012 ar *Euros*. An t-iriseoir Harry McGee a scríobh agus a chuir i láthair an tsraith *Polaitíocht: Power on the Box*, sraith ceithre chlár faoin bpolaitíocht in Éirinn ó tháinig ré na teilifíse.

### Siamsaíocht
Cuireadh tús i rith na bliana 2016 le *Cutting Edge* le Brendan O'Connor agus triúr eile ar phainéal, cruinnithe timpeall an bhoird gach seachtain i mbun cíoradh grinn greannmhar a dhéanamh ar an ábhar cainte atá ag muintir na tíre. Bhí tarraingt na ndaoine ar na cláir chainte beo agus ardú ar líon na ndaoine sa lucht féachana ag *The Late Late Show* agus *The Ray D'Arcy Show*. Tá gean ag muintir na tíre ar *The Late Late Toy Show* agus meánlíon dochreidte 1.57 milliún duine de lucht féachana aige. Bhí aird ar *The Voice of Ireland* amach go deireadh agus bhí tóir arís eile ag teaghlaigh na hÉireann ar *Ireland's Fittest Family*.


### An Chruthaitheacht á Cothú
Ba mhaith an bhliain í ag an ealaín ar theilifís RTÉ, idir *Centenary* – insint ar scéal na hÉireann ó shaibhreas na seanmiotas go dtí an athbheochan polaitíochta agus cultúir agus tuiscint as an nua ar an acmhainn a bhí ionainn – agus *A Fanatic Heart*. Bhí muintir na tíre i mbun cruthaitheachta iad féin chomh maith ar *Painting the Nation*, sraith cúig cinn de chláir trínar féachadh leis an bpéintéir amaitéarach is fearr in Éirinn a aimsiú.

### Gnáthshaol an Lae
Rinneadh scrúdú in *What Are You Eating?* le Philip Boucher Hayes ar an mbia a ithimid gach lá. Scrúdaíodh an comhábhar agus an phróiseáil a bhaineann le roinnt de na cineálacha bia is fearr linn a tháirgeadh. Bhí an leithleas, bua an léargais agus dílseacht don dearadh á gcur chun cinn ar *Home of the Year* agus *Celebrity Home of the Year* ar a bhfacthas áitritheoirí ar fud na hÉireann a bhfuil rud sainiúil faoi leith déanta acu leis an áit atá mar áras cónaithe acu. Bhí an t-ailtire Dermot Bannon ar ais le sraith nua de *Room to Improve*, ar ar taispeánadh meascán éagsúil de chásanna athchóiriúcháin, tarrthála agus fairsingithe agus spásanna sárnua-aimseartha a bhí cóiriúil fáiltiúil á gcruthú. D'éirigh le *Operation Transformation* arís eile an lucht éisteachta agus féachana ar fud theilifís, raidió agus sheirbhísí digiteacha RTÉ a spreagadh agus a thabhairt ar an náisiún modh saoil níos folláine a chleachtadh. Thug pearsana iomráiteacha faoin dúshlán a shárú ar *Celebrity Operation Transformation* nuair a bhí an samhradh caite.

### Drámaíocht
Lean *Fair City*, an sobaldráma is fearr le muintir na hÉireann, ag tarraingt lucht féachana maith. Bhí an próiseas cruthaitheachta á mhínchóiriú agus á fheabhsú ar chúl téarmaí ionas gur tugadh scéalaíocht iontach chun tosaigh a d'fhág buaicphointí drámaíochta á leathnú amach ar feadh na sraithe. Leanadh de scríbhneoirí nua a tharraingt isteach i gcúrsaí teilifíse le clár oiliúint scríbhneoirí *Fair City*.

# SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)

2016 2015




Foinse: TAM Ireland/Nielsen TAM

# Athbhreithniú Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Teilifís

**(ar lean)**

### Greann agus Ceol

Chuir an réalta ceol tíre, Nathan Carter, clár speisialta Nollag uair an chloig i láthair as Teach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath.

Ar an gclár grinn *Senior Moments*, léirigh daoine scothaosta den ghnáthphobal an ghnaíúlacht, an cineáltas agus an éirim atá iontu, amuigh ar an tsráid ag bualadh bob ar dhaoine óga a bhí soineanta ina leith agus istigh sa teach ag insint scéilíní grinn agus ag trácht ar an saol.

### Imeachtaí Náisiúnta

Lean RTÉ One dá thiomantas maidir le himeachtaí náisiúnta a chur i láthair le craoladh cuimsitheach ar fhéile Rós Thrá Lí agus ar Fhéile Lá Fhéile Pádraig. Rinne RTÉ One craoladh agus tráchtaireacht freisin ar an ócáid is mó i saol na tuaithe in Éirinn, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ar na hardáin go léir – an teilifís, raidió, ar líne agus gléasra soghluaiste – le sraith trí chlár faoi leith, *The Ploughing – Live*.

### RTÉ2

Bhí sciar comhdhlúite 9.1% ag buaicthráthanna den lucht féachana a ndírítear air, daoine idir 15–34 bliana d'aois, ag RTÉ2 ionas go raibh sé ar an dara cainéal ba mhó lucht féachana, le RTÉ One chun tosaigh, i measc an chuid is óige den lucht féachana. Cuireadh guthanna, scéalta, cumas agus saoithiúlacht Éireannaigh na linne seo i gceartlár an mhisin seirbhíse poiblí ag an gcainéal, agus cuireadh sceideal iléagsúil le chéile ansin do lucht féachana níos óige – agus dóibh siúd a bhfuil 'meon na hóige' iontu.

Tháinig saigheada Cupid go hÉirinn i mbliana nuair a craoladh an chéad sraith de *First Dates Ireland* ar RTÉ2. Bhí an lucht féachana agus na léirmheastóirí araon á mholadh.

### Ceistiú faoin mBonn Tuisceana

Craoladh cláir fhaisnéise a spreag ábhar machnaimh ag an lucht féachana ar RTÉ2 trína ndearnadh cíoradh ar théamaí agus ar cheisteanna a bhfuil tábhacht faoi leith leo don chuid is óige de dhaoine fásta na hÉireann. Bhí an lucht siúil, lucht imirce agus a bhfuil i gceist le hÉireannachas mar ábhar le sraith faisnéise nua trí chlár faoi chúrsaí féiniúlachta agus Éireannachais a cuireadh ar an aer i rith na earraigh. *I Am Traveller,* ina raibh John Connors le feiceáil, an chéad chlár sa tsraith. Chuaigh John i ngleic, ar an turas pearsanta sin, le ceisteanna achrannacha maidir le steiréitíopáil ciníochais agus féiniúlacht an lucht siúil in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Bhí cláir fhaisnéise aon údair sa sceideal chomh maith. In *Asking For It*, déanann an t-údar, Louise O'Neill, cíoradh géarchúiseach ar cheist an toilithe agus an méadú atá ar líon na n-eachtraí ionsaithe gnéis in Éirinn. Sa chlár *Finding Banni* leis an bhfear scannánaíochta Colm Flynn, ríomhtar scéal thuras pearsanta dá chuid ag iarraidh a fháil amach cén saol a bhí ag buachaill as an mBealarúis a bhí ar altramas tamall ina theaghlach féin agus an chúis a bhí lena thabhairt ar ais agus nár éirigh lena mhuintir é a uchtú. Rinneadh cíoradh in *The Only Gayin the Village* ar a dtagann i gceist don duine homaighnéasach, leisbiach nó déghnéasach atá ag éirí aníos agus á chur sin in iúl i mbailte agus i sráidbhailte na hÉireann.

### An Taobh Greannmhar den Scéal

Bhí forbairt a dhéanamh ar ábhar grinn de chuid na hÉireann agus ar dhaoine cumasacha ar cheann de na bunchlocha maidir le RTÉ2 i gcónaí i rith na bliana 2016. Cuireadh sraith nua de Bridget & Eamon, an lánúin mhíshona ó na 80idí is ansa le muintir na hÉireann, ar an aer ar RTÉ2 de réir mar a bhí an chéad sraith, ar bronnadh gradam IFTA air, á chraoladh sa Ríocht Aontaithe ar UKTV Gold. Bhí tóir ag an lucht féachana ar ábhar scripteáilte grinn agus ríomhadh an scéal maidir le scaoileadh an chairdis idir beirt ógbhan a bhíodh spleách ar a chéile in *Can't Cope, Won't Cope*, dráma dorcha grinn faoi scaradh na gcompánach de réir mar a thagann athrú ar shaol na beirte agus tábhacht acu beirt le rudaí éagsúla.

### Meantóireacht don Chéad Ghlúin eile

Rinneadh meantóireacht ar an gcéad ghlún eile den lucht grinn in Éirinn ar an tsraith *Comedy Bites*. Cuireadh cnuasach16 gearrscannán grinn amach ar sheinnteoir an RTÉ Player ionas go bhféadfadh an lucht féachana blaiseadh a fháil de shaothar na ndaoine óga is fearr atá ag teacht chun cinn.

### Páirtnéireacht agus Comhléiriúchán

Chothaigh RTÉ páirtnéireacht shuntasach i rith na bliana 2016 le réimse eagraíochtaí éagsúla agus le craoltóirí eile ionas gur cuireadh le caighdeán agus le réimse na gclár ar feadh na bliana. D'oibrigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i bpáirt le RTÉ arís, rud a chuir ar chumas *Big Week on the Farm* a chraoladh agus páirt a ghlacadh i Seachtain na hEolaíochta. Shínigh RTÉ meamram comhthuisceana freisin le BBC Worldwide maidir le comhfhorbairt a dhéanamh ar chláir ghrinn nua as Éirinn agus daoine cumasacha nua a thabhairt chun cinn ar an scáileán i réimse an ghrinn. Rinneadh cómhaoiniú ar chláir mhórshuntais, ina measc na cláir drámaíochta (*The Fall* agus *My Mother and Other Strangers*) agus na cláir fhaisnéise (*A Fanatic Heart – Geldof on Yeats, The Enemy Files* agus *Brendan O'Carroll: My Family at War*).

### Éire ar fud an Domhain


Díolann rannóg Díolachán Clár RTÉ ceadúnais maidir le hábhar cláir le páirtnéirí, ardáin agus craoltóirí ar fud an domhain i ndáil leis na seánraí ar fad, drámaíocht, cláir fhaisnéise, an stair nádúrtha, cláir ealaíon agus formáidí san áireamh.

Déantar díol díreach le craoltóirí idirnáisiúnta chomh maith le hoibriú le dáilitheoirí agus gníomhairí idirnáisiúnta. Feidhmíonn Díolachán Clár RTÉ maidir le cláir a léiríonn RTÉ go hinmheánach agus le cláir a choimisiúnaíonn RTÉ.

Ar na buaicphointí i rith na bliana 2016 bhí:


- Díoladh ceadúnas domhanda le Netflix maidir le *Rebellion*, dráma RTÉ arna chomhléiriú leis an Sundance Channel i Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- Díoladh ceadúnas maidir leis an tsraith fhaisnéise mhórshuntais *1916*, arna léiriú ag RTÉ i gcomhar le Notre Dame, i ndlínsí éagsúla, ina measc an Ríocht Aontaithe, an Astráil, an Fhrainc, an Spáinn, Ceanada, an Airgintín, Vítneam agus an Danmhairg. Ceannaíodh ceadúnas freisin maidir leis an tsraith trí chlár, arna scríobh agus arna léiriú ag an staraí Bríona Nic Dhiarmada agus le tráchtaireacht á dhéanamh ag Liam Neeson, le 120 stáisiún PBS sna Stáit Aontaithe agus lena thaispeáint ar Aer Lingus.
- Cheannaigh UKTV sraith ghrinn RTÉ *Bridget & Eamon*, a craoladh den chéad uair ar RTÉ2 i mí Feabhra. Faoin socrú sin, an chéad uair riamh sraith ghrinn arna mhaoiniú go hiomlán ag RTÉ a chraoladh sa Ríocht Aontaithe, craoladh sé chlár na sraithe i bhfómhar na bliana 2016 ar Gold, cainéal chláir ghrinn UKTV.
- Cheannaigh Nine Network Australia *Garda Down Under,* ina ríomhtar scéal oifigigh phóilíneachta as Éirinn agus iad ag obair in iarthar na hAstráile, an limistéar póilíneachta is fairsinge ar domhan. Is é seo an chéad uair clár de chuid RTÉ a chraoladh ar chainéal tráchtála san Astráil. Díoladh ceadúnais maidir le cláir agus sraitheanna eile a chraoladh sa tír sin freisin i rith na bliana 2016 lena gcraoladh ar ABC, SBS, Foxtel agus The Food Network.
- Ba é an chéad uair é freisin ag Discovery TLC sa Ríocht Aontaithe ceadúnas a cheannach ó RTÉ nuair a ceannaíodh ceadúnas maidir le sraith de chláir fhaisnéise Vogue Williams i rith na bliana 2016.

# UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA hÉIREANN A CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE LINN BUAICTHRÁTHANNA DE RÉIR SEÁNRA




Foinse: RTÉ

# UAIREANTA TEILIFÍSE LE FOTHEIDIL




Foinse: RTÉ

# Uimhir a hAon



**Déanann naoi gcinn de sheirbhísí raidió RTÉ ar FM agus ar chórais dhigiteacha freastal ar gach dream sa lucht éisteachta, ar fud na réigiún go léir, sa dá theanga.**

Tugann níos mó ná 1,000,000 duine cluas do RTÉ Radio 1 gach seachtain.



## Maidir le Seirbhísí Raidió RTÉ

**Cuireann RTÉ naoi gcinn de sheirbhísí sainiúla raidió ar fáil, ar thonnta FM agus trí chraolachán digiteach fuaime (DAB), ar an idirlíon agus ar ghléasra soghluaiste. Déantar freastal, sa dá theanga, ar dhaoine de gach aois le bailiúchán seirbhísí a chuireann dearcadh faoi leith ar fáil don lucht éisteachta ar an tír, trí chláir nuachta agus fhaisnéise, cláir shiamsaíochta agus drámaíochta, cláir spóirt agus ealaíon, agus ceol de gach seánra.**

## RTÉ Radio 1

Ba bhliain fhorbartha, athraithe, dúshláin agus buaicphointí an bhliain 2016 ag RTÉ Radio 1.

Is mór an brú a bhí ar acmhainní ar fud na seirbhíse mar gheall ar an Olltoghchán agus comóradh 1916 in Éirinn chomh maith le Craobhchomórtas Sacair na hEorpa sa Fhrainc agus na Cluichí Oilimpeacha/ Parailimpeacha i Rio.

## Léiriú Stairiúil

I réimse na polaitíochta, spreag an tOlltoghchán tografisiúilraidió. Chuir ceamaraí sna stiúideonna le clú na gclár chomh maith le hábhar eagarthóireachta den tairbhe a chur ar fáil ar fud na n-ardán go léir. Cláir cúrsaí reatha a shocraigh an t-ábhar cainte i rith an fheachtais le tráchtaireacht agus tuairisceoireacht leitheadach as gach ceann den 40 toghcheantar agus ba é buaic na hoibre 20 uair an chloig leanúnach d'ábhar cláir ar dheireadh seachtaine an chomhairimh.

Bhí Éire 2016 lárnach i sceideal RTÉ Radio 1 i rith na bliana agus tugadh le chéile gnéithe staire, cultúir agus polaitíochta den cheiliúradh. Ba é *Radharc ar an Réabhlóid* a léiriú agus a thabhairt i gcrích ar Luan Cásca an ócáid phoiblí ba mhó i rith na bliana agus bhí 750,000 duine (measta) i láthair aige i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

## Amuigh faoin Aer

Bhí an dúspéis atá ag muintir na tíre seo i gcúrsaí spóirt le sonrú ar an trácht ar spórt náisiúnta agus idirnáisiúnta. Craoladh uaireanta an chloig beo maidir le craobhchomórtais CLG i rith an tsamhraidh chomh maith leis na himeachtaí idirnáisiúnta as Rio agus UEFA Euro 2016 as an bhFrainc.

Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do RTÉ Radio 1 i rith na bliana 2016. Bronnadh gradam *Rose D'Or* ar *The Dawn Chorus* – léiriú i gcomhar le craoltóirí i 15 tír eile, agus bronnadh gradam *Prix Europa* ar *The Documentary on One* maidir leis an gclár faisnéise *The Case that Never Was*.

## Daoine Cumasacha Nua

Bhí cláir nua ó earnáil na léiritheoirí raidió neamhspleácha ar RTÉ Radio 1 i mbliana agus glacadh go fonnmhar le sraitheanna de leithéid The Book Show, Pantisocracy, Callan's Kicks agus Inside Culture. Oibríodh i gcomhar leis an Údarás Craolacháin freisin maidir le The Comedy Showhouse a léiriú, rud a chuir 18 clár nua ar fáil don sceideal.

Tháinig ardú ar líon na ndaoine sa lucht éisteachta ionas gur coinníodh RTÉ Radio 1 ar an stáisiún is mó a n-éistear leis. De réir staitisticí JNLR (*Joint National Listenership Research*), is ar RTÉ Radio 1 a craoladh 18 den 20 clár ba mhó lucht éisteachta i rith na bliana 2016, le 1.3 milliún duine sa lucht éisteachta agus sciar 23.6% den mhargadh.

## RTÉ Raidió na Gaeltachta

Tá curtha leis an lucht éisteachta ag RTÉ Raidió na Gaeltachta le blianta beaga anuas agus coinníodh an lucht éisteachta i rith na bliana 2016.

## Comóradh 1916

Leag RTÉ Raidió na Gaeltachta béim faoi leith ar chomóradh 1916 i rith na bliana, mar shampla:

- Comórtas do scoileanna dara leibhéal – roghnaíodh seacht gcinn de scoileanna chun clár raidió 30 nóiméad a léiriú, le cúnamh ó dhéantóir cláir gairmiúil, bunaithe ar théama maidir le 1916. Eagraíodh seo le cúnamh airgid ó Éire 2016 – An Teanga Bheo. Coláiste Íde sa Daingean, Co. Chiarraí a bhuaigh an comórtas.
- Craoladh *Léachtaí i gCuimhne ar Phádraig Mac Piarais*, sraith dhá cheann déag de léachtaí, i gcomhar leis an gcomhlacht foilsitheoireachta Cló Iar Chonnacht.
- Rinneadh ábhar as cartlann Raidió na Gaeltachta a bhaineann leis an ré 1913-1923 a thiomsú agus a chaomhnú. Tá toradh an tionscadail seo ar fáil don phobal ó mhí na Samhna 2016. Rinneadh an obair ullmhúcháin i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann (RIA). Fuair an tionscadal seo cúnamh ó Éire 2016 – An Teanga Bheo.

> **"Tá curtha leis an lucht éisteacht ag RTÉ Raidió na Gaeltachta le blianta beaga anuas agus coinníodh an lucht éisteachta i rith na bliana 2016."**

**Na 10 gClár Raidió is mó Éisteacht leo go Náisiúnta i rith na seachtaine – Daoine Fásta 15+**

Sciar Bloc Ama i gcás Stáisiúin Tráchtála Náisiúnta Eanáir-Nollaig 2016

| Ord | Clár | Stáisiún | Tráth de Lá | Laethanta na Seachtaine | Sciar na nDaoine Fásta 15+ | Líon Daoine Fásta 15+(,000) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Morning Ireland | RTÉ Radio 1 | 07:00-09:00 | Luan-Aoine | 12% | 448 |
| 2 | Liveline | RTÉ Radio 1 | 13:45-15:00 | Luan-Aoine | 11% | 387 |
| 3 | The Marian Finucane Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Sath | 10% | 372 |
| 4 | Today with Sean O'Rourke | RTÉ Radio 1 | 10:00-12:00 | Luan-Aoine | 9% | 332 |
| =4 | News at One | RTÉ Radio 1 | 13:00-13:45 | Luan-Aoine | 9% | 332 |
| 6 | The Ryan Tubridy Show | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Luan-Aoine | 9% | 323 |
| 7 | The Marian Finucane Show | RTÉ Radio 1 | 11:00-13:00 | Domh | 8% | 308 |
| 8 | The Business | RTÉ Radio 1 | 10:00-11:00 | Sath | 8% | 296 |
| 9 | Playback | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Sath | 8% | 283 |
| 10 | Sunday Miscellany | RTÉ Radio 1 | 09:00-10:00 | Domh | 7% | 253 |

Foinse: JNLR /Ipsos MRBI 2016/4

# Athbhreithniú Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Raidió (ar lean)

**“Mar gheall ar imeachtaí spóirt idirnáisiúnta, rinneadh leathnú ar chraoladh spóirt RTÉ Raidió na Gaeltachta sa bhliain 2016.”**

### Craoladh Breise

Mar gheall ar imeachtaí spóirt idirnáisiúnta, rinneadh leathnú ar chraoladh spóirt RTÉ Raidió na Gaeltachta sa bhliain 2016. Chomh maith leis an gcraoladh cuimsitheach ar chúrsaí spóirt in Éirinn, rinneadh cluichí sacair i gCraobhchomórtas na hEorpa a chraoladh beo as an bhFrainc agus craoladh beo as Rio de Janeiro ar imeachtaí a raibh iomaitheoirí de chuid na hÉireann páirteach iontu.

Ba chuid mhór den ábhar nuachta agus cúrsaí reatha na scéalta polaitíochta agus nuachta. Chomh maith le tuairisc a thabhairt ar scéalta de chuid na hÉireann agus de chuid na Gaeltachta, craoladh cláir speisialta maidir leis an nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear ar ábhar na gclár sin an tOlltoghchán, Toghcháin Thionól Thuaisceart Éireann agus Reifreann an Bhreatimeachta. Chuaigh tuairisceoir go dtí na Stáit Aontaithe freisin i mí na Samhna chun tuairisceoireacht a dhéanamh faoi Thoghchán na hUachtaránachta ansin.

### Foireann Bhuacach

Rinneadh an ceol traidisiúnta a chothú agus a chur chun cinn i rith na bliana le craoladh beo ó mhórfhéilte ceoil ar fud na tíre. Bronnadh gradaim meán cumarsáide ar bhaill foirne de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta ag gradaim Phonographic Performance Ireland (PPI) agus ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais. An séú bliain as a chéile, ba chraoltóir de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta a fuair an gradam do Láithreoir Raidió na Bliana ag Féile na Meán Cumarsáide Ceilteach.

Bhí an stáisiún ina chuid d'íomhá corparáide RTÉ ag imeachtaí náisiúnta, ina measc Taispeántas Eolaí Óg BT agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

### RTÉ lyric fm

Cuireadh sceideal nua ar siúl ar RTÉ lyric fm i rith na bliana 2016, ina bhfuil cláir nua agus guthanna nua le cloisteáil, chomh maith le síneadh a chur le cláir sheanbhunaithe.

### Cumadóir Cónaitheach

Ba é Sebastian Adams an Cumadóir Cónaitheach ag RTÉ lyric fm i rith na bliana 2016. Rinne sé ceol a chóiriú don tsraith *Writing the Rising* agus do Cheathairéad Caidrimh RTÉ lyric fm. Rinne sé freisin leagan nua de cheol aitheantais lyric a chóiriú agus a thaifeadadh. Chum sé carúl Nollag chomh maith le sraith ceoil ceithre pháirt dhá nóiméad déag ar fhaid do Cheolfhoireann Coirme RTÉ. Tá sé ag obair ar an réim fuaime do ghnéchlár de chuid lyric in éineacht le Jools Gilson.

### Ceolchoirmeacha Pobail

Is clár spéisiúil siamsúil de choirmeacha ceoil le Ceathairéad RTÉ lyric fm, arna gcur i láthair in ionaid oideachais agus pobail, atá in *Music for all Ages*. Cuirtear na ceolchoirmeacha Caidrimh ar fáil saor in aisce mar chuid de thiomantas seirbhíse poiblí RTÉ. Thug Ceathairéad RTÉ lyric fm cuairteanna i rith na bliana 2016 i réigiún an Oirdheisceirt agus i réigiún an Iarthuaiscirt chomh maith le Contae Lú/Contae na Mí agus An Cabhán/ Muineacháin. Leanfaidh RTÉ lyric fm den cheol a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne trí thionscnaimh éagsúla, mar shampla an comórtas bliantúil *Choirs for Christmas*.

### Ceol Céad Bliain

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhliain an chéid, rinne RTÉ lyric fm taifeadadh/craoladh ar gach ceolchoirm sa tsraith *Composing the Island* sa Cheoláras Náisiúnta. Bhí cláir fhaisnéise – as an gcartlann agus ó choimisiúin nua – faoi shaol agus saothar chumadóirí Éireannacha ina ndíol suntais sa sceideal i rith na bliana 2016. Eisíodh dlúthdhiosca dúbailte d'ábhar cheolchoirmeacha na sraithe *Composing the Island* ar lipéad lyric label i mí na Nollag. Bhí sin ar cheann de chúig dhlúthdhiosca a eisíodh ar lipéad RTÉ lyric fm i rith na bliana.

Eisíodh *Guglielmo Ratcliff* freisin, taifeadadh beo ón gcéad dlúthdhiosca chomhfhiontair idir lyric agus Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman ag féile na bliana 2015.


### Craoladh Seachtrach

Rinneadh cláir a chraoladh beo i rith na bliana 2016 ó fhéile Bloom agus ón gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Tairgeadh 26 ceolchoirm de chuid The Lyric Concert d'Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) trí Mhalartán Ceoil EBU, cúig cinn ó Fhéile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí i mBeanntraí san áireamh chomh maith le ceann amháin ó Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman.

### RTÉ Radio 1 i rith na hoíche

Cuireadh athrú i mí Meán Fómhair ar fhormáid na hoíche ar RTÉ Radio 1 ionas gur tugadh isteach dhá ghné nua. Ar an gcéad dul síos, craoltar clár aon uair an chloig amháin mar achoimre ar bhuaicphointí chláir an lae roimhe sin ar RTÉ Radio 1. Déanann meitheal comhordaitheoirí stiúideo taobh istigh de Sheirbhísí Craolacháin an clár sin a thiomsú agus bíonn na buaicphointí ón bpríomhsceideal i rith an lae ar chuid den ábhar. Craoltar den chéad uair é ag a 7 i.n. ar RTÉ Radio 1 Extra, chun deis a thabhairt d'éisteoirí ábhar an lae ó Radio 1 a chloisteáil ar an tseirbhís ghaolmhar an tráth céanna a gcoinnítear an lucht


# SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ 2016 – LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH




Foinse: JNLR / Ipsos MRBI 2016/4

# UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA

■ 2016 ■ 2015




Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

# Athbhreithniú Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Raidió (ar lean)

éisteachta ar RTÉ Radio. Craoltar arís é ag a 2 r.n. gach lá ó Mháirt go Satharn ar RTÉ Radio 1.

Is é an dara gné nua ná formáid ceol-bhunaithe oíche a thabhairt isteach, á chur ar fáil ag RTÉ Gold. Craoltar sin gach maidin tar éis RTÉ Radio 1 *Replay*.

Cuirtear meascán d'ábhar ceoil agus d'ábhar cainte ar fáil do na héisteoirí anois ar feadh na hoíche.

### Buaicphointí RTÉ Radio 1

Sheol Seirbhísí Craoltóireachta Raidió Buaicphointí RTÉ Radio 1 i mí Meán Fómhair. Iris ar líne/do ghléasra soghluaiste atá anseo atá bunaithe ar ábhar RTÉ Radio 1 i rith an lae. Tá sé dírithe den chuid is mó ar dhaoine a bhfuil fón póca nó táibléad in úsáid acu. Is é a bhí d'aidhm leis an togra:

- Cur leis an dáileadh digiteach ar Radio 1
- Lucht úsáide fón póca/táibléid a dhíriú ar RTÉ Radio 1
- Cuir go ginearálta le teacht Raidió RTÉ ar an bhfód sa réimse digiteach

Déanann meitheal de chuid Seirbhísí Craolacháin ábhar as agallaimh, plé agus oirfidíocht ar an aer ar RTÉ Radio 1 a thiomsú agus a chnuasach d'éisteoirí sa réimse digiteach. Bíonn sleachta eagraithe fuaime (idir 45 soicind agus 3 nóiméad) ar fáil ar RTÉ Radio 1 Highlights chomh maith le hábhar scríofa ina mbíonn léargas agus anailís de réir dhearcadh an lucht éisteachta. Cuirtear seo ar fáil ar leathanach saindeartha taobh istigh de shuíomh idirlín RTÉ Radio 1. Bíonn an tionscadal seo dírithe ar chláir RTÉ Radio 1 ar maidin agus luath sa tráthnóna i rith laethanta na seachtaine. Is iad na príomhchuspóirí atá leis cur leis an méid ábhair ó RTÉ Radio 1 a chuirtear ar fáil ar RTÉ.ie agus RTÉ Radio 1 a bheith tarraingteach ag daoine sa réimse déimeagrafaíochta idir 35 agus 44 bliana d'aois.

### Aip an Seinnteoir Raidió

Seoladh An Seinnteoir Raidió, leagan Gaeilge den aip Irish Radioplayer, i rith R1 2016. Tugtar tús áite do stáisiúin Gaeilge, roinnt san áireamh nach raibh ar ardán Irish Radioplayer ar dtús, mar shampla Raidió Rí-Rá, Raidió na Life agus Raidió Fáilte. Tá an Irish Radioplayer agus An Seinnteoir Raidió ar fáil ón iTunes App Store nó ón Google Play Store agus ó radioplayer.ie

### RTÉ Pulse/RTÉ 2XM

D'éirigh go maith arís i rith na bliana 2016 le daoine cumasacha a mhealladh go dtí RTÉ Pulse agus 2XMTalent agus leis an bhforbairt agus leis an athrú a ghabh lena dteacht isteach. Cuireadh roinnt láithreoirí tábhachtacha nua, Tara Stewart, Carl Mullan, Emma Power agus Aifric O'Connell ina measc, leis na sceidil. Tar éis traenáil a dhéanamh ar feadh roinnt míonna ar stíl tí Pulse/2XM, chuaigh siad ar aghaidh go ndearna obair rialta ar an aer ar RTÉ 2fm. Tá a gcuid dintiúir acu i gcúrsaí ceoil agus siamsaíochta, rud a thaitníonn go mór leis an lucht éisteachta óg.

Leanadh den chaidreamh comhcheangailte le 2fm agus cuireann Mo K, láithreoir mórchlú RTÉ Pulse, clár rialta i láthair oíche Aoine ar 2fm a bhfuil tóir air i measc lucht leanta an cheoil. Tá cláir éagsúla freisin a dhéantar a chomhchraoladh ar fm agus ar stáisiúin dhigiteacha. Déantar clár Louise McSharry agus clár Cormac Battle ar 2fm a chomhchraoladh ar 2XM, rud a fhágann cuid mhór sinéirge idir brandaí an dá stáisiúin.

Bhí páirt freisin ag Mo K agus Dave Treacy, láithreoirí de chuid RTÉ Pulse, sna himeachtaí ceoil is mó de chuid 2fm le tamall anuas – Jenny Greene & Ceolfhoireann Coirme RTÉ – ag féile Electric Picnic agus san 3Arena, an bheirt acu beo i mbun cheird an DJ. Ba é eagarthóir stáisiúin RTÉ Pulse agus 2XM, Adam Fogarty, léiritheoir an imeachta beo maidir le taibhréim Jenny Greene & Cheolfhoireann Coirme RTÉ ag féile Electric Picnic.

Réamhtheachtaí maidir le Jenny Greene & Ceolfhoireann Coirme RTÉ ab ea comharfhiontar ceoil eile de chuid Fogarty idir Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus an DJ Jeff Mills a bhfuil clú air ar fud an domhain. Rinneadh an ócáid sin in Amharclann Bord Gáis Energy Theatre i mBaile Átha Cliath a chomhchraoladh ar RTÉ Pulse agus 2XM faoi Nollaig.

Bronnadh gradam airgid PPI sa chatagóir d'imeacht ceoil speisialta a mbíonn iomaíocht ghéar ag baint léi, ar Peter Dunne, láithreoir de chuid RTÉ 2XM mar gheall ar an gclár *Diggin in the Crates*.

### RTÉ Radio 1 Extra

Rinneadh forbairt bhreise ar sceideal RTÉ Radio 1 Extra chun cur leis an tseirbhís ghaolmhar RTÉ Radio 1. Chomh maith leis an gcuid is fearr d'ábhar cláir RTÉ Radio 1 a chraoladh, chomh maith le réimse comhaimseartha de chláir ó chraoltóirí Béarla ar fud an domhain, craoladh roinnt clár bunaidh chomh maith.

Craoladh sraith sé chlár dar teideal *How to Be an Active Citizen* i rith na bliana 2016 ar Radio 1 Extra. Sraith oideachais a bhí anseo a rinneadh le cúnamh taca ó Think-tank for Action on Social Change (TASC) agus ón Údarás Craolacháin. Mary Minihan a chuir an clár i láthair a leagadh amach chun cuidiú le héisteoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn rialtas na hÉireann, an chaoi le dul i gcaidreamh leis na daoine a dhéanann cinntí agus an chaoi le faisnéis agus sonraí oifigiúla a aimsiú agus a úsáid.

Seoladh dhá shraith leanúnacha ar Radio 1 Extra chomh maith. Cuireann Aidan McCullen *The Innovation Show* i láthair, clár seachtainiúil ar a scrúdaítear téamaí maidir le saol na nuálaíochta agus córais chlaochlaitheacha ghnó. Craoltar *The Lifestyle Show* freisin, clár seachtainiúil leathuair an chloig, á chur i láthair ag Taragh Loughrey-Grant, ina ndírítear ar chúrsaí bia, faisin, tuismitheoireachta, sláinte, aclaíochta, carranna agus taistil.

Tosaíodh ar *Sound Conversations* a chraoladh, sraith ghairid faisnéise ina gcuirtear i láthair saothar agus spreagadh cruthaitheachta cúig dhuine dhéag de na daoine is spreagúla i mbun saothair fuaime in Éirinn. Léiritheoir neamhspleách raidió, Alan Meaney, a rinne an tsraith ar chuir an tÚdarás Craolacháin ciste ar fáil lena aghaidh.

### RTÉjr Radio

Lean RTÉjr Radio d'acmhainní a roinnt idir an teilifís agus an raidió. Tháinig dá thoradh seo go raibh níos mó d'ábhar bunaidh arna léiriú in Éirinn ar fáil chomh maith le hardú ar líon na gclár coimisiúnaithe. Cuirtear ardán agus deiseanna ar fáil le RTÉjr Radio do chraoltóirí óga nua ionas go bhféadann siad a theacht i láthair ar an aer agus dul i gcion ar dhaoine chomh maith le deiseanna a chur ar fáil maidir le cláir a léiriú agus a fhorbairt.

Bronnadh gradam Stáisiún Raidió na Bliana ar RTÉjr Radio ag Féile na Meán Ceilteach i mí Meithimh. Ghnóthaigh an stáisiún gradam airgid PPI chomh maith i rang Stáisiún Iomlán Seirbhíse na Bliana.

Cuireadh *CAKE – Culture and Arts for Kids and Everyone*, sraith deich gclár faoi chúrsaí ealaíon ar an ngearrliosta maidir le roinnt ghradaim mhóra ina measc an gradam don Chlár is Fearr do Leanaí/Daoine Óga ag Féile Nua-Eabhrac agus gradaim raidió PPI. Tá an tsraith, ina raibh ealaíontóirí agus ceoltóirí iomráiteacha de leithéid Julie Feeney agus Rasher le cloisteáil bunaithe ar an meon go bhfuil na cearta cultúir céanna ag an leanbh agus atá ag an duine fásta

### RTÉ Gold

Cuireadh RTÉ Gold le Radio 1 le gairid agus tá sé ina chuid de sceideal Radio 1 i rith na hoíche, arna chomhchraoladh ar an dá líonra seacht n-oíche na seachtaine. Cuirtear 20 uair an chloig de chláir ceoil faoi stiúir an láithreora ar fáil ar RTÉ Radio 1.

### Raidió Físe

Ó cuireadh ar fáil den chéad uair é maidir leis an tráchtaireacht ar Olltoghchán 2016, tá Raidió RTÉ ag cur ábhar físe maith ar fáil don lucht éisteachta. Mar chuid den straitéis fhorghinearálta maidir le lón físe a chur le hábhar raidió, eagraíodh na tionscadail agus na tionscnaimh seo a leanas:

- Cuireadh oiliúint ar chomhordaitheoirí stiúideo agus ar chomhordaitheoirí craolacháin ionas go bhfuil ar a gcumas ábhar físe gairid agus meánfhaid a thógáil agus a ghearradh.
- Feistíodh ceamaraí seasta agus deiseanna roghnaithe i dhá stiúideo de chuid Radio 1 agus i stiúideo amháin de chuid 2fm.

Cothaíodh páirtnéireacht leis na rannóga cuí maidir le Nuacht, Teilifís agus Digiteach.

Cuireann pictiúir an lucht éisteachta i measc duine na gceisteanna agus duine na bhfreagraí le linn agallaimh. Baintear úsáid as an láthair dlúth sin go rialta mar chuid d'obair an lae ar *Today with Seán O'Rourke*. Baineann *Late Debate*, *Liveline* agus *The Ray D'Arcy Show* úsáid mhaith as chomh maith agus bíonn an t-ábhar beo ar fáil i gcónaí ag lucht na Nuachta.

Bíonn spreagadh agus ábhar spéise sa lón físe agus is léir go n-imríonn sin tionchar ar shamhlaíocht na léiritheoirí raidió.

### RTÉ 2fm

Bliain a raibh dúshlán ag baint léi a bhí sa bhliain 2016 ag RTÉ 2fm chomh maith le bliain inar tháinig dea-thoradh ar an saothar.

Ba í an chéad bhliain iomlán í den sceideal raidió a tugadh isteach i mí Meán Fómhair 2015. Ba é an chéad uair freisin é nach raibh clár cainte ar an aer ag 2fm ag a 9am.

### Fuaim Nua

Rinneadh athbhrandáil chuimsitheach ar an stáisiún agus seoladh an bhrandáil nua ar an 10 Eanáir. Is léiriú an fhuaim nua ar an aer, an tuin agus an cur i láthair físiúil ar an aisling agus na spriocanna a chuirtear roimh 2fm. Bronnadh gradam PPI maidir le hÍomhá Stáisiúin, gradam a tharraingíonn iomaíocht ghéar, ar an mbranda nua fuaime agus lorg fuaime nua an stáisiúin (aitheantas agus branda an stáisiúin).

Tagann an tuin chainte faoi scáth an téama maidir le cothú agus siamsaíocht. Is mian linn go mbeadh siamsaíocht de chineál nach mbítear ag súil leis i gceist le 2fm agus gur mó ná stáisiún raidió amháin atá ann ag an lucht éisteachta. Is mian linn gur lárphointe maidir leis an saol ceangailte agus leis an gcur i gcrích a bheadh sa stáisiún.

Stáisiún d'amhráin ráchairte na linne atá ann – rogha de na hamhráin is mó a bhfuil ráchairt orthu faoi láthair chomh maith le hamhráin a raibh tóir orthu idir sé mhí agus ocht mí dhéag ó shin an ceol a sheinntear.

**"Is ábhar mórtais againn *Revolution Radio*, dráma gairid arna cheapadh ag 2fm chun comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach 1916. Ó na mionnscríbhinní a thug daoine a bhí gníomhach i rith dheireadh seachtaine na Cásca agus a d'fhoilsigh an Chartlann Náisiúnta a léamh a d'eascair an smaoineamh."**

Is cuid lárnach de pholasaí an stáisiúin ceol de chuid na hÉireann a chur chun tosaigh. Cuirtear ceoltóirí nua as Éirinn atá ag teacht chun cinn os comhair an lucht éisteachta is mó is féidir trí thionscnaimh de leithéid 2fm agus Oxjam chomh maith le treisiú leis an gcúnamh taca a thugann RTÉ do thionscal an cheoil in Éirinn.

### Drámatúlacht Raidió

Is ábhar mórtais againn *Revolution Radio,* dráma gairid arna cheapadh ag 2fm chun comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach 1916. Ó na mionnscríbhinní a thug daoine a bhí gníomhach i rith dheireadh seachtaine na Cásca agus a d'fhoilsigh an Chartlann Náisiúnta a léamh a d'eascair an smaoineamh. Rinneadh aon cheann déag de mhíreanna trí nóiméad a scríobh agus a léiriú arna mbunú ar na cuntais a thug daoine óga de leithéid Mary McLoughlin a rith teachtairí do Shéamus Ó Conghaile. Thaitin an friotal, an tuin agus an ceol le héisteoirí óga in Éirinn an lae inniu. Ainmníodh *Revolution Radio* ar an ngearrliosta maidir le gradam PPI i gcatagóir na drámaíochta.

Leanadh den tiomantas i leith na Gaeilge trí thacú le Seachtain na Gaeilge, *Ceol 2016* (dlúthdhiosca d'amhráin i nGaeilge arna fhoilsiú ag Conradh na Gaeilge) a chur chun cinn agus clár dátheangach seachtainiúil den 40 amhrán is mó díol.

Buaicphointe eile ag 2fm ab ea an díospóireacht pholaitíochta a ndearna Eoghan McDermott cathaoirleacht air agus a craoladh beo le linn an Olltoghcháin. Bhí lucht éisteachta beo agus painéal de pholaiteoirí óga ag an díospóireacht.

### Ceoltóireacht

Rinneadh riamh craoladh ó na féilte móra ceoil in Éirinn ach sa bhliain 2016, bhí 2fm le háireamh ar na hoirfidigh. Ag obair i gcomhar le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus leis an DJ Jenny Greene, ghlac 2fm Rankin's Wood Marquis ar lámh ag féile Electric Picnic agus seinneadh uair an chloig de cheol damhsa na 90idí, le haird faoi leith ar thraiceanna Éireannacha, os comhair líon ba mhó ná 11,000 duine. Mheas lucht eagraithe na Féile go raibh sé ar cheann den dá seó ab fhearr i rith an deireadh seachtaine. Tarraingíodh an-iomrá ar an ócáid freisin ar na meáin shóisialta.

I mí na Samhna, rinne 2fm, i gcomhar le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus Jenny Greene, traiceanna fhéile Electric Picnic a sheinm arís os comhair 9,000 duine san 3Arena – agus bhí moladh ag lucht léirmheasa ar an ócáid arís eile.

Cuireadh deireadh spleodrach leis an mbliain san 3Arena an athuair le haghaidh an 2fm Christmas Ball ar mhaithe leis an ISPCC. Sheinn Kodaline agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ os comhair 12,000 duine agus bailíodh beagnach €500,000 don charthanas. Sheinn Picture This, an banna as Baile Átha Í ag an gceolchoirm freisin agus maíonn siadsan gur nuair a sheinn siad beo ar chlár Eoghan McDermott ar 2fm a tarraingíodh aird na sluaite ar an mbanna.


# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – RTÉ 1916

## Bhí RTÉ i gceartlár an chomórtha agus an cheiliúrtha náisiúnta ar chéad bliain Éirí Amach 1916.

**Bhí 4,500 uair an chloig d'ullmhúchán mion i gceist le tráchtaireacht bheo RTÉ ar na himeachtaí comórtha a chur i gcrích.**



# Ceiliúradh, comóradh



## Maidir le RTÉ 1916

**Bhreathnaigh níos mó ná trí mhilliún duine ar an teilifís ar RTÉ i rith dheireadh seachtaine na Cásca, sciar 75% den lucht féachana. Bhí *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*, i gcomhar le Éire 2016, ar an ócáid phoiblí staire agus cultúir is mó a cuireadh ar siúl riamh in Éirinn.**

**Mar gheall ar an gcúram faoi leith a leagtar ar RTÉ mar eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide agus ról na heagraíochta maidir le bliain an chomórtha, rinneadh RTÉ 1916 a sheoladh i mí na Samhna 2015. Cuireadh an clár ard-uaillmhianach ábhair agus imeachtaí le chéile le meas a léiriú ar an Éirí Amach; ar chomhthéacs cultúir, polaitíochta agus staire na linne; agus ar an tionchar a bhí aige ar na glúnta a tháinig ina dhiaidh.**

**Níor tugadh faoi réimse clár mar é riamh cheana – le hábhar i nGaeilge, ábhar do dhaoine óga agus don diaspóra, agus béim faoi leith ar chúrsaí digiteacha. BhainRTÉ áit amach i gcroílár an chomórtha agus an cheiliúrtha náisiúnta ar chothrom 100 bliain ó Éirí Amach 1916 sa bhliain 2016.**

### An Stair ar an tSráid

Cuireadh athrú mór ar phríomhchathair na tíre ar Luan Cásca leis an ócáid chultúir phoiblí ba mhó riamh. RTÉ, i gcomhar le Éire 2016, a chruthaigh RTÉ Radharc ar an Réabhlóid, athshamhlú ar Éirinn an Éirí Amach.

Ócáid lae a bhí ann a bhí saor in aisce agus oiriúnach don teaghlach ar fad agus ní raibh leithéid RTÉ Radharc ar an Réabhlóidriamh cheana ann maidir le scála agus éagsúlacht. Bhí níos mó ná 300 caint agus cuairt staire, le tráchtairí iomráiteacha agus dream gaoil lucht an éirí amach, ar siúl don phobal. Eagraíodh réimse leathan d'imeachtaí lenar bhain oirfidíocht sráide; craoladh beo agus ceol; damhsa; scannánaíocht; agus drámaíocht, agus cathair Bhaile Átha Cliath ina stáitse lena aghaidh, le ceithre cinn de chriosanna arna ndealú de réir téamaí ó thuaidh agus ó dheas den Life.

Gné bhuntábhachtach den tionscadal seo ab ea meon an chomhair agus na comhoibre maidir lena thabhairt i gcrích. Cothaíodh caidreamh dlúth le Éire 2016; leis an Údarás Náisiúnta Iompair; le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; le Century Ireland; le Boston College; agus le dreamanna eile. Meastar go coitianta go raibh an ócáid ar scála chomh mór agus nach bhféadfaí a thabhairt i gcrích murach an obair dhlúth i gcomhar idir RTÉ agus na páirtnéirí eile.

### Scannáin na gContaetha

Ghlac RTÉ agus Éire 2016 orthu féin meas a léiriú ar an gceangal atá ag gach ceann de na contaetha le stair thábhachtach Éirí Amach 1916. Thug RTÉ faoi thionscadal lenar ceapadh gach ceann de na scéalta sin ar scannán – ceann maidir le gach contae in Éirinn.

Rinneadh cíoradh le 32 gearrscannán aon nóiméad an ceann ar shaibhreas na scéalta staire agus tiomsaíodh le chéile iad mar thaisce thábhachtach a mbeidh suntas léi nuair a bheidh bliain an chéid caite go maith. Rinne cúigear stiúrthóirí de chuid na hÉireann an scannánaíocht i rith thréimhse sé mhí. Tá na gearrscannáin bunaithe ar ghnáthdhaoine. Déanann siadsan machnamh ar Éirí Amach na Cásca agus ar an tábhacht atá leis ina stair phearsanta féin. Bhí na daoine idir 104 bliain d'aois agus 5 bhliana d'aois.

Rinneadh na scannáin seo a coimisiúnaíodh go speisialta a chraoladh i rith thréimhse ceithre mhí ar RTÉ One agus ar RTÉ2, chomh maith lena gcur ar fáil ar an seinnteoir RTÉ Player agus ar chainéal RTÉ ar YouTube channel. Taispeánadh freisin iad i 71 amharclann ar fud Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse trí seachtaine. Chuaigh an feachtas meán sóisialta a ghabh leis na scannáin i gcion ar dhreamanna den lucht féachana ar líne, mar ar cuireadh sa timpeall go mór iad agus bronnadh gradam, BOC Brilliance Award 2016 ar an bhfeachtas sin sa chatagóir maidir leis an bhFeachtas ab fhearr ar na Meáin Shóisialta.

### Comóradh trí Chur in Iúl

Trí chomhpháirtíochtaí den rath in earnáil bhríomhar cruthaitheachta agus ealaíon na hÉireann a cuireadh RTÉ 1916 i gcrích.

Bhí níos mó ná 600 duine sa chliar do Centenary ag cur scéalta na hÉireann i láthair trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne. Craoladh beo é as Amharclann Bord Gáis Energy agus tarraingíodh lucht féachana 491,000 duine (35% dá raibh ar fáil ag an am). Bhí beagnach 30,000 sruth sa bhreis air sin ar sheinnteoir an RTÉ Player, 39% acu daoine sa lucht féachana idirnáisiúnta, rud a chiallaíonn go ndeachaigh an ceiliúradh cultúir aon uaire seo i gcion ar dhaoine in Éirinn agus thar lear. Bhí moladh ag an lucht féachana agus ag léirmheastóirí ar an tsamhlaíocht ealaíne. Bhí an moladh ar na páipéir nuachta traidisiúnta ina mhacalla ar an moladh tréan ar na meáin shóisialta, mar a raibh comparáid le Riverdance á dhéanamh go minic.

Bhí réimse breá ábhair ag RTÉ 1916 freisin a bhain úsáid as ealaín agus ceol chun scéal an Éirí Amach a chur i láthair. Tháinig níos mó ná 1,000 amhránaí le chéile le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ ar A Nation's Voice, arna léiriú i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, don chéad chur i láthair in aon áit ar domhan ar One Hundred Years a Nation leis an gcumadóir Shaun Davey. Rinneadh an cheolchoirm saor in aisce seo a bhí ar siúl amuigh faoin aer ar Dhomhnach Cásca a chraoladh beo ar an teilifís agus ar an raidió agus bhí beagnach ceathrú milliún duine ag faire ar an teilifís agus 8,100 sa bhreis air sin ar shruthanna craolta. Seoladh Composing the Island: A century of music in Ireland 1916–2016 le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta i mí Meán Fómhair. Clár trí seachtaine de cheolchoirmeacha ag ar seinneadh ceol ceolfhoirne, ceol cóir, ceol uirlise agus ceol aireagail a chum cumadóirí de chuid na hÉireann idir an bhliain 1916 agus 2016 a bhí sa tsraith sin. Sampla eile a bhí ann den obair fhiúntach comhpháirtíochta, le Bord na Móna sa chás áirithe seo.

> **"Cuireadh athrú mór ar phríomhchathair na tíre ar Luan Cásca leis an ócáid chultúir phoiblí ba mhó riamh. RTÉ, i gcomhar le Éire 2016, a chruthaigh RTÉ Radharc ar an Réabhlóid, athshamhlú ar Éirinn an Éirí Amach."**

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – RTÉ 1916

**(ar lean)**

**"Nuair a seoladh RTÉ 1916, tugadh faoi ábhar nua ceannródaíochta maidir leis an Éirí Amach féin agus leis an tionchar a d'eascair uaidh a chur i láthair ar scáileáin agus ar an aer."**

Bhí spleodar agus comhthéacs le hábhar faoi leith sna sceidil teilifíse agus raidió, mar shampla A Fanatic Heart, sraith dhá chlár á chomhléiriú leis an BBC. Bhí an téama á thapú i rith thréimhse an chomórtha ar na gnáthchláir rialta ealaíon de leithéid Arena chomh maith.

### Ó na Méaracha go dtí an Croí

Bhí béim faoi leith ar an réimse digiteach agus ar an ábhar a bheith ar fáil ar dheiseanna de gach cineál maidir le catalóg ollmhór ábhair RTÉ don chomóradh ar 1916 a chur ar fáil.

Tar éis chomh maith agus a d'éirigh le *World War 1: A Hundred Years* agus le *Road to the Rising*, bhí teacht ar mhórchuid ábhair agus imeachtaí uile RTÉ maidir le 1916 ar shuíomh idirlín a bhí cóiriúil do ghléasra soghluaiste. Bhí mapáil idirghníomhaíochta maidir le heachtraí an Éirí Amach ar fáil ar an suíomh chomh maith le bailiúchán níos mó ná 100 cuntas ó fhinnéithe a raibh baint acu leis an Éirí Amach. Oibríodh in éineacht le Century Ireland chun ábhar faoi leith ón nuachtán stairiúil ar líne a chur ar fáil ar rte.ie/1916 le malairt cur i láthair.

Cuireadh eolas láithreach ar fáil ar an suíomh freisin dóibh siúd a bheadh i mBaile Átha Cliath ar dheireadh seachtaine na Cásca. Cláraíodh 651,000 ceadú leathanach i mí Márta amháin agus níos mó ná ceathrú milliún uair i rith dheireadh seachtaine na Cásca. Craoladh *Centenary* ar RTÉ Player International don diaspóra ar fud an domhain agus foilsíodh clár ar líne a d'fhéadfaí a íoslódáil roimh ré chun cur leis an ócáid.

Mar gheall ar a fheabhas a d'éirigh le rte.ie/1916, rinne Cartlann RTÉ, *Archiving Tomorrow 2016* a eagrú i mí Meithimh i gcomhar le Taisclann Dhigiteach na hÉireann. Comhdháil idirnáisiúnta a bhí ansin ag ar chuir RTÉ an taithí agus an t-eolas a bhí foghlamtha ón tionscadal seo i láthair do lucht éisteachta idirnáisiúnta.

### Tuairiscíocht Leanúnach ar an gComóradh

Leis an tuairiscíocht nuachta i rith bhliain an chomórtha, d'fhéach RTÉ leis an teacht is mó ab fhéidir a bheith ag an bpobal ar shearmanais agus ar imeachtaí an tráth céanna a raibh tuairiscí cuí á gcur ar fáil don lucht féachana agus éisteachta in Éirinn agus, níos tábhachtaí, thar lear.

Bhí 336,900 duine ar an meán (50% dá raibh ag faire na teilifíse in Éirinn ag an am) ag féachaint ar an gcraoladh beo ar shearmanais oifigiúla comórtha an Stáit ag Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath ar Dhomhnach Cásca agus bhí 1.1 milliún duine a d'fhéach ar an gcraoladh tráth amháin ar a laghad i rith na cúig uaire an chloig. Bhí 186,000 duine breise ar an meán a bhreathnaigh ar an gclár cnuasaigh níos deireanaí an tráthnóna sin. Ceanglaíodh beagnach 100,000 sruth i rith an deireadh seachtaine sin ar sheinnteoir RTÉ Player leis an gcraoladh ar shearmanais comórtha an Stáit, beagnach a leath á gceangal ag daoine thar lear. Bhí sruthanna beo agus gailearaí cuimsitheach íomhánna ar fáil freisin ó rte.ie/news.

Bhí RTÉ ina óstchraoltóir i rith dheireadh seachtaine an chomórtha agus cuireadh sruthanna beo ar fáil do mheáin cumarsáide in Éirinn agus thar lear, CNN, BBC, SKY News, CCTV China, Russia Today, UTV Ireland agus TV3 san áireamh. Cuireadh sruthanna ar líne ar fáil saor in aisce freisin don *Irish Independent*, *The Irish Times*, *The Irish Examiner*, *The Irish Post*, Journal.ie, Breakingnews.ie agus Newstalk.

Rinneadh craoladh ar shearmanais agus ar pharáideanna ar dheireadh seachtaine an chomórtha as an nGairdín Cuimhneacháin, Ard-Oifig an Phoist, lár na cathrach, Príosún Chill Mhaighneann agus Áras an Uachtaráin, rud a fhágann gurbh é seo an slógadh is mó d'fhoireann craoltóireachta teilifíse maidir le hócáid Stáit ó chuairt na Banríona Eilís II agus cuairt an Uachtaráin Obama sa bhliain 2011.

Bhí tuairiscíocht bhreise ó na réigiúin ar fud na tíre ar chláir *Six One* a bhí níos faide ná na gnáthchláir ar Dhomhnach Cásca agus ar Luan Cásca.

Leanadh den tuairiscíocht tar éis dheireadh seachtaine an chomórtha le craoladh beo ar an tseirbhís idirchreidimh ag Balla an Chuimhneacháin ar an 3 Aibreán.

I mí Iúil, mar cheiliúradh ar 100 bliain ó cuireadh tús le Cath an Somme, craoladh an searmanas idirnáisiúnta i Thiepval sa Fhrainc beo ar RTÉ. Cuireadh bailchríoch le tuairiscí leanúnacha nuachta i rith na seachtaine le tuairiscíocht chuimsitheach ar Lá Náisiúnta an Chomórtha ar an 10 Iúil san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneann. Chuir ábhar cláir ar an teilifís agus ar an raidió i rith na seachtaine leis sin arís.

### Ábhar Cruthaitheachta is Ábhar Spéise don Náisiún

Nuair a seoladh RTÉ 1916, tugadh faoi ábhar nua ceannródaíochta maidir leis an éirí amach féin agus leis an tionchar a d'eascair uaidh a chur i láthair ar scáileáin agus ar an aer. Ar roinnt de na buaicphointí ar na scáileáin, bhí *Rebellion*, sraith cúig chlár inar ríomhadh scéal thús achrannach Éire na linne seo. D'inis an craoltóir Joe Duffy scéal an Éirí Amach ó dhearcadh an 40 leanbh a fuair bás le linn na coimhlinte in *Children of the Revolution*. Cuireadh stair bhríomhar cheann de an hinstitiúidí is tábhachtaí i saol na hÉireann i láthair in *Inside the GPO*. Cuireadh scéalta dhaoine na linne seo i láthair ar *Ireland's Rising* le linn dóibh taisteal ar ais chuig a n-áit dúchais agus stair na háite sin agus a gceangal féin leis an éirí amach a iniúchadh.

Léirigh *Documentary on One* ar RTÉ Radio 1 sraith ceithre chlár lenar scrúdaíodh scéalta aitheanta agus scéalta ceilte faoi stair an Éirí Amach agus ceistíodh tuairimí atá i réim le fada. Ar na buaicphointí ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, bhí sraith seacht gcinn de chláir, *1916 – Ceisteanna, Tuairimí, Freagraí,* a rinneadh a thaifeadadh os comhair lucht éisteachta beo i gceantair Ghaeltachta le téamaí áirithe á gcur i láthair don díospóireacht.





# Digiteach, ó lá go lá

**Tá RTÉ, i bhfianaise an réimse seirbhísí digiteacha, i gcroílár thimpeallacht dhigiteach na hÉireann.**

**Ceadaíodh leathanaigh de chuid RTÉ.ie 54 milliún uair ar an meán in aghaidh na míosa i rith na bliana 2016, agus ceanglaíodh buaiclíon sruthanna ar an seinnteoir RTÉ Player.**



## Maidir le Seirbhísí Digiteacha RTÉ

**Tá rannóg digiteach RTÉ chun tosaigh in Éirinn ó thaobh seirbhísí meán digiteach a chur ar fáil. Táthar freagrach as an éabhlóid dhigiteach in RTÉ agus cuirtear RTÉ. ie, RTÉ Player, RTÉ Player International, agus réimse leathan aipeanna don ghléasra soghluaiste ar fáil, aip RTÉ News Now ina measc. Cuirtear ar chumas RTÉ na haidhmeanna leathanréimseacha seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích sa saol digiteach, cuirtear straitéis dáiliúcháin RTÉ i bhfeidhm, cuirtear nuálaíocht chun cinn, brostaítear le hearnáil na dtionscantóirí agus cuirtear chun cinn an clár oibre maidir le hoideachas digiteach ar dhaoine óga in Éirinn.**

**Ceannródaíocht maidir leis an Réabhlóid Dhigiteach in Éirinn.**

Cuireann rannóg seirbhísí digiteacha RTÉ bonn treise faoi imeachtaí agus eagraíochtaí mórthábhachta agus an bhéim ar RTÉ.ie, an suíomh meán cumarsáide is mó le rá in Éirinn.

Tugadh faoi athdhearadh suntasach ar RTÉ.ie sa bhliain 2016 ionas go dtairgtear seirbhís luathoibríoch den chineál céanna don lucht úsáide ar ríomhaire boird, fón póca nó táibléad. Tháinig ardú suntasach ar líon na mbrabhsálaithe aonair agus ar líon na n-uaireanta ar breathnaíodh ar leathanaigh i gcomórtas leis an mbliain 2015, le daoine ag féachaint air 54 milliún uair ar an meán gach mí agus 5.6 milliún brabhsálaí ar leith. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar fhón póca freisin ó 49% sa bhliain 2015 go dtí 54% sa bhliain 2016.

Ar na scéalta ba mhó aird ar fud an tsuímh i rith na bliana 2016, bhí an tOlltoghchán in Éirinn, toghchán na hUachtaránachta sna Stáit Aontaithe, cailliúint bhabhta dornálaíochta Michael Conlan i Rio, an eachtra lámhaigh sa chlub oíche in Orlando agus bua stairiúil na hÉireann ar an Nua-Shéalainn i Chicago.

Chomh maith leis an trácht cuimsitheach a dhéantar ar chúrsaí nuachta agus spóirt, tugadh isteach rannóg nua cultúir agus seoladh suíomh 1916 a d'fheidhmigh mar mhol idirghníomhaíochta dár gcartlann agus do ghníomhartha Radharc ar an Réabhlóid. Tháinig borradh faoin rannóg Siamsaíochta agus rannóg na Slite Maireachtála chomh maith, agus cuirtear tuiscint eagarthóireachta faoi leith ar ábhar RTÉ Radio 1 gach seachtain ar fáil leis an rannóg nua maidir le Buaicphointí Raidió.

Breathnaíodh ar leathanaigh sa rannóg Spóirt seacht milliún uair, an méid is mó riamh, agus cheangail 1.8 milliún brabhsálaí aonair leis an rannóg sin maidir leis na Cluichí Oilimpeacha i Rio. An 17 Lúnasa an lá ba mhó aird, nuair a d'fhág cloí an dornálaí Michael Conlon gur ceadaíodh leathanaigh 1.6 milliún uair le 550,000 brabhsálaí aonair. Chomh maith leis na tuairiscí nuachta, chruthaigh meitheal léiriúcháin agus oibriúcháin dhigiteach RTÉ cluiche idirghníomhaíochta ag féachaint an mbeadh an lucht úsáide ar líne in ann Vladimir Nikitin, an dornálaí Rúiseach, a chloí. 400,000 uair a ceadaíodh an leathanach ar a raibh an cluiche, a cruthaíodh taobh istigh d'uaireanta beaga an chloig ó fógraíodh toradh an bhabhta troda.

Tharraing an tOlltoghchán in Éirinn 20.2 milliún amharc leathanaigh agus 1.1 milliún brabhsálaí aonair ar dheireadh seachtaine an chomhairimh nuair a bhí réimse forleathan faisnéise ar fáil i bhformáid idirghníomhaíochta. Bhí seal cónaí an-fhada freisin maidir le suíomh an toghcháin ar RTÉ.ie agus chaith an brabhsálaí ar líne níos mó ná 15 nóiméad ar an meán ar an suíomh.

Chothaigh *Operation Transformation* caidreamh arís leis an lucht airdill ar líne agus breathnaíodh 4.8 milliún uair ar leathanaigh ina leith sin. 1.1 milliún uair a breathnaíodh ar leathanaigh mar gheall ar leagan na ndaoine iomráiteacha den tsraith i mí Meán Fómhair.

**Seinnteoir an RTÉ Player**

Ceanglaíodh buaiclíon sruthanna i rith na bliana 2016 ar an seinnteoir RTÉ Player, an tseirbhís craoltóireachta físeán ar a éileamh (VOD) is mó in Éirinn. Le níos mó ná 50 milliún sruth sa bhliain 2016, bhí 10 milliún sruth sa bhreis, nó ardú 26%, i gceist i gcomparáid leis an mbliain 2015.

Bhí 4.2 milliún sruth agus 1.7 milliún brabhsálaí aonair ar an meán i gceist gach mí den bhliain, ardú 30% ar fhigiúirí na bliana roimhe sin.

Díol suntais go raibh ardú 74% i gcomórtas leis an mbliain 2015 ar líon na sruthanna beo ar an seinnteoir RTÉ Player agus gur beo a ceanglaíodh 20% de shruthanna na míosa gach mí sa bhliain 2016 i gcomórtas le 15% i rith na bliana 2015. Spórt RTÉ ba mhó ar fad a bhí i gceist le figiúirí an tsamhraidh. Cuireadh níos mó ná 750 uair an chloig d'ábhar beo spóirt ar fáil ar RTÉ Player don lucht féachana in Éirinn le sruthchraoladh ar Euro 2016, Cluichí Oilimpeacha 2016 i Rio agus Craobhchomórtas CLG. An chéad chluiche ag Poblacht na hÉireann in aghaidh na Sualainne i gcraobhchomórtas Euro 2016 an ócáid is mó a raibh daoine ag faire air beo. An lá ar bhuaigh na deartháireacha Donovan bonn airgid an lá is mó a raibh sruthú le linn na gCluichí Oilimpeacha.

**Ábhar Eisiach**

Rinne RTÉ Player infheistíocht i rith na bliana 2016 in ábhar eisiach ar líne agus in ábhar breise. Tugtar san áireamh leis sin moil nua ábhair a chur ar bun a bhíonn ar fáil go buan, mar shampla an Mol Faisnéise (75 mír), an Mol Bia (130 oideas) agus an Mol Ealaíon agus Cultúir (34 mír), ionas gur féidir leis an lucht féachana féachaint ar ábhar ar feadh tréimhse fada.

Rinne RTÉ Player infheistíocht freisin i ndaoine cumasacha atá ag teacht chun cinn agus cruthaíodh níos mó ábhair mar mhíreanna gearra a oireann do lucht fón póca agus don lucht féachana atá ag dul ó áit go háit. Ar na cláir nua a choimisiúnaigh RTÉ Player féin, bhí *What Would Holly Do?,* sraith faoi chúrsaí áilleachta le Holly Carpenter*; Chef Adrian Eats Ireland* clár píolótach faoi chócaireacht; sraith de ghearrscannáin ghrinn le Pamela Joyce, bean ghrinn agus réalta ar snapchat; agus *Food Bites*, oidis bia nua le Roz Purcell, Indy Power agus Eva Lawes ó Delicious Circle.

Léirigh RTÉ Player ábhar eisiach ar líne freisin maidir le roinnt de na sraitheanna agus de na himeachtaí is mó a mbíonn tóir ag daoine orthu ar theilifís RTÉ. Áirítear orthu sin agallaimh ar chúl an cheamara faoi roinnt de na snáitheanna scéil ba thábhachtaí ar *Fair City*, tuairimí daoine iomráiteacha faoi *First Dates Ireland*, eagrán eisiach de *Bridget & Eamon,* chomh maith le comóradh ar 1916, Comórtas Amhránaíochta na hEoraifíse, comórtas Rós Thrá Lí agus cnuasaigh d'ábhar clasaiceach ón *Late Late Show*.

Ar a n-áireamh in éineacht, tharraing an t-ábhar breise eisiach ar líne agus na cláir nua ar RTÉ Player níos mó ná trí mhilliún sruth a cheangal.

**"Tugadh faoi athdhearadh suntasach ar RTÉ.ie sa bhliain 2016 ionas go dtairgtear seirbhís luathoibríoch den chineál céanna don lucht úsáide ar ríomhaire boird, fón póca nó táibléad. Tháinig ardú suntasach ar líon na mbrabhsálaithe aonair agus ar líon na n-uaireanta ar breathnaíodh ar leathanaigh i gcomórtas leis an mbliain 2015, le daoine ag breathnú ar 54 milliún uair ar an meán gach mí agus 5.6 milliún brabhsálaí ar leith. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar fhón póca freisin ó 49% sa bhliain 2015 go dtí 54% sa bhliain 2016."**

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Seirbhísí Digiteacha
(ar lean)

### Sobaldrámaí

Bhí sobaldrámaí ar na cláir ba mhó lucht féachana ar RTÉ Player arís i rith na bliana seo. Ceanglaíodh 5.7 milliún sruth i gcás *Fair City*, 5.4 milliún sruth i gcás *Home and Away* agus 4.7 milliún sruth i gcás *EastEnders*. Ceanglaíodh níos mó ná dhá mhilliún sruth maidir le Euro 2016 agus 1.4 milliún sruth maidir leis na Cluichí Oilimpeacha i Rio.

Bíonn RTÉ Player ar fáil ar 11 ardán, ionas go mbíonn teacht air go forleathan ag an lucht féachana agus go bhféadann siad breathnú air san áit agus ag an am a dtograíonn siad féin é. Seoladh RTÉ Player i rith na bliana 2016 ar bhoscaí barr teilifíseáin Sky agus ar an aip Sky Go, chomh maith le teilifíseáin chliste nua de chuid LG agus ar an gcineál Samsung Tizen. Cinntítear ar an gcaoi sin go bhfuil teacht ag an lucht féachana ar an tseirbhís agus í ar fáil dóibh ar réimse gléasra agus ardán a bhfuil méadú agus fairsingiú seasta air.

### RTÉ News Now

Choinnigh RTÉ News Now chun tosaigh ar gach aip nuachta eile in Éirinn. Bíonn teacht ag an té a úsáideann é ar na ceannlínte nuachta, spóirt agus siamsaíochta is deireanaí. Tá 1.63 milliún cóip ar fad den aip íoslódáilte faoi seo agus bhí 165,400 duine nua a thosaigh á úsáid i rith na bliana 2016.

Go ginearálta, tháinig méadú 26% ar an úsáid as an aip go rabhthas ag féachaint 68 milliún uair ar an meán uirthi in aghaidh na míosa le 426,000 úsáideoir faoi leith ar an meán gach mí, ardú 11% i gcomparáid leis an mbliain 2015.

Léiriú ar a dhílse atá an lucht úsáide go ndearna siad RTÉ News Now a oscailt 2.5 uair ar an meán in aghaidh an lae agus gur breathnaíodh ar 5.5 leathanach gach uair.

Cé gurb í an nuacht is mó a thaobhaigh lucht úsáide na haipe, tháinig borradh suntasach faoi rannóga eile. Bhí méadú 77% ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh spóirt agus tháinig ardú ó 14% go dtí 20% ar an sciar d'úsáid na haipe a bhaineann leis an réimse sin; tháinig méadú 101% in imeacht na bliana maidir le Slite Maireachtála nó go rabhthas ag féachaint beagnach aon mhilliún uair i rith na míosa ar leathanaigh; agus tá leathanaigh i rannóg an Chultúir, a seoladh i ndeireadh mí Lúnasa, á gceadú 280,000 uair in aghaidh na míosa.

### Freastal ar an Lucht Féachana thar lear

Tarraingíonn seirbhísí ar líne agus fón póca RTÉ dream fairsing úsáide thar lear. Is daoine thar lear atá i gceist leis an gceathrú cuid den trácht ar RTÉ.ie. Anuas ar an méid sin, éisteoirí idirnáisiúnta ba chúis le 30% den úsáid as aipeanna raidió RTÉ i rith na bliana 2016.

Cuireadh 460,000 sruth ar an meán ar fáil don lucht úsáide idirnáisiúnta gach mí i rith na bliana 2016 ar RTÉ Player International (ar ríomhairí boird, iOS agus android), ardú 28% i gcomórtas le meánlíon na sruthanna in aghaidh na míosa i rith na bliana 2015. Cuireadh níos mó ná 2,500 uair an chloig d'ábhar cláir RTÉ – *The Clinic*, *Room to Improve* agus *Love/Hate* san áireamh – ar fáil don lucht féachana ar RTÉ Player International, ionas go raibh ar chumas dhiaspóra na hÉireann féachaint ar roinnt de na cláir is mó a mbíonn tóir orthu. Ba iad *Fair City*, *Nine News*, *Six One News*, *The Late Late Show* agus *Extras* na cláir ba mhó a raibh tóir ag an lucht féachana thar lear orthu.

### CLG ar fud an Domhain

Sa bhliain 2016, leanadh ag leathnú na seirbhíse a chuirtear ar fáil le GAAGO, an tseirbhís sruthchraolacháin maidir leis na cluichí Gaelacha a chuireann RTÉ agus CLG ar fáil ar fud an domhain. Rinneadh sruthchraoladh ar líon níos mó ná 120 ócáid de chuid CLG don lucht leanta i mbreis agus 190 tír i ngach áit ar domhan. Le béim ar fheabhsú na seirbhíse don lucht leanúna agus ar mhargaí mórthábhachta a fhorbairt, sheol GAAGO cainéal faoi leith de chuid GAAGO ar ardán sruthchraolacháin Roku ionas go bhfuil na cluichí Gaelacha ar fáil ag na milliúin teaghlach ar fud Mheiriceá.


### 1916 agus Fáilte

Cuireadh ar chumas an lucht féachana agus an lucht éisteachta idirnáisiúnta cláir chomórtha agus cheiliúrtha RTÉ maidir le céad bliain 1916 a thapú ar na seirbhísí ar líne agus ar na seirbhísí do ghléasra soghluaiste.

Bhí deis ag daoine ar fud an domhain leas a bhaint as ábhar RTÉ faoi 1916 ar RTÉ Player, RTÉ.ie, RTÉ News Now agus ar aipeanna raidió RTÉ. Bhí Mol 1916 ar RTÉ Player ina spás ina bhféadfadh daoine iad féin a thumadh i réimse leathan d'ábhar teilifíse faoi 1916. Rinneadh margaíocht air leis an lucht féachana ar fud an domhain agus tharraing Mol 1916 an RTÉ Player lucht féachana as 120 tír. Léiríodh an t-ábhar agus na himeachtaí a bhí á gcur ar fáil ar fud na heagraíochta ar shuímh idirlín oifigiúil RTÉ maidir le 1916 www.rte.ie/1916, arb iad rannóg seirbhísí digiteacha RTÉ a bhí i bhfeighil air. Tharraing an suíomh idirlín sin beagnach ceathrú milliún duine faoi leith i rith na bliana 2016 agus taobh amuigh d'Éirinn a tharla 20% den úsáid, sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, san Astráil agus sa Ghearmáin go háirithe.

**"Choinnigh RTÉ News Now chun tosaigh ar gach aip nuachta eile in Éirinn. Bíonn teacht ag an té a úsáideann é ar na ceannlínte nuachta, spóirt agus siamsaíochta is deireanaí."**


## AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)




Foinse: RTÉ


Fonóta:
Mar thoradh ar roinnt imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ar bun in 2016, tháinig ardú ar an meán líon amharc leathanaigh. Féachadh ar go leor ábhar digiteach le linn Thoghchán 2016 (Feabhra), UEFA Euro 2016 (Meitheamh go Iúil) agus na Cluichí Oilimpeacha 2016 (Lúnasa) go háirithe. Chuir imeachtaí comórtha 2016, vóta an Bhreatimeachta agus Toghchán na SA freisin leis an lucht féachana.

## SCIAR A BHAINEANN LEAS AS SEIRBHÍS DHIGITEACH RTÉ SA TSEACHTAIN




Foinse: Sonraí RTÉ 2016, Daoine Fásta 18+

## SRUTHANNA AR AN SEINNTEOIR RTÉ PLAYER 2012 – 2016 (MILLIÚIN)




Foinse: RTÉ

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Seirbhísí Digiteacha
**(ar lean)**

### Cartlann RTÉ
Tá suíomh idirlín Chartlann RTÉ www.rte.ie/archives/ ina thaispeántas ar líne d'ábhar as na céadta mílte uair an chloig de thaifeadadh físe agus fuaime i mbailiúchán cartlainne RTÉ. Tharraing an suíomh buaiclíon daoine i rith na bliana 2016 agus buaiclíon freisin maidir le leathanaigh a cheadú. Bhí beagnach dúbailt ar líon na mbrabhsálaithe aonair, 128,000 in aghaidh na míosa i rith na bliana 2016 i gcomparáid le 67,000 sa mhí an bhliain roimhe sin. Ceadaíodh níos mó ná 3.5 milliún leathanach i rith na bliana 2016, méadú 75% i gcomórtas le 2 mhilliún i rith na bliana 2015. Foilsítear ábhar gach lá sa rannóg RTÉ Archives Daily agus is mór a chuir sin le líon an lucht úsáide agus le líon na leathanach a cheadaítear. Foilsíodh 1,267 scéal nua ar líne faoin teideal Archives Daily i rith na bliana 2016.

Is iad na trí scéal de chuid Chartlann RTÉ ba mhó a ceadaíodh i rith na bliana an t-agallamh le Gabby Logan agus í ina Rós as Leeds sa bhliain 1991 inar luaigh sí go raibh rún aici a bheith ina láithreoir teilifíse; an t-agallamh a rinne Bibi Baskin sa bhliain 1994 le Mary Trump, máthair Donald Trump, sa Trump Taj Mahal Hotel in Atlantic City; agus Bailiúchán Éirí Amach na Cásca, ina raibh cuntais phearsanta ó dhaoine a ghlac páirt san Éirí Amach.

Chruthaigh Cartlann RTÉ taispeántas mór agus mapa idirghníomhaíochta ar líne maidir leis an gcomóradh ar chéad bliain 1916. Cuireadh sampla eiseamláireach den scéalaíocht dhigiteach ar fáil leis an taispeántas trína gcuirtear 100 cuntas ó fhinnéithe ar eachtraí a tharla sa bhliain 1916 i láthair, iad á mbaint as taifeadtaí fuaime agus físe nach bhfacthas agus nár chualathas roimhe sin. Is léiriú eile ar an bhfiúntas ó thaobh an chultúir atá leis an gcartlann an caomhnú agus an t-athchóiriú ar *Insurrection*, an dráma comórtha a léirigh RTÉ don chomóradh ar 50 bliain an Éirí Amach. Rinneadh sin a thaispeáint sa bhunfhormáid ar RTÉ One.

### Páirtnéireacht agus Nuálaíocht Dhigiteach
Lean rannóg seirbhísí digiteacha RTÉ i rith na bliana ag cur le stádas RTÉ mar cheannródaí i réimse na meán cumarsáide digiteach, na heacnamaíochta digití agus an phobail dhigitigh. Cuireadh bonn treise faoi imeachtaí tábhachtacha agus faoi eagraíochtaí atá dírithe ar an nuálaíocht a chur chun cinn, brostú le heiceachóras na ngnólachtaí tionscanta agus an clár oibre maidir le hoideachas digiteach ar dhaoine óga in Éirinn a chur chun cinn.

Le béim ar nuálaíocht maidir leis an am atá le theacht, chuidigh RTÉ le InspireFest, an fhéile eolaíochta agus teicneolaíochta agus ealaíne is mó san Eoraip. Chuidigh RTÉ freisin leis an gcomhdháil ARVR (Augmented Reality and Virtual Reality) Innovate Conference, lenar tugadh roinnt de na saineolaithe is mó ar domhan maidir le réaltacht bhreisithe agus réaltacht fhíorúil go Baile Átha Cliath ag comhdháil lae.

### Suas san Aer
Tá RTÉ ag obair i gcomhar le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) chun ábhar de chuid RTÉ a bheith ina chuid dá dtaithíonn duine ag dul trí Aerfort Bhaile Átha Cliath dó. Chuidigh RTÉ, in éineacht leis an Alpha Innovation Campus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), leis an #hackDub Hardware Hackathon a d'eagraigh Aerfort Bhaile Átha Cliath trína tugadh lucht fiontraíochta, nuálaíochta, innealtóireachta agus dearthóireachta le chéile le custaiméirí de chuid Aerfort Bhaile Átha Cliath.

I mí na Nollag, sheol RTÉ agus DAA DUBstream, seirbhís phíolótach siamsaíochta trína gcuirtear ábhar gearr físeáin de chuid RTÉ ar fáil saor ó tháille do dhaoine atá ceangailte le seirbhís wi-fi saor in aisce in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

### Bonn Taca faoi Fhiontraíocht Thionscantach
Chuidigh RTÉ i rith na bliana le himeachtaí tábhachtacha a chuireann an fhiontraíocht thionscantach chun cinn agus a chuireann dlús faoi earnáil na tionscantachta in Éirinn. Ba é RTÉ an príomhpháirtnéir meán cumarsáide maidir leis an Global Entrepreneurship Network (GEN) Startup Nations Summit agus leis an Spike Island Bootcamp. Tugadh le chéile ceannairí na dtionscnamh náisiúnta fiontraíochta as níos mó ná 80 tír ag an gcruinniú mullaigh, arna eagrú ag Startup Ireland agus Cork Innovates, agus d'fhreastail na céadta fiontar tionscantach as Éirinn agus tíortha thar leat ar Inis Píc le haghaidh ócáid dhá lá ag ar tugadh a ndúshlán maidir lena modh smaointeoireachta.

Thug RTÉ cúnamh taca freisin maidir leis an bhféile Uprise a chuidíonn le fiontair thionscanta daoine cumasacha, infheistíocht agus páirtnéirí a mhealladh. D'oibrigh RTÉ i gcomhar le Coimisinéir Bhaile Átha Cliath maidir le Fiontair Nua-Thionscanta trí shraith

> "Chuidigh RTÉ leis an gclár maidir le seaimpíní digiteacha sna scoileanna trína spreagtar daltaí dara leibhéal ar fud na hÉireann le smaoineamh faoi chúrsaí digiteacha agus úsáid a bhaint as deiseanna digiteacha agus forbairt a dhéanamh ar thionscnamh a léiríonn an úsáid is féidir a bhaint as a gcuid scileanna digiteacha ar mhaithe le dul chun cinn sa scoil."

d'agallaimh a choimisiúnú le comhlachtaí nua-thionscanta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus iad i mbun ceannródaíochta maidir le réimse na meán cumarsáide. Leagadh béim sa tsraith d'fhíseáin ghairide, chliste, fhaisnéiseacha, a fhoilseofar i mí Eanáir 2017, ar an nuálaíocht agus ar na ceannródaithe i réimse na teicneolaíochta agus na tionscantachta i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar lárionad barr feabhais maidir leis an tionscantacht san Eoraip.

**Oideachas ar Dhaoine Óga**

Tá RTÉ ina chrann taca maidir le hoideachas i gcúrsaí digiteacha ar dhaoine óga. Chuir RTÉ i rith na bliana seo leis an gcúnamh taca a thugtar maidir le tionscnaimh thábhachtacha, ina measc na gradaim Coolest Projects ag CoderDojo trína ndéantar ceiliúradh ar an gcruthaitheacht i measc lucht CoderDojo. Bíonn giúirléidí, róbait, blaganna, cluichí, aipeanna agus suímh idirlín i gceist arna gceapadh ag 800 ógánach den lucht códála idir 7 agus 17 bliana d'aois ar fud na hÉireann agus na hEorpa. Sa bhliain 2016, cuireadh Launch'd ar bun den chéad uair mar chuid den ócáid agus é de rún leis sin an chéad ghlúin eile d'fhiontraithe teicneolaíochta a spreagadh.

Chuidigh RTÉ leis an gclár maidir le seaimpíní digiteacha sna scoileanna trína spreagtar daltaí dara leibhéal ar fud na hÉireann le smaoineamh faoi chúrsaí digiteacha agus úsáid a bhaint as deiseanna digiteacha agus forbairt a dhéanamh ar thionscnamh a léiríonn an úsáid is féidir a bhaint as a gcuid scileanna digiteacha ar mhaithe le dul chun cinn sa scoil, i ngnólacht de chuid na háite nó sa phobal i gcoitinne. Tionscnamh seo atá á chur ar bun ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Chuidigh RTÉ ar bhealaí éagsúla leis, mar shampla trí oiliúint san iriseoireacht shoghluaiste (MoJo) a chur ar fáil agus comórtas MoJo a eagrú do na daltaí a ghlac páirt ann. Chomh maith leis sin tháinig grúpa de na 'seaimpíní digiteacha' ar cuairt chuig RTÉ chun cleachtadh a fháil ar roinnt den teicneolaíocht is nuaí agus dul i mbun smaointeoireachta faoina bhféadfadh a bheith i ndán do RTÉ mar gheall ar dheiseanna digiteacha san am atá romhainn.

Lean RTÉ freisin de bhonn treise a chur faoin bhféile Excited Learning trína gcuirtear an úsáid as teicneolaíocht dhigiteach chun cinn ar fud réimse an oideachais. Thacaigh RTÉ freisin le Comhairle Dhigiteach na nÓg, trína dtugtar cluas do dhaoine óga a bhfuil baint acu le cúrsaí digiteacha in Éirinn agus deis dóibh tionchar a imirt ar an Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus ar a mbeidh i gceist leis an teicneolaíocht i gcúrsaí oideachais san am atá romhainn.

Tá rún ag RTÉ cur leis an gclár cúnamh taca seo i rith na bliana 2017.

**Dáileachán**

Seoladh seirbhísí RTÉ ar roinnt ardán agus gléasanna breise i rith na bliana 2016, ar mhaithe leis an aidhm a chomhlíonadh gur fearr a bheadh na cainéil agus an t-ábhar cláir seirbhíse poiblí ar fáil ag an lucht féachana agus éisteachta is fairsinge is féidir.

Cuireadh cainéil líneacha RTÉ agus na seirbhísí atrátha ar fáil ar sheirbhís nua teilifíse Vodafone i mí Eanáir. Cuireadh RTÉ Player ar fáil do chustaiméirí Sky tríd an mbosca barr teilifíseáin agus ar Sky Go. Seoladh RTÉ One, RTÉ2 agus RTÉjr ar Sky Go, rud a thugann deis do dhaoine den lucht féachana cainéil bheo RTÉ a fheiceáil taobh amuigh den áras cónaithe. Cuireadh RTÉ News Now ar fáil ar Sky freisin.

Ó tharla níos mó daoine ag roghnú breathnú ar ábhar físe ar an scáileán is fearr atá ar fáil, sheol RTÉ níos mó seirbhísí do scáileán an teilifíseáin i rith na bliana 2016.

Seoladh RTÉ Player ar Tizen, córas oibriúcháin nua Samsung, i mí Márta agus ar teilifíseáin nua LG i mí Meán Fómhair. Tá sin sa bhreis ar RTÉ Player, a bhíonn ar fáil ar na roghchláir tionscanta ag Samsung agus LG, ionas gur áisiúla é agus gur fusa a aimsiú.

Cuireadh GAAGO ar fáil ar chóras Roku sna Stáit Aontaithe.

D'oibrigh RTÉ i gcomhar le Facebook agus Twitter i rith an Olltoghcháin ar mhaithe le dul i gcion ar lucht féachana níos óige. Craoladh clár speisialta faoin toghchán le Keelin Shanley beo ar RTÉ2 as oifigí Facebook i mBaile Átha Cliath.

**"Seoladh seirbhísí RTÉ ar roinnt ardán agus gléasanna breise i rith na bliana 2016, ar mhaithe leis an aidhm a chomhlíonadh gur mó an fáil a bheadh ar na cainéil agus ar an ábhar cláir seirbhíse poiblí ag lucht féachana agus éisteachta is fairsinge is féidir."**

**Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Spórt RTÉ**

# Tugann muid ann sibh





**Bíonn Spórt RTÉ i gceartlár shaol an spóirt in Éirinn, ag cur léiriúchán, tráchtaireacht agus tuairiscíocht ar fáil don náisiún, saor ó tháille ar an aer.**

885 uair an chloig de bhunábhar cláir spóirt i rith na bliana 2016.

# Maidir le Spórt RTÉ

**Tá RTÉ chun tosaigh maidir le hábhar spóirt a chur ar fáil ar na meáin chraolta agus ar líne in Éirinn. Cuireann Spórt RTÉ léiriú agus anailís ar ábhar spóirt ar fáil don lucht féachana agus éisteachta in Éirinn, ar ardáin éagsúla, idir chineálacha spóirt mhór-ráchairte agus chineálacha mionlaigh, chomh maith le comórtais agus cluichí idirnáisiúnta.**

## Buaicphointí Spóirt ar an Teilifís

Léirigh Spórt RTÉ 885 uair an chloig d'ábhar spóirt i rith na bliana 2016 agus bhí an samhradh lán le spórt, le 110 uair an chloig de Chluichí Gaelacha, 116 uair an chloig de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa agus 215 uair an chloig de thráchtaireacht ar na cluichí Oilimpeacha as Rio. Bhí cluichí CLG, na cluichí náisiúnta, i gceartlár an léiriúcháin againn ar fud na n-ardán ar fad, i rith na bliana.

Spórt RTÉ a léirigh 12 as an 20 clár is mó a tharraing lucht féachana ar theilifís na hÉireann i rith na bliana 2016. Bhí cluiche na hÉireann in aghaidh na Fraince ar cheann den 20 clár teilifíse ba mhó lucht féachana le 20 bliain anuas. B'shin an dara clár ba mhó lucht féachana sa bhliain 2016, le meánlíon lucht féachana cothrom le 1,262,000 nó 82.5% den lucht féachana a bhí ar fáil Dé Domhnaigh an 26 Meitheamh.

Léiríodh na buaicphointí,drámatúla, agus a mhalairt, ó thaobh chúrsaí na hÉireann leis an léiriú teilifíse ar na Cluichí Oilimpeacha. Ba é an comórtas spóirt is mó a tharraing lucht féachana ag na Cluichí Oilimpeacha ná craobhbhabhta na bhfear sa chomórtas lingchláir 3m, inar tháinig Oliver Dingley san 8ú háit, le meánlíon 388,000 duine de lucht féachana (sciar 33.4%) ag 10:46 i.n. ar an 16 Lúnasa. Tharraing na deartháireacha Donovan beagnach an líon céanna; meánlíon 346,000 (sciar 52.9%) a tharraing an rás beirte ísealmheáchain inar bhuaigh siadsan an bonn airgid luath sa tráthnóna ar an 12 Lúnasa. Gné shuntasach den léiriúchán ab ea David Gillick a úsáid ina láithreoir/tuairisceoir/tráchtaire i Rio chomh maith le Kellie Harrington, Barry Murphy, Martin Irvine, Gráinne Murphy agus daoine eile mar lucht anailíse nua, léiriú ar an mbéim atá againn ar dhaoine cumasacha nua a thabhairt chun cinn.

## Léiriú Gradamúil

Bhronn Paralympics Ireland gradam ar Spórt RTÉ mar gheall ar a fheabhas a léiríodh cluichí mhí Mheán Fómhair seo caite ar an teilifís, 20 uair an chloig (níos mó ná mar tharla le haon chluichí roimhe sin) de chraoladh beo agus de thuairiscí ar bhuaicphointí san áireamh ag díriú ar lúthchleasaithe na hÉireann.

Bhí Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta na hEorpa ar siúl freisin i rith an tsamhraidh agus, anuas ar na mórimeachtaí suntasacha, chuir spórt teilifíse 156 uair an chloig den sacar ar fáil don lucht féachana, cluichí cáilithe do Chorn an Domhain san áireamh chomh maith le cluichí i gcomórtais na hÉireann, 75 uair an chloig den rugbaí, cluichí na bhfear agus cluichí na mban i gcomórtas na 6 Náisiún san áireamh chomh maith le sraith cluichí Guinness. Ba bhliain mhaith í maidir le cluichí CLG freisin agus cuireadh 145 uair an chloig ar fáil d'ábhar CLG de gach cineál éagsúil, lena n-áirítear craoladh beo ar chluichí leathcheannais na camógaíochta den chéad uair riamh.

Ar na buaicphointí eile a bhain le léiriú spóirt na bliana 2016, bhí 24 lá de rásaíocht capall na hÉireann; dornálaíocht Chraobh an Domhain i gcás na mban agus Craobh na hEorpa i gcás na bhfear; comórtas gailf an Dubai Duty Free Irish Open; comórtas an Aga Khan ón RDS; babhtaí leathcheannais agus ceannais an Irish Derby maidir le rásaí na gcon; agus Gradaim Spóirt RTÉ i gcomhar le Spórt Éireann.

## Spórt ar an Raidió

Bhí toradh maith ar ghnóthaí na bliana ar an raidió freisin ag Spórt RTÉ; is léir ó na figiúirí is deireanaí faoin lucht éisteachta gur choinnigh an dá chlár mhórshuntais, *Sunday Sport* agus *Saturday Sport,* an chéad dá áit ar liosta na gclár spóirt náisiúnta raidió agus iad i bhfad chun tosaigh ar aon chlár eile. Bíonn meánlíon 173,000 lucht éisteachta ag *Sunday Sport* agus 163,000 ag *Saturday Sport*. Fágann an lucht éisteachta tréan atá ag an gclár *Game On* ar oícheanta na seachtaine go bhfuil Spórt RTÉ ag freastal ar an lucht éisteachta seacht lá na seachtaine.

Ba ghnóthach an bhliain í ag Spórt RTÉ ar an raidió agus cuireadh líon suntasach de chláir bhreise ar siúl bunaithe thart ar thráchtaireacht a bheith á dhéanamh beo ó Euro 2016 agus ó na Cluichí Oilimpeacha i Rio. Coinníodh an tuariscíocht iomlán ar chomórtais náisiúnta uile CLG ar siúl freisin, chomh maith le rugbaí na gcúigí agus an rugbaí idirnáisiúnta agus sacar na hÉireann agus an sacar go hidirnáisiúnta. Leanadh freisin ag leathnú ar an tuairiscíocht ar spórt na mban i ndáil leis na réimsí céanna sin.

Mar gheall ar na Cluichí Oilimpeacha, leagadh béim faoi leith ar spórt 'mionlaigh', i rith na míonna roimh chluichí Rio agus le linn na mbabhtaí fada craoltóireachta suas le 12 uair an chloig sa lá i rith na gcluichí féin. Coinníodh 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine de chláir agus d'fheasacháin rialta ar siúl freisin (chomh maith leis an iliomad uair an chloig sa bhreis air sin de thráchtaireacht bheo i rith na bliana) ag plé le galf, rásaíocht capall agus spóirt de chineálacha eile.

## RTÉ.ie/Sport

Tháinig borradh suntasach faoin úsáid as RTÉ.ie/sport i rith na bliana 2016. Bhí ardú 11% in imeacht na bliana ar líon na mbrabhsálaithe aonair maidir le cúrsaí spóirt ar fud na n-ardán ar fad (RTÉ.ie agus RTÉ News Now) ó mheánlíon 1,660,000 in aghaidh na míosa sa bhliain 2015 go dtí 1,837,000 sa bhliain 2016. Bhí líon na n-uaireanta ar breathnaíodh ar leathanaigh (modh eile chun trácht a mheas) ardaithe go mór maidir le cúrsaí spóirt, ardú 46% ó 189 milliún sa bhliain 2015 go dtí 275 milliún sa bhliain 2016. Bhí ardú 77% ar úsáid na haipe agus ardú 16% ar úsáid an tsuímh idirlín.

Bhí spórt chun tosaigh freisin maidir le hábhar RTÉ.ie go foriomlán agus is ón Spórt ar líne a d'eascair dhá scéal as na cúig cinn ba mhó spéis iontu i rith na bliana 2016– an trioblóid a bhí ag Michael Conlan i Rio (an tríú scéal ba mhinice a ceadaíodh) agus an tuairisc reatha ar an gcluiche rugbaí idir Éirinn agus an Nua-Shéalainn i Chicago (an cúigiú scéal ba mhinice a ceadaíodh).

Taobh amuigh de chúrsaí an Olltoghcháin, ba é an 17 Lúnasa an lá ba ghnóthaí den bhliain 2016 maidir le cuairteanna ar líne ar fud ardáin nuachta RTÉ – breathnaíodh 7.6 milliún uair ar leathanaigh an lá sin mar gheall ar scéal Conlan agus cluiche tráthúil faoin teideal 'Can You Beat Nikitin?' bunaithe ar na Cluichí Oilimpeacha a chuir meitheal sheirbhísí digiteacha RTÉ le chéile agus a cuireadh sa timpeall ar chainéil mheáin shóisialta Spórt RTÉ agus ar na cainéil lárnacha.

I mí Meithimh agus i mí Lúnasa is mó a tharla trácht ar líne, mar gheall ar Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa agus ar na Cluichí Oilimpeacha. Tharraing tuairiscíocht Spórt RTÉ faoi na foirne náisiúnta agus faoi na cluichí náisiúnta líon mór daoine i rith na bliana ar fad áfach. Rinneadh freastal freisin ar chineálacha spóirt ar annamh iad i lár an aonaigh agus bhí béim láidir ar pheil na mban agus ar an gcamógaíocht chomh maith le spórt carranna agus spórt eachaíochta.

## Ábhar Nuachta

Na Cluichí Oilimpeacha i Rio an ócáid ba shuntasaí maidir le hábhar nuachta ar an teilifís ó Spórt RTÉ. Bhí meitheal bheag (a cuireadh anonn chun trácht ar spórt) le feiceáil ag tús agus deireadh na gclár nuachta beagnach gach lá ar feadh trí seachtaine le tuairiscí maidir le ceannlínte nuachta chomh maith leis na scéalta spóirt – maidir le lucht spóirt a díbríodh mar gheall ar chúrsaí drugaí, daoine a gabhadh agus a cuireadh i bpríosún, conspóid faoi mholtóireacht agus daoine nár chruthaigh faoi mar a bhí á thuar, chomh maith leis na scéalta a bhí ina ardú meanman ag an tír ar fad.

D'fhág tuairiscí nuachta ó lucht Spórt RTÉ faoin spleodar ar fad a ghabh le Craobhchomórtas Sacair na hEorpa gurbh í seo an bhliain ab fhearr le fada ag nuacht Spórt RTÉ ó thaobh scéalta a áireamh i measc na gceannlínte agus dul i gcion ar an lucht féachana.

Ar ndóigh, tugadh tuairisc ar an gcuid eile de scéalta spóirt na bliana ar an ngnáthbhealach, ceisteanna an lae, tuairisc ar chluichí agus na torthaí maidir le comórtais mhóra náisiúnta ar fad CLG, chomh maith le rugbaí, sacar, galf, rásaíocht capall etc.

> **"Bhronn Paralympics Ireland gradam ar Spórt RTÉ mar gheall ar a fheabhas a léiríodh cluichí mhí Meán Fómhair seo caite ar an teilifís."**

# An Nuacht ar fad, Láithreach Bonn



**Ón gcéad tuairisc a fhaightear, cuma cá mbristear an scéal, bíonn an corr is deireanaí ag Nuacht RTÉ, sa dá theanga, á chur ar fáil don náisiún agus don domhan.**

**Coinníonn níos mó ná 1,000,000 duine iad féin ar an eolas le Nuacht RTÉ ar na meáin shóisialta.**



## Maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

**RTÉ an soláthraí is mó nuachta ar líne agus craolta in Éirinn. Oibríonn líonra cuimsitheach de chomhfhreagraithe réigiúnacha agus náisiúnta go dian dícheallach chun an nuacht a thabhairt chuig an lucht féachana, an tráth ar mian leo í a thapú, san áit ar mian leo í a thapú, ar fud an iliomad ardán a bhíonn de shíor ag leathnú. I mbun tuairiscithe, imscrúdaithe agus anailíse, tugann RTÉ News léiriú dúchasach ar leith i gcomhthéacs domhanda don lucht féachana in Éirinn.**

**Chonacthas athrú ó bhonn agus scéalta móra nuachta ag titim amach, go hidirnáisiúnta agus anseo in Éirinn, i rith na bliana 2016. Idir Olltoghchán na tíre seo, an Breatimeacht agus Trump, ba bhliain mhór éiginnteachta agus athraithe í i gcúrsaí polaitíochta. Os a choinne sin, leis an gcomóradh ar chéad bliain 1916, ba bhliain don mhachnamh agus don cheiliúradh a bhí inti chomh maith. Chuir Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ ar fáil na scéalta is deireanaí, tuairiscí, agallaimh thábhachtacha agus anailís ar na scéalta ba thábhachtaí i rith na bliana 2016.**

## Toghcháin 2016

Agus muintir na tíre ag toghadh an 32ú Dáil i mí Feabhra, rinne RTÉ craoladh beo as níos mó ná 20 toghcheantar ar fud na réigiún mar chuid den tráchtaireacht chuimsitheach ar an bhfeachtas toghchánaíochta ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste.

Den chéad uair riamh i stair RTÉ, eagraíodh díospóireacht cheannairí na bpáirtithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath nuair a craoladh *Claire Byrne Live* as Ollscoil Luimnigh. Ba é sin an díospóireacht teilifíse ba mhó i rith an olltoghcháin le ceannairí sheacht gcinn de pháirtithe polaitíochta i láthair os comhair lucht éisteachta 300 duine den phobal. Trí lá roimh an vótáil, chraol RTÉ an dara díospóireacht mhór – Miriam O'Callaghan a chuir clár speisialta *Prime Time Leaders' Debate* i láthair le ceannairí na gceithre pháirtí polaitíochta is mó. Lean clár beo nua, *The Spin Room,* arna chur i láthair ag David McCullagh, na díospóireachtaí agus pléadh tuairim dhaoine faoinar tharla lena linn.

Chuaigh *Six One News, Nine O'Clock News* agus *Prime Time* ar an mbóthar freisin i rith an fheachtais, rinneadh comhchur i láthair as ionaid éagsúla ar fud na tíre agus pléadh na ceisteanna a bhí ag déanamh tinnis don phobal i lár cathracha, i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Chuaigh *Morning Ireland* freisin amach ar an mbóthar le ceannairí na bpáirtithe agus rinneadh agallaimh diancheistiúcháin. Rinneadh tuairiscíocht agus anailís ar imeachtaí an lae ar *News at One*.

## Cláir Speisialta

Ar na cláir speisialta eile aimsir an toghcháin, bhí *Campaign Daily,* a craoladh sé lá gach seachtain. Tráchtadh ar an tuile agus an trá a bhí i gceist leis an bhfeachtas, le tuairiscí ó ócáidí seolta na bpolasaithe, cur síos ar na toghcheantair agus plé painéil. Chuir David McCullagh *PT Extra* i láthair, clár nua mall san oíche ar RTÉ One, ar a raibh caint faoin toghchán agus iniúchadh ar na straitéisí toghchánaíochta ag iarrthóirí éagsúla a raibh ag éirí leo. Rinneadh dúbailt ar thráchtaireacht *The Week in Politics* le Áine Lawlor ar chúrsaí polaitíochta agus coinníodh súil ghéar ar an bhfeachtas de réir mar a lean sé ar aghaidh le clár breise gach Céadaoin ar bhealach teilifíse RTÉ One. Ar ár gclár nuachta do leanaí, *News2day*, d'fhreagair ceannaire na gceithre phríomhpháirtí ceisteanna achrannacha a chuir daoine óga den lucht féachana isteach, ag plé le réimsí éagsúla, cúrsaí oideachais, daoine gan dídean agus obair bhaile san áireamh.

Le *Project 500,* an tionscnamh nua ar líne de chuid RTÉ News, tugadh cead cainte do gach iarrthóir a bhí ag seasamh sa toghchán. Trí leas a bhaint as líonra réigiúnach RTÉ, cuireadh físeáin aon nóiméad amháin ar fhad, gan freasúra, i láthair a bhí mar a bheadh craoladh polaitíochta pearsanta ann agus ligeadh don daonlathas parlaiminte tarlú go poiblí. Tugadh deis do gach iarrthóir labhairt go díreach leis na vótálaithe trí ardáin ar líne RTÉ News.

Trí shaineolas polaitíochta, iriseoireachta agus acadúlachta a chur in úsáid, bhí Election 2016, an mol digiteach ar líne de chuid RTÉ News ina shiopa ilseirbhíse maidir le hábhar uile RTÉ ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin dhigiteacha. Tugadh le chéile ábhar as cláir cúrsaí reatha, as feasacháin nuachta, as podchraoltaí agus as gné-ailt scríbhneoireachta.

## Trácht ar na hIonaid ar Fad

Tar éis 24 lá feachtasaíochta, tharla an tOlltoghchán ar an 26 Feabhra. Meitheal na nImeachtaí Speisialta Nuachta agus Cúrsaí Reatha a bhí i mbun thráchtaireacht RTÉ ar thorthaí an toghcháin. Bhí 32 ionad comhairimh i gceist leis an 40 Dáilcheantar agus ba díol mór suntais an clár 17 uair an chloig *Election 2016 Results* ó thaobh stair na teilifíse in Éirinn ó chraol RTÉ beo ón uile ionad comhairimh ar fud na tíre. Ba é *Election 2016* chomh maith an chéad chraoladh ar chaighdeán HD a rinne RTÉ ar thorthaí olltoghcháin. Bhí trí cinn de stiúideonna éagsúla teilifíse in úsáid chomh maith le hionad torthaí saintógtha agus bhí nuálaíocht mhór i gceist leis an gcur i láthair grafaice a cuireadh in úsáid.

Rinne RTÉ ionad torthaí saintógtha a leagan amach agus a thógáil i gceann de na stiúideonna teilifíse is mó d'Olltoghchán na bliana 2016. Rinneadh ansin, comhaireamh i ndiaidh comhairimh, na torthaí ó gach toghcheantar faoi leith a ghlacadh isteach agus a phróiseáil i gcóras ríomhaireachta torthaí toghcháin de chuid RTÉ féin. Sheiceáil meitheal eolaithe polaitíochta agus léiritheoirí iad. Rinne RTÉ freisin bogearra speisialta a dhearadh chun ábhar nua grafaicí toghcháin don scáileán tadhaill a chur ar fáil, a bhaineann go sainiúil le córas ionadaíocht chionmhar na hÉireann, ionas gur léiríodh an tionchar a bhí ag pátrúin maidir le haistriú vótaí agus mapaí idirghníomhaíochta de na toghcheantair chomh maith le heolas ón bpobalbhreith eisiach a rinne RTÉ ar vótálaithe ag fágáil an ionaid vótála dóibh.

**"Chuaigh *Six One News, Nine O'Clock News* agus *Prime Time* ar an mbóthar freisin i rith an fheachtais, rinneadh comhchur i láthair as ionaid éagsúla ar fud na tíre agus pléadh na ceisteanna a bhí ag déanamh tinnis don phobal i lár cathracha, i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha. Chuaigh *Morning Ireland* freisin amach ar an mbóthar le ceannairí na bpáirtithe agus rinneadh agallaimh diancheistiúcháin. Rinneadh tuairiscíocht agus anailís ar imeachtaí an lae ar *News at One*."**

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ
**(ar lean)**

Bhí obair níos mó ná 400 duine á chur le chéile ar *Election 2016* idir lucht foirne inmheánach RTÉ agus lucht foirne ar conradh ar fud na n-ionad comhairimh, na stiúideonna i nDomhnach Broc agus an lárionaid torthaí. Bhí scála seachas mar a chonacthas riamh cheana le hobair RTÉ maidir le torthaí beo ar an teilifís, leis an teicneolaíocht sheanbhunaithe maidir le craoladh seachtrach agus nuálaíocht de na cineálacha is deireanaí maidir le teicneolaíocht leathanbhanda agus teicneolaíocht an eolais. Chuir innealtóirí RTÉ dhá 'mhol' craoltóireachta faoi leith ar bun ar an láthair i nDomhnach Broc a lig do mheitheal léiritheoirí sinsearacha scagadh a dhéanamh go cruinn tapa ar fhógairt torthaí agus ar ábhar beo as 40 toghcheantar. Sa stiúideo teilifíse, d'fhág saoráidí saindéanta láithreoireachta teacht ar an toirt ag láithreoirí agus ag aíonna ar iomlán chóras torthaí toghcháin RTÉ ar ríomhairí. D'fhág sin gurbh fhéidir anailís thapa údarásach a dhéanamh ar na torthaí ba dheireanaí de réir mar a lean an comhaireamh ar aghaidh i rith an lae agus amach san oíche.

I mí na Bealtaine, chuir RTÉ tráchtaireacht chuimsitheach nuachta ar fáil maidir le Toghchán Thionól Thuaisceart Éireann le tuairisceoirí sna príomhionaid comhairimh de réir mar a bhí an iomaíocht ar siúl maidir le gach ceann den 108 suíochán. Rinne na comhfhreagraithe thar lear tráchtaireacht ar an bhfeachtas, ar an vótáil agus ar thoradh an toghcháin maidir leis an mBreatimeacht agus le huachtaránacht na Stát Aontaithe chomh maith le cláir speisialta a dhéanamh faoi ábhair den chineál sin.

### Comóradh 1916

Domhnach Cásca, an 27 Márta, chuir RTÉ ceann de na feachtais ba mhó riamh maidir le craoladh seachtrach ar bun. Cuireadh léiriú beo ar fáil ar phríomhshearmanas comórtha an Stáit agus ar an bparáid i mBaile Átha Cliath mar cheiliúradh ar Éirí Amach 1916. Ó thús na maidine le searmanais i Reilig Ghlas Naíon agus i bPríosún Chill Mhaighneann go dtí gur cuireadh tús leis an bparáid ag Faiche Stiabhna agus gur reáchtáladh na searmanais fhoirmeálta comórtha ag Ard-Oifig an Phoist, bhí pictiúir RTÉ le feiceáil ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

Bhí RTÉ, eagraíocht meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann, ina óstchraoltóir maidir le comóradh uile 1916 agus thug rochtain chomh mór agus ab fhéidir ar na himeachtaí Stáit. Cuireadh sruth beo RTÉ ar fáil do mheáin cumarsáide nuachta in Éirinn agus thar lear, CNN, BBC, SKY News, CCTV China, Russia Today, UTV Ireland agus TV3 ina measc, agus cuireadh an sruth ar líne ar fáil saor in aisce do Independent.ie, IrishTimes.com, Breakingnews.ie, The Irish Post, TheJournal.ie agus Newstalk ionas go bhféadfaí é a chraoladh beo ar na suíomhanna idirlín atá acu. Cuireadh pictiúir RTÉ ar fáil freisin ar scáileáin ollmhóra in ionaid éagsúla ar fud lár chathair Bhaile Átha Cliath mar a raibh na céadta míle duine bailithe ag féachaint ar an gcomóradh.

### An Fheiceáil is Fearr

Ar cheann de na príomhfheidhmeanna atá le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, tá 'an suíochán is fearr sa teach' ag imeachtaí móra spóirt, siamsaíochta nó cúrsaí reatha, a thabhairt do dhaoine sa lucht féachana. Le linn uaireanta fada craoltóireachta, le cur i láthair sainiúil i stiúideonna agus ar an láthair, thug léiriú RTÉ ar chomóradh 1916 deis don lucht féachana ócáidí a thapú beo ar gach leibhéal: idir agallaimh ar leibhéal na sráide, léiriú meánleibhéil ó na pointí amhairc ab fhearr le bealach na paráide (go háirithe ag Ard-Oifig an Phoist) agus léiriú anuas ón spéir ar fud Bhaile Átha Cliath.

Idir an obair mar óstchraoltóir agus an obair ar chláir RTÉ féin, bhí 30 ceamara in úsáid ag RTÉ in ionaid éagsúla ar fud Bhaile Átha Cliath. Cuireadh sruthanna beo agus sruthanna taifeadta ar fáil as aonaid teilifíse a bhí lonnaithe in Áras an Uachtaráin, i Reilig Ghlas Naíon, i bPríosún Chill Mhaighneann, i bhFaiche Stiabhna, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus i Sráid Uí Chonaill, chomh maith le léiriú stiúideo as Domhnach Broc agus léiriú beo ón aer anuas ar an bparáid agus ar na searmanais. Bhí níos mó ná 120 ball foirne eagarthóireachta agus teicniúil ag obair ar léiriú Dhomhnach Cásca, an slógadh is mó d'fhoireann chraoltóireacht teilifíse maidir le hócáid Stáit ó tharla cuairt na Banríona Eilís II agus cuairt an Uachtaráin Obama sa bhliain 2011.

Bhain tiomantas seirbhíse poiblí RTÉ maidir leis an gcraoltóireacht ar chomóradh chéad bliain 1916, go mbeadh an teacht is fearr ag an líon is mó daoine ar an gcomóradh, le searmanais Stáit eile chomh maith leis na príomhimeachtaí ar Dhomhnach Cásca. Rinneadh léiriú óstchraoltóra agus príomhléiriú teilifíse ar imeachtaí eile freisin, mar shampla sa Ghairdín Cuimhneacháin (an 26 Márta), i mBaile Átha an Rí (an 28 Márta), i Reilig Ghlas Naíon (an 3 Aibreán) agus i gCnoc an Arbhair (an 24 Aibreán).

### Ábhar Sainiúil

Rinneadh comóradh i rith na bliana le cláir de chuid Nuacht agus Cúrsaí Reatha ar chéad bliain Éirí Amach 1916 leis an iliomad tuairisc agus clár speisialta.

Áirítear orthu sin eagrán speisialta den chlár *Prime Time* arna chraoladh beo taobh istigh d'Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath ar a raibh díospóireacht faoina raibh ceart agus éigeart faoi 1916, agus sraith speisialta de chláir fhaisnéise uair an chloig mar chuid de *Nationwide*. D'inis Bryan Dobson scéal cheannaire "drogallach" an Éirí Amach, Michael Mallin, ina raibh agallamh corraitheach lena mhac, an tAthair Joseph Mallin, an t-aon duine clainne le ceannairí 1916 atá beo agus é in aois 102 bliain. Rinne Anne Cassin scrúdú ar an amhrán náisiúnta, ar bhratach na dtrí dhath agus ar fhorógra na bliana 1916 agus d'fhiosraigh Mary Kennedy an dearcadh a bhí ar 1916 sa bhliain 1966 chomh maith le hábhar spéisiúil cartlannaíochta a nochtadh.

I mí na Nollag, caitheadh súil siar ar bhliain an chomórtha, agus ar na himeachtaí poiblí ba mhó riamh in Éirinn, sa chlár faisnéise *The Year of the Rising*.

**RTÉ ag Fiosrú**
Shaothraigh Aonad Fiosrúcháin RTÉ gan staonadh ar bhearta éagsúla fiosrúcháin ar mhaithe le leas an phobail i rith na bliana 2016.

Léirigh tuairiscí scannalacha RTÉ Investigates maidir le Console feall agus míbhainistíocht ar leibhéal tromchúiseach i gceann de na carthanais is mó in Éirinn. Trí chaidreamh le sceithirí agus taighde mhionchúramach ar na mílte cáipéis a fuarthas faoin dlí maidir le Saoráil Faisnéise, chuir RTÉ Investigates an pictiúr le chéile ó na míreanna mearaí a thaispeáin go ndearnadh na céadta míle euro as airgead a tugadh don charthanas a úsáid ar mhaithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin Paul Kelly agus daoine dá theaghlach.

Laistigh de roinnt seachtainí ó craoladh an clár, bhí Console dúnta, seacht gcinn de bhearta imscrúdúcháin oifigiúla ar siúl agus cuid mhórthábhachtach d*en Acht Carthanas 2009* – cumhacht imscrúdúcháin a leagan ar an Rialtóir Carthanas – á achtú, rud a chuir athrú ar an gcóras rialála in Éirinn.

Ar na bearta fiosrúcháin eile a rinneadh i rith na bliana 2016, ullmhaíodh tuairisc ar an gcóras cúraim in Éirinn agus rinneadh imscrúdú maidir le tionscal na gcarranna, an NCT agus díscríobh feithiclí.

**Toradh Saothair**
Tharla i rith na bliana 2016 gur ciontaíodh cúigear a d'oibríodh san áras cúraim Áras Attracta sa chúirt choiriúil mar gheall ar fhiosrúchán a rinneadh i mblianta eile roimhe seo agus gur aisíoc siopaí poitigéara Lloyds €12 milliún leis an Stát mar gheall ar thuairisc faoi rótháillí a rinne an tAonad Fiosrúcháin sa bhliain 2015.

Ar an raidió, d'fhoilsigh John Burke, tuairisceoir le *This Week*, scéalta faoi chuideachtaí caocha de chuid na hÉireann a bheith in úsáid ag dream coiriúlachta as na Stáit Aontaithe chun sciúradh a dhéanamh ar airgead a gnóthaíodh ó earraí míleata a dhíol go mídhleathach le cuideachtaí de chuid na Rúise, faoin gcaoi a gcaitear le sceithirí sa Gharda Síochána agus faoi heaiceáil a rinneadh ar chórais TE an Gharda. Foilsíodh roinnt scéalta ar an gclár sin freisin faoi chásanna 'Grace' agus 'Mary', mná óga a fágadh in árais cúraim ainneoin líomhaintí go raibh drochíde á thabhairt orthu.

**Nuacht**
Leanann Nuacht ag cur seirbhís teilifíse Nuacht ar fáil gach lá do RTÉ One, RTÉ News Now agus do TG4 as Baile na hAbhann, le hábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith le dearcadh faoi leith ar an nGaeltacht, ar an nGaeilge agus ar chúrsaí na tuaithe.

**"Bronnadh gradam don Chlár Cúrsaí Reatha is Fearr ar *RTÉ Investigates* ag gradaim IFTA chomh maith le gradam Justice Media don Chlár Faisnéise Teilifíse is Fearr mar gheall ar *RTÉ Investigates: Standards in Public Office.* Rinneadh *RTÉ Investigates: Inside Bungalow 3* a mholadh go hard ag féilte idirnáisiúnta le gradam ag Féile na Meán Ceilteach don Chlár Cúrsaí Reatha is Fearr agus bonn airgid ag Gradaim Teilifíse & Scannánaíochta ag Féile Nua-Eabhrac."**

D'infheistigh RTÉ beagnach €700,000 san uasghrádú ar an gcóras léiriúcháin Avid News do Nuacht sa cheanncheathrú i mBaile na hAbhann, Conamara, an infheistíocht is mó a rinne RTÉ ar fud na réigiún i rith na bliana 2016.

Tharraing Nuacht dhigiteach beagnach ceithre mhilliún cuairt ar leathanaigh i rith na bliana agus is tá anois ina cuid lárnach den tseirbhís dhigiteach a chuireann RTÉ ar fáil. Le béim níos mó ar scéalta réigiúnacha, áitiúla agus Gaeltachta, baineann an tseirbhís leas as ábhar ó Nuacht agus ó Raidió na Gaeltachta le hábhar a fhoilsiú ar líne agus ar na meáin shóisialta. Cuireann Nuacht tuairiscí agus ábhar eile ar fáil gach lá do Raidió na Gaeltachta do na feasacháin nuachta ar RTÉ Radio 1, 2fm agus lyric fm.

**Sa Bhreis ar an Nuacht**
Comhléiriú idir RTÉ agus TG4 a bhí sa chlár *Vóta 2016* ar TG4 agus cuireadh 16 uair an chloig déag de thráchtaireacht bheo ar fáil ar thorthaí an Olltoghcháin trí Ghaeilge. Rinneadh tuairiscíocht Nuachta ar chomórtas sacair Euro 2016 agus ar Thoghcháin na Stát Aontaithe a chur ar fáil le modh oibre aon iriseoir físe, nó VJ,amháin agus an t-ábhar á chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Bhí mír faoi 1916 arna léiriú ag daltaí i gColáiste Chiaráin, i gCromadh, Co. Luimnigh ar cheann den tsraith de mhíreanna *Guth an Phobail* ar Nuacht TG4. Tá comhpháirtíocht oideachais ar siúl idir RTÉ agus an scoil sin.

Léirigh Nuacht an tsraith *Féilte: Slí an Atlantaigh* freisin a bhí ar cheann de na sraitheanna is fearr ar éirigh léi ar TG4 i rith an tsamhraidh. Bhí tóir ag an lucht féachana freisin ar shraith ghairid ceoil do sceideal na Nollag ar TG4 agus ar shraith ábhar cartlainne mar chomóradh ar cheiliúradh 20 bliain Theilifís na Gaeilge.

**Aitheantas**
Bronnadh gradaim éagsúla mór le rá ar shaothar Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ i rith na bliana 2016.

Bronnadh gradam don Chlár Cúrsaí Reatha is Fearr ar RTÉ Investigates ag gradaim IFTA chomh maith le gradam Justice Media don Chlár Faisnéise Teilifíse is Fearr mar gheall ar *RTÉ Investigates: Standards in Public Office.* Rinneadh *RTÉ Investigates: Inside Bungalow 3* a mholadh go hard ag féilte idirnáisiúnta le gradam ag Féile na Meán Ceilteach don Chlár Cúrsaí Reatha is Fearr agus bonn airgid ag Gradaim Teilifíse & Scannánaíochta Fhéile Nua-Eabhrac.

Bronnadh dhá ghradam órga ar *Morning Ireland* ag gradaim raidió an PPI, gradam Chlár Nuachta na Bliana agus Gradam Iriseoir Nuachta na Bliana ar Justin McCarthy.

Ghnóthaigh Ray Kennedy, tuairisceoir le RTÉ News, gradam Television Justice Media mar gheall ar *Five Days in March: The Battle for Gorsehill*, ghnóthaigh Vivienne Traynor an gradam Justice Media maidir le Tuairisceoireacht Craoltóireachta as na Cúirteanna agus ghnóthaigh Will Goodbody gradam Justice Media maidir le Gné-ábhar Digiteach/Ar Líne. Ghnóthaigh Will Goodbody, an Comhfhreagraí Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an gradam don Tuairisceoir Gnó Speisialtóireachta ag féile ghradaim na nIriseoirí Gnó 2016.

Ar na gradaim idirnáisiúnta eile a gnóthaíodh, bhí an gradam don European 2016 Prix Circom Rising Star a bronnadh ar Nick Sheridan (RTÉ *News2day*) agus Bonn Domhanda Cré-Umha ag Gradaim Teilifíse & Scannánaíochta Fhéile Nua-Eabhrac a bronnadh ar David Murphy, Eagarthóir Gnó RTÉ, mar gheall ar an gclár faisnéise uair an chloig, *Tony O'Reilly: The Real Deal*.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin
Súil Siar ar an mBliain –
Ceolfhoirne, Ceathairéad
agus Cóir



# Ceolfhoirne na tíre



**Cothaíonn RTÉ ceolfhoirne, ceathairéad agus cóir náisiúnta na hÉireann do mhuintir na tíre.**

**184,000 duine a bhí i láthair ag coirmeacha cheolfhoirne RTÉ i rith na bliana 2016.**

## Maidir le Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ

**Tá níos mó ná 350 ceoltóir ar fad i ngrúpaí ceoil RTÉ, 130 acu sin ar ceoltóirí gairmiúla lánaimseartha iad. Is é RTÉ an crann taca is mó maidir le ceol ceolfhoirne a chur chun cinn in Éirinn. Cuirtear líon suntasach ceolchoirmeacha ar siúl (déantar cuid mhór acu sin a chraoladh agus a chur ar fáil ar an idirlíon) agus déantar ceol nua a choimisiúnú agus a sheinm. Anuas air sin, is léir an cúnamh taca a thugann RTÉ don cheol beo ón líon suntasach ceoltóirí neamhfhoirne a fhostaítear gach bliain ina gceoltóirí speisialta agus i mbun tionlacain chomh maith leis na ceoltóirí aonair agus na stiúrthóirí a bhfuil iomrá orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.**

### Toradh an tSaothair agus an Lucht Éisteachta

I rith na bliana 2016, sheinn ceolfhoirne, ceathairéad agus cóir RTÉ beo do líon ba mhó ná 184,000 duine. Seinneadh réimse leathan de cheol ardchaighdeáin ag 200 ceolchoirm nó ócáid bheo. Bhí cuid mhór de na ceolchoirmeacha sin a craoladh ar RTÉ lyric fm. Bhí roinnt eile le cloisteáil ar RTÉ Radio 1 agus 2fm agus go hidirnáisiúnta tríd an EBU. Chuir RTÉ lyric fm leis an gcraoladh fuaime trí sheirbhís nua sruthanna beo físe ar líne a chur ar bun i ndáil le roinnt ceolchoirmeacha a thug Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ.

Cuireadh réimse de sheánraí agus de stíleanna iléagsúla ceoil i láthair i rith shéasúir chomhordaithe ceolchoirmeacha, ceol clasaiceach agus ceol comhaimseartha, ceol ceoldrámaíochta agus ceol scannán, snagcheol agus ceol ghnáthphobal na linne seo san áireamh chomh maith le ceolchoirmeacha don teaghlach ar fad. Leathnaíodh leis an gcaidreamh a bhíonn ag an bpobal le ceolfhoirne le tionscnaimh éagsúla, ina measc formáid nuálach ceolchoirme maidir le ceol na ndaoine a ndearnadh a chur i láthair den chéad uair riamh ag féile Electric Picnic. D'éirigh chomh maith leis an bhformáid i gcomhar seo idir Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus 2fm gur cuireadh ar bun an athuair é os comhair lán an 3Arena i mBaile Átha Cliath. Sa bhreis ar na ceolchoirmeacha, rinneadh taifeadadh don raidió, don teilifís, do dhlúthdhioscaí tráchtála agus d'fhuaimrianta scannán.

Bhí níos mó ná 42 ócáid a bhain le cúrsaí oideachais, coirmeacha, ceardlanna agus agallaimh le pearsana iomráiteacha agus tráchtairí ar na himeachtaí a d'eagraigh Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ i rith na bliana.

### An Cur Chuige maidir le RTÉ 1916

Chuir Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ go mór le mórimeachtaí de chuid RTÉ mar chomóradh ar chéad bliain 1916. Bhí Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ ag seinm le hollchór de 1,000 duine ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin mar chuid de *A Nation's Voice*, craoladh beo ar RTÉ One mar chuid d'imeachtaí comórtha an Stáit ar Dhomhnach Cásca. An Chomhairle Ealaíon agus RTÉ a chuir an ócáid i láthair, i gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann, Cumann Chóir na hÉireann agus Music Generation mar chuid d'Éire 2016. Sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ ar Luan Cásca mar chuid de *Centenary* RTÉ féin a craoladh ar RTÉ One. Bhí dlúthpháirt ag gach ceann de na grúpaí taibhiúcháin in *Composing the Island* i mí Meán Fómhair, féile 28 ceolchoirm in imeacht trí seachtaine ag ar tarraingíodh aird ar cheol a chum Éireannaigh ón mbliain 1916 anall go dtí an bhliain 2016. Rinne Bord na Móna urraíocht ar an tsraith a chuir RTÉ agus an Ceoláras Náisiúnta i láthair mar chuid de RTÉ 1916 agus Éire 2016. Rinne RTÉ lyric fm taifeadadh buan ar na ceolchoirmeacha go léir.

### Ócáidí Speisialta

Ar na himeachtaí speisialta eile a eagraíodh, bhí Stravinsky in Focus, sraith dhá cheolchoirm le ceithre cinn de ghrúpaí RTÉ i mbun cur i láthair aonchineálach ar shaothar dhuine de na cumadóirí is iomráití ón 20ú haois. Bhí comhpháirtíocht chruthaitheachta i gceist le Cór Aireagail na hÉireann agus le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann ina chuid den fhéile chomh maith.


### Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ ('CFSN RTÉ')

Ar na buaicphointí a bhain le sraith cheolchoirmeacha síntiúis Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, bhí an tsuirbhéireacht ghairid ar shiansaí áirithe le Mahler agus Shostakovich, faoi stiúir an iar-Phríomh-Stiúrthóra Alan Buribayev, a thabhairt chun críche. Chuala an lucht éisteachta saothair mhóra le pearsana suntasacha de chuid an 20ú haois, ina measc Dutilleux, Lutoslawski agus Vasks, chomh maith le roinnt den cheol níos aitheanta ná sin (mar shampla siansaí agus coinseartónna le Bruckner agus Rachmaninov). Lean an cheolfhoireann ag obair le ceoltóirí aonair mórchlú as Éirinn agus thar tír isteach, ina measc na dordveidhleadóirí Alban Gerhardt agus Andreas Brantelid, na veidhleadóirí Alina Pogostkina agus Elina Vahala, na pianadóirí David Fray, Finghin Collins agus Stephen Hough, agus na hamhránaithe Tara Erraught agus Stéphane Degout. Bhí roinnt stiúrthóirí ardchumasacha a stiúraigh an chéad cheolchoirm in Éirinn acu, ina measc Nathalie Stutzmann, Duncan Ward agus Jaime Martin.

Taobh amuigh den phríomhshéasúr síntiúis, bhí seánraí eile ceoil á dtaobhú ag an gceolfhoireann, mar shampla rac-cheol siansach agus ceol clasaiceach na scannán á chur i láthair ag Dave Fanning (2fm) chomh maith le comhpháirtíocht nua a chothú (mar shampla leis an amhránaí agus an aisteoir gradamúil Camille O'Sullivan) nó fuaimriain chluichí ríomhaireachta agus dréachtaí den cheol clasaiceach a mbíonn tóir orthu a chur i láthair ag Eimear Noone, stiúrthóir agus cumadóir. Thug an cheolfhoireann coirmeacha ceoil i Loch Garman agus i nGaillimh.


> **"Ar na buaicphointí a bhain le sraith cheolchoirmeacha síntiúis Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ bhí an tsuirbhéireacht ghairid ar shiansaí áirithe le Mahler agus Shostakovich, faoi stiúir an iar-Phríomh-Stiúrthóra Alan Buribayev, a thabhairt chun críche."**

# TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ

# FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ




Foinse: RTÉ

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir (ar lean)

**"Ar cheann de na bearta a rinneadh maidir le comóradh céad bliain 1916 bhí an chéad chur i láthair ar *Mise Éire*, a raibh scór Sheáin Uí Riada á sheinm beo leis agus an stiúrthóir George Morrison agus an tUachtarán Michael D. Higgins i láthair."**

### Ceolfhoireann Coirme RTÉ ('CFC RTÉ')

Bliain eile den iléagsúlacht a bhí sa bhliain 2016 ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ a rinne ceol de sheánraí éagsúla a sheinm agus dul i bhfeidhm ar dhreamanna nua sa lucht éisteachta. Ar an ócáid ba mhó a tharraing aird, d'oibrigh Ceolfhoireann Coirme RTÉ le Jenny Greene, DJ de chuid 2fm agus leis an amhránaí Gemma Sugrue chun sraith d'amhráin chlasaiceacha damhsa ó na 90idí a chur i láthair ag féile Electric Picnic i mí Meán Fómhair. Ó d'éirigh chomh maith leis an gcéad ócáid sin, rinneadh réimse níos leithne arís a chur i láthair ag ceolchoirm sa 3Arena i mí na Samhna ar díoladh na ticéid ar fad lena aghaidh.

Ar cheann de na bearta a rinneadh maidir le comóradh céad bliain 1916, bhí an chéad chur i láthair ar *Mise Éire*, a raibh scór Sheáin Uí Riada á sheinm beo leis agus an stiúrthóir George Morrison agus an tUachtarán Michael D. Higgins i láthair. Sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ scór Patrick Cassidy beo le taispeáint de *1916: The Irish Rebellion*, a bhí á shruthchraoladh beo chuig ambasáidí na hÉireann ar fud an domhain. I rith dheireadh seachtaine na Cásca, sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ Aifreann Sochraide Mozart le Cór Aireagail na hÉireann i Mainistir na gCaipisíneach agus bhíothas páirteach i *Centenary* ar RTÉ One. Chuir Michelle O'Rourke agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ *Left Behind: Songs of the Widows of 1916,* sraith nua amhrán le Simon O'Connor, i láthair freisin. Mar chuid de chláir ceolchoirme Cheolfhoireann Coirme RTÉ sa tsraith *Composing the Island* rinneadh *Glencree* Siansa Uimh. 1 le Ina Boyle agus an bailéad siansach le Frederick May a sheinm, dhá shaothar nach minic iad a chloisteáil.

I measc na gceolchoirmeacha leis an bPríomh-Stiúrthóir John Wilson, seinneadh ceol clasaiceach, ceol ceoldrámaíochta agus ceol de chuid Bernstein, seinneadh ceol seónna agus ceol scannáin, agus seinneadh ceol le Patricia Bardon agus Finghin Collins. Ar na scannáin a cuireadh ar taispeáint ar scáileáin mhóra leis an gceol á sheinm beo, bhí *Raiders of the Lost Ark*, *Aliens* agus *Star Trek*. Bhí ceolchoirmeacha freisin leis na hamhránaithe mórchlú Plácido Domingo, Angela Gheorghiu, Curtis Stigers agus John Grant.

Ar an ábhar a taifeadadh bhí *Orchestrated*, le hamhránaíocht de chuid Joe Dolan, agus an scór don scannán *The Siege of Jadotville*. Tá Ceolfhoireann Coirme RTÉ le cloisteáil freisin ar *A Palace Among the Ruins*, an t-albam is deireanaí le Howard Shore, cumadóir a bhfuil gradaim Oscar, Grammy agus Golden Globe buaite aige, agus ar an albam *As Seen on The Late Late Show*, arna eisiúint ag RTÉ agus ag Universal Music Ireland mar chúnamh do Chumann Naomh Uinsionn de Pól.

Bhí Ceolfhoireann Coirme RTÉ ar *The Late Late Show* freisin ar chainéal teilifíse RTÉ One.

### Ceolchoirmeacha agus Obair i gComhar

Bhí baint ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ le taibhléiriú de chineálacha éagsúla i rith na bliana 2016, ina measc:

- Ceolchoirm speisialta ar an Oíche Cultúir arna chraoladh beo as Caisleán Bhaile Átha Cliath ar *Arena* ar RTÉ Radio 1
- Eagrán na Nollag de *Sunday Miscellany* sa Cheoláras Náisiúnta
- Seinm ar an teilifís ar *The Late Late Show*, *Saturday Night with Miriam* agus ar eagrán speisialta don teilifís de *Christmas Carols from Cork* ar RTÉ One
- *Don Giovanni* an Opera Theatre Company, arna aistriú ag Roddy Doyle, a cuireadh ar an stáitse i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh
- *The Armed Man* le Karl Jenkins i mbaisleac Chnoc Mhuire mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Cóir Mhaigh Eo
- Ceolchoirm mhór do Mhícheál Ó Súilleabháin ar dhul ar scor dó in Ollscoil Luimnigh
- Comórtas Stiúrthóireachta Fheis Ceoil BSL
- Ceoltóir Óg na Bliana na Másún

### Taifeadadh

Rinne Ceolfhoireann Coirme RTÉ taifeadadh i rith na bliana ar:

- *A Hidden Delight* le Michael Gallen, arna sheinm ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ in éineacht le Cór na nÓg RTÉ mar chuid de *The Lyric Feature – Wilde Stories*, RTÉ lyric fm
- Meascra d'amhráin mhóra an tsacair mar cheiliúradh ar Euro 16 i gcomhar leis an seinnteoir RTÉ Player
- DVD le Declan O'Rourke beo i Vicar Street


### Ceathairéad Contempo RTÉ

Chuir Ceathairéad Contempo RTÉ 40 ceolchoirm nó imeacht eile ar siúl, séasúir ceolchoirmeacha i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i gCill Chainnigh agus i Luimneach ina measc. Thug an ceathairéad an tSraith 20/20 chun críche agus cuireadh tús le Tionscadal Bartók. Cur i láthair uaillmhianach atá i gceist leis sin le sé cinn de cheolchoirmeacha i gceithre cinn d'ionaid ag a seinntear saothair bhuntábhachtacha idirnáisiúnta don cheathairéad in éineacht le ceol de chuid na hÉireann, chomh maith le saothair éagsúla arna gcoimisiúnú d'aon ghnó.

D'oibrigh an ceathairéad freisin le ceolfhoirne RTÉ, ceolchoirmeacha mall san oíche san áireamh mar chuid de chláir a bhí á gcur i láthair ag Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ; seinneadh ceol le Haydn mar chuid de cheolchoirmeacha speisialta RTÉ mar chomóradh ar Aoine an Chéasta; agus glacadh páirt in éineacht le Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ in Stravinsky in Focus. Chuir an ceathairéad dhá cheolchoirm shuntasacha ar siúl mar chuid de Composing the Island i mí Meán Fómhair agus sheinn saothar le Gerald Barry, arna choimisiúnú ag RTÉ, den chéad uair riamh go poiblí ag ceolchoirm speisialta i gcomóradh ar 1916 sa Wigmore Hall i Londain, a bhí á comheagrú ag Ambasáid na hÉireann i Londain.

## IMEACHTAÍ OIDEACHAIS CHEOLFHOIRNE RTÉ

2016 2015




Foinse: RTÉ

## IMEACHTAÍ CEOIL CHOMHAIMSEARTHA CHEOLFHOIRNE RTÉ

2016 2015




Foinse: RTÉ

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir (ar lean)

### Cór na nÓg RTÉ

Chuir an cór (ina bhfuil 64 leanbh 10 mbliana d'aois agus níos sine) roinnt ceolchoirmeacha/ ócáidí ar siúl faoin Stiúrthóir Cóir Mary Amond O'Brien. Cuireadh tús leis an mbliain le ceolchoirm amuigh faoin aer i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar ócáid mar chomóradh ar thús a chur le ceiliúradh an Stáit ar an gcéad bliain ó 1916. Cuireadh deireadh leis an mbliain 2016 le ceolchoirm Nollag dodhearmadta in éineacht le Máirtín O'Connor agus Gary Ó Briain in Eaglais Naomh Anna, a ndearnadh a thaifeadadh agus a chraoladh mar chuid de Lá Cheol na Nollag an EBU. Ar na ceolchoirmeacha eile a rabhthas páirteach iontu i rith na bliana, bhí ceann in éineacht le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus le Cór Fiolarmónach RTÉ i mbun Siomfóin Uimh. 3 le Mahler. Ar bhuaicphointí eile na bliana, rinneadh cantaireacht mar chuid de chraoladh beo *A Nation's Voice* ar RTÉ One Domhnach Cásca agus cuireadh ceolchoirm speisialta de cheol na hÉireann do leanaí ar siúl mar chuid de *Composing the Island* i mí Meán Fómhair.

### Cór Fiolarmónach RTÉ

Rinne Cór Fiolarmónach RTÉ saothair mhóra de chuid an 20ú haois le Stravinsky (*Symphony of Psalms*) agus le Prokofiev (*Alexander Nevsky*) a chur i láthair, arna stiúradh ag Alexandr Markovic agus Alan Buribayev faoi seach. Cuireadh ceolchoirm ar siúl freisin le dhá shaothar de chuid Arvo Part faoi stiúir Tõnu Kaljuste, fear eile de chuid na hEastóine. Chomh maith le *Páis Eoin* le Bach a chur i láthair ag an gceolchoirm ar Aoine an Chéasta a raibh oiread ag tnúth leis, bhí páirt mhór ag an gcór i gceolchoirm de chuid Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ faoin stiúrthóir cóir Mark Hindley. Ba shin an cheolchoirm dheiridh sa tsraith *Composing the Island* ag a ndearnadh dhá shaothar spéisiúla ó na 1920idí leis na cumadóirí Éireannacha Norman Hay agus Rhoda Coghill, a bhí ligthe i ndearmad, a chur i láthair lucht éisteachta arís den chéad uair le fada.

### Coimisiúin agus Saothair Nua

Saothar nuachoimisiúnaithe le Shaun Davey do reacaire, ollchóir agus ceolfhoireann a bhí i gcroílár *A Nation's Voice* chomh maith le téacs coimisiúnaithe le Paul Muldoon. Ar na coimisiúin shuntasacha eile de chuid RTÉ a cuireadh i láthair den chéad uair i rith na bliana 2016, bhí saothair ceolfhoirne le Raymond Deane agus le Andrew Hamilton (Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ) agus saothar don cheathairéad le Sebastian Adams, arna choimisiúnú ag RTÉ lyric fm (Ceathairéad Contempo RTÉ). Ar na cumadóirí Éireannacha eile ar cuireadh saothair dá gcuid i láthair ag ceolchoirmeacha den chéad uair i rith na bliana 2016, bhí Michael Gallen (Cór na nÓg RTÉ ).

Seinneadh ceol nua a chum cumadóirí eile de chuid na hÉireann le gairid, Kevin Volans, Linda Buckley agus Enda Bates ina measc, chomh maith le Kaija Saariaho, cumadóir de chuid na Fionlainne, mar chuid den tsraith nua ceolchoirmeacha *Music of Our Time*. Bhí tionscnamh píolótach, Composer Lab, ina chuid den tsraith sin freisin. Tionscnamh i gcomhar le Lárionad an Cheoil Chomhaimseartha a bhí ansin agus rinne Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ cleachtadh ar shaothair de chuid na gcumadóirí Amanda Feery, Eric Skytterholm Egan agus Scott McLaughlin, faoi choimirce an mheantóra, David Fennessy, sular seinneadh go poiblí iad sa Cheoláras Náisiúnta.

Bhí saothair nua do cheolfhoirne le cumadóirí eile de chuid na hÉireann, Gerald Barry, Seoirse Bodley, John Buckley, Seán Clancy, Siobhán Cleary, Donnacha Dennehy, David Fennessy, Stephen Gardner, Deirdre Gribbin, Brian Irvine, John Kinsella, Gráinne Mulvey, Kevin O'Connell agus Bill Whelan ina measc, ar na saothair a sheinn grúpaí RTÉ.

### Oideachas

Rinne Ceolfhoireann Náisiúnta Siansa RTÉ agus an t-áisitheoir Paul Rissmann, sraith ceithre cinn de cheolchoirmeacha ag a raibh beagnach 4,000 dalta scoile ó rang an Teastais Shóisearaigh agus rang na hArdteistiméireachta, agus a gcuid múinteoirí, as gach cuid d'Éirinn. Cuireadh naoi gcinn de choirmeacha *Musical Adventures* ar siúl i rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag - cur i láthair ceolchoirme atá sainchóirithe do leanaí idir 8 agus 12 bliana d'aois ag a seinntear ceol clasaiceach agus ceol a oireann don séasúr.

Lean Ceolfhoireann Coirme RTÉ leis an tsraith *Music in the Classroom* le seacht gcinn de cheolchoirmeacha ag a raibh líon níos mó ná 6,000 leanbh.

Lean Ceathairéad Contempo RTÉ leis an tsraith de cheardlanna poiblí ag obair le ceathairéad leanaí i gCeol-Acadamh na hÉireann.

> **"Saothar nuachoimisiúnaithe le Shaun Davey do reacaire, ollchóir agus ceolfhoireann a bhí i gcroílár *A Nation's Voice* chomh maith le téacs coimisiúnaithe le Paul Muldoon."**





# Teanga bheo

Tá an Ghaeilge fréamhaithe ins an gcur chuige a threoraíonn 25 seirbhís RTÉ.


ETIHAD
Centra
Liberty Insurance

## Maidir leis an nGaeilge agus RTÉ

**Tá an Ghaeilge i gcroílár gach a ndéanaimid in RTÉ. Ba ócáid thábhachtach a bhí ann don teanga agus do RTÉ nuair a seoladh Meáin Ghaeilge RTÉ: Plean Gníomhaíochta 2015-2019 i Meán Fómhair 2015. Luaitear beagnach 100 gníomh ann a bhaineann le réimsí éagsúla RTÉ agus tríd an tionscnamh, féachtar leis an nGaeilge a fhí isteach i ngach a ndéanaimid. An aidhm atá leis ná go mbeadh RTÉ ina cheanncheathrú i dtaobh na nuálaíochta sna meáin Ghaeilge agus go gcruthófaí timpeallacht bhríomhar maidir le hábhar Gaeilge a chruthú ina mbeadh an leas is fearr á bhaint as tallann, as scileanna agus as cruthaitheacht na ndaoine den fhoireann a bhfuil Gaeilge acu.**

### Nuálaíocht ón Lár Amach

Tháinig deireadh leis an mbliain tosaigh de Phlean Gníomhaíochta RTÉ i leith na Meán Gaeilge i mí Meán Fómhair 2016. Thug RTÉ faoi deara toradh láidir ar an bhforbairt nua seo maidir leis an nGaeilge, go háirithe:

- Úsáid níos minice as an nGaeilge ag lucht leanúnachais ar an teilifís
- An leagan Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta á úsáid i bhfeasacháin nuachta agus in áiteanna eile
- Tráchtaireacht sa dá theanga á chur ar fáil ar chluichí i gCraobhchomórtais CLG agus ag Euro 2016
- Úsáid na Gaeilge ar RTÉ 2fm
- Leathnú ar Sheachtain na Gaeilge ar RTÉ agus an ghníomhaíocht a bheith i bhfad níos feiceálaí
- Gaeilge a bheith in úsáid ar phríomhardáin agus ar phríomhchuntais RTÉ ar na meáin shóisialta
- Ceol 2016 a sheoladh chomh maith leis an leagan Gaeilge de Thinking Out Loud le Ed Sheeran
- Táirgí digiteacha Gaeilge, de leithéid An Seinnteoir Raidió agus aip Saorview, a sheoladh

Bíonn tionchar suntasach freisin ag ábhar cláir teilifíse i nGaeilge ar RTÉ agus is minic a sháraítear sciar 20% den lucht féachana ainneoin na cláir a bheith sa sceideal ar aghaidh chláir de leithéid Coronation Street. Bhí Fleadhed ar an gclár is mó lucht féachana (taobh amuigh de na feasacháin nuachta) in Éirinn Dé Luain dheireadh seachtaine saoire bainc Dheireadh Fómhair le líon lucht féachana ab airde ná 300,000.

### Forbairt sa Réimse Digiteach

Sheol RTÉ roinnt táirgí nua digiteacha Gaeilge i rith na bliana 2016.

I mí Márta, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, sheol RTÉ aip Seinnteoir Raidió lena dtugtar le chéile seirbhísí raidió Gaeilge uile na hÉireann chomh maith leis na stáisiúin raidió eile ar fad atá le fáil ar aip Irish Radioplayer. Is trí Ghaeilge amháin a oibríonn comhéadan an úsáideora ar An Seinnteoir Raidió. Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta páirtmhaoiniú ar an aip a rinneadh a fhorbairt i gcomhar le Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI).

### Rogha níos Leithne

Cuireadh aip Saorview ar fáil go hiomlán i nGaeilge freisin. Aithnítear go huathoibríoch na socruithe teanga atá ar d'fhón póca agus bíonn i nGaeilge nó i mBéarla de réir mar atá roghnaithe agat ar an bhfón. Cuireann an aip le suíomh idirlín iomlán dhátheangach Saorview, an chéad cheann dá leithéid ag RTÉ.

Thug RTÉ.ie isteach ailt trí Ghaeilge ar bhonn trialach den chéad uair i rith na bliana 2016. Cuireadh ábhar i nGaeilge anseo agus ansiúd idir ábhar Béarla ar an suíomh idirlín. Beidh an tionscadal sin á thabhairt i gcrích níos mó arís i rith na bliana 2017 nuair a cheapfar comhordaitheoir nua Gaeilge don réimse digiteach.

Mar chuid den chomóradh ar chéad bliain 1916, seoladh tionscadal cartlannaíochta nua digiteach, reabhloid.ie, lena mbaineann RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) i gcomhar le OÉG. Ar an suíomh idirlín, ar a n-úsáidtear agallaimh, léachtaí agus cláir fhaisnéise a craoladh ar RTÉ RnaG ó thráth a bhunaithe sa bhliain 1972, cuirtear fuaim, téacs, mapaí agus ábhar eile ar fáil le chéile ionas go gcruthaítear cnuasach fiúntach atá ar fáil ag an bpobal i gcoitinne, ag an lucht taighde agus ag lucht na staire.

Lean RTÉ den Ghaeilge a úsáid ar fud ardáin éagsúla na meán sóisialta, ag leathnú i rith na bliana 2016 tríd an dá phríomhchuntas teilifíse ar Twitter a thabhairt san áireamh. Rinneadh tuairim is 10,000 tvuít Gaeilge a sheoladh amach i rith bhliain tosaigh phlean gníomhaíochta na Gaeilge.

### Teilifís

Tháinig méadú 1.5 uair an chloig ó thaobh ábhar nua ó bhun ar RTÉ i rith na bliana agus tháinig athrú freisin ar chruth agus ar stíl oibre na rannóige de réir na gcuspóirí a luaitear i bplean gníomhaíochta Mheáin Ghaeilge RTÉ.

Faoin gceannasaí seánra, Colm O'Callaghan, léirigh an fhoireann inmheánach roinnt sraitheanna nua do sceideal RTÉ One: sraith trí chlár a bhí in *Ar Son na Poblachta* inar scrúdaíodh scéalta leataobhacha ó Éirí Amach 1916; sraith nua dhá chlár a bhí i gceist le *Comhrialtas* inar scrúdaíodh an tionchar a bhí ag comhrialtas ag amanna éagsúla i rith stair an Stáit – bhí ceangal, den chéad uair

> **"Mar chuid den chomóradh ar chéad bliain 1916, seoladh tionscadal cartlannaíochta nua digiteach, reabhloid.ie, lena mbaineann RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG) i gcomhar le OÉG."**

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – An Ghaeilge
**(ar lean)**

riamh, idir RTÉ One agus RnaG maidir leis an tsraith seo; sraith dhá chlár a bhí in *Euros* inar scrúdaíodh stair spleodrach na hÉireann ag Craobhchomórtas Sacair na hEorpa sa bhliain 1988 agus arís sa bhliain 2012; agus scáthshnáithe nua a bhí i gceist le *Fleadhed* a leanfaidh de shúil a chaitheamh ar ghnéithe uile an cheoil ar fud phobal na hÉireann.

Bhí na sraitheanna suntasacha *Scannal* agus *Cloch Le Carn*, atá ar siúl le tamall maith de bhlianta, chun tosaigh arís ar RTÉ One.

I mí na Samhna agus i mí na Nollag, craoladh sraith ceithre chlár ar RTÉ One *Polaitíocht: Power on the Box* ar thug an tÚdarás Craolacháin tacaíocht airgid lena haghaidh. Harry McGee a scríobh agus a chuir an tsraith i láthair. Bhí ceangal ó thaobh taighde agus cúnamh taca idir an tsraith seo agus Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in OÉG.

Leanadh den bhéim i réimse na teilifíse a chur ar éagsúlacht na dtráthanna craolta seachas na tráthanna craolta traidisiúnta na gclár Gaeilge. D'éirigh go maith le tráth athchraolta *Scannal* ag 6:30 i.n. i rith an tsamhraidh le meánsciar 25% den lucht féachana. Tharraing *Fleadhed*, a craoladh ag 6:30 i.n. ar dheireadh seachtaine bainc mhí Deireadh Fómhair, sciar 27.5%.

Tá cúnamh an Údaráis Craolacháin tarraingthe arís ag RTÉ maidir le smaointe bríomhara beo d'ábhar i nGaeilge. Rinne an rannóg níos luaithe i mbliana, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta don Ghaeilge, clár faisnéise aon uaire a choimisiúnú a chraolfar i bhfómhar na bliana 2017.

> “Chuir RTÉ go mór leis na roghanna maidir le tráchtaireacht spóirt i dhá theanga i rith na bliana 2016. Rinne Gary Mac Donncha tráchtaireacht ar chluichí leathcheannais agus ar chluichí ceannais na gcraobhchomórtas iomána agus peile Uile-Éireann in éineacht le beirt a bhí ina gcaptaen ar fhoirne a bhuaigh craobh na hÉireann, Dara Ó Cinnéide as Ciarraí agus Pat Fleury as Uíbh Fháilí. ”

### Rogha Teangacha

Chuir RTÉ go mór leis na roghanna maidir le tráchtaireacht spóirt i dhá theanga i rith na bliana 2016. Rinne Gary Mac Donncha tráchtaireacht ar chluichí leathcheannais agus ar chluichí ceannais na gcraobhchomórtas iomána agus peile Uile-Éireann in éineacht le beirt a bhí ina gcaptaen ar fhoirne a bhuaigh craobh na hÉireann, Dara Ó Cinnéide as Ciarraí agus Pat Fleury as Uíbh Fháilí. Tugadh an rogha tráchtaireachta isteach maidir le cluichí sacair freisin i rith na bliana 2016 agus bhí cluichí uile na hÉireann ag Euro 2016 ar fáil ar RTÉ2 i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuireadh leis an úsáid as an nGaeilge idir cláir ar RTÉ One agus ar RTÉ2 i rith na bliana 2016. Rinneadh fógraí leanúnachais i nGaeilge ar an dá sheirbhís i rith na bliana – agus ní le linn Sheachtain na Gaeilge amháin mar a bhíodh de nós go dtí seo.

### Agallaimh as Gaeilge

Bhí sraith agallamh as Gaeilge ar *Two Tube* ar RTÉ2, le Daithí Mac Suibhne a bhíonn ar Fair City agus le Chris Greene a bhíonn ar RTÉ 2fm, i measc daoine eile, agus iad ag caint ar an gceangal atá acu leis an nGaeilge. Bhí gné-fhíseán speisialta air freisin faoin bhféile Ravelóid, le ceol agus caint ó leithéid Mundy agus na Hothouse Flowers.

Lean RTÉjr den ábhar Gaeilge agus den ábhar dátheangach a chur amach i rith na bliana 2016. Craoladh sraith nua de chuid *Lily's Driftwood Bay* as Gaeilge agus leaganacha Gaeilge de shraitheanna a mbíonn tóir orthu, mar shampla *Lifeboat Luke*, *Inis Spraoi* agus *Nelly & Nora*.

### RTÉ Raidió na Gaeltachta

Ba bhliain speisialta an bhliain 2016 ag RTÉ RnaG. Bhí páirt lárnach ag an gcomóradh ar chéad bliain 1916 maidir le hábhar cláir an stáisiúin. Tharraing comórtas do dhaltaí scoileanna dara leibhéal, ó thuaidh agus ó dheas den teorainn, líon ollmhór iarratas. Le ciste faoi Éire 2016 – An Teanga Bheo, bhí ar na daltaí clár raidió 30 nóiméad a chruthú bunaithe ar théama a bhain le 1916. Bhí caighdeán na n-iarratas chomh hard sin gur roghnaíodh seacht gcinn de scoileanna, seachas cúig cinn mar a bhí beartaithe ar dtús, chun clár raidió a léiriú. Le cabhair ó léiritheoir gairmiúil, rinneadh na cláir a chraoladh i rith laethanta saoire na Cásca ar RTÉ RnaG.

Rinne clár cúrsaí reatha na maidine, *Adhmhaidin,* ceiliúradh ar 30 bliain ar an aer ar Luan Cásca le heagrán speisialta as Teach an Phiarsaigh, Ros Muc i gConamara.

### Coinneáil Bord ar Bhord le Cúrsaí

Lean an tseirbhís den fhorbairt ar an ábhar nuachta, cúrsaí reatha agus spóirt. Léiríodh líon mór de chláir speisialta agus de thuairiscí speisialta faoi imeachtaí éagsúla, mar shampla an tOlltoghchán, Toghcháin Thionól Thuaisceart Éireann, reifreann an Bhreatimeachta, Toghchán Uachtaránachta

na Stát Aontaithe, Craobhchomórtas Sacair na hEorpa agus na Cluichí Oilimpeacha, chomh maith le scéalta agus ócáidí in Éirinn agus sna ceantair Ghaeltachta.

Lean RTÉ RnaG d'fheasacháin Nuachta a chur ar fáil beo do RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric fm i rith an lae, chomh maith leis an tseirbhís shainiúil nuachta de chuid an stáisiúin féin maidir le nuacht náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnach. Chomh maith le seirbhís nuachta ar líne don Ghaeltacht a chur ar fáil, rinne RTÉ RnaG cion tairbhe freisin, i gcomhar le Nuacht RTÉ, maidir leis an tseirbhís Nuachta ar líne a chur ar fáil.

### Aitheantas

Don séú bliain as a chéile, bhuaigh craoltóir de chuid RTÉ RnaG an gradam do Chraoltóir Raidió na Bliana ag Féile Idirnáisiúnta na Meán Ceilteach. Bronnadh gradaim agus duaiseanna eile ar bhaill foirne de chuid RTÉ RnaG freisin i rith na bliana, ina measc gradaim raidió PPI agus Gradaim Chumarsáide an Oireachtais.

Is fada an tábhacht leis an gceol traidisiúnta mar ghné den sceideal agus b'ionann an cás sa bhliain 2016. Rinneadh craoladh beo ó Oireachtas na Gaeilge, ó Fhleadh Ceoil na hÉireann, ó Shiansa Ghael Linn, ó Bhonn Óir Sheáin Uí Riada agus ó ócáidí agus féilte eile, gan trácht ar an ábhar taifeadta a bailíodh agus a craoladh. Leagadh béim freisin ar cheol comhaimseartha trí Ghaeilge le craoladh de leithéid *Raveléid* beo as an Sugar Club, gradaim ceoil Nós a thaifeadadh agus úsáid a bhaint go minic as ceol ar fud an sceidil.

### RTÉ 2fm

Rinneadh trácht ar fud an domhain ar RTÉ 2fm nuair a seoladh an t-albam *Ceol 2016* ar a bhfuil amhrán arna thaifeadadh i nGaeilge ag Ed Sheeran. Ar na ceoltóirí iomráiteacha eile a bhfuil leagan Gaeilge d'amhrán dá gcuid ar an albam, tá Kodaline, The Coronas agus Seo Linn.

Cuireadh athrú drámatúil i rith na bliana 2016 ar an gclár *Chart Show* atá á chraoladh le fada ar an Aoine ar RTÉ 2fm. Chuir láithreoir nua, Bláthnaid Treacy, an clár i láthair i nGaeilge agus i mBéarla, agus bhí an-ghlacadh ag an lucht éisteachta leis seo. Chuir sin leis an mblas láidir Gaeilge a bhí ar RTÉ 2fm cheana féin le Gaeilge in úsáid ó am go chéile i rith an chláir ag Eoghan McDermott ag tráth tiomána an tráthnóna.

### RTÉ Radio 1

Den chéad uair riamh i stair RTÉ Radio 1, athraíodh i rith na bliana 2016 na feasacháin Nuachta Gaeilge ar fad go dtí tráthanna na huaire. Fágann an t-athrú go dtí na tráthanna is suntasaí blas Gaeilge níos láidre ar an tseirbhís agus bíonn caidreamh rialta anois i nGaeilge idir na léitheoirí Nuachta agus láithreoirí Radio 1.

Lean RTÉ Radio 1 den chuid is fearr d'ábhar RTÉ RnaG a chur ar an aer in *An Scoth* agus ar *Playback*. Déantar nuacht agus cúrsaí reatha i nGaeilge a chur ar fáil ar fud sceideal Radio 1, chomh maith le roinnt léiriúchán drámaíochta ar *Drama on One*. Cuireadh leagan Gaeilge de *The Book on One* ar siúl i rith Sheachtain na Gaeilge.

### Nuacht

D'infheistigh RTÉ beagnach €700,000 san uasghrádú ar chóras léiriúcháin Avid News do Nuacht sa cheanncheathrú i mBaile na hAbhann i gConamara, an infheistíocht is mó de chuid RTÉ sna réigiúin i rith na bliana seo.

Bhí bliain an-mhaith ag Nuacht ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin dhigiteacha maidir le cúrsaí nuachta in Éirinn agus thar lear.

Leanann Nuacht de sheirbhís Nuachta Teilifíse a chur ar fáil gach lá do RTÉ One, RTÉ News Now agus TG4 ón gceanncheathrú i gConamara. Cuirtear ábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil chomh maith le dearcadh faoi leith ar chúrsaí Gaeltachta, Gaeilge agus tuaithe. Déantar, freisin, tuairiscí agus ábhar eile a chur ar fáil gach lá do RnaG le haghaidh feasacháin Nuachta ar RTÉ Radio 1, 2fm agus lyric fm.

### Réimse Leathan

Tharraing Nuacht dhigiteach beagnach ceithre mhilliún cuairt ar leathanaigh i rith na bliana agus is cuid bhunaithe de réimse digiteach RTÉ atá ann faoi seo. Tarraingíonn an tseirbhís, a bhfuil béim níos mó á leagan aici ar scéalta réigiúnacha, áitiúla agus Gaeltachta ar ábhar ó Nuacht agus ó RnaG araon lena chur ar fáil ar líne agus ar na meáin shóisialta.

Léirigh Nuacht tráchtaireacht chuimsitheach a raibh glacadh maith leis faoi imeachtaí in Éirinn agus thar lear, faoi chomóradh 1916, faoin mBreatimeacht, faoin ionsaí i Nice, faoi thoghcháin na Stát Aontaithe agus, ar ndóigh, faoin Olltoghchán agus faoin Rialtas a chur le chéile. Comhléiriú idir RTÉ agus TG4 a bhí in *Vóta 2016* ar TG4 agus cuireadh 16 uair an chloig ar fáil de thráchtaireacht beo ar na torthaí. Le modh oibre aon iriseoir físe amháin a cuireadh tuairiscíocht Nuacht ar Euro 2016 agus ar Thoghcháin na Stát Aontaithe ar fáil, le hábhar á chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Léirigh Nuacht an tsraith *Féilte: Slí an Atlantaigh* freisin a bhí ar cheann de na sraitheanna is fearr a chruthaigh ar TG4 i rith na tsamhraidh. D'éirigh go maith le sraith ghairid ceoil freisin do sceideal na Nollag ar TG4 chomh maith le sraith ábhar cartlannaíochta mar cheiliúradh ar 20 bliain de Theilifís na Gaeilge.

### Caidreamh Seachtrach

Ghlac 20 dalta idirbhliana as scoileanna Gaeltachta agus as Gaelscoileanna ar fud na tíre páirt i gcúrsa píolótach oiliúna sna meáin chumarsáide ar feadh seachtaine ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht Chonamara. Eagraíodh an cúrsa i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in OÉG. Chomh maith le leas a bhaint as áiseanna an Acadaimh chun ábhar a chruthú, thug na daltaí cuairt ar RTÉ RnaG, ar RTÉ Nuacht, ar TG4 agus ar chomhlachtaí neamhspleácha meán cumarsáide sa cheantar. Chruthaigh gach duine de na daltaí tionscnamh fuaime nó tionscnamh físe mar chuid den chúrsa a raibh modúil ar líne ag gabháil leis chomh maith.

### Oiliúint Teanga

Lean RTÉ de dhlús a chur leis an gcomhpháirtíocht le OÉG agus cruthaíodh cúrsa oiliúna teanga faoi leith do chraoltóirí Gaeilge RTÉ. Rinneadh sraith de chúrsaí teanga a chur ar siúl go hinmheánach freisin chun deis a thabhairt do bhaill foirne Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.

D'oibrigh RTÉ i gcomhar leis na príomheagraíochtaí Gaeilge freisin maidir le himeachtaí a chruthú a bheadh ar siúl i nGaeilge le linn *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid* a eagraíodh ar Luan Cásca mar chuid den chomóradh ar 1916.

### Seachtain na Gaeilge

Chuir RTÉ go mór le Seachtain na Gaeilge sa bhliain 2016. Cruthaíodh bailiúchán do leanaí ar na seinnteoirí RTÉ Player agus RTÉ Player International a bhí dírithe ar thuismitheoirí thar lear ar mian leo go mbeadh eolas ar an nGaeilge ag a gcuid leanaí. Thug RTÉ 2fm faoi fheachtas nua chun leabhair nua Ghaeilge a chur chun cinn agus bhí an t-aisteoir Clíona Ní Chiosáin ar an gclár le Eoghan McDermott le blas dátheangach a chur ar an gclár gach lá. Athraíodh íomhá cláir an stáisiúin go Gaeilge chomh maith le haghaidh Sheachtain na Gaeilge.



# Féach, Éist, Imir

**Ábhar mórtais do RTÉ an t-aon seirbhís shainiúil náisiúnta do leanaí, do thuismitheoirí agus don lucht oideachais a chur ar fáil.**



## Maidir le Seirbhísí RTÉ do Dhaoine Óga

**Féachann RTÉ lena chinntiú go dtugann an réimse seirbhísí saindírithe do dhaoine óga a chuirtear ar fáil ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste léiriú ar an saol faoi mar a chaitheann siadsan é. Cuireann seirbhísí tacaíochta digiteacha eolas ar fáil do thuismitheoirí agus gníomhaíochtaí agus ábhar tacaíochta ar fáil do leanaí agus do lucht oideachais. Is cuid lárnach den dúthracht maidir leis an tseirbhís phoiblí an tseirbhís phoiblí faoi leith seo a chuirtear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.**

**Cuireadh réimse an-leathan de stíleanna cláir ar fáil i rith na bliana 2016 don chuid is óige de lucht féachana RTÉ agus leagadh béim ar an eolaíocht, ar an dúlra, ar shláinte na colainne, ar na healaíona, ar an gceol agus ar an drámaíocht.**

**Pléadh leis na healaíona agus le ceardaíocht, le hióga agus aclaíocht, leis an stair nádúrtha, leis an eolaíocht agus le greann ar na cláir nua ar RTÉjr do dhaoine faoi bhun seacht mbliana d'aois ar an deireadh seachtaine, *Pop Goes the Weekend*, agus sa tsnáithe laethúil *Twigín* (a léirítear araon go hinmheánach).**

**Saolta Nua a Fhiosrú**

Rinneadh coimisiúnú ar bhreis cláir do na leanaí faoi sheacht mbliana d'aois agus bhí béim ar an eolaíocht, ar chláir fhaisnéise, ar chúrsaí oidhreachta agus ar na healaíona agus ar cheardaíocht. Rinneadh fiosrú faoin spás agus faoin gcruinne le sraith nua 10 gclár *Rocketeers* (Crossing the Line Films), arna chur i láthair ag Simon Watt. Bhí cúnamh áirithe ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) i ndáil leis an tsraith sin. Cúrsaí teicneolaíochta agus an próiseas déantúsaíochta a bhí mar ábhar sa tsraith cúig chlár déag *Wonder What?* (stop. watch television) do leanaí idir ceithre bliana agus sé bliana d'aois. Craoladh an dara sraith den tsárshraith faisnéise fiadhúlra *Wild Things* (Crossing the Line Films) ar ar taispeánadh an fabhcún gorm, an fia buí, an rón glas agus an cruidín, i measc ainmhithe eile.

"Rinne RTÉjr ceiliúradh ar chomóradh céad bliain 1916 le *Kidspeak 1916* (léiriúchán inmheánach) sraith de mhíreanna eatramhacha drámaíochta, inar cuireadh i láthair an saol a bhí ag leanaí óga thart ar aimsir an Éirí Amach."

Rinneadh scrúdú ar chúrsaí éagsúlachta agus ar chúrsaí míchumais sa tsraith faisnéise, *What Makes My Day* (Crossing the Line Films), a craoladh ar RTÉjr, trí scéalta deichniúr leanaí a chur i láthair, ina measc Alannah atá seacht mbliana d'aois agus nach bhfuil an t-amharc aici mar atá ag leanaí eile; Callum atá deich mbliana d'aois agus ar breá leis aire a thabhairt dá dheartháir óg, Richard, a bhfuil riachtanais speisialta aige; Seán atá naoi mbliana d'aois agus a thaispeánann dúinn an saol atá ag daoine a chónaíonn ar oileán agus Johnny Boy atá seacht mbliana d'aois agus ar duine den lucht siúil é ach atá i mbun cónaithe i dteach.

Leis an tsraith spleodrach faire, *Circus World* (Fubar Films), tugadh an lucht féachana isteach sa saol teaghlaigh atá ag muintir Gerbola a chaitheann deich mí den bhliain ar an mbóthar le sorcas an teaghlaigh. Tugadh leanaí ag eachtraíocht amuigh faoin aer ar *How to Do Everything* (Macalla Teo) agus iad ag foghlaim le rudaí spéisiúla a dhéanamh, mar shampla an réalta thuaidh a aimsiú, múineadh do mhadra le maide nó liathróid a thabhairt ar ais chucu nó damba a dhéanamh ionas go gcruthófar locháin.

**Linne Stair na Linne**

Rinne RTÉjr ceiliúradh ar chomóradh céad bliain 1916 le *Kidspeak 1916* (léiriúchán inmheánach) sraith de mhíreanna eatramhacha drámaíochta, inar cuireadh i láthair an saol a bhí ag leanaí óga thart ar aimsir an Éirí Amach. Tugadh spléachadh iontu seo ar shaol leanaí in aicmí sóisialta éagsúla i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe in Éirinn céad bliain ó shin. Tugadh léargas gairid don lucht féachana óg ar shaol leanaí dá n-aois féin i ré eile den stair.

Cuireadh seanamhráin i láthair do lucht éisteachta nua le dhá shnáithe nua ceoil – *Do Re Mi* agus *Sing-along with Clara* (iad araon á léiriú go hinmheánach).

Luadh 15 peata eile a d'fhéadfadh leanaí agus a gcuid tuismitheoirí a mheas in *I Want a Pet* (léiriúchán inmheánach) agus scrúdaíodh liosta eile de shéadchomharthaí náisiúnta ar *Magical Sites* (léiriúchán inmheánach). Míníodh comhthéacs stairiúil gach ceann de na séadchomharthaí trí chnámhscéalta beaga drámaíochta a raibh leanaí óga i ngach ceann acu. Leanadh leis an suirbhé ar cheardaithe in Éirinn le *Makers* (léiriúchán inmheánach) lenar taispeánadh próiseas na ceardaíochta ón amhábhar go dtí an t-earra saothraithe.

**Beocht Beochana**

Cuireadh tús leis an gcéad scéim Gearrscannáin Beochana de chuid RTÉ agus rinneadh coimisiúnú ar ghearrscannáin ó cúig cinn de stiúideonna anamúlachta in Éirinn – Pink Kong Studios, Wiggleywoo, Studio PowWow, Whackala agus Treehouse Republic. Craoladh na scannáin i rith laethanta saoire lár téarma an fhómhair

D'éirigh go maith arís le hábhar beochana na hÉireann ar RTÉjr leis an tsraith nua grinn *Zig & Zag* (Double Z Enterprises, Flickerpix agus Jam Media) san earrach; an tsraith siamsaíochta agus eolaíochta *Kiva Can Do!* (Kavaleer); agus sraith nua de ghearrscannáin ghrinn, *Harry & Bip* (Ink and Light), faoi na heachtraí a tharlaíonn do dhá phiongain. Craoladh freisin an dara sraith de *Puffin Rock* agus de *The Day Henry Met...*

Ghlac láithreoirí RTÉjr páirt i gceardlanna nó bhí siad i gceannas ar cheardlanna ag réimse leathan imeachtaí agus ócáidí i rith na bliana, ina measc Taispeántas Teicneolaíochta agus Eolaí Óg BT, *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*ar Luan Cásca, féile garraíodóireachta Bloom i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, Féile Teaghlaigh Institiúid Scannánaíochta na hÉireann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus *Peter and the Wolf* á sheinm ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ sa Cheoláras Náisiúnta.

**Acmhainní do Dhaoine Fásta**

Leathnaíodh lena gcuireann RTÉjr don Duine Fásta ar fáil ionas go bhfuil blag do

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Leanaí & Daoine Óga

**(ar lean)**

thuismitheoirí ar fáil anois. Cuirtear agallamh ar shaineolaithe i stiúideo faoi réimse ceisteanna, mar shampla codladh, sábháilteacht ar líne, láimhseáil feirge, taisteal agus cruthaitheacht, agus bíonn sin ar fáil ar an mblag.

Seoladh an chéad bhailiúchán d'acmhainní teagaisc maidir le cláir faoi leith ar shuíomh idirlín RTÉjr freisin. Tá pleananna ceachta agus nótaí múinteora ar fáil a ghabhann le *Magical Sites* agus le *Makers*. Lean Club Leabhar RTÉjr, i gcomhar le Children's Books Ireland, d'fhóram a chur ar fáil do thuismitheoirí ar ar féidir leabhair dá gcuid leanaí a phlé.

Rith RTÉjr dhá fheachtas poiblí. Bhí an craoltóir Claire Byrne ceangailte leis an gcéad cheann a bhaineann le ceisteanna maidir le litearthacht meán cumarsáide. Díríodh aird ar ábhar ilardáin RTÉ do leanaí a bheith ina spás ina bhféadfadh ógánaigh dul i mbun idirghníomhaíochta le hábhar digiteach go sábháilte. Díríodh aird leis an dara feachtas ar luachanna lárnacha RTÉjr maidir le gliondar agus uilechuimsitheacht. Le gairm ar na meáin shóisialta, chruinnigh RTÉjr na céadta grianghraf de leanaí ag sciotaíl agus cuireadh iad sin in úsáid i ndáil le cúig cinn de scannáin bholscaireachta a raibh glórtha leanaí le cloisteáil orthu ag rá "get giggly" i seacht gcinn déag de theangacha éagsúla, Rúisis, Svahaílis agus Sínis ina measc. Craoladh na scannáin bolscaireachta ar ardáin éagsúla, ina measc cainéal teilifíse RTÉjr agus cuntais ar líne agus meáin shóisialta an chainéil; ar RTÉ2; agus ar RTÉ One.

Lean aip RTÉjr ag cruthú go maith i rith na bliana 2016 le níos mó ná milliún leathanach á cheadú gach mí. Cuirtear sruthanna beo físe ar fáil chomh maith le hábhar físe agus fuaime ar a éileamh agus roinnt cluichí.

### RTÉjr Radio

Tugadh aitheantas do shaibhreas sceideal RTÉ do leanaí óga i rith na bliana 2016 le gradaim shuntasacha agus ainmniúchán ina leith. Bronnadh gradam Stáisiún Raidió na Bliana ar RTÉjr Radio ag Féile na Meán Ceilteach i mí Aibreáin. I mí Deireadh Fómhair, bronnadh gradam airgid PPI ar an stáisiún i rang Stáisiún Iomlán Seirbhíse na Bliana agus cuireadh ar an ngearrliosta é sa Chatagóir maidir le Fuaim Dhigiteach ag comórtas Prix Europa 2016.

Cuireadh *CAKE – Culture and Arts for Kids and Everyone*, sraith deich gclár faoi chúrsaí ealaíne ar an ngearrliosta maidir le roinnt ghradaim mhóra ina measc an gradam don Chlár is Fearr do Leanaí/Daoine Óga ag Féile Nua-Eabhrac agus gradaim raidió PPI. Tá an tsraith, ina raibh ealaíontóirí agus ceoltóirí iomráiteacha de leithéid Julie Feeney agus Rasher le cloisteáil bunaithe ar an meon go bhfuil na cearta cultúir céanna ag an leanbh agus atá ag an duine fásta.

### TRTÉ ar RTÉ2 agus an Fón Póca

Cuireadh tús leis an dara bliain ag an bpríomhbhranda de chuid TRTÉ do leanaí bunscoile, Swipe TV, le breis nuálaíochta ar fud na n-ardán. Tugann aip Swipe TV cainéal beag dá gcuid féin do leanaí atá idir seacht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois. Is féidir leo caidreamh a bheith acu leis tráth ar bith agus ábhar nó tuairimí dá gcuid féin a chur in iúl, rud a fhéadann tionchar a imirt ar ábhar an chláir – agus fanacht i dtimpeallacht shábháilte a oireann don aois an t-am go léir.

Bhí láithreoirí Swipe TV, Claire O'Reilly agus Simon Mulcahy, le cúnamh ón déagóir puipéid, Mebs, i bhfeighil réimse éagsúil ábhair, greann agus drámaíocht, leabhair, cluichí, eolaíocht, an dúlra, bia agus eile. Tugadh chun cinn sraith de pháirtnéireachtaí bríomhara freisin le heagraíochtaí náisiúnta eile atá dírithe ar leanaí.

### Rannpháirteach

Luath sa bhliain 2016, sheol an clár comórtas náisiúnta drámaíochta i gcomhar le hAmharclann na Mainistreach agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Scríobh leanaí as gach cuid den tír drámaí bunaithe ar eachtraí 1916 agus d'uaslódáil siad sleachta ar an aip. Tar éis vótáil phoiblí ar líne agus ar an bhfón póca, chuir an triúr a bhí sa bhabhta ceannais a gcuid drámaí ar an stáitse san amharclann náisiúnta i mí Aibreáin.

Ar na bearta páirtnéireachta eile, bhí tionscnamh náisiúnta traenála i gcomhar le CLG. Bhí na leanaí páirteach i gcláir scileanna agus rinne siad físeáin dá gcuid féin a uaslódáil ag súil le seans a fháil páirt a ghlacadh in ócáid meantóireachta le himreoirí mór le rá ar Pháirc Parnell i mí Bealtaine. Chuidigh Fit for Life, leis an imreoir clúiteach rugbaí Donncha O'Callaghan, le leanaí nach raibh cleachtadh acu ar aclaíocht éirí folláin agus scileanna maidir le hobair foirne agus le buanseasmhacht a chothú. Eagraíodh comórtas náisiúnta i gcomhar le Children's Books Ireland agus rinne na céadta leanaí íomhánna agus físeáin maidir leis na leabhair is ansa leo a uaslódáil. D'éirigh go maith leis an bhfeachtas seo ag cur daltaí scoile in Éirinn ag léitheoireacht agus an deis acu luach €2,500 de leabhair a bhuachan mar leabharlann don scoil. Bhí seo ar cheann den iliomad tionscnamh ag Swipe TV chun an léitheoireacht a chur chun cinn. Ar na tionscnaimh eile ina leith sin, bhí comórtas leis an údar David O'Doherty agus an maisitheoir Chris Judge, a d'eagraigh ceardlann leis an scoil i dTamhlacht, Baile Átha Cliath, a bhuaigh an comórtas; agus ócáid speisialta le Jacqueline Wilson ina raibh léitheoirí a cuid leabhar in éineacht leis an údar sa stiúideo.

Ar an ábhar drámaíochta, bhí *Miss Mogul*, sraith de scéalta mistéireacha faoi sheó a bhí á chraoladh ar an idirlíon as leabharlann scoile, agus an dara sraith den chlár *Spooky Stakeout,*

faoi chúigear sárbhleachtairí a fhéachann le cás maidir le taibhse in óstán scanrúil a fhuascailt. An léiritheoir neamhspleách, Tailored Films, a léirigh an dá dhráma do Swipe TV agus bhí siad ar na físeáin ba mhó a tapaíodh ar aip Swipe TV.

Ar bhuaicphointí eile na bliana 2016, bhí *Pop-Up Popstars,* le leanaí ag obair leis an dearthóir damhsa AJ O'Neill chun físeáin nua a chruthú ag dul leis na hamhráin is fearr leo. Rinneadh an scannánaíocht i gcomharsanachtaí den ghnáthchineál ar fud na tíre agus cuireadh bailchríoch leis an tsraith le dhá chlár speisialta a craoladh i rith sheachtain na Nollag.

**Thall agus Abhus**

Mar a tharla blianta eile roimhe seo, bhí Swipe TV páirteach in imeachtaí náisiúnta áirithe agus i dtionscnaimh cultúir. Reáchtáladh tobshlógadh ag Taispeántas Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT, tháinig le chéile le mic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Shráid Aungier mar chuid den ócáid *RTÉ Radharc ar an Réabhlóid*ar Luan Cásca, agus bhí i láthair arís ag gradaim Coolest Projects de chuid CoderDojo chomh maith le bualadh le daoine den lucht leanúna/féachana ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Uíbh Fháilí.

Sáraíodh 20,000 beart íoslódála maidir le aip Swipe TV agus, i dtimpeallacht lena mbaineann iomaíocht an-ghéar, tá níos mó ná 10,000 duine cláraithe ina n-úsáideoirí. Rinne an lucht féachana scrúdú go gníomhach ar an ábhar – bhí 10% a chuaigh i ngleic le físeán (i gcomparáid le 3% ar YouTube) agus bhí 5% a d'fhág tuairim maidir le físeán (i gcomparáid le 0.1% ar YouTube).

**Coimisiúin Dhúshlánacha**

I measc na gcoimisiún nua do lucht féachana TRTÉ, bhí *I've Got Your Back*(Adare Productions), clár tráth na gceist arna léiriú i stiúideo agus á chur i láthair ag Simon Delaney; *Bernard Dunne's Mythical Heroes*, sraith faisnéise sé cinn de chláir inar chuir Bernard Dunne scéalta faoi laochra miotaseolaíochta na hÉireann i láthair le hanamúlacht, athléiriú drámaíochta agus ábhar faisnéise; agus *The 1916 Challenge* (Macalla Teo/Éire 1916 2016)*,* dúshlán réaltachta aon uaire, mar chuid de chomóradh na bliana 1916, lenar cuireadh seisear ógánacha ag maireachtáil i gcúinsí maireachtála na bliana 1916 ar feadh 24 uair an chloig go bhfeicfí cé mar a d'éireodh leo.

Rinneadh sraith 30 gearrscannán drámaíochta (léiriúchán inmheánach) a chraoladh mar chuid de chlár chomóradh céad bliain 1916 RTÉ. Chomh maith leis an gcuid a rinneadh go speisialta do leanaí faoi bhun seacht mbliana d'aois, craoladh 15 gearrscannán sárshaothraithe ar RTÉ faoin saol ag leanaí níos sine ná sin i stair na tíre seo. Rinneadh an t-athléiriú stairiúil sin a cheapadh thart ar aimsir an Éirí Amach agus tugadh léargas mealltach iontu ar an saol a bhí ag leanaí a bhí go maith as agus ag leanaí nach raibh chomh maith sin as sna cathracha agus amuigh faoin tuath díreach sular cuireadh stát nua na hÉireann ar bun.

**Two Tube ar RTÉ2**

Lean ábhar laethúil RTÉ do dhéagóirí *Two Tube* (a léirítear go hinmheánach) den chaidreamh a chothú leis an lucht féachana ar RTÉ2, ar líne agus trí na meáin shóisialta maidir le réimse leathan ábhair idir shiamsaíocht agus an tsláinte mheabhrach. Ag tús na bliana bhí na láithreoirí Bláthnaid Treacy agus Stephen Byrne ag tuairiscíocht ó Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT san RDS. Tamall gairid ina dhiaidh sin, mar chomóradh ar Lá an Idirlín Shábháilte 2016, seoladh sraith d'fhíseáin comhairle ar an seó le lucht mórthionchair ar na meáin shóisialta agus bhí an-tóir ar na físeáin sin. Oibríodh i gcomhar le Coláiste Eoin i bhFionghlas ar fhíseán ag cur in aghaidh na bulaíochta agus d'eascair clár speisialta faoin tsláinte mheabhrach as sin ina raibh páirt mhór ag an amhránaí Bressie. Oibríodh i gcomhar le réimse eagraíochtaí eile, ina measc Foróige agus an Fresh Film Festival agus *Hot Press*, a raibh an comórtas scríbhneoireachta a d'eagraigh siad do leanaí – Write Here, Write Now – arna thionscnamh mar chuid de chomóradh céad bliain 1916, ar cheann de bhuaicphointí an chláir.

Leanadh d'ardán a chur ar fáil ar *Two Tube* do dhaoine óga a bhfuil spéis acu i mbeartaíocht fiontraíochta agus i ngairmeacha beatha i réimsí de leithéid na heolaíochta, na cumarsáide, na talmhaíochta agus le beartaíocht shóisialta. Bhí an seó i láthair ag imeachtaí náisiúnta éagsúla, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ina measc.

Leanadh ag cur réimse leathan d'ábhar ceannródaíoch, ealaíon, siamsaíochta agus ceoil i láthair agus bhí cuid de na hoirfidigh is cumasaí in Éirinn beo sa stiúideo nó ar ardáin ar líne an tseó. Bhí an seó i Los Angeles le haghaidh ghradaim na Oscars agus ag ócáidí móra cultúir, Electric Picnic agus an Oíche Cultúir ina measc. Cuireadh agallaimh ar dhaoine iomráiteacha, le haisteoirí agus daoine cáiliúla eile as Hollywood agus áiteanna eile go mór i gceist agus bhí fuadar faoi ardáin ar líne an tseó go minic agus leithéidí Little Mix, banna cailíní as an Ríocht Aontaithe, agus Hare Squead, banna hip hop as Éirinn, ag teacht i láthair.

I gclár speisialta leathuair an chloig mar cheiliúradh ar chomóradh céad bliain 1916 agus ar Lá an Fhorógra go háirithe, bhí cuireadh á thabhairt trí *Project Proclamation* (Big Mountain Productions) do dhaoine óga an fhís agus an aisling a bheadh acu féin i leith na hÉireann a léiriú trí cheol, damhsa, aithriseoireacht agus filíocht agus físeáin arna léiriú sin a chur faoi bhráid an tionscadail. Cuireadh an saothar sin i láthair sa chlár leathuair an chloig.

**"Lean ábhar laethúil RTÉ do dhéagóirí *Two Tube* (a léirítear go hinmheánach) den chaidreamh a chothú leis an lucht féachana ar RTÉ2, ar líne agus trí na meáin shóisialta maidir le réimse leathan ábhair idir shiamsaíocht agus an tsláinte mheabhrach."**

**Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin**
**Súil Siar ar an mBliain – Branda, Imeachtaí, agus an Pobal**

# Féach, Éist, Foghlaim



**Trí ócáidí móra náisiúnta, meáin shóisialta atá ar fáil go seasta síoraí, straitéis náisiúnta chun tacú leis na healaíona agus clár cuimsitheach sóisialta de chuid na corparáide, déanann RTÉ freastal ar an bpobal i réimsí éagsúla den saol ar fud an oileáin.**

Tacaíocht á tabhairt do 100 imeacht ealaíon go háitiúil agus go réigiúnach gach bliain.



## Páirtnéireacht

**Chuidigh RTÉ le líon níos mó arís d'imeachtaí iomráiteacha réigiúnacha agus náisiúnta i rith na bliana 2016.**

**I mí Eanáir, tugadh blas beag don chéad ghlúin eile nuálaithe ar an gcaoi a n-oibríonn RTÉ ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT san RDS. Bhí cláir de chuid RTÉ 2fm agus RTÉ2 á gcur i láthair beo ar ardán de scoth an domhain RTÉ. Bhí deis ag na daltaí freisin autocue a chleachtadh agus foghlaim faoin teicneolaíocht a ghabhann le scáileán gorm i stiúideo soghluaiste aimsir RTÉ.**

**Tharraing RTÉ Mojocon 2016 níos mó ná 600 toscaire as gach cuid den domhan. Mar gheall ar an méadú tréan atá tagtha ar an gcomhdháil seo maidir le hábhar a chruthú don ghléasra soghluaiste, bhí gá an t-ionad a athrú go dtí Stáid Aviva.**

### Os comhair an tSaoil

D'éirigh thar barr ar fad le spás RTÉ ag féile Bloom i bPáirc an Fhionnuisce. Bhí ceol beo ar siúl ar ardán speisialta a tógadh ar an láthair chomh maith le cláir raidió, cláir do leanaí agus craoladh beo ar thuairisc na haimsire ar RTÉ One.

RTÉ an príomhurra ainmniúcháin ar an bhféile drámaíochta RTÉ All-Ireland Drama Festival. Déantar drámaíocht amaitéarach a chothú agus a chur chun cinn ar leibhéal an phobail leis an bpáirtnéireacht seo chomh maith le haird a tharraingt air ar an leibhéal náisiúnta.

Mar chuid d'fhéile Rós Thrá Lí, chruthaigh RTÉ spás idirghníomhach i lár pháirc an bhaile ar feadh seachtaine i mí Lúnasa. Tháinig na mílte ag an láthair sin i rith na féile agus cothaíodh caidreamh díreach leis an lucht féachana thar lear leis an RTÉ Player International.

Bhíothas i láthair ar bhealach níos feiceálaí ná riamh cheana ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta le clár leathuaire teilifíse beo ar RTÉ One gach oíche. Tháinig beagnach 70,000 cuairteoir trí láthair taispeántais RTÉ chun craoladh beo ar RTÉ Radio 1, 2fm, lyric fm agus Raidió na Gaeltachta a chloisteáil agus tuairiscí beo ar an aimsir a fheiceáil ar RTÉ One. Eagraíodh imeachtaí idirghníomhaíochta le painéil, a ndearna sruthchraoladh beo orthu ar an seinnteoir RTÉ Player, faoi choimirce The Sunday Game, Countrywide agus Aimsir RTÉ. Bhí deiseanna breise caidrimh ar fáil tríd an RTÉ Guide, RTÉjr agus RTÉ Player ag ócáid atá anois ar cheann de na himeachtaí is mó san Eoraip amuigh faoin aer.

D'oibrigh RTÉ i gcomhar páirtnéireachta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le hÉire 2016 chun bheith i bhfad níos lárnaí in Oíche an Chultúir ná mar a rinneadh go dtí seo. Cuireadh ceolchoirm mhór amuigh faoin aer le Ceolfhoireann Coirme RTÉ ar siúl i gClós Uachtarach Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus rinneadh sin a chraoladh ar an gclár Arena ar Radio 1. Tharraing an cheolchoirm saor in aisce sin níos mó ná 10,000 de lucht éisteachta; d'fhreastail na céadta eile ar chainteanna, ar cheardlanna agus ar imeachtaí eile a chuir RTÉ ar siúl ar fud an chaisleáin. Bhí Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, Cór na nÓg RTÉ agus RTÉ lyric fm páirteach in imeachtaí eile maidir le hOíche an Chultúir ar fud na tíre.

Ábhar mórtais ag RTÉ a bheith ar an bpríomhpháirtnéir ag Féile Scannánaíochta Chorcaí. Chuir RTÉ cláir faisnéise ar taispeáint agus eagraíodh painéil plé ar fud na féile, chomh maith le cuidiú leis an ócáid le feachtas margaíochta agus cumarsáide ar fud na n-ardán.

### Crann Taca na nEalaíon, Crann Taca an Phobail

Chuidigh an scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona le níos mó ná 100 ócáid ar fud na tíre i rith na bliana 2016. Bhí an scéim, trína gcuirtear imeachtaí cultúir an mhórphobail i láthair do lucht éisteachta forleathan, ina chrann taca ag cúrsaí ealaíon ar an mbealach is ginearálta. Bhí tairbhe ón scéim ag cineálacha éagsúla ealaíon- ceol, damhsa agus amharclannaíocht, an litríocht béil agus ealaín na sráide, imeachtaí Gaeilge agus teicneolaíocht dhigiteach scannánaíochta de na cineálacha is nuaí.

Cuireann seasamh RTÉ leis an tionscnamh seo trí imeachtaí a lua ar an aer ar an teilifís, ar an raidió, agus ar ardáin ar líne agus ar na meáin shóisialta, na himeachtaí ar ardán náisiúnta. Tairgtear seirbhísí sainchóirithe maidir le fógra a léiriú go hinmheánach agus bearta spreagtha maidir le cúrsaí margaíochta do lucht na scéime chomh maith.

I mí Meán Fómhair, bronnadh gradam speisialta chomóradh 25 bliain de chuid *Allianz Business to Arts* ar RTÉ mar aitheantas as an ndúthracht fadtéarmach i ndáil le cúrsaí ealaíne a fhorbairt, a chothú agus a chur chun cinn i rith ré 25 bliain na ngradam sin.

### Caidreamh Seachtrach

Eagraíodh 42 cuairt phoiblí i rith na bliana 2016 faoi scáth scéim lárnach RTÉ don Chaidreamh Seachtrach. Bhí daltaí scoile dara leibhéal; mic léinn tríú leibhéal atá ar chúrsaí drámaíochta, meán cumarsáide agus cumarsáide; daoine atá ar scor; grúpaí a bhaineann le tionscnaimh shóisialta i lár na cathrach; daoine den lucht siúil; agus cuairteoirí thar tír isteach ar na cuairteoirí.

Choimisiúnaigh RTÉ físean speisialta chun an scéim a chur chun cinn. Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh maidir le cuairt ar champas RTÉ i nDomhnach Broc mar a dtugtar an cuairteoir ar chuairt shainchóirithe ar áiseanna raidió, teilifíse, seirbhísí digiteacha agus áiseanna eile RTÉ. Tá clár ar bun ag RTÉ freisin maidir leis an idirbhliain a chuireann leis an scéim seo.

### Lucht Leanta ar na Meáin Shóisialta

Bhí 400,000 de lucht leanta ag cuntas lárnach Twitter RTÉ, @rte, faoi dheireadh na bliana, ardú ó 250,000 ag deireadh na bliana 2015. Tháinig méadú mór ar lucht leanta chuntas RTÉ One ar Facebook san achar gearr ó seoladh sin agus bhí beagnach 1,300,000 de lucht leanta ceangailte leis faoi dheireadh na bliana 2016.

Chothaigh an cuntas lárnach LinkedIn ceangal idir RTÉ agus pobal na meán cumarsáide go ginearálta, forais oideachais agus geallsealbhóirí eile. Rinneadh agallamh i rith na bliana 2016, mar chuid den fheachtas nua 'Deich nóiméad i gcomhluadar...', le líon is mó ná 29 ball foirne de chuid RTÉ ó réimse rannóga éagsúla mar gheall ar an ról atá acu.

Ligeann na cuntais shóisialta – trína bhfoilsítear ábhar i mBéarla agus i nGaeilge – do RTÉ ceangal a chothú idir dreamanna den lucht féachana agus éisteachta agus an réimse leathan d'ábhar cláir seirbhíse poiblí.

### Brandáil

Tríd an bhfeachtas *'We were there. You were there'*, d'iompaigh RTÉ an ceamara thart agus d'iarr ar bhaill foirne a bhíonn taobh thiar den cheamara a gcuimhní féin faoi oibriú ar imeachtaí iomráiteacha a insint. Cothaíodh caidreamh suntasach go hinmheánach leis an bhfeachtas sin agus bhí 20 ball foirne ina réaltaí san fheachtas a cuireadh i láthair ar an teilifís, ar an raidió, ar líne, ar na meáin shóisialta agus sna pictiúrlanna.

Tá le tuiscint ó na torthaí gur chuir an feachtas leis an mbá leis an mbranda, leis an tábhacht agus leis an macántacht a cheaptar leis. I mír bolscaireachta satailíte 60 soicind ag deireadh na bliana, tugadh aitheantas don tábhacht a bhí leis an mbliain stairiúil seo trí súil a chaitheamh siar ar mhórimeachtaí na bliana 2016.

Cuireadh ábhar féiltiúil na Nollag ar fud na n-ardán ar fad chun cinn le feachtas *Switch on Christmas* ar na meáin shóisialta. Tugadh níos mó ná 350,000 breathnú ar theachtaireacht físeáin Oíche Nollag le muintir Uí Dhonnabháin a bhuaigh boinn airgid ag na Cluichí Oilimpeacha.

### Cumarsáid Chorparáideach

D'fhéach RTÉ le gach dream den lucht féachana agus den lucht éisteachta a choinneáil ar an eolas faoina gcuirtear ar fáil ar an raidió, ar an teilifís, ar na meáin dhigiteacha nó ó na ceolfhoirne i rith na bliana 2016 trí sheirbhís leitheadach meán cumarsáide. Rinneadh caidreamh go díreach leis an lucht féachana ar chuntas Twitter (@rte) agus ar Facebook, agus trí thuairisc nua a thabhairt gach lá ar an rannóg faoin teideal 'About' ar RTÉ.ie. Eisíodh níos mó ná 25 nuachtlitir rialta le geallsealbhóirí ("Your RTÉ Update") i rith na bliana.


### RTÉ s'againne

Foilsíodh beagnach 850 scéal ar chóras cumarsáide inmheánach RTÉ, an RTÉ Hub, i rith na bliana 2016, ardú tuairim is 25% i gcomparáid leis an mbliain 2015. Is ardán buntábhachtach an suíomh sin maidir le foilseacháin thábhachtacha de leithéid Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ, straitéis dhigiteach RTÉ agus plean gníomhaíochta RTÉ maidir leis an nGaeilge.

Lean Rannóg Foghlama agus Forbartha RTÉ ag cuidiú leis an lucht foirne agus leis an mbainistíocht riachtanais an lucht féachana agus an lucht éisteachta a shásamh. Bhain na céadta den lucht foirne ar gach leibhéal den eagraíocht leas as réimse leathan deiseanna foghlama agus forbartha. Is cuid sin den tiomantas maidir le feabhas a chur ar chultúr na heagraíochta ionas go dtugtar an comhar agus an chruthaitheacht chun cinn, chomh maith le hobair ilsciliúil agus sárfheidhmiú.

# Saoirse Teilifíse





**Tá Saorview anois ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn.**

**Tá Saorview ag 668,000 teaghlach faoin tráth seo.**

# Maidir le Saorview

## Saorview an t-ardán teilifíse is mó in Éirinn. Cuirtear seirbhísí teilifíse intíre na hÉireann ar fáil saor go haer, RTÉ, TV3, TG4 agus Be3 san áireamh.

**An tArdán Teilifíse is mó in Éirinn.**
ChoinnighSaorview a áit i rith na bliana 2016 mar an ardán teilifíse is mó in Éirinn. Tá Saorview ag 668,000* teaghlach agus i gcás 191,000 de na teaghlaigh sin, is é Saorview an t-aon ardán teilifíse amháin atá acu – ardú 5,000 teaghlach in imeacht aon bhliain amháin. Tríd is tríd, is mó an ráta ardaithe a bhí faoi líon na dteaghlach le teilifís saor ó tháille ná an ráta maidir le teaghlaigh a íocann táille teilifíse.

Seoladh Oireachtas TV ar an ardán i rith na bliana mar chainéal uimhir 22. Fágann sin go bhfuil deich gcinn de chainéil teilifíse ar Saorview agus péire acu sin (RTÉ One agus RTÉ2) ar chaighdeán HD.

**Feachtais Margaíochta**
Bhí an chuma nua a tugadh isteach ag deireadh na bliana 2015 in úsáid d'fheachtais éagsúla margaíochta. Ritheadh feachtas fada teilifíse i rith an tsamhraidh nuair a seoladh aip Saorview. I rith an fhómhair, mar gheall ar aiseolas ón lucht miondíolacháin, díríodh feachtas teilifíse ar an ngá atá le haeróg chun comhartha Saorview a fháil. Cothaíodh leibhéal maith spéise i measc na dtomhaltóirí le gach aon cheann de na feachtais agus cuireadh leis an tuiscint ar a bhfuil i gceist le Saorview.

Ag deireadh na bliana, ritheadh dhá fheachtas eile – ceann ag teannadh leis an Nollaig agus ceann ag tús na bliana nua. Bhí na feachtais sin dírithe ar an margadh maith atá i gceist le Saorview agus spreagadh an tomhaltóir chun 'an teilifís a shaoradh'. Cuireadh bonn treise faoi fheachtais ag tráthanna éagsúla i rith an bliana le comórtais ar na meáin shóisialta chomh maith leis an nuacht is deireanaí a sheoladh ar an ríomhphost chuid tomhaltóirí agus chuig daoine aitheantais sa réimse tráchtála.

**Seoladh na hAipe**
I mí Iúil, seoladh aip Saorview don fón póca agus don táibléad ar chóras iOS agus ar chóras Android araon. Tá treoir liostaí seacht lá ar aip Saorview chomh maith le naisc le hábhar ar a éileamh agus seirbhís moltaí ar a dtugtar Spotlight. Tá an aip ina chuid dá bhfuil á thairiscint le Saorview Connect, an táirge den chéad chineál eile ag Saorview ar a mbeidh ábhar ar a éileamh agus comhéadan nua a úsáidtear go hiomasach.


Tá cuid mhaith dul chun cinn déanta maidir leis an gcéad chuid de na boscaí Saorview Connect a chur le chéile. D'oibrigh meitheal an tionscadail go dlúth le Freesat (an soláthraí seirbhíse) agus leis an lucht déantúsaíochta. Tharla roinnt moille i gcomparáid leis an bplean a leagadh amach don tionscadal ar dtús ach rinneadh bainistíocht ina leith sin ionas gur cinntíodh go mbeidh an táirge ar fáil a luaithe is féidir. Tá an-spéis sa táirge ar an margadh agus meastar go mbeidh an chéad chuid de na boscaí Saorview Connect ar díol i rith na bliana 2017.

*Foinse: Tam Ireland/Nielsen TAM, bealaí glachta


RTÉ
WATCH • LISTEN • DISCOVER
Tweets & replies
Photos & videos
Win 2 tix to Bruce Springsteen at Croke Park, Friday 27 May.
Just follow @RTERadio1 + @rte & tweet #rtebruce to enter
WIN WITH RTÉ
SPRINGSTEEN
RTÉ RADIO 1
Dublin Trends

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – 2rn





# Freastal ar an bpobal, freastal ar an tionscal

**Tugann 2rn aire do chóras craolacháin agus tarchuradóireachta na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an tír ceangailte i gcónaí .**

**Tapaíonn 99.9% den daonra seirbhísí a chuireann 2rn ar fáil.**

# Maidir le 2rn

## 2rn, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán RTÉ, a dhéanann an obair chothabhála, an bhainistíocht agus agus an fhorbairt ar chóras tarchuradóireachta na hÉireann do chraoltóirí uile an oileáin.

**Freastal ar Gach Teaghlach sa Stát**
Tagann na seirbhísí náisiúnta tarchuradóireachta agus dáiliúcháin maidir le cúrsaí craolacháin a chuireann 2rn ar fáil faoi rialáil ComReg. Lean 2rn ag obair go dlúth le ComReg agus le geallsealbhóirí eile i rith na bliana 2016 chun comhlíonadh iomlán tráthúil na ndualgas rialála ar fad a chinntiú.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor ar an aer i ngach teach sa stát, le seirbhís ardchaighdeáin físe agus fuaime. As 1.57 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire teilifíse iontu, bhí Saorview ag 668,000 acu faoi dheireadh na bliana 2016. Bhí 191,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.

Cuireadh an tseirbhís Oireachtas TV leis na hardáin Saorview agus Saorsat i rith na bliana 2016. Chuir seirbhís raidió Newstalk leis an réimse FM ach níor cuireadh aon seirbhís nua raidió ar fáil i rith na bliana.

**Ioncam**
D'éirigh linn na seirbhísí ar fad a bheith ar fáil 99.9% den am i rith na bliana 2016. Chruthaigh 2rn ioncam €28.7 milliún, ísliú beag ar leibhéal na bliana 2015. Is léiriú seo ar sheasmhacht a bheith tugtha i gcrích ar an margadh craolacháin agus gur cruthaíodh go maith ar an margadh maidir le crainn agus túir ar cíos.


Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil agus réigiúnach, ó tharla na réimsí ar fad atá ar fáil ar an mbanda FM a bheith in úsáid anois a bheag nó a mhór. Bhí cur isteach ag comhdhlúthú líonraí na seirbhísí fón póca ar ioncam na bliana seo agus tá dúshlán ag baint i gcónaí le seasmhacht ioncaim bliain i ndiaidh bliana a thabhairt i gcrích i ngnó na teileachumarsáide.



Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin
Súil Siar ar an mBliain –
Cúrsaí Tráchtála

# Éileamh agus Rachairt






**Tháinig ardú 2% go dtí €158.2 milliún ar ioncam tráchtála RTÉ i rith na bliana 2016, suim is ionann agus 47% d'ioncam iomlán RTÉ.**

**Tá áit faoi leith ag an *RTÉ Guide* i measc theaghlaigh agus thithe na hÉireann, agus díoladh 300,000 d'eagrán dúbailte na Nollag sa bhliain 2016.**

## Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain – Cúrsaí Tráchtála
(ar lean)

**Díolachán Meán RTÉ**
Tháinig ardú 2% ar ioncam fógraíochta theilifís RTÉ i rith na bliana 2016, toradh maith nuair atá an margadh go hanróiteach. Tar éis tús an-mhaith leis an gcéad leath den bhliain, nuair a chuidigh imeachtaí móra le hardú níos mó ná 10% a thabhairt i gcrích, tháinig ísliú tubaisteach an dara leath den bhliain mar gheall ar an dímheas airgeadra tar éis vóta an Bhreatimeachtai lár na bliana.

Teacht isteach tréan mar gheall ar imeachtaí móra de leithéid UEFA Euro 2016 ba shiocair le haon ardú i rith na bliana. Borradh faoin gcúnamh taca maidir le léiriú cláir ba shiocair leis an ardú ar an ioncam ó urraíocht maidir le cláir teilifíse.

Is féidir leis an lucht fógraíochta ar an raidió teacht i dtír go tapa ar an lucht éisteachta mar gheall gur meán an raidió a bhíonn 'ar siúl an t-am ar fad' agus mar gheall ar an gcostas íseal a bhaineann le fógra fuaime a léiriú – gné shainiúil de mheán an raidió. Tá na cainéil shóisialta anois ag brú isteach ar an raidió maidir leis sin mar bíonn deiseanna gearrthéarmacha ísealchostais ar fáil leo sin chomh maith agus is géire an iomaíocht atá ann maidir le feachtais den chineál sin dá bharr. Chuir sin agus an éiginnteacht maidir le an mBreatimeacht isteach ar an gcaiteachas ar fhógraí raidió agus tharla ísliú 5% ar an margadh sin faoi dheireadh na bliana. Tháinig ardú 1% ar fhógraíocht agus ar urraíocht raidió RTÉ i rith na bliana 2016, toradh maith i bhfianaise an riocht ina bhfuil an margadh go ginearálta.

Tháinig ardú mór maidir le hurraíocht raidió i gcomórtas leis an mbliain roimhe seo, léiriú gur mó an fonn atá ar fud an tionscail faoin tráth seo dul i bpáirt le chéile maidir le hábhar craolta.

Tháinig brú mór maidir leis an ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht sa réimse digiteach i rith na bliana 2016 agus, mar gheall ar ísliú praghsanna maidir le fógraíocht taispeántais, bhí ioncam na bliana níos ísle ná mar a bhí á thuar. De réir mar a tháinig fógraíocht ríomhchláir, lena gcuirtear bogearra in úsáid chun fógraíocht dhigiteach a cheannach, ar an bhfód ar mhargadh na hÉireann, tháinig fógraíocht taispeána faoi bhrú ó roghanna eile, taobh amuigh d'Éirinn, atá níos saoire. Ina ainneoin sin, d'éirigh leis an meitheal tráchtála ioncam ríomhchláraithe ó ghníomhaireachtaí in Éirinn agus ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta a ghnóthú. Tháinig ardú i rith na bliana 2016 ar an ioncam ó fhormáidí VoD chomh maith. Leis an athfhorbairt atá á dhéanamh faoi láthair ar shuíomh idirlín RTÉ go mbíonn an leagan amach níos cóiriúla do ghléasra soghluaiste, thug an mheitheal tráchtála fógraíocht i bhformáid shofhreagrach isteach ag deireadh na bliana, beart tionscantach a chuireann feabhas ar chúrsaí éifeachtachta don lucht fógraíochta ós féidir le haon fhormáid chruthaitheachta amháin athrú ó thaobh méide ag brath ar mhéid an scáileáin.

Chomh maith le formáidí nua a chur ar fáil, thug Díolachán Meán – Digiteach RTÉ seirbhís Cruthaitheacht RTÉ isteach atá dírithe ar chomhpháirtíocht maidir le hábhar brandála, réimse a mbeidh buntábhacht leis. Rinneadh ról a chruthú do Bhainisteoir Ábhar Brandála chomh maith, rud a raibh fáilte mhór roimhe ag lucht an tionscail.

**An RTÉ Guide**
Tá an *RTÉ Guide* ar an iris liostála is mó ráchairte in Éirinn agus déantar brabús as an bhfiontar. Cinntíodh, le dea-bhainistíocht i ndáil le costas agus le feabhas ó thaobh ioncaim go leanann an foilseachán ag déanamh tairbhe maidir leis an mbunlíne do RTÉ. D'éirigh thar cionn le heagrán na Nollag sa bhliain 2016 agus coinníodh líon na gcóipeanna a díoladh leis an líon a díoladh an bhliain roimhe sin. Trí oibriú le páirtnéirí éagsúla, mar shampla Weightwatchers agus *Operation Transformation*, cuirtear irisí saor in aisce ar fáil chomh maith le gné-ailt fhada. Tá réimse mionirisí dá chuid féin curtha ar bun ag an *RTÉ Guide* freisin mar fhairsingiú ar an mbranda – *FASHION*, *DIG!* agus *EAT!* – bunaithe ar sheánraí maidir le slite maireachtála, agus tháinig ardú ar an díolachán agus ar an ioncam i ndáil le gach ceann acu sin.

Fuair meitheal an *RTÉ Guide* ainmniúchán maidir le cúig cinn de ghradaim ag Gradaim Irisí na hÉireann agus, don dara bliain as a chéile, gnóthaíodh an gradam, a mbíonn an-tóir air, do Chlúdach na Bliana ar Iris Tomhaltóra mar gheall ar chlúdach eagrán na Nollag 2015.

**Ioncam ó Shaoráidí Léiriúcháin**
Cuireann Saoráidí Teilifíse RTÉ stiúideonna craoltóireachta ar fáil do chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ón taobh amuigh. Bliain thairbheach a bhí sa bhliain 2016 le hardú ar an ioncam ó bheartaíocht sna stiúideonna maidir le cláir siamsaíochta, grinn, ceoil agus spóirt. Tharla cuid mhór den ghnó ó na blianta roimhe sin a choinneáil chomh maith le méadú ar an méid léiriúcháin a rinne comhlachtaí Éireannacha do chraoltóirí teilifíse thar lear. Ba chúis áthais do lucht an tionscail saoráid shaincheaptha maidir le scáileán glas a thabhairt isteach i rith na bliana 2016.

**Díolachán Cláir**
Lean rannóg dhíolachán idirnáisiúnta na gclár in RTÉ d'oiread díolacháin agus ab fhéidir a dhéanamh ar ábhar Éireannach ar an margadh idirnáisiúnta. Is ó na margaí Béarla is mó a gnóthaíodh ioncam, an Ríocht Aontaithe agus an Astráil den chuid ismó. Cé go raibh ísliú ar an ioncam i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, díoladh cláir maidir le 1916, *Bridget & Eamon*, *Vogue Williams – On the edge*, chomh maith le sraitheanna eile drámaíochta agus sraitheanna faoi shlite maireachtála.


**Marsantacht RTÉ**
Tá fuarú mór tagtha ar an margadh earraí marsantachta mar gheall ar athrú ar nósanna an tomhaltóra ionas nach gceannaítear oiread dioscaí CD/DVD níos mó, agus tá laghdú tagtha ar líon na gcainéal dáileacháin. Ba ghá, dá bharr sin, athscrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbeartaíocht sa réimse seo, agus tá teorainn curtha leis an mbeartaíocht gnó ionas nach ndéantar feasta ach bainistíocht ar an stoc reatha agus fiosrú maidir le socruithe ceadúnais.


## Fógraíocht agus Urraíocht

### Tháinig ardú 2% ar ioncam tráchtála RTÉ ainneoin a bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht lena mbaineann iomaíocht ghéar agus ábhar eile dúshláin. Cúrsaí teilifíse ba shiocair leis an mborradh an chéad leath den bhliain 2016 agus chuir figiúirí maithe maidir leis an lucht féachana do chláir imeachtaí speisialta bonn treise faoi sin. Bhí tionchar míthairbheach ag an vóta maidir leis an mBreatimeacht ar an margadh fógraíochta an dara leath den bhliain áfach.

# IONCAM TRÁCHTÁLA

■ 2016 ■ 2015



# Bord RTÉ



**Moya Doherty, Cathaoirleach**
**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2017**

Tá an amharclannaíocht chomh maith le léiriú agus láithriú ar raidió agus ar teilifís, in Éirinn agus thar lear, le lua le saol oibre Moya Doherty. Chuir sí cláir ealaíon, gnéchláir agus cláir fhaisnéise i láthair ar RTÉ. Ina léiritheoir feidhmiúcháin di, léirigh Moya roinnt telethon carthanachta, Comórtas Amhránaíochta an Eurovision agus an léiriú teilifíse ar shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta a bhí ar siúl in Éirinn sa bhliain 2003. Ba í Moya a bhí ina léiritheoir coimisiúnaithe agus ina tionscnóir maidir le *Riverdance* do Chomórtas Eurovision na bliana 1994.

Tá sí ina stiúrthóir ar Tyrone Productions, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is mó le rá in Éirinn a chuireann cláir drámaíochta, faisnéise agus siamsaíochta ar fáil don teilifís. Bhí sí ina stiúrthóir tionscanta ar an stáisiún raidió Today FM.

Bhí sí ina comhalta boird ar roinnt bord a bhain le cúrsaí ealaíon, lena n-áirítear cathaoirleach ar Fhéile Amharclannaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (ar feadh seacht mbliana), ar bhord Amharclann na Mainistreach, The Ark Children's Theatre i mBaile Átha Cliath, Business to Arts agus Walnut Hill Arts School i Massachusetts.

Is iomaí gradam a bronnadh ar Moya le himeacht na mblianta, ina measc Gradam Veuve Clicquot do Bhean Gnó na Bliana agus Gradam Ernst & Young d'Fhiontraí na Bliana. Bronnadh céimeanna onóracha dochtúireachta uirthi freisin ó Ollscoil Uladh agus ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann mar aitheantas ar an tiomantas leanúnach a léiríonn sí maidir le saol na n-ealaíon in Éirinn.



**Fergus Armstrong**
**Téarma oifige: 24 Feabhra 2009 – 3 Samhain 2017***

Is eadránaí é Fergus Armstrong. Tá sé ina chomhalta den phainéal ag ONE~resolve, foireann eadráin idirdhisciplíneach. Leis an dlí a chaith sé an saol oibre roimhe sin, le comhlacht dlí a mhuintire ar dtús i Sligeach, dar teideal anois Hegarty and Armstrong, agus ina aturnae cuideachta ag Aer Lingus ina dhiaidh sin. Chuaigh sé le McCann Fitzgerald ina dhiaidh sin arís, ag fónamh ansin dó ina chomhpháirtí maidir le dlí na corparáide, agus ina dhiaidh sin ina chomhpháirtí bainistíochta agus ina chathaoirleach. Tagann aighnis maidir le cúrsaí gnó agus institiúidí i gceist leis an obair eadrána a dhéanann sé chomh maith le haighnis idir daoine aonair. Foilsíonn sé ailt in irisí agus i bpáipéir nuachta ó am go chéile agus tá suim aige san fhealsúnacht, sa tsíceolaíocht agus sa diagacht. I gColáiste Chaisleán Cnucha, sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus san Harvard Law School a chuaigh sé faoi oideachas.

* Athcheaptha don dara téarma ar an mBord an 4 Samhain 2014.



**Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir**
**Ceapadh Dee ina Príomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 11 Iúil 2016.**

I Londain a bhí Dee Forbes lonnaithe sula ndeachaigh sí i mbun oibre le RTÉ, áit ar chaith sí 27 bliain ag obair do chraoltóirí agus don ghníomhaireacht fógraíochta Young and Rubicam. An post deiridh a bhí aici roimhe seo ná ina hUachtarán agus ina Stiúrthóir Bainistíochta i Discovery Networks Northern Europe. Thosaigh Dee ag obair le Discovery in 2010 mar Cheann oibríocht na Ríochta Aontaithe/na hÉireann agus chuir sí lena cuid freagrachtaí de réir a chéile go dtí go raibh sí i gceannas ar réigiún Thuaisceart na hEorpa, ina raibh 18 margadh agus críoch agus 27 cainéal, idir chinn saor-go-haer agus síntiúis, a bhí ag craoladh chuig breis is 276 milliún líon tí ar fud Thuaisceart na hEorpa gach mí.

Sula ndeachaigh sí le Discovery, stiúir Dee gnónna Turner Broadcasting sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ina raibh seacht gcainéal siamsaíochta, ina measc Cartoon Network, Boomerang agus TCM. Chaith sí roinnt blianta ag obair le Turner i róil éagsúla tráchtála, ina measc Bainisteoir Ginearálta ar réigiún Nordach/Lár na hEorpa, Oirthear na hEorpa agus na réigiúin EMEA. Ba í Ceann na nDíolachán Fógraíochta don Eoraip freisin í.

Bhí Dee ina stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin ar bhord The Irish Times tráth agus tá sí ar bhord Munster Rugby faoi láthair. I nDrom Dhá Liag in iarthar Chorcaí a rugadh Dee agus bhain sí céim sa stair agus sa pholaitíocht amach sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.



**Frank Hannigan**
**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019**

Tá Frank Hannigan ag obair leis na meáin chumarsáide traidisiúnta agus le comhlachtaí bogearraí le 30 bliain anuas. D'oibrigh sé le raidió agus leis na meáin chlóite go dtí gur tháinig na meáin idirlín i dtreis agus d'oibrigh sé sna meáin shóisialta ina dhiaidh sin nuair a tháinig siad sin faoi bhláth. D'oibrigh sé ag tráthanna éagsúla leis an *Sunday Tribune*, le Hot Press agus le Examiner Publications.

Ina chuid fiontraíochta, d'éirigh leis níos mó ná €40m d'infheistíocht a bhailiú dá chuid tograí. Tá fónamh déanta aige ina thionscantóir, ina mheantóir agus ina infheisteoir le roinnt de na gnólachtaí tionscantacha is spleodraí in Éirinn.

Bíonn Frank ina léachtóir cuairte in Ollscoileanna na hÉireann, é i mbun cainte ar ábhair éagsúla maidir leis na meáin chumarsáide agus le gnó barainneach a thionscnamh.



**Deborah Kelleher**

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019**

Ceapadh Deborah Kelleher ina Stiúrthóir ar Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) i mí Dheireadh Fómhair 2010. Bhí bunpháirt aici i gcúrsaí allamuigh, i gcúrsaí cianfhoghlama agus i gcúrsaí acadúla a chur ar bun san Acadamh le roinnt blianta anuas.

Bhí páirt thábhachtach aici freisin le bunchéim shaindírithe sa chumadóireacht, an chéad chúrsa i dteicneolaíocht an cheoil san Acadamh agus cuid mhór cúrsaí don fhorbairt ghairmiúil ar mhúinteoirí ar fud na tíre, a chur ar siúl. Rinneadh Coláiste Comhlach de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath de Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain 2013. Rinne Deborah maoirseacht ar an athrú suntasach sin.

Rinne Deborah staidéar ar an gceol i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá céimeanna Máistreachta aici sa cheoleolaíocht (An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath) agus i riarachán gnó (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath). Aithnítear go bhfuil Deborah ar dhuine de na ceoltóirí pianó is fearr dá glún in Éirinn agus shaothraigh sí ar feadh na mblianta ina Ceannasaí ar Roinn na Ceoltóireachta sa Cheol-Acadamh Ríoga.

Dhírigh sí go mór ar sheinm le hamhránaithe le blianta beaga anuas agus d'oibrigh sí le Ailish Tynan, Mairéad Buicke, Tara Erraught agus Bernadette Greevy nach maireann, i measc roinnt oirfideach eile. Tá sí ina comhalta de bhord Chomórtas Idirnáisiúnta Pianó Bhaile Átha Cliath, de bhord Cheolfhoireann Náisiúnta na nÓg agus de bhord Lyric Opera. Rinne sí fónamh ar Phainéal Piarmheastóireachta don Chomhairle Ealaíon.

Tá Deborah ar dhuine den dáréag comhalta ar Chomhairle Chumann Ardscoileanna Ceoil na hEorpa (AEC), scáthghrúpa do bhreis agus 280 ardscoil ceoil.



**Aengus Mac Grianna**

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019**

Tá sé ar dhuine de na léitheoirí nuachta is fearr a thaitníonn leis an bpobal. Thosaigh sé le RTÉ i lár na 1980idí ag obair mar theachtaire sa seomra nuachta. D'oibrigh sé ina thuairisiceoir leis an gcuid is mó de dheasca an tseomra nuachta ina dhiaidh sin sular ceapadh ina léitheoir nuachta é sa bhliain 1999.

Chomh maith leis na cláir nuachta *Six-One* agus *Nine O'Clock News* a chur i láthair go rialta, is minic Aengus le cloisteáil ar RTÉ Radio 1 agus ar RTÉ lyric fm. In 2009, rinneadh Príomh-Ionadaí Ceardchumainn an NUJ sa Seomra Nuachta d'Aengus. Bhí sé páirteach in go leor idirbheartaíochtaí faoi scálaí agus struchtúir pá athbhreithnithe sa Seomra Nuachta. Rinne sé ionadaíocht ar NUJ ag leibhéal TUG ar feadh beagnach dhá bhliain. In 2014, thogh comhaltaí foirne Aengus ar Bhord RTÉ.



**Dr P.J. Mathews**

**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019**

Tá an Dr. P.J. Mathews ina Chomh-Ollamh i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta sa gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Baineann a shaothar go speisialta le litríocht agus le cultúr an hÉireann. Is é a scríobh an saothar *Revival* (arna fhoilsiú ag Field Day\ Cork UP sa bhliain 2003) maidir le tréimhse athbheochan chultúr na hÉireann; a rinne eagarthóireacht ar an saothar *Cambridge Companion to J.M. Synge* (2009); agus comheagarthóireacht ar *A Handbook of the Irish Revival* (arna fhoilsiú ag Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2015).

Is é an Dr Mathews a bhunaigh agus atá ina Stiúrthóir ar an bpodchraoltóireacht acadúil le UCDscholarcast (www.ucd.ie/scholarcast).

Bhí sé ina stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Parnell idir 2002 - 2005 agus ceapadh ina Chomhalta Naughton agus ina Chomh-Ollamh Cuairte sa Bhéarla é in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007-8. Tá sé ina *membre extérieur* de Mheitheal Léann na hÉireann in Université Sorbonne Nouvelle-Paris 3, agus ina chomhthionólaí ar Chraobhchóras Taighde Dochtúireachta Léann na hÉireann.



**Eoin McVey**

**Téarma Oifige: 20 Nollaig 2016 – 16 Feabhra 2020**

Iriseoir is ea Eoin McVey. Chuaigh sé faoi oiliúint cuntasaíochta le Coopers & Lybrand i mBaile Átha Cliath (ar a dtugtar PWC) agus ar a chuid alt a chríochnú thosaigh sé le *The Irish Times* ina Iriseoir Airgeadais.

I measc na gceapachán eile a bhí aige tá Eagarthóir Gnó, Eagarthóir Cúnta agus Eagarthóir Bainistíochta. D'fhóin sé ina Stiúrthóir ar The Irish Times Ltd agus ar Irish Times Publications Ltd. Ba é duine de na stiúrthóirí bunaitheacha ar Press Council of Ireland Ltd é agus chaith sé 6 bliana ar an mbord.

Is comhalta é Eoin de Bhord Bainistíochta an RDS agus dá Chomhairle rialaithe. Is stiúrthóir é ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freisin. Is é an cathaoirleach é ar an gcoiste Iniúchta agus Riosca sa dá eagraíocht.

# Bord RTÉ (ar lean)



**Shane Naughton**
**Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020**
Is é Shane Naughton Príomhoifigeach Airgeadais The Economist Group, príomhfhoinse anailíse ar ghnóthaí gnó agus domhanda. Tá an nuachtán The Economist ar cheann dá ghnónna.

Roimhe seo bhí sé ina Phríomhoifigeach Domhanda Airgeadais le EMI Music, an gnó idirnáisiúnta ceoil a chuimsíonn na lipéid Capitol, Virgin, Blue Note agus Parlophone, a eisíonn ceol de chuid na Beatles agus Beach Boys, Coldplay agus Katy Perry.

Roimhe sin arís, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar rannóg Connect de chuid UBM plc, áit ar bhainistigh sé punann irisí gnó. Bhain sé taithí mhór amach i gcúrsaí teilifíse agus craolacháin le linn a chuid ama le Sky. D'oibrigh sé freisin le Coca-Cola agus le Dell Computers i róil éagsúla maidir le cúrsaí airgeadais.

Cháiligh sé ina chuntasóir cairte i KPMG agus bhain sé céim sa dlí amach sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.



**Anne O'Leary**
**Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019**
Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina Feidhmeannach Gnó. Réimsí spéise ina bhfuil cumas faoi leith léirithe aici is ea cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú isteach ar an margadh agus leas a bhaint as deiseanna teicneolaíochta d'fhonn acmhainneacht a thapú. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíonta. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí stáit.

Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar ghnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain sular dhíol sí é, agus bíonn béim láidir aici ar pháirtnéireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht maidir le caidreamh inmheánach - seachtrach.

Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha éagsúla gnó. Is léir a cumas maidir le fáthmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhiú do mheithle agus do dhaoine aonair agus méadú inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.



**Fionnuala Sheehan**
**Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020**
Le linn a gairme go dtí seo, d'oibrigh Fionnuala Sheehan sa státseirbhís (sa Roinn Airgeadais agus sa Choimisiún Cánachais), sa tseirbhís phoiblí (Bainisteoir Maoiniúcháin do Telecom Éireann, tráth a bhunaithe, agus dá cuideachta infheistíochta caipitil, Irish Telecommunications Investments Limited), san earnáil tráchtála (Cisteoir Grúpa do GPA Limited agus dá chuideachtaí comhfhiontair), san ardoideachas (Leas-Chláraitheoir, Ollscoil Luimnigh), agus san earnáil neamhbhrabúis (Príomhfheidhmeannach MEAS – Taitneamh Aibí as Alcól sa tSochaí).

Bhí Fionnuala i gceannas ar chuid mhór tionscnamh maidir leis an nuálaíocht agus le bainistíocht athraithe i rith a ré gairme.

Is as cathair Luimnigh Fionnuala ó dhúchas agus bhain sí céim dhúbailte chéad onóracha amach in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tá céim Máistreacht sna Dána aici, Dioplóma san Airgeadas Feidhmeach, chomh maith le Teastas agus Dioplóma i Stiúrthóireacht Cuideachtaí (arna mbronnadh ag Institiúid na Stiúrthóirí). D'fhóin sí ina Gobharnóir ar Ollscoil Luimnigh agus ina Stiúrthóir ar Daghda Dance Company.



**Margaret E. Ward**
**Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020**
Fiontraí í Margaret E. Ward a chaith 25 bliain ag obair ina hiriseoir maidir le gnóthaí airgeadais. Tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Clear Ink, gníomhaireacht cumarsáide maidir le brandaí domhanda atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh sí ina colúnaí gnó agus ina hiriseoir fiosrúcháin leis an *Irish Times*. Bhí sí ar an gcéad Eagarthóir Airgid ag an *Sunday Times* in Éirinn, chuir sí cláir faoi chúrsaí gnó i láthair ar Newstalk agus bhíodh sí go rialta ar chláir raidió de chuid RTÉ.

Bhronn Dlí-Chumann na hÉireann an gradam *Justice Media Award* uirthi as a cuid iriseoireachta sóisialta agus feachtasaíochta. Bronnadh gradam iriseoireachta eolaíochta ICS uirthi freisin as alt a foilsíodh san Irish Times faoi tharbhfhrídí atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

In 2010, bhunaigh sí Women on Air, grúpa neamhbhrabúis líonraithe a thugann scileanna agus muinín do mhná ar saineolaithe iad le dul ar an aer. Tá máistreacht san Iriseoireacht aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I Nua Eabhrac a rugadh Margaret ach in Éirinn a rugadh a tuismitheoirí. D'aistrigh sí go Baile Átha Cliath i 1995.

## Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh deich gcruinniú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2016. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an bhoird ar na cruinnithe sin:

| | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh |
|---|---|---|
| **An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2016** | | |
| Moya Doherty | 10 | 10 |
| Fergus Armstrong | 10 | 10 |
| Dee Forbes | 5 | 5 |
| Frank Hannigan | 10 | 10 |
| Deborah Kelleher | 10 | 7 |
| Aengus Mac Grianna | 10 | 10 |
| Dr P.J. Mathews | 10 | 9 |
| Eoin McVey | - | - |
| Shane Naughton | 10 | 10 |
| Anne O'Leary | 10 | 10 |
| Fionnuala Sheehan | 10 | 10 |
| Margaret E Ward | 10 | 9 |
| **Daoine a d'éirigh as de bheith ina gcomhaltaí den Bhord sa bhliain 2016** | | |
| Noel Curran | 4 | 3 |
| Pádraig Ó Céidigh | 1 | 1 |

Féach an tuairisc faoi Rialachas Corparáide ar leathanach 106 maidir le tuilleadh mionsonraí faoi na hathruithe i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2016.

## Coistí an Bhoird

### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh seacht gcruinniú i rith na bliana 2016, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Anne O'Leary (Cathaoirleach) | 7 | 7 | 27 Samhain 2014 |
| Moya Doherty | 4 | 3 | 21 Aibreán 2016 |
| Frank Hannigan | 7 | 6 | 27 Samhain 2014 |
| Shane Naughton | 7 | 7 | 23 Iúil 2015 |

Bhí Pádraig Ó Céidigh i dteideal freastal ar aon chruinniú amháin den Choiste Iniúchta agus Riosca agus bhí sé i láthair ag an gcruinniú sin. D'éirigh sé as a bheith ina chomhalta den Bhord i rith na bliana 2016 faoi mar a mhínítear sa tuairisc ar Rialachas Corparáide.

### Coiste na gClár

Tionóladh sé chruinniú de Choiste na gClár i rith na bliana 2016, agus bhí iomlán na gcomhaltaí i láthair ag gach cruinniú.

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Dr P.J. Mathews (Cathaoirleach) | 6 | 6 | 27 Samhain 2014 |
| Deborah Kelleher | 6 | 6 | 27 Samhain 2014 |
| Aengus Mac Grianna | 6 | 6 | 19 Feabhra 2015 |
| Margaret E Ward | 6 | 6 | 19 Feabhra 2015 |

### An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste i rith na bliana 2016, agus bhí iomlán na gcomhaltaí i láthair ag gach cruinniú.

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Moya Doherty (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 22 Eanáir 2015 |
| Fergus Armstrong | 4 | 4 | 10 Márta 2009 |
| Shane Naughton | 4 | 4 | 4 Samhain 2015 |
| Anne O'Leary | 4 | 4 | 22 Eanáir 2015 |

### An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tionóladh ceithre chruinniú i rith na bliana 2016, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Fionnuala Sheehan (Cathaoirleach) | 4 | 4 | 24 Meán Fómhair 2015 |
| Fergus Armstrong | 4 | 3 | 24 Meán Fómhair 2015 |
| Deborah Kelleher | 4 | 4 | 24 Meán Fómhair 2015 |

### An Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta

Tháinig an Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta nuabhunaithe le chéile faoi dhó i rith na bliana 2016:

| Comhaltaí Coiste | Cruinnithe Infhreastail | Cruinnithe a Freastalaíodh | Ceapadh ar an gCoiste |
|---|---|---|---|
| Frank Hannigan (Cathaoirleach) | 2 | 2 | 28 Eanáir 2016 |
| Aengus Mac Grianna | 2 | 2 | 28 Eanáir 2016 |
| Fionnuala Sheehan | 2 | 2 | 28 Eanáir 2016 |

## Freastal ar Chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Anuas air sin, tá Moya Doherty, Aengus Mac Grianna agus Fionnuala Sheehan ina gcomhaltaí freisin ar Bhoird fho-chuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boird de réir sceidil na bhfochuideachtaí sin.

# Feidhmiúchán



**Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir**
Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 100.



**Brian Dalton**
**Bainisteoir Stiúrtha, Forbairt Corparáide**
Thosaigh Brian le RTÉ ina Bhainisteoir Stiúrtha maidir le Forbairt Corparáide i mí Márta 2009. Tá céim Mháistreachta sa Bhainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sular tháinig sé isteach in RTÉ, bhí Brian i bpoist shinsearacha bainistíochta maidir le cúrsaí Oibriúcháin agus AD. Is i gcomhlachtaí ilnáisiúnta de leithéid GE, Intel agus Becton Dickinson a d'oibrigh sé den chuid is mó agus i réimse seirbhísí airgeadais ina dhiaidh sin maidir leis an mbainistíocht ar athrú i gcomhthéacs cumaisc agus éadála.



**Dermot Horan**
**Bainisteoir Stiúrtha Gníomhach agus Stiúrthóir Léiriúcháin agus Ceannacháin, Teilifís**
Chomh maith leis an ról ina Stiúrthóir Léiriúcháin agus Ceannacháin i rannóg Teilifíse RTÉ, mar a bhfuil sé freagrach as iomlán na gclár idirnáisiúnta a cheannach agus as iomlán na gclár Éireannach a chur ar fáil, ceapadh Dermot Horan ina Bhainisteoir Stiúrtha Gníomhach i Rannóg na Teilifíse i mí Iúil 2016. Bhíodh sé tráth ina Cheannasaí ar Chláir do Dhaoine Óga. Déanann Dermot ionadaíocht thar ceann Rannóg na Teilifíse i mbun déileála le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI), le Léiritheoirí Scáileáin Éireann (SPI) agus le Bord Scannán na hÉireann. Déanann sé ceannródaíocht maidir le straitéis Theilifís RTÉ don chomhléiriú idirnáisiúnta. Tá sé ina chomhalta freisin de Ghrúpa na gCraoltóirí Teilifíse in Éirinn (TBIG), a bhfuil na craoltóirí teilifíse ar fad in Éirinn, thuaidh agus theas, ina gcomhaltaí de. Bhíodh sé ina chathaoirleach seal, agus tá sé ina chomhalta faoi láthair, ar TIF Thionscal an Chraolacháin agus Dháileachán Ábhair ag IBEC, cónaidhm na bhfostóirí in Éirinn. Tá sé ina chomhalta boird ar Fhéile Naomh Pádraig.



**Jim Jennings**
**Bainisteoir Stiúrtha, Raidió**
Ceapadh Jim Jennings ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Raidió RTÉ i mí na Samhna 2013. Déanann sé maoirseacht freisin maidir leis an mbainistíocht ar Cheolfhoirne, Cheathairéad agus Chóir RTÉ. Bhí Jim ina Cheannasaí ar RTÉ Raidió 1 sular ceapadh sa phost seo é. Sa bhliain 1985 a thosaigh Jim le Raidió 1 RTÉ, ag obair ar dtús le Gnéchláir agus Cúrsaí Reatha ar chláir de leithéid *Today at Five* agus *The Pat Kenny Show.* D'athraigh sé sa bhliain 1989 go dtí Teilifís RTÉ, mar a raibh roinnt post sinsearach aige, ina measc Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Late Late Show, Election 2012* agus searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. D'oibrigh sé freisin ina Eagarthóir ar *Léargas*.



**Múirne Laffan**
**Príomhoifigeach Digiteach**
Ceapadh Múirne Laffan ina Bainisteoir Stiúrtha ar rannóg nua RTÉ Digiteach i mí Deireadh Fómhair 2011. I rith na bliana 2015 athshuíodh an ról sin go dtí Príomhoifigeach Digiteach. I mBaile Átha Cliath a rugadh Múirne a bhfuil céim aici ón gColáiste Margaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Chuir sí tús lena saol oibre i gcúrsaí fógraíochta i Londain sula ndeachaigh sí le McCann-Erickson Worldwide (Nua-Eabhrac) sa bhliain 1991. Bhí Múirne ar dhuine den mheitheal ceannródaíochta a chruthaigh Universal McCann, áit a raibh sí i bpost an Leas-Uachtaráin Shinsearaigh, Stiúrthóir Cliant ar fud an Domhain. D'fhill Múirne ar Éirinn sa bhliain 2001 ag obair le RTÉ, ina Bainisteoir Ginearálta ar RTÉ Commercial Enterprises DAC agus ina dhiaidh sin ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Fhoilsitheoireacht RTÉ. Bhí Múirne i gceannas ar an meitheal a chruthaigh punann brandaí ar éirigh thar cionn leo, ina measc RTÉ News Now, RTÉ Player, RTÉ Ten, RTÉ Aertel Digital agus eile. Is ar Mhúirne anois atá an fhreagracht maidir leis an straitéis dhigiteach agus as ábhar ar a éileamh a chur ar fáil do lucht féachana agus éisteachta RTÉ.

**Breda O'Keeffe**

**Príomhoifigeach Airgeadais**

Ceapadh Breda O'Keeffe ina Príomhoifigeach Airgeadais i rith na bliana 2013. As Cill Chainnigh ó dhúchas di, d'fhreastail sí Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus tá sí ina Comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Sular tháinig sí ag obair le RTÉ, bhí poist shinsearacha i réimsí airgeadais aici le GPA, GE Capital Aviation Services, JetPhone, GE Insurance Services agus Halifax Bank of Scotland. Bhí baint mhór aici le GE Insurance Services agus Halifax Insurance Ireland a chur ar bun i mbaile na Sionainne. Thosaigh Breda ag obair le RTÉ sa bhliain 2002. Ceapadh ina Stiúrthóir Airgeadais maidir le Teilifís RTÉ í sa bhliain 2003 agus bhí sí ina comhalta den Ghrúpa Straitéise maidir le Cláir Teilifíse. Ceapadh Breda ina stiúrthóir ar RTÉ Commercial Enterprises DAC i rith na bliana 2012 agus ceapadh ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC í sa bhliain 2013.

**Willie O'Reilly**

**Stiúrthóir Tráchtála an Ghrúpa**

Thosaigh Willie O'Reilly le RTÉ ina Stiúrthóir Tráchtála an Ghrúpa i mí Eanáir 2012. Céimí de chuid an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath é Willie a bhí níos mó ná deich mbliana ina Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Gerry Ryan Show* ar RTÉ 2fm. Bhí Willie ina Phríomhfheidhmeannach ar Today FM ón mbliain 1999 go dtí an bhliain 2011 mar a raibh sé freagrach as ardú ar an lucht éisteachta agus ar an ioncam. Chabhraigh sé le Today FM a bhunú mar bhranda láidir i measc na meán cumarsáide in Éirinn Le linn an ama sin, rinne sé bainistíocht maidir le hathrú úinéireachta ó úinéirí príobháideacha go dtí Scottish Radio Holdings, go dtí Emap Plc agus go dtí Communicorp. Bhí sé ina Uachtarán tráth ar Institiúid na Stiúrthóirí agus cháiligh sé le gairid ina Stiúrthóir Cairte. Bhí Willie ina chomhalta boird ar Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte 2009/2010 agus ina chomhalta de Choiste Iniúchta na heagraíochta sin. Rinne sé fónamh freisin ina Chathaoirleach ar Chraoltóirí Neamhspleácha na hÉireann.

**Richard Waghorn**

**Príomhoifigeach Teicneolaíochta**

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid an University of Leeds é. Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, chaith Richard ceithre bliana ina Stiúrthóir Dáiliúcháin leis an BBC agus é i mbun ceannródaíochta maidir leis an athrú go dtí córais dhigiteacha. D'oibrigh sé ar fud roinnt réimsí éagsúla leis an BBC, straitéis, meáin chumarsáide nua, dáiliúchán agus léiriúchán raidió ina measc. Bhí Richard ina stiúrthóir boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002.

**Jon Williams**

**Bainisteoir Stiúrtha, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ**

Tháinig Jon Williams ag obair in RTÉ i mí Eanáir 2017. Bhíodh sé roimhe sin ina Eagarthóir Bainistíochta, Nuacht Idirnáisiúnta ag ABC News i Nua-Eabhrac mar ar mhúnlaigh sé tráchtaireacht na heagraíochta sin ar an nuacht idirnáisiúnta agus an straitéis ina leith sin. Rinne sé ceannródaíocht maidir le tuairiscíocht ABC ar an gcogadh san Úcráin, ar ghéarchéim na ndídeanaithe san Eoraip agus ar ionsaithe sceimhlitheoireachta ISIS san Eoraip chomh maith leis an nuálaíocht a chur chun cinn le físeáin 360 agus an réadúlacht fhíorúil a úsáid. Ba é Jon Eagarthóir Nuachta na Ríochta Aontaithe ag an BBC i rith olltoghchán na bliana 2005 agus ionsaithe sceimhlitheoireachta 7/7 ar an gcóras iompair i Londain, ar bronnadh gradam BAFTA ar an tuairiscíocht a rinneadh ina leith. Idir na blianta 2000 agus 2003, bhí Jon ina Leaseagarthóir ar an *Six O'Clock News* ag an BBC, an clár nuachta is mó lucht féachana sa Ríocht Aontaithe. Ina dhiaidh sin, bhí sé ina Eagarthóir maidir le Nuacht an Domhain ag an BBC, i mbun bainistíochta ar fhoireann 200 duine i 30 tír. Sular fhág sé an BBC, rinne sé maoirseacht ar an tuairiscíocht ar an gcogadh cathartha sa tSiria, ar bronnadh an dara gradam Emmy air dá bharr, agus bhronn an Royal Television Society Duais Idirnáisiúnta na bliana 2013 air.









# Rialachas Corparáide

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Cloíonn RTÉ leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, a d'fhoilsigh an Rialtas ar an 15 Meitheamh 2009. Leagtar amach sa chód na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear leis sin cleachtais agus nósanna imeachta rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla an Bord agus luach saothair chomhaltaí an Bhoird; bainistíocht riosca, cuntasacht agus rialáil inmheánach; socruithe tuairiscíochta, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla; agus raon nósanna imeachta eile maidir le rialáil airgeadais. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.*

D'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan leasaithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ar an 17 Lúnasa 2016, a thagann i bhfeidhm maidir le tuairiscíocht airgeadais i gcás thréimhsí tuairiscíochta dar tús an 1 Meán Fómhair 2016 nó dáta ina dhiaidh sin. Beidh tuairisc ó RTÉ maidir le comhlíonadh an Chóid leasaithe sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile.

Comhlíontar chomh maith an dualgas maidir le rialachas corparáide agus dualgais eile a leagtar ar RTÉ faoin *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus faoin *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.*

### Bord RTÉ

#### Comhdéanamh

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 *d'Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhalta a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil;
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear ar na comhaltaí. Amhail an 31 Nollaig 2016, seisear ban agus seisear fear atá ar Bhord RTÉ.

Tháinig athrú ar chomhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana 2016 agus ceapadh beirt chomhaltaí nua ar an mBord chun folúntais a líonadh a tháinig chun cinn i rith na bliana.

Tá Dee Forbes ina comhalta den Bhord ón 11 Iúil 2016 nuair a chuaigh sí i mbun cúraim i bpost Phríomh-Stiúrthóir RTÉ. D'fhógair Noel Curran i ndeireadh na bliana 2015 go raibh rún aige éirí as an bpost mar Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ; tháinig deireadh lena thréimhse mar chomhalta ar an mBord ar an 19 Meitheamh 2016 ar fhágáil RTÉ dó.

Tháinig deireadh le tréimhse Phádraig Uí Chéidigh ina chomhalta ar an mBord ar an 3 Márta 2016. Tharla sin i gcomhréir le hAlt 86 *d'Acht Craolacháin 2009* ar a ainmniú ina iarrthóir i dtoghcheantar Ollscoil na hÉireann i dToghchán Sheanad Éireann.

Cheap an Rialtas Eoin McVey ar an mBord le héifeacht ón 20 Nollaig 2016. Rinneadh an ceapachán sin tar éis don Chomhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil moltaí a dhéanamh leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Leagtar amach sonraí beathaisnéise faoi dháréag comhaltaí an Bhoird, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016, ar leathanaigh 100-102 agus mionsonraí faoi théarmaí oifige san áireamh.

#### Ról

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 den *Acht Craolacháin 2009.* Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Feidhmeannais a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Luaitear i measc na gcritéar nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirligh ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhord.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun cúrsaí maidir le feidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

### Nósanna Imeachta an Bhoird

Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do gach comhalta den Bhord ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhord ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir iomlána an Bhoird chuig gach comhalta den Bhord in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas

sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Boird ar a iarraidh.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhord comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhord.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos de na príomhréimsí ábhair maidir le gnó RTÉ a choimeádtar don Bhord amháin maidir lena bplé agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Is iad sin:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí agus tionscadail mhóra chaipitil a aontú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;
- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith riosca;
- Na leibhéil maidir le húdarás tarmligthe;
- Athbhreithniú ar an gcóras rialála inmheánach.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmligean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn san áireamh le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird roimh gach cruinniú Boird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Boird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Boird, de réir mar is gá.

**Coistí an Bhoird**

Tá cúig cinn d'fhochoistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2016 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gClár, an Coiste maidir le Cóirthrádáil agus an Coiste Teicneolaíochta agus Nuála agus an Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta nua-bhunaithe.

Leagtar amach ar leathanach 103 na comhaltaí atá ar gach coiste agus sonraí faoin bhfreastal a rinneadh ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana 2016. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ ina Rúnaí ar gach Coiste.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Níor mheas an Bord go raibh gá le haon choiste sealadach a chur ar bun i rith na bliana 2016.

**An Coiste Iniúchta agus Riosca**

Tá ceathrar de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, agus comhaltaí iad ar fad a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Is é Shane Naughton an comhalta den Choiste ag a bhfuil taithí le gairid ar ghnóthaí airgeadais. Tá téarmaí tagartha an Choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Is iondúil go bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an Choiste, agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an Choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhord, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhshrianta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an Choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ar a laghad uair sa bhliain ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2016:

- Tuairiscí gach ráithe maidir le hábhar baoil agus athruithe i rith na bliana a mheas maidir leis na príomhréimsí baoil agus a bhféadfadh a bheith i gceist leo ó thaobh ghnó na corparáide;
- Tuairisc mhion ón Urra Feidhmiúcháin maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide;
- An Plean don Iniúchadh Inmheánach 2016;
- Tuairiscí maidir le hIniúchadh Inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iniúchta Inmheánach tuairisc i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile;
- An plean don iniúchadh seachtrach, scóip na hiniúchóireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta;
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta é. Bhí athbhreithniú an Choiste dírithe go háirithe ar pholasaithe cuntasaíochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin cuntasaíochta agus dlí is infheidhme;
- Tuairisc ón iniúchóir seachtrach tar éis iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin;
- Cúrsaí comhlíonta maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh;
- Tuarascáil bhliantúil Léiriúchán Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í;
- Éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhort;
- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an Bord é;
- Tuairiscí rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh chomh maith leis an mbainistíocht riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí;
- Socruithe agus saoráidí baincéireachta RTÉ;
- Téarmaí tagartha leasaithe don Choiste;
- Polasaí leasaithe de chuid RTÉ maidir le Tuairiscíocht de Mheon Macánta; agus
- Leasú ar na Cóid Iompair Gnó d'fhostaithe RTÉ agus do na comhaltaí Boird.

Cuireadh teagasc ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca i rith na bliana 2016 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistiú riosca agus caighdeáin cuntasaíochta.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúchóireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhnithe ag na hiniúchóirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlacht.

Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca an leibhéal seirbhísí neamhiniúchta a chuireann iniúchóirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúchóirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an Choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúchóireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhísí a fuarthas ó KPMG i rith na bliana nár bhain le hiniúchóireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

**Coiste na gClár**
Tá ceathrar de chomhaltaí an Bhoird ar Choiste na gClár, agus meastar triúr acu a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Breithníonn an Coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórthábhachtacha maidir le cláir agus sceidil ag Teilifís RTÉ agus Raidió RTÉ. Is féidir leis an gCoiste bualadh, ag gach ceann de na cruinnithe, leis na Bainisteoirí Stiúrtha agus le daoine eile den lucht bainistíochta sinsearach maidir le Teilifís, Raidió, nó Nuacht agus Cúrsaí Reatha, agus le lucht déanta clár ón eagraíocht nó ón earnáil sheachtrach neamhspleách d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an saothar maidir le cláir agus ar straitéisí agus pleananna atá beartaithe. Déanann an Coiste maoirsiú ar phleananna Digiteacha chomh maith.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gClár agus an Coiste Iniúchta agus Riosca a gcuid clár oibre le chéile ionas go gcinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialáil inmheánach agus bainistiú riosca thíos.

**An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta**
Ceathrar de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad. Tá téarmaí tagartha an Choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ. Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an Choiste:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déantar foráil faoi théarmaí tagartha an Choiste do mheastóireacht, de réir mar a cheaptar gur gá sin, ar ról leas Phríomh-Stiúrthóra no aon duine a cheaptar go sealadach i bpost an Phríomh-Stiúrthóra i gcomhréir le hAlt 89(8) an *Achta Craolacháin 2009*);
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le pacáiste luach saothair don lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí i gComhlachtaí Stáit tráchtála.
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir leis na conarthaí do chonraitheoirí 'sárchumais'; agus
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boird d'fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Bíonn cúnamh ag an gCoiste, de réir mar a bhíonn gá leis sin, ó dhuine a ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Gíomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an Choiste seo go sonrach.

**An Coiste maidir le Cóirthrádáil**
Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha gach duine acu. Seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh; agus
- Athbhreithniú a choimisiúnú ó am go chéile ar ghnáis Cóirthrádála RTÉ.

D'fhoilsigh RTÉ leagan leasaithe de Pholasaí agus Nós Imeachta RTÉ maidir le Trádáil Chóir agus den Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi Ghnóthaí Cóirthrádála i mí Feabhra 2016. Bhí an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d'aontaigh an Coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 178.

**An Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta**
Chuir an Bord Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta ar bun i mí Eanáir 2016. Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha beirt acusan. Seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na rannóige Tráchtála, bonn treise a chur faoin bhfeidhmíocht sin agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ag díriú go háirithe ar shruthanna ioncaim agus ar ardáin reatha agus nua (neamhthraidisiúnta); agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Teicneolaíochta, bonn treise a chur faoin bhfeidhmíocht sin agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ag díriú go háirithe ar an úsáid reatha as an teicneolaíocht agus cineálacha nua teicneolaíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

**Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird**
Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcritéar neamhspleáchais a leagtar amach faoi *Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe*, an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann.

Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Dee Forbes agus Aengus Mac Grianna agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an gcúis sin amháin, iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2016 de réir chritéir *Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe*.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i Nóta 24 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2016. Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil na comhaltaí Boird sin neamhspleách ina dtréithe agus ina mbreithiúnas. Agus an Bord ag teacht ar an gcomhairle sin, rinneadh an t-ábhar seo a leanas a mheas:

Bhí cás amháin lenar bhain cláir a bheith á gcoimisiúnú ag RTÉ ó chuideachta léiriúcháin atá faoi úinéireacht / rialú chomhalta den Bhord. Chuir an Bord san áireamh sna cásanna sin gurb ann do Threoirlínte agus Nósanna Imeachta foirmeálta den fhollasacht maidir le Coimisiúnú, go bhfoilsítear iad ar láithreán gréasáin RTÉ agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad maidir leis na coimisiúin uile. Anuas air sin, is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht maidir le gach cinneadh ar leith maidir le coimisiún, déantar a mheas de réir chritéir mheasúnaithe shoiléire agus is de réir ghnáth-théarmaí agus ghnáthchoinníollacha tráchtála i ngach cás a thugtar conarthaí i ngach cás. Ní ábhar an cinneadh maidir le coimisiún aon chlár faoi leith le tabhairt faoi mheas agus faoi bhreithniú an Bhoird. D'fhonn an fhollasacht a léiriú, déantar iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe áirithe freisin gach bliain agus cuirtear Tuarascáil Bhliantúil faoi Léiriúchán Neamhspleách faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir Alt 116 (9) d'*Acht Craolacháin 2009.*

Bhreithnigh an Bord freisin ceist maidir le comhalta den Bhord, nó duine gar gaoil leo, a bheith á fhostú ag RTÉ faoi chonradh Ealaíontóra maidir le páirt a ghlacadh i gclár. Thug an Bord ar aird nach raibh aon fhostú a bhainfeadh le hábhar i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016 a raibh luach ábhartha leis an gconradh fostaíochta, arna dtógáil ina n-aonar nó ina n-iomlán in éineacht. Daoine den lucht eagarthóireachta agus bainistíochta líne a shocraíonn ar rannpháirtí nó láithreoir a fhostú do chlár, agus an aird chuí ar riachtanais an chláir agus ar scileanna agus taithí an duine atá á fhostú. Thug an Bord ar aird freisin gur ar na gnáth-théarmaí tráchtála a ceanglaíodh conarthaí agus iad ag teacht le polasaí RTÉ maidir le daoine a fhostú.

### Rialáil Inmheánach agus an Bhainistíocht maidir le Riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialáil inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúla agus atá siad. Is chun bainistíocht a dhéanamh maidir le riosca nach mbainfí amach cuspóir gnó seachas chun an baol sin a chur ar neamhní ar fad atá na córais sin leagtha amach agus is dearbhú réasúnta a thugtar leo nach dtarlóidh míráiteas ábhartha nó caillteanas agus ní dearbhú absalóideach.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach ar bun ar feadh na bliana agus go dtí dáta cheadú na ráiteas airgeadais chun rioscaí suntasacha a bhainfeadh le RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ag teacht leis an *Treoir faoi Bhainistíocht Riosca, faoi Rialáil Inmheánach agus faoi Thuairiscíocht ar Chúrsaí Airgeadais agus Gnó a Ghabhann leis sin* (treoir leasaithe Turnbull) arna eisiúint ag an gComhairle maidir le Tuairiscíocht faoi Chúrsaí Airgeadais, agus déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ina leith.

Glacann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis gur cuid lárnach de chlár oibre an choiste an bhainistíocht maidir le riosca agus táthar díograiseach maidir le bainistíocht fhónta a dhéanamh ar an mbaol a mbeadh RTÉ ann agus maolú oiread agus is féidir ar an gcur isteach a bheadh aige ar na cuspóirí gnó a bhaint amach.

### An Creatchóras Bainistíochta maidir le Cúrsaí Riosca

Tá creatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca ar bun ag RTÉ atá bunaithe ar struchtúir; freagracht i ndáil le réimsí baoil a leagan ar dhaoine; próisis agus córais trína dtugtar ábhar baoil chun suntais, trína ndéantar a mheas agus trína dtugtar tuairisc air; agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolúcháin. Déanann an Bainisteoir Stiúrtha, Forbairt Corparáide, maoirseacht ar an gcreatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórthábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á déanamh maidir leis na rioscaí. Díríonn an Bord go háirithe ar na cineálacha riosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inmharthanacht fhadtéarmach nó do dhea-chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Feidhmeannas RTÉ agus beart measúnachta mionghéar ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Déanann lucht Fheidhmeannas RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a thiocfadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích. Luaitear Urra Feidhmiúcháin agus Úinéir Riosca le gach réimse a mheastar a bheith ina bhaol mórthábhachta agus coinnítear iad sin faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach i rith na bliana. Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocair leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhinice a bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialáil inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag gabháil leis an bpróiseas measúnachta maidir le riosca straitéiseach a mhínítear thuas, tá clár riosca á choinneáil freisin i ngach rannóg gnó ar a sonraítear na rioscaí mórthábhachtacha, trína ndéantar an dóigh go dtarlódh na rioscaí a mheas agus trína luaitear an toradh is dócha a thiocfadh ar na rioscaí titim amach. Déantar na bearta bainistíochta a dhéantar d'fhonn gach riosca a thabhairt ar leibhéal inmhianta a lua ar an gclár riosca agus déantar na rioscaí a chur in ord tromchúise agus tábhachta. Go logánta, sna rannóga a dhéantar bainistíocht maidir leis na cláir riosca. Bíonn na cláir riosca mar a bheadh córas seiceála i gcomórtas leis an ábhar baoil straitéiseach a shonraíonn Feidhmeannas RTÉ agus mar chuid d'athbhreithniú níos leathanréimsí an Choiste Iniúchta agus Riosca ar éifeachtúlacht na gcóras don rialáil inmheánach.

### Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginnteachta

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadha bheith ina gcur isteach dochrach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na réimsí baoil sin agus ar na bearta maolúcháin ina leith. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Comhlíonadh** | |
| **Clú**<br>Damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh do chlú RTÉ dá dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile faoin dlí nó faoi rialacháin. | • Trí cinn de cháipéisí treoirlínte caomhchóirithe: Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ; Treoirlínte Caighdeán Ábhar Cláir RTÉ; agus Treoirlínte Meáin Shóisialta RTÉ<br>• Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eile eagarthóireachta<br>• Coistí Ceadaithe Corparáide maidir le beartaíocht tráchtála<br>• Oiliúint ar an lucht foirne<br>• Comhairle dlíodóra de réir mar a bhíonn gá leis<br>• Próiseas gearáin faoin reachtaíocht |
| **Cúrsaí Airgeadais** | |
| **Acmhainní Airgid**<br>Bainistíocht ar acmhainní airgid agus a gcur in ord tábhachta d'fhonn an infheistíocht is mó is féidir a dhéanamh in ábhar cláir agus seirbhísí de chuid na tíre seo don lucht féachana agus éisteachta; ciste leordhóthanach a chur ar fáil don infheistíocht caipitil; smacht ar chostais oibriúcháin agus luach an airgid a bhaint amach ar fud na seirbhísí ar fad. Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin. | • Próiseas buiséadaíochta ar bun maidir leis an mbuiséad bliantúil. Cuntais bainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an mhonatóireacht ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad<br>• Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith<br>• Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir pholasaí cistíochta aontaithe<br>• Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta |
| **Ioncam Tráchtála**<br>Iomaíocht ó sholáthraithe domhanda meán cumarsáide, breis fógraíochta as margadh na hÉireann ar chainéil iasachta agus scaipeadh níos forleithne ar an lucht féachana agus éisteachta a chuireann isteach ar an ioncam tráchtála. Bíonn tionchar ag cora nua maidir le heacnamaíocht na hÉireann, eacnamaíocht réimse an Euro agus eacnamaíocht an domhain ar an margadh fógraíochta agus ar ghnó na gcliant. | • Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Monatóireacht maidir le gnóthachtáil ioncaim agus tuar leanúnach ar an teacht isteach atá i ndán gach ráithe: Déanann Feidhmeannas RTÉ monatóireacht gach coicís ar thuairiscí ioncaim, lena ngabhann tráchtaireacht ar chúrsaí an mhargaidh agus na heacnamaíochta<br>• Tionscnaimh agus bearta tráthúla díolacháin agus Ilmheáin, chun tabhairt faoi aon ísliú ar an teacht isteach, lena n-áirítear trádáil chomhtháite a thabhairt isteach i rith na bliana 2016<br>• Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a chur i bhfeidh i rith na bliana 2016, lena n-áirítear deighilt feidhme idir beartaíocht thrádála agus beartaíocht seirbhíse poiblí |
| **Réimsí Straitéiseacha** | |
| **Maoiniú Poiblí**<br>Maoiniú poiblí ar leibhéal nach leor sa chaoi is go gcuirtear teorainn le hacmhainn RTÉ na cuspóirí seirbhíse poiblí a leagtar amach sa reachtaíocht a thabhairt i gcrích. | • Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na gcinntí<br>• Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna maidir le táillí ceadúnais a bhailiú, ar na staitisticí maidir le teaghlaigh agus ar na rátaí seachanta |
| **Rialáil ar Chúrsaí Trádála**<br>Athruithe ó thaobh reachtaíochta nó rialúcháin a chuirfeadh isteach ar shruthanna ioncaim tráchtála ó thaobh gnóthaí fógraíochta, urraíochta nó eile. | • Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na gcinntí<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid chomhlachtaí a bhaineann le hábhar ina leagtar amach cás RTÉ i ndáil leis an toradh a bheadh ar athrú ar an reachtaíocht nó ar rialacháin<br>• Aighneachtaí a chur faoi bhráid phróisis comhairliúcháin<br>• Comhoibriú le heagraíochtaí eile meán cumarsáide agus beartaíocht a dhéanamh i gcomhar leo<br>• Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá |
| **Cúrsaí Dáiliúcháin**<br>D'fhéadfadh teip deis a thabhairt ábhar a thapú ar ardáin faoi leith nó infheistíocht a dhéanamh maidir leis na pátrúin a thiocfaidh chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta maidir le hábhar a thapú, ceangal RTÉ leis an lucht éisteachta agus féachana, agus na spriocanna a leagtar síos ina leith, a chur i mbaol. | • Monatóireacht agus anailís leanúnach ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmhaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh<br>• Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáiliúcháin agus cearta ábhair<br>• Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na gcinntí |

| Cuntas ar an Ábhar Baoil | Bearta Maolúcháin |
|---|---|
| **Cúrsaí Oibriúcháin** | |
| **Cúrsaí Ábhair**<br>Teip ábhar spéisiúil de gach seánra a chur ar fáil, rud a chúngódh ar chumas RTÉ an lucht féachana agus éisteachta a shásamh maidir lenar mian leo agus a mbíonn de dhíth orthu ar mhargadh ina bhfuil an iomaíocht ag géarú go seasta | • Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta<br>• Aonad Fhorbairt Chruthaitheachta<br>• Deiseanna comhchistíochta agus foinsí eile airgid a scrúdú a chuireann le hinfheistíocht RTÉ agus a thugann tionchar níos mó i gcrích as infheistíocht níos ísle<br>• Earnáil láidir Léiritheoirí Neamhspleácha |
| **Teicneolaíocht agus Briseadh sa Ghnó**<br>Teip shuntasach maidir le gné chinniúnach den teicneolaíocht nó den infreastruchtúr a chuirfeadh isteach ar leanúnachas an ghnó agus ar an sruth craolacháin. | • Pleananna maidir le leanúnachas gnó<br>• Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina gcuid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.<br>• Oiliúint |
| **Cúrsaí Eagraíochta agus Pearsanra**<br>D'fhéadfadh moill maidir le cóiriú a dhéanamh ar struchtúir eagrúcháin teorainn a chur le hacmhainn na heagraíochta beart a dhéanamh chun ábhar dúshláin a shárú agus aidhmeanna straitéiseacha tús áite a thabhairt i gcrích. Baineann an baol freisin leis an gcumas baill foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt. | • Pleanáil straitéise cúig bhliana lena n-áirítear straitéis slánchóirithe acmhainní daonna<br>• Athbhreithniú agus leasú leanúnach ar an struchtúr eagrúcháin<br>• Plean gníomhaíochta maidir le hiléagsúlacht d'fhonn iléagsúlacht foirne a chothú agus baill foirne a choinneáil<br>• Pleanáil comharbachta<br>• Cur isteach ar mharc aitheantais Business Working Responsibly d'fhonn branda an fhostóra a chur chun cinn<br>• Straitéis foghlama agus forbartha ar leibhéal na heagraíochta<br>• Athruithe maidir le nósanna oibre d'fhonn obair i meithle, solúbthacht, soghluaisteacht agus éifeachtacht a chur chun cinn |

**Rialáil Inmheánach**

Tá creatchóras rialála inmheánach curtha ar bun ar bhonn docht d'fhonn rialú inmheánach den éifeacht a thabhairt i gcrích, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscíochta le leibhéil bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas maidir le cinntí forchoimeádta don Bhord lena mbreithniú agus le cinneadh a ghlacadh ina leith;
- Cóid Iompair maidir leis an nGnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun riosca mórthábhachta a chuirfeadh isteach ar an ngnó a thabhairt chun aire, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha do bhuiséid le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála do gach rannóg agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha arna gceadú ag an mBord;
- Tuairiscíocht thráthúil de réir na míosa, leis na torthaí iarbhír á lua i gcomparáid leis an mbuiséad agus sin á bhreithniú ag an mBord gach mí;
- Tá polasaí ar bun maidir le Tuairisc de Mheon Macánta (Sceithireacht) ionas go mbíonn bealach ag daoine den fhoireann tuairisc a thabhairt ar ní atá ina ábhar buartha agus sin faoi rún agus, más gá sin, gan údar ná ainm a lua;
- Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Bíonn ceadú an Bhoird riachtanach maidir le tionscadail mhóra caipitil.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Bhí ag baint leis an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú a dhéanamh ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le rioscaí suntasacha a mbeadh RTÉ ina mbaol a shonrú, a mheas agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar thoradh an phróisis mheasúnaithe agus bhainistíochta maidir le riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre don iniúchadh inmheánach agus na príomhthorthaí a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúchóirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh suntasach.

**Gnóthas Leantach**

Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leanann siad de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

# Rialachas Corparáide

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016 (ar lean)

### Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirligh agus stiúrthóirí Chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2016** | | |
| Moya Doherty | **31** | 31 |
| Fergus Armstrong | **16** | 16 |
| Dee Forbes | **-** | - |
| Frank Hannigan | **16** | 16 |
| Deborah Kelleher | **-** | - |
| Aengus Mac Grianna[2] | **16** | 16 |
| Dr P.J. Mathews | **-** | - |
| Eoin McVey | **1** | - |
| Shane Naughton | **16** | 14 |
| Anne O'Leary | **16** | 16 |
| Fionnuala Sheehan | **16** | 14 |
| Margaret E Ward | **16** | 14 |
| **Íocaíochtaí le hIarchomhaltaí[3]** | | |
| Noel Curran | **-** | - |
| Pádraig Ó Céidigh | **2** | 14 |
| Íocaíochtaí le hiarchomhaltaí eile[4] | **-** | 6 |
| | **146** | 157 |

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Phríomh-Stiúrthóir, Dee Forbes, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio
2. Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Aengus Mac Grianna a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ.
3. Féach leathanach 106 maidir le tuilleadh mionsonraí faoi na hathruithe i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2016
4. Tháinig deireadh le téarma oifige roinnt de chomhaltaí an Bhoird an 15 Feabhra 2015. Ar íocaíochtaí a rinneadh leis na comhaltaí Boird sin le linn 2015, bhí: €2,064 an duine le Orlaith Carmody, Aileen O'Meara agus Stuart Switzer.

Bhí an táille bhliantúil le comhaltaí an Bhoird maidir le fónamh mar chomhalta de Bhord RTÉ gan athrú ón mbliain 2015 go dtí an bhliain 2016. Tagann éagsúlacht i gceist maidir le leibhéil táillí mar gheall ar thráthanna ceapacháin, nó athcheapacháin, chomhaltaí an Bhoird.

### Costais Chomhaltaí an Bhoird[1]

Ag teacht leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú,* ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh maidir le costais a íocadh le comhaltaí de chuid an Bhoird:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Taisteal – míleáiste | **26** | 22 |
| Liúntais Chothabhála | **15** | 9 |
| | **41** | 31 |

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

### Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra[1]

Tá an luach saothair don Phríomh-Stiúrthóir ag cloí le polasaí an Rialtais faoi luach saothair phríomhoifigeach feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,agus arna cheadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus in Alt 305 *d'Acht na gCuideachtaí 2014*, tá luacht saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

| | Dee Forbes 2016 €'000 | 2015 €'000 | Noel Curran 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Luach Saothair: | | | | |
| – Buntuarastal | **137** | - | **150** | 250 |
| – Liúntas Gluaisteáin | **12** | - | **11** | 24 |
| Luach Saothair Iomlán | **149** | - | **161** | 274 |
| Rannaíocaíochtaí Sochair Scoir[2] | **29** | - | **29** | 63 |
| | **178** | - | **190** | 337 |

1. Mar a míníodh níos túisce sa tuarascáil seo, ghlac Dee Forbes post Phríomh-Stiúrthóir RTÉ an 11 Iúil 2016 agus tháinig in áit Noel Curran a d'fhág RTÉ le héifeacht ón 19 Meitheamh 2016.
2. An méid a d'íoc RTÉ le scéim pinsin ranníoca sainithe RTÉ.

Thabhaigh Dee Forbes costais €49,652 (2015: ní bhaineann) i gcomhlíonadh a cuid dualgas ina post mar Phríomh-Stiúrthóir i ndiaidh a ceapacháin agus lena n-áirítear costais athlonnaithe. Thabhaigh Noel Curran costais de €1,924 in 2016 (2015: €10,181) i mbun dhualgais an phoist.

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta maidir leis an mbliain 2016 ná leis an mbliain 2015.

# Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i láthair .

### Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuirtear seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin foilsíonn an *RTÉ Guide*, oibrítear seirbhís teilitéacs agus cuirtear raon leathan seirbhísí ar líne atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil saor in aisce. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ, mar aon le grúpaí oirfide eile.

### Athbhreithniú ar an nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2016 agus forbairtí don todhchaí san athbhreithniú ar chúrsaí Oibriúcháin ó leathanach 22 go dtí leathanach 99 agus san athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ó leathanach 12 go dtí leathanach 19. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta , idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 169 go dtí leathanach 177 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa *Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta* don bhliain 2016.

### Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas faoin Ioncam ar leathanach 116 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

### Comhaltaí An Bhoird

Leagtar amach ó leathanach 100 go dtí leathanach 102 ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2016.

### Rialachas Corparáide

Leagtar amach socruithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachas corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 106 go dtí 112
- Próifílí Chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 100 go dtí 102
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 114

### Comhlíontas na Stiúrthóirí

Tugtar isteach faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll nua go ndéanfadh Stiúrthóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhíntítear sin in Alt 225(1) an Achta) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag RTÉ ionas go gcinntítear, sa chás go bhfuil feidhm leis, go gcomhlíonann na fochuideachtaí gach a n-éilítear maidir le Ráitis Comhlíontais ó Stiúrthóirí faoi *Acht na gCuideachtaí 2014.*

### Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar leabhair cuntasaíochta an Ghrúpa.

### Cuntais a Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir le cinntiú go gcomhlíontar forálacha*Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), Rialachán 2012* ('na rialacháin') maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc a íoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasaí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

### Cuideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas maidir le gnóthais fhochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 19 leis na ráitis airgeadais.

### Ionstraimí airgeadais

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 22 leis na ráitis airgeadais.

### Iniúchóir

Leanfaidh KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 383 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 2014.*

### Síntiúis Pholaitíochta

Ag tagairt *d'Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon síntiús polaitíochta.

### Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIniúchóireachta

Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

### Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

Luaitear mionsonraí faoi imeachtaí tábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar an nGrúpa agus a tharla tar éis dheireadh na bliana airgeadais i nóta 25 leis na ráitis airgeadais.

### Thar ceann an Bhoird

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

20 Aibreán 2017

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ ("Bord RTÉ") an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014,* níl cead ag Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a cheadú mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, tá ceangailte ar chomhaltaí Bhord RTÉ:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014;* agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.* Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d'fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 106 go dtí 112 go gcomhlíonann an *Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

**Thar ceann an Bhoird**

| | | |
|---|---|---|
| **Moya Doherty** | **Anne O'Leary** | **Dee Forbes** |
| Cathaoirleach | Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca | An Príomh-Stiúrthóir |

20 Aibreán 2017

# Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ("na ráitis airgeadais") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 lena mbaineann Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach an Ghrúpa, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Staid Airgeadais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le hAthrú Cothromais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Is é an creatchóras maidir le tuairiscíocht airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an *tAcht Craolacháin 2009* ("reachtaíocht an chraolacháin") agus forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014* agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach. Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) (RA & Éire).

**Tuairimí agus Conclúidí ónár nIniúchadh**

**1 Níl aon athrú ar ár dtuairim ar na ráitis airgeadais**

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a chaillteanas don bhliain dar críoch sin;
- Go dtugann ráiteas RTÉ ar an staid airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais RTÉ amhail an 31 Nollaig 2016;
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa go cuí de réir IFRS mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014;* agus
- Gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta go cuí de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.*

**2 Leagtar amach thíos ár gconclúidí ar nithe eile nach mór dúinn a thuairisciú faoi théarmaí ár litir fostaíochta**

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta RTÉ leordhóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go reidir agus mar is ceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teach leis na taifid chuntasaíochta.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**3 Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe nach mór dúinn a thuairisciú trí eisceacht**

Tá dlite orainn faoi Chaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISAanna) (Ríocht Aontaithe & Éire) tuairisciú duit sa chás, bunaithe ar an eolas a fhaighimid i rith an iniúchta, gur aithníomar faisnéis sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil neamhréireacht ábhartha leis an eolas sin nó leis na ráitis airgeadais, míráiteas ábhartha ar fhíric, nó atá míthreorach ar shí eile.

Faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ('an Cód') tá dlite orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialachais airgid inmheánach a éilítear faoin gCód mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide ar leathanaigh 106 go dtí 112 comhlíontas an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.

**An Bunús lenár dTuarascáil, Freagrachtaí agus Srianta ar Úsáid**

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 114, tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir agus go gcomhlíonann siad seachas sin le reachtaíocht an chraolacháin agus le forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014.* Tá sé de fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir an dlí infheidhme agus de réir na gCaighdeán ISA (RA agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloígh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

I rith iniúchta arna dhéanamh de réir ISAs (Ríocht Aontaithe agus Éire), ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear leis sin measúnú i dtaobh an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa agus RTÉ agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhleanúnach agus an nochtar iad de réir mar is cuí; ar den réasúnacht na meastacháin chuntasaíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais go foriomlán.

Déantar freisin an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil a léamh d'fhonn aon mhíréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a thabhairt chun suntais agus d'fhonn aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart, bunaithe ar an eolas atá gnóthaithe againne le linn dúinn an iniúchóireacht a dhéanamh, nó ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin, a shonrú. Sa chás go dtugtar aon mhíráitis nó míréir ábhartha faoi deara, tugtar a mbeadh i gceist leis sin do thuairisc na n-iniúchóirí faoi mheas.

Cé go bhfuil iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna (RA agus Éire) leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt maidir le míráitis ábhartha nó easnaimh a thabhairt chun suntais, níl aon ráthaíocht ann go ndéanfar amhlaidh. Pleanálann an t-iniúchóir an t-iniúchadh chun an méid tástála is gá a chinneadh, d'fhonn an dóchúlacht go sáróidh an méid comhiomlán míráiteas neamhbhraite agus neamhcheartaithe ábharthacht do na ráitis airgeadais ar fad, a laghdú go dtí leibhéal íseal cuí. Ceanglaíonn an tástáil seo orainn obair iniúchóireachta shuntasach a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas chomh maith le cuid mhór ama a bheith á chaitheamh ag na comhaltaí den fhoireann iniúchóireachta is mó a bhfuil taithí acu, go háirithe an comhpháirtí rannpháirtíochta atá freagrach as an iniúchadh, ar réimsí suibiachtúla den chuntasaíocht agus den tuairisciú.

Déantar ár dtuarascáil do Bhord RTÉ ("an Bord") agus dó sin amháin, de réir reachtaíocht an chraolacháin. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas leis an mBord a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas an Bord as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar thángamar.



**Ruaidhri Gibbons**
**ar son agus thar ceann**

**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte, Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúil**

*1 Plás Stokes,*
*Faiche Stiabhna,*
*Baile Átha Cliath 2*
*20 Aibreán 2017*

# Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí Leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 2 | **337,318** | 334,312 |
| Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt) | 3 | **(343,448)** | (320,262) |
| **EBITDA[1]** | | **(6,130)** | 14,050 |
| Dímheas agus amúchadh | 5 | **(13,562)** | (14,240) |
| Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt | 5 | **119** | 569 |
| **(Caillteanas)/Brabús ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(19,573)** | 379 |
| Ioncam airgeadais | 4 | **1,781** | 122 |
| Costas airgeadais | 4 | **(1,564)** | (2,772) |
| **Easnamh Roimh Cháin Ioncaim** | 5 | **(19,356)** | (2,271) |
| Costas Cháin Ioncaim | 7 | **(297)** | (482) |
| **Easnamh don Bhliain** | | **(19,653)** | (2,753) |

[1]EBITDA: Tuilleamh (Brabús Oibriúcháin) roimh Ús, Cháin, Dímheas agus Amúchadh

# Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Easnamh don bhliain | | **(19,653)** | (2,753) |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile** | | | |
| **Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh** | | | |
| (Caillteanas)/gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin shochair shainithe | 20 | **(15,521)** | 59,453 |
| (Caillteanas)/gnóthachan atomhais ar an scéim pinsin '50/50' Riosca i bPáirt | 20 | **(1,812)** | 1,381 |
| Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin | 21 | **2,211** | (5,614) |
| | | **(15,122)** | 55,220 |
| **Nithe a dhéantar nó a d'fhéadfaí a athrangú chuig brabús nó caillteanas** | | | |
| Fálú ar an sreabhadh airgid - cion éifeachtach athruithe i luach cóir | | **(350)** | (304) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid - athrangaithe go dtí an ráiteas ioncaim | 4 | **187** | - |
| Caillteanas ar luach cóir maidir le fálú sreabhadh airgid | 18 | **(163)** | (304) |
| Cánachas iarchurtha maidir leis an bhfálú maidir le sreabhadh airgid | 21 | **20** | 38 |
| | | **(143)** | (266) |
| **Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh eile i leith na bliana** | | **(15,265)** | 54,954 |
| **Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh i leith na bliana** | | **(34,918)** | 52,201 |

# Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais

## ar an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **70,137** | 76,319 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **2,020** | 2,155 |
| Sócmhainn phinsin | 20 | **29,064** | 46,749 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **164** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **101,385** | 125,223 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 10 | **35,427** | 32,139 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 11 | **40,340** | 38,813 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | | **12,716** | 17,676 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **1,000** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **16,698** | 25,703 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **486** | 75 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **106,667** | 114,406 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **208,052** | 239,629 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **40,664** | 75,439 |
| Cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid | 18 | **(409)** | (266) |
| | | **40,255** | 75,173 |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **52,500** | 46,875 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **10,173** | 13,597 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **2,515** | 2,631 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **5,369** | 7,303 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **258** | 150 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **70,815** | 70,556 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **5,375** | 3,750 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **72,437** | 71,677 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **9,772** | 10,252 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **9,189** | 8,067 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **209** | 154 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **96,982** | 93,900 |
| **Dliteanais Iomlána** | | **167,797** | 164,456 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **208,052** | 239,629 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

20 Aibreán 2017

# Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas

## ar an 31 Nollaig 2016

| | Tuilleamh coinnithe<br>€'000 | Cúlchiste maidir le fálú sreabhadh airgid<br>€'000<br>(Nóta 18) | Iomlán Cothromas<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016** | **75,439** | **(266)** | **75,173** |
| Easnamh don bhliain | (19,653) | - | (19,653) |
| Easnamh cuimsitheach eile | (15,122) | (143) | (15,265) |
| **Iomlán an chaillteanais chuimsithigh** | **(34,775)** | **(143)** | **(34,918)** |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **40,664** | **(409)** | **40,255** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 22,972 | - | 22,972 |
| Easnamh don bhliain | (2,753) | - | (2,753) |
| Barrachas/(easnamh) cuimsitheach eile | 55,220 | (266) | 54,954 |
| Iomlán an bharrachais/(easnaimh) chuimsithigh | 52,467 | (266) | 52,201 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 75,439 | (266) | 75,173 |

# Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas

## ar an 31 Nollaig 2016

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Tuilleamh coinnithe** | | |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **(29,115)** | (67,635) |
| Easnamh don bhliain | **(16,236)** | (16,700) |
| (Easnamh)/barrachas cuimsitheach eile | **(15,122)** | 55,220 |
| Iomlán an (easnaimh)/bharrachais chuimsithigh | **(31,358)** | 38,520 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **(60,473)** | (29,115) |

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh don bhliain | | **(19,653)** | (2,753) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, innealra agus trealaimh | 8 | **12,332** | 12,807 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,230** | 1,433 |
| Gnóthachan ar mhaoin, ar threalamh agus ar innealra a dhiúscairt | | **(119)** | (569) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **1,545** | (3,561) |
| Costas Glan Airgeadais | 4 | **(217)** | 2,650 |
| Costas Cháin Ioncaim | 7 | **297** | 482 |
| | | **(4,585)** | 10,489 |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **(5,386)** | 4,853 |
| Athrú ar thrádáil agus ar nithe infhaighte eile | | **(1,525)** | (400) |
| Athrú ar réamhíocaíochtaí | | **5,045** | (5,438) |
| Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile | | **4,152** | 2,582 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **(480)** | 1,921 |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(2,623)** | (4,899) |
| **Airgead Tirim Glan (insúite)/ginte ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(5,402)** | 9,108 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | **13** | 168 |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **127** | 592 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(7,551)** | (7,102) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(987)** | (602) |
| **Airgead tirim glan in úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(8,398)** | (6,944) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | 14 | **7,250** | 1,250 |
| Ús a íocadh | | **(1,455)** | (2,399) |
| (Meadú)/Ísliú ar infheistíochtaí leachtacha | 12 | **(1,000)** | 6,045 |
| **Airgead tirim glan ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **4,795** | 4,896 |
| (Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **(9,005)** | 7,060 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **25,703** | 18,643 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | 13 | **16,698** | 25,703 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

20 Aibreán 2017

# Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais

## ar an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **SÓCMHAINNÍ** | | | |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 8 | **17,952** | 20,055 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,881** | 1,534 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 19 | **65,827** | 65,827 |
| Sócmhainn phinsin | 20 | **29,064** | 46,749 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **164** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **114,888** | 134,165 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | 10 | **35,340** | 32,024 |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | 11 | **34,081** | 32,297 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | | **9,217** | 14,727 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **1,000** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **13,198** | 22,746 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 22 | **486** | 75 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **93,322** | 101,869 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **208,210** | 236,064 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Tuilleamh coinnithe | | **(60,473)** | (29,115) |
| **DLITEANAIS** | | | |
| **Dliteanais Neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **3,000** | 1,875 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **10,027** | 13,368 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **2,515** | 2,631 |
| Dliteanais chánach iarchurtha | 21 | **2,358** | 4,650 |
| **Iomlán na nDliteanas Neamhreatha** | | **17,900** | 22,524 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 14 | **1,875** | 3,750 |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 15 | **230,949** | 222,047 |
| Cánachas agus leas sóisialach | 16 | **8,900** | 9,088 |
| Sochair fhostaithe | 17 | **9,059** | 7,740 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **250,783** | 242,625 |
| **Dliteanais Iomlána** | | **268,683** | 265,149 |
| **Iomlán Cothromais agus Dliteanais** | | **208,210** | 236,034 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

20 Aibreán 2017

# Ráiteas RTÉ faoi Shreabhadh Airgid

## Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh i leith na bliana tar éis cánachais | | **(16,236)** | (16,699) |
| Coigeartaithe maidir le: | | | |
| Dímheas maoine, innealra agus trealaimh | 8 | **6,747** | 6,894 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,126** | 662 |
| Gnóthachan ar mhaoin, ar threalamh agus ar innealra a dhiúscairt | | **(110)** | (558) |
| Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | | **1,545** | (3,561) |
| Glan (chostas)/ioncam airgeadais | | **(1,368)** | 1,686 |
| Costas Cháin Ioncaim | | **(81)** | 98 |
| | | **(8,377)** | (11,478) |
| Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail | | **(5,414)** | 4,883 |
| Athrú ar thrádáil agus ar nithe infhaighte eile | | **(1,784)** | (1,791) |
| Athrú ar réamhíocaíochtaí | | **5,582** | (5,050) |
| Athrú ar sholáthairtí agus nithe iníoctha trádála eile | | **11,013** | 27,824 |
| Athrú ar chánachas agus leas sóisialach | | **(188)** | 2,057 |
| Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile | | **(2,342)** | (4,968) |
| **Airgead Tirim Glan (insúite)/ginte ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(1,510)** | 11,477 |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | **13** | 168 |
| Fáltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol | | **112** | 537 |
| Éadáil ar mhaoin, innealra agus trealamh | | **(5,164)** | (5,956) |
| Éadáil ar shócmhainní doláimhsithe | | **(960)** | (419) |
| **Airgead tirim glan in úsáid i nGníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(5,999)** | (5,670) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Aisíocaíocht ó iasachtaí | 14 | **(750)** | (3,750) |
| Ús a íocadh | | **(289)** | (225) |
| (Meadú)/Ísliú ar infheistíochtaí leachtacha | 12 | **(1,000)** | 6,045 |
| **Airgead tirim (in úsáid i)/ ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **(2,039)** | 2,070 |
| (Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | | **(9,548)** | 7,877 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | | **22,746** | 14,869 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig** | 13 | **13,198** | 22,746 |

**Thar ceann an Bhoird**

**Moya Doherty**
Cathaoirleach

**Anne O'Leary**
Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

**Dee Forbes**
An Príomh-Stiúrthóir

20 Aibreán 2017

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad

## 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha

**(a) Bunús na cuntasaíochta**

Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán de na beartais chuntasaíochta ar fáil san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar leathanaigh 164-168. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ, ach amháin na caighdeáin nua agus na leasuithe ar na caighdeáin a luaitear san aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa.

**(i) Eintiteas tuairiscíochta**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2016 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(iii) Bunús an ullmhaithe**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSs) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá ráiteas mháthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus an ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a d'éileodh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar ráiteas ioncam grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014,* Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(iii) Bunús an ullmhaithe**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a hullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

**(iv) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**

Agus ráitis airgeadais an Ghrúpa don bhliain reatha á n-ullmhú, ghlac an Grúpa le roinnt IFRS nua. Ní raibh tionchar suntasach ag aon cheann acu ar thorthaí ná ar ghlansócmhainní an Ghrúpa. Tá liosta curtha ar fáil in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**(v) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**

Tá liosta iomlán de chaighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós san áireamh sna beartais chuntasaíochta go léir in aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil.

**(vi) Príomhbheartais chuntasaíochta**

Tá ár bpríomhbheartais chuntasaíochta leagtha amach thíos. Tá liosta iomlán dár mbeartais chuntasaíochta san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil mar aguisín ar leathanaigh 164 go 168.

**Príomhbheartais chuntasaíochta**

**(b) Aitheantas ioncaim**

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

A mhéid a mheastar is féidir ioncam a aisghabháil, go mbíonn faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go dtiocfaidh sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir a aithnítear ioncam.

## 1. Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Shuntasacha (ar lean)

**(i) Ioncam ón Táille Ceadúnais**

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comshaoil (DCCAE) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCCAE, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Tá an t-ioncam seo faoi réir ag teorainn ó 2011 agus íocann an DSP leis an DCCAE é gach mí.

Mar a fhoráiltear in *Alt 123 den Acht Craolacháin 2009 arna leasú le hAlt 69 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 íocann* an DCCAE "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íoctar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón Táille Ceadúnais atá iníoctha ag an DSP. Ar fhógra ó An Post a aithnítear gach ioncam eile ón Táille Ceadúnais.

**(ii) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

**(iii) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna**

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(iv) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí**

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an RTÉ Guide a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

**(v) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

**(c) Tuairiscíocht Rannóige**

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán *IFRS 8 Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga IBD, na rannóga gnó, na príomhrannóga tuairiscíochta ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an IBD Tráchtála den chuid is mó. Luaitear ioncam 2rn maidir le IBD Tráchtála. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne maidir le IBD Seirbhísí Digiteacha Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Ach amháin i gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach IBD den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh. I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, bíonn na costais go léir clúdaithe ag an ioncam ón táille ceadúnais a luaitear.

Rinneadh an IBD Tráchtála a chur ar bun le héifeacht ón 1 Eanáir 2016 agus rinneadh athlua ar thuairiscí na réimsí éagsúla maidir leis an mbliain 2015 sa chaoi is gurb é an struchtúr nua eagrúcháin a léirítear.

Déantar costais arna dtabhú ag IBD agus ar son IBD a lua taobh istigh den IBD sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na IBDanna sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar IBD Teilifís, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD ag nóta 2(f), tar éis dhíchur sócmhainní agus dliteanais idir-chuideachtа agus aon bhrabús idir-chuideachta a leanann as aistrithe inmheánacha.

**(d) Fardail clár**
Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláracha a dhéanann RTÉ in-tí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur,<br>25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur,<br>1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnas maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus faisnéis rannóige

**(a) Príomhghníomhaíochtaí**

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ. Is í an phríomhghníomhaíocht seirbhíse poiblí aige raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió a chraoladh saor go haer. Cuireann RTÉ deiseanna ar fáil rochtain a fháil ar ábhar ó na seirbhísí seo via a sheirbhísí ar líne saor in aisce. Tá na príomhsheirbhísí ar líne leagtha amach san athbhreithniú oibriúcháin Digití. Tá deiseanna eile fós teacht ar ábhar seirbhíse poiblí RTÉ ar fáil via na cainéil RTÉ One+1 agus RTÉjnr agus tríd an tseirbhís ar líne RTÉ News Now. Déanann na seirbhísí seo freastal ar gach catagóir déimeagrafach de shochaí na hÉireann de bharr an réimse leathan aschur agus seánra atá ar fáil, beag beann ar an lucht féachana a tharraingítear go tráchtála de, agus de bharr béim shonrach ar chláracha a dhéantar sa mbaile. Áirítear ar bhearta seirbhíse poiblí eile RTÉ Ceolfhoirne RTÉ mar a dhéantar cur síos orthu in Athbhreithniú Oibriúcháin na gCeolfhoirne.

Bíonn an costas ar RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin cuid mhór sa bhreis ar an gciste poiblí a fhaightear i bhfoirm ioncaim ón táille ceadúnais. Dá réir sin téann RTÉ i mbun gníomhaíochta tráchtála coimhdeacha freisin chun bonn taca breise a chur faoin ngníomhaíocht seirbhíse poiblí. Áirítear ar na bearta tráchtála sin fógraíocht agus urraíocht a dhíol, an RTÉ Guide a fhoilsiú agus gníomhaíochtaí tráchtála eile a bhaineann le craolachán.

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, cuireann RTÉ seirbhísí ilphléacs DTT ar fáil do chraoltóirí náisiúnta, seirbhísí RTÉ féin ina measc, ag teacht leis na taraifí margaidh foilsithe. Déantar an tseirbhís ilphléacs seo a bhainistiú ar leithligh ó na Rannáin Chomhtháite Ghnó craolacháin (IBDanna) laistigh de RTÉ. Soláthraíonn RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil mar 2rn), fochuideachta RTÉ, seirbhísí tarchurtha agus dáilte d'oibritheoirí ilphléacs (lena n-áirítear RTÉ) agus do chraoltóirí fuaime násiúnta agus gar-náisiúnta, lena n-áirítear RTÉ. Cuireanna 2rn an líonra tarchurtha ar fáil do chraoltóirí áitiúla freisin agus cuireann spás túir/crainn breise ar fáil ar cíos do raon úsáideoirí neamhchraolacháin tríú páirtí.

Le linn 2016, rinneadh bainistíocht aschur seirbhíse poiblí RTÉ a roinnt de réir seacht IBDanna: Tráchtáil, Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Digiteach, Ceolfhoirne agus Líonra. IBD Líonra, atá lonnaithe go hiomlán taobh istigh de 2rn, a rinne an bhainistíocht maidir leis an tarchuradóireacht, an dáiliúchán agus bearta gaolmhara mar a luaitear thuas. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, chuir RTÉ IBD Tráchtála nua ar bun a dhéanann an bhainistíocht ar an mbeartaíocht tráchtála uile seachas: na bearta a dhéanann 2rn, seirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil (féach thuas) agus an díolachán maidir le seirbhísí cartlannaíochta agus leabharlannaíochta a thagann faoi bhainistíocht IBD Seirbhísí Digiteacha. Bunaíodh an IBD nua de bhun an leagan leasaithe de Pholasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a fhoilsiú ionas gur léire an deighilt idir an bheartaíocht seirbhíse poiblí agus an bheartaíocht tráchtála ag RTÉ. Maidir le gach IBD, déanann an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú ar thuairiscí na bainistíochta inmheánaí gach mí. Tá liosta mionsonraithe de ghníomhaíochtaí RTÉ de réir IBD agus eintitis dhlíthiúil leagtha amach i nóta 19 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na seacht IBD, ritheann RTÉ Ceannáras na Corparáide agus Seirbhísí Roinnte Lárnacha. Is é a bhaineann le Ceannáras na Corparáide gníomhaíochtáí riaracháin ginearálta agus gníomhaíochtaí eile a thagann chun cinn ar leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Is é a bhaineann le Seirbhísí Roinnte Lárnacha gníomhaíochtaí a dhéantar go lárnach thar ceann rannóg IBD. Leithdháiltear na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na Seirbhísí Roinnte Lárnacha a gcuirtear ar fáil do na IBDanna de réir na bprionsabal leithdháilte costas atá leagtha amach i nóta 1(c). Ní dhéantar costas Cheannáras na Corparáide a leithroinnt ar IBDanna agus déantar a lua mar ábhar 'eile' don réiteach idir costas míreanna atá le lua agus an costas iomlán.

**(b) Faisnéis rannóige agus anailís eile**

Gearrtar seirbhísí tarchurtha agus craolacháin, lena n-áirítear seirbhísí ilphléacs, ar gach IBD ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tugann 2rn sonrasc do RTÉ de réir na taraifí foilsithe maidir le soláthar seirbhísí tarchurtha agus leithdháilte mar oibritheoir ilphléacs agus mar chraoltóir fuaime. Gearrtar costais arna dtabhú ag tacú le cainéil Theilifíse agus Raidió RTÉ ar na cainéil sin ar bhonn na dtaraifí foilsithe. Tuairiscítear gnéithe eile den taraif mar mhír réitithe idir costas mhíreanna intuairiscithe agus an costas iomlán. Déantar seirbhísí eile 2rn a shonrasc ag rátaí margaidh cuí.

Déantar idirbhearta idir gníomhaíochtaí ar mhaithe le cuspóirí seirbhíse poiblí RTÉ agus gníomhaíochtaí ar mhaithe le deiseanna tráchtála a bhaint amach ag rátaí an mhargaidh.

Is ionann an fhaisnéis rannóige i nóta 2(d) agus i nóta 2(f) agus an fhaisnéis lena mbaineann leis an seacht IBD thuas. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

Tá faisnéis rannóige 2015 i nóta 2(d) agus nóta 2(f) athluaite chun faisnéis 2015 a léiriú ar bhonn atá ag teacht le 2016.

Tugann Nóta 2(e) anailís ar chostas comhlán/glan na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus (easnamh)/barrachas de réir cainéil agus seirbhíse. Ina theannta sin, tugtar costais chomhlána an ábhair dúchasaigh de réir seánra craolta. Tuairiscítear anailís idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí ar bhealach a thagann leis na prionsabail a úsáidtear chun ioncam agus costais mar atá leagtha amach thuas a thuairisciú.

Déantar costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha a dháileadh go hiomlán chuig na cainéil theilifíse agus raidió cuí de réir na bprionsabal leithdháilte costais arna leagan amach i nóta 1(c).

Déantar na gníomhaíochtaí eile nach mbaineann le cainéil nó le seirbhísí a chomhbhailiú le chéile faoin gcatagóir eile agus áirítear orthu 2rn, seirbhísí ilphléacs a chur ar fáil, RTÉ Guide agus gníomhaíochtaí neamh-chainéil.

**(c) Leathdháileadh na táille ceadúnais**
Tá tuairisc mhionsonraithe ar sheirbhísí ag gach seirbhís de chuid RTÉ a thugann soiléiriú ar an tslí a chuireann an cainéal nó an tseirbhís le cuspóirí RTÉ maidir le seirbhís phoiblí.

Ag teacht le gnáthchleachtas i measc eagraíochtaí meán seirbhíse poiblí (PSManna) ar feadh an AE, dáileann RTÉ maoiniú poiblí ar sheirbhísí ar leithligh i gcomhréir le glanchostas na seirbhíse poiblí. Cinntear costas glan seirbhíse poiblí trí ranníoc ó bhearta tráchtála a asbhaint as costas comhlán a bhain leis an tseirbhís phoiblí a sheachadadh.

Áirítear ar an gcostas comhlán seirbhíse poiblí a bhaineann le gach cainéal agus seirbhís de chuid RTÉ na costais a thabhaítear i gcur le chéile agus i seachadadh na seirbhíse. Ní áirítear ann aon chostas a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú a bhainfeadh le soláthar na seirbhíse. Leithroinntear na costais sin in aghaidh an ioncaim tráchtála lena mbaineann siad d'fhonn an ranníoc tráchtála a ríomh. Cuirtear barrachais ar ghníomhaíochtaí tráchtála nach mbaineann go díreach le cainéil ar leith nó seirbhís ar leith le is na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a bhfuil sé ar a gcumas ioncam suntasach a ghineadh (RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, seirbhísí ar líne) i gcomhréir le costas comhlán poiblí na seirbhísí.

Déantar ioncam ón táille ceadúnais a chur ar dtús i leith na gcainéal seirbhíse poiblí agus na seirbhísí sin ar teoranta an acmhainn atá ag baint leo chun ioncam tráchtála a ghnóthú dá stuaim féin agus a dhéantar a mhaoiniú den chuid is mó dá bhrí sin le hioncam ón táille ceadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn freastal don tseirbhís phoiblí a chur ar fáil go leanúnach. Is iad na seirbhísí atá i gceist Ceolfhoirne RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉ lyric fm, foráil reachtúil maidir le clár a sholáthar do TG4, cainéil bhreise DTT agus DAB ('cainéil eile'), Ceanncheathrú na Corparáide agus costais airgeadais.

Dáiltear an chuid eile den táille ceadúnais idir seirbhísí a d'fhéadfadh ioncam suntasach tráchtála a sholáthar i gcomhréir leis an gcostas glan a bhaineann leis na seirbhísí poiblí. Áirítear ar na seirbhísí sin: RTÉ One, RTÉ Two, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus seirbhísí ar líne. Ní chuirtear aon ioncam ón táille ceadúnais i leith 2rn, seirbhísí ilphléacs á gcur ar fáil ag RTÉ ná aon chostais a thabhaítear is deiseanna tráchtála á saothrú.

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad

(ar lean)

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas rannóige (ar lean)

**(d) Ioncaim, costais agus (easnamh)/barrachas de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

| | RANNÓGA INTUAIRISCITHE | | | | | | | EILE | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tráchtáil IBD €'000 | Teilifís IBD €'000 | Raidió IBD €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha IBD €'000 | Ceolfhoirne IBD €'000 | Líonra IBD €'000 | Digiteach IBD €'000 | Gach Rannóg Eile €'000 | Maidir le DTT €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite* €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 111,891 | - | - | - | - | - | - | - | - | (590) | 111,301 |
| Ioncam Urraíochta | 9,969 | - | - | - | - | - | - | 198 | - | - | 10,167 |
| Ioncam ó shaoráidí | 3,162 | - | - | - | - | - | - | 22 | - | (97) | 3,087 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 5,711 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 5,711 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | - | 28,693 | - | - | - | (18,624) | 10,069 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 13,024 | - | - | - | - | - | 401 | - | - | - | 13,425 |
| Ioncam tráchtála eile | 281 | - | - | - | - | - | - | 4,236 | - | (40) | 4,477 |
| Ioncam tráchtála | 144,038 | - | - | - | - | 28,693 | 401 | 4,456 | - | (19,351) | 158,237 |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | - | 72,393 | 29,600 | 54,956 | 12,666 | - | 2,721 | 6,112 | 633 | - | 179,081 |
| | **144,038** | **72,393** | **29,600** | **54,956** | **12,666** | **28,693** | **3,122** | **10,568** | **633** | **(19,351)** | **337,318** |
| **Costais de réir chatagóir aschuir**** | | | | | | | | | | | |
| *Costais chláracha - de réir foinse* | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (90,574) | (47,256) | (54,716) | - | - | - | - | - | 511 | (192,035) |
| Cláracha Coimisiúnaithe | - | (36,636) | (1,191) | - | - | - | - | - | - | - | (37,827) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | - | (127,210) | (48,447) | (54,716) | - | - | - | - | - | 511 | (229,862) |
| Cláracha a ceannaíodh - in Éirinn | - | (3,033) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,033) |
| Cláracha a ceannaíodh - Thar Lear | - | (22,668) | - | - | - | - | - | - | - | - | (22,668) |
| | - | (152,911) | (48,447) | (54,716) | - | - | - | - | - | 511 | (255,563) |
| Costais craolacháin agus tarchuir ghinearálta | - | (22,602) | (2,388) | (240) | - | (18,556) | (3,109) | (302) | - | 679 | (46,518) |
| Muirir tharchur agus chumhachta 2rn | - | (8,400) | (5,698) | - | - | - | - | (4,031) | - | 18,129 | - |
| Costais díolacháin | (11,803) | - | - | - | - | - | - | (10) | - | 72 | (11,741) |
| Costais eile a bhaineann le haschur | (11,510) | (157) | - | - | (15,615) | - | (7,990) | (12) | (633) | 520 | (35,397) |
| | **(23,313)** | **(184,070)** | **(56,533)** | **(54,956)** | **(15,615)** | **(18,556)** | **(11,099)** | **(4,355)** | **(633)** | **19,911** | **(349,219)** |
| **Ioncam agus costais eile** | | | | | | | | | | | |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | - | - | (7,166) | - | (50) | (7,216) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | - | (1,152) | - | (412) | - | - | (1,564) |
| Ús infhaighte | - | - | - | - | - | - | - | 13 | - | - | 13 |
| Diúscairt Sócmhainní | - | 53 | 6 | - | 4 | 9 | - | 47 | - | - | 119 |
| **(Easnamh)/Barrachas IBD** | **120,725** | **(111,624)** | **(26,927)** | **-** | **(2,945)** | **8,994** | **(7,977)** | **(1,305)** | **-** | **510** | **(20,549)** |
| Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | 1,193 | - | - | 1,193 |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh cháin ioncaim** | **120,725** | **(111,624)** | **(26,927)** | **-** | **(2,945)** | **8,994** | **(7,977)** | **(112)** | **-** | **510** | **(19,356)** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | | | | (297) |
| **Easnamh don bhliain** | | | | | | | | | | | **(19,653)** |

*Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.

**Áirítear ar chostais de réir chatagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glan-mhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheanncheathrú na Corparáide.

**Nochtadh Rannóige Breise**

| | Tráchtáil IBD €'000 | Teilifís IBD €'000 | Raidió IBD €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha IBD €'000 | Ceolfhoirne IBD €'000 | Líonra IBD €'000 | Digiteach IBD €'000 | Gach Rannóg Eile €'000 | Maidir le DTT €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite* €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam tráchtála | | | | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 143,351 | - | - | - | - | 10,069 | 401 | 4,416 | - | - | 158,237 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 687 | - | - | - | - | 18,624 | - | 40 | - | (19,351) | - |
| | 144,038 | - | - | - | - | 28,693 | 401 | 4,456 | - | (19,351) | 158,237 |

Baineann €39 milliún d'ioncam iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin den rannóg tuairiscithe Tráchtála fad is a bhaineann €183 milliún d'ioncam iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de na rannóga tuairiscithe ar fad.

Ar na rannóga a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim a thugtar san áireamh le costais intuairiscithe na rannóige, tá said seo a leanas:

| | Tráchtáil IBD €'000 | Teilifís IBD €'000 | Raidió IBD €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha IBD €'000 | Ceolfhoirne IBD €'000 | Líonra IBD €'000 | Digiteach IBD €'000 | Gach Rannóg Eile €'000 | Maidir le DTT €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite* €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | 25 | 698 | 316 | 291 | 158 | 25 | 33 | - | - | - | 1,545 |

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas rannóige (ar lean)

### (d) Ioncaim, costais agus (easnamh)/barrachas de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

| | MÍREANNA INTUARASCÁLA ATHLUAITE*** | | | | | | | EILE ATHLUAITE*** | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tráchtáil IBD €'000 | Teilifís IBD €'000 | Raidió IBD €'000 | Nuacht & Cúrsaí Reatha IBD €'000 | Ceolfhoirne IBD €'000 | Líonra IBD €'000 | Digiteach IBD €'000 | Gach Rannóg Eile €'000 | Maidir le DTT €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite* €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
| **Ioncam** | | | | | | | | | | | |
| Ioncam ó fhógraíocht | 110,547 | - | - | - | - | - | - | - | - | (595) | 109,952 |
| Ioncam Urraíochta | 9,054 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 9,054 |
| Ioncam ó shaoráidí | 3,097 | - | - | - | - | - | - | 17 | - | (200) | 2,914 |
| Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí | 5,683 | - | - | - | - | - | - | - | - | - | 5,683 |
| Ioncam ó tharchur, crann agus túir | - | - | - | - | - | 28,893 | - | - | - | (18,240) | 10,653 |
| Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus díolacháin ghaolmhara | 12,144 | - | - | - | - | - | 500 | - | - | (22) | 12,622 |
| Ioncam tráchtála eile | 269 | - | - | - | - | - | - | 4,296 | - | (40) | 4,525 |
| Ioncam tráchtála | 140,794 | - | - | - | - | 28,893 | 500 | 4,313 | - | (19,097) | 155,403 |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | - | 76,738 | 30,563 | 50,048 | 11,940 | - | 3,325 | 5,633 | 662 | - | 178,909 |
| | **140,794** | **76,738** | **30,563** | **50,048** | **11,940** | **28,893** | **3,825** | **9,946** | **662** | **(19,097)** | **334,312** |
| **Costais de réir chatagóir aschuir**** | | | | | | | | | | | |
| *Costais chláracha - de réir foinse* | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | - | (78,791) | (46,226) | (49,746) | - | - | - | - | - | 603 | (174,160) |
| Cláracha Coimisiúnaithe | - | (38,701) | (1,373) | (155) | - | - | - | - | - | - | (40,229) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | - | (117,492) | (47,599) | (49,901) | - | - | - | - | - | 603 | (214,389) |
| Cláracha a ceannaíodh - in Éirinn | - | (2,109) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,109) |
| Cláracha a ceannaíodh - Thar Lear | - | (23,949) | - | - | - | - | - | - | - | - | (23,949) |
| | - | (143,550) | (47,599) | (49,901) | - | - | - | - | - | 603 | (240,447) |
| Costais craolacháin agus tarchuir ghinearálta | - | (20,892) | (1,848) | (156) | - | (18,623) | (2,959) | (348) | - | 683 | (44,143) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | - | (8,185) | (5,262) | - | - | - | - | (4,185) | - | 17,632 | - |
| Costais díolacháin | (12,254) | - | - | - | - | - | (847) | (34) | - | 107 | (13,028) |
| Costais eile a bhaineann le haschur | (9,960) | (43) | - | - | (14,498) | - | (8,343) | (8) | (662) | 702 | (32,812) |
| | **(22,214)** | **(172,670)** | **(54,709)** | **(50,057)** | **(14,498)** | **(18,623)** | **(12,149)** | **(4,575)** | **(662)** | **19,727** | **(330,430)** |
| **Ioncam agus costais eile** | | | | | | | | | | | |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | - | - | (5,063) | - | (47) | (5,110) |
| Ús iníoctha | - | - | - | - | - | (964) | - | (475) | - | - | (1,439) |
| Ús infhaighte | - | - | - | - | - | - | - | 122 | - | - | 122 |
| Diúscairt Sócmhainní | - | 2 | 1 | 9 | - | 11 | - | 546 | - | - | 569 |
| **(Easnamh)/Barrachas IBD** | **118,580** | **(95,930)** | **(24,145)** | **-** | **(2,558)** | **9,317** | **(8,324)** | **501** | **-** | **583** | **(1,976)** |
| Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | (295) | - | - | (295) |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh Cháin Ioncaim** | **118,580** | **(95,930)** | **(24,145)** | **-** | **(2,558)** | **9,317** | **(8,324)** | **206** | **-** | **583** | **(2,271)** |
| Cáin ioncaim | | | | | | | | | | | (482) |
| **Easnamh don bhliain** | | | | | | | | | | | **(2,753)** |

*Ioncam agus costais neamhthuilleamaí i measc chuideachtaí an Ghrúpa a chur as an áireamh.
**Áirítear ar chostais de réir chatagóir aschuir dímheas, amúchadh agus glan-mhaoiniú (costais)/ioncam agus ní áirítear costais oibriúcháin Cheanncheathrú na Corparáide.
*** Tá an fhaisnéis míreanna athluaite chun faisnéis 2015 a léiriú ar bhonn atá ag teacht le 2016.

**Nochtadh Rannóige Breise**

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam tráchtála | | | | | | | | | | | |
| Custaiméirí seachtracha | 139,999 | - | - | - | - | 10,653 | 478 | 4,273 | - | - | 155,403 |
| Ioncam ó ranna oibriúcháin eile | 795 | - | - | - | - | 18,240 | 22 | 40 | - | (19,097) | - |
| | 140,794 | - | - | - | - | 28,893 | 500 | 4,313 | - | (19,097) | 155,403 |

Baineann €183 milliún d'ioncaim iomlán an Ghrúpa le haon chustaiméir amháin de chuid na ranna tuairiscíochta go léir.

Ar na rannóga a bhaineann le hábhar ach nach airgead tirim a thugtar san áireamh le costais intuairiscithe na rannóige, tá said seo a leanas:

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Difríocht idir muirear pinsin agus ranníocaíochtaí airgid | (54) | (1,610) | (724) | (651) | (362) | (53) | (107) | - | - | - | (3,561) |

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad
(ar lean)

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas rannóige (ar lean)

### (e) Anailís ar ioncaim, costais agus (easnamh)/barrachais de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht do TG4 €'000 | RTÉ Ceolfhoirne €'000 | Ceanncheathrú Corparáide €'000 | Maidir le DTT €'000 | Seirbhísí Ar líne €'000 | Cainéil Eile €'000 | Eile €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais chláracha a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin inti | (85,890) | (38,317) | (31,893) | (10,619) | (5,025) | (10,077) | (6,229) | - | - | - | (4,360) | (135) | - | 511 | (192,034) |
| Cláracha Coimisiúnaithe | (25,860) | (9,312) | (976) | (46) | (91) | (79) | (1,366) | - | - | - | (98) | - | - | - | (37,828) |
| | (111,750) | (47,629) | (32,869) | (10,665) | (5,116) | (10,156) | (7,595) | - | - | - | (4,458) | (135) | - | 511 | (229,862) |
| **Costais chláracha - de réir seanrá** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (1,750) | - | (1,957) | - | (243) | (1) | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,951) |
| Oideachas | (96) | - | - | - | - | (9) | - | - | - | - | - | - | - | - | (105) |
| Reiligiún | (2,086) | (61) | (168) | - | - | (112) | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,427) |
| Fíorasach eile | (22,159) | (3,372) | (2,105) | - | (144) | (1,310) | - | - | - | - | (91) | - | - | 61 | (29,120) |
| Fíorasach | (26,091) | (3,433) | (4,230) | - | (387) | (1,432) | - | - | - | - | (91) | - | - | 61 | (35,603) |
| Drámaíocht | (21,123) | (124) | (591) | - | - | (2) | (388) | - | - | - | (29) | - | - | - | (22,257) |
| Siamsaíocht | (18,402) | (4,827) | (3,555) | (4,185) | (528) | (880) | (1,161) | - | - | - | (1,146) | - | - | 11 | (34,673) |
| Ceol | (972) | (414) | (5,754) | (4,035) | (3,635) | (1,795) | - | - | - | - | - | - | - | 43 | (16,562) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (36,332) | (479) | (14,951) | (1,947) | (521) | (4,648) | (5,236) | - | - | - | (1,803) | - | - | 364 | (65,553) |
| Spórt | (8,830) | (32,656) | (3,788) | (498) | - | (1,214) | (7) | - | - | - | (1,134) | - | - | 30 | (48,097) |
| Cláracha do Dhaoine Óga | - | (5,696) | - | - | (45) | (185) | (803) | - | - | - | (255) | (135) | - | 2 | (7,117) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | (111,750) | (47,629) | (32,869) | (10,665) | (5,116) | (10,156) | (7,595) | - | - | - | (4,458) | (135) | - | 511 | (229,862) |
| Costais aschuir neamh-chraolacháin de bhunadh na hÉireann | - | - | - | - | - | - | - | (15,615) | - | (633) | (7,466) | (12) | - | 365 | (23,361) |
| Cláracha faighte | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (2,774) | (259) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (3,033) |
| - thar lear | (12,269) | (10,302) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (97) | - | - | (22,668) |
| Costais craolacháin agus tarchuir ghinearálta | (13,063) | (11,452) | (1,803) | (528) | (333) | (305) | (61) | - | - | - | - | (799) | - | 23 | (28,321) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (2,723) | (2,858) | (2,049) | (1,088) | (1,096) | (1,082) | - | - | - | - | - | (3,200) | - | - | (14,096) |
| Ceanncáras na Corparáide | - | - | - | - | - | - | - | - | (7,166) | - | - | - | - | (50) | (7,216) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | (399) | - | - | - | - | - | (399) |
| Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,193 | - | - | - | - | - | 1,193 |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(142,579)** | **(72,500)** | **(36,721)** | **(12,281)** | **(6,545)** | **(11,543)** | **(7,656)** | **(15,615)** | **(6,372)** | **(633)** | **(11,924)** | **(4,243)** | **-** | **849** | **(327,763)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **63,288** | **22,835** | **14,843** | **5,826** | **508** | **-** | **-** | **2,949** | **260** | **-** | **5,965** | **-** | **13,191** | **(339)** | **129,326** |
| **Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal** | **6,820** | **3,469** | **1,754** | **580** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **568** | **-** | **(13,191)** | **-** | **-** |
| **Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí** | **(72,471)** | **(46,196)** | **(20,124)** | **(5,875)** | **(6,037)** | **(11,543)** | **(7,656)** | **(12,666)** | **(6,112)** | **(633)** | **(5,391)** | **(4,243)** | **-** | **510** | **(198,437)** |
| **Maoiniú Poiblí** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | 62,877 | 40,080 | 17,460 | 5,097 | 6,037 | 11,543 | 7,656 | 12,666 | 6,112 | 633 | 4,677 | 4,243 | - | - | 179,081 |
| **Easnamh roimh cháin ioncaim** | **(9,594)** | **(6,116)** | **(2,664)** | **(778)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(714)** | **-** | **-** | **510** | **(19,356)** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (297) | - | (297) |
| **Easnamh don bhliain** | **(9,594)** | **(6,116)** | **(2,664)** | **(778)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(714)** | **-** | **(297)** | **510** | **(19,653)** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €3.0 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a rinneadh go príomha sa RA.

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas rannóige (ar lean)

### (e) Anailís ar ioncaim, costais agus barrachais/(easnaimh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamhphoiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

| | RTÉ One €'000 | RTÉ2 €'000 | RTÉ Radio 1 €'000 | RTÉ 2fm €'000 | RTÉ lyric fm €'000 | RTÉ RnaG €'000 | Tacaíocht do TG4 €'000 | RTÉ Ceolfhoirne €'000 | Ceanncheathrú Corparáide €'000 | Maidir le DTT €'000 | Seirbhísí Ar líne €'000 | Cainéil Eile €'000 | Eile €'000 | Coigeartuithe Comhdhlúite €'000 | An Grúpa Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Costais chláracha a dhéantar in Éirinn | | | | | | | | | | | | | | | |
| Léiriúcháin intí | (72,601) | (35,367) | (30,942) | (10,558) | (4,859) | (9,988) | (5,988) | - | - | - | (4,200) | (260) | - | 603 | (174,160) |
| Cláracha Coimisiúnaithe | (26,209) | (11,098) | (1,295) | - | (77) | - | (1,211) | - | - | - | (241) | (98) | - | - | (40,229) |
| | (98,810) | (46,465) | (32,237) | (10,558) | (4,936) | (9,988) | (7,199) | - | - | - | (4,441) | (358) | - | 603 | (214,389) |
| **Costais chláracha - de réir seánra** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Na hEalaíona | (1,525) | - | (2,119) | - | (198) | (1) | - | - | - | - | - | - | - | 1 | (3,842) |
| Oideachas | - | - | - | - | - | (8) | - | - | - | - | - | - | - | - | (8) |
| Reiligiún | (2,381) | (200) | (231) | - | - | (110) | - | - | - | - | - | - | - | 1 | (2,921) |
| Fíorasach eile | (20,904) | (3,335) | (2,750) | - | (128) | (1,277) | - | - | - | - | (54) | - | - | 81 | (28,367) |
| Fíorasach | (24,810) | (3,535) | (5,100) | - | (326) | (1,396) | - | - | - | - | (54) | - | - | 83 | (35,138) |
| Drámaíocht | (20,651) | (125) | (562) | - | - | (2) | (389) | - | - | - | (185) | - | - | 4 | (21,910) |
| Siamsaíocht | (18,941) | (6,336) | (3,206) | (4,365) | (579) | (808) | (1,062) | - | - | - | (1,186) | - | - | 17 | (36,466) |
| Ceol | (1,194) | (564) | (5,915) | (3,805) | (3,454) | (1,788) | - | - | - | - | - | - | - | 53 | (16,667) |
| Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir | (32,326) | (623) | (14,115) | (1,945) | (495) | (4,620) | (5,070) | - | - | - | (1,719) | - | - | 422 | (60,491) |
| Spórt | (888) | (27,402) | (3,339) | (443) | - | (1,191) | (8) | - | - | - | (1,052) | - | - | 20 | (34,303) |
| Cláracha do Dhaoine Óga | - | (7,880) | - | - | (82) | (183) | (670) | - | - | - | (245) | (358) | - | 4 | (9,414) |
| Cláracha de dhéantús na hÉireann | (98,810) | (46,465) | (32,237) | (10,558) | (4,936) | (9,988) | (7,199) | - | - | - | (4,441) | (358) | - | 603 | (214,389) |
| Costais aschuir neamh-chraolacháin de bhunadh na hÉireann | - | - | - | - | - | - | - | (14,498) | - | (662) | (6,614) | (9) | - | 519 | (21,264) |
| Cláracha faighte | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Éire | (1,773) | (336) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (2,109) |
| - thar lear | (12,288) | (11,661) | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (23,949) |
| Costais craolacháin agus tarchuir ghinearálta | (11,812) | (10,814) | (1,427) | (440) | (298) | (234) | (47) | - | - | - | - | (784) | - | 67 | (25,789) |
| Muirir tharchuir agus chumhachta 2rn | (2,848) | (2,865) | (1,762) | (1,057) | (1,062) | (1,051) | - | - | - | - | - | (2,802) | - | - | (13,447) |
| Ceannáras na Corparáide | - | - | - | - | - | - | - | - | (5,063) | - | - | - | - | (47) | (5,110) |
| Glan Ús iníoctha | - | - | - | - | - | - | - | - | (353) | - | - | - | - | - | (353) |
| Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | - | - | - | - | - | - | - | - | (295) | - | - | - | - | - | (295) |
| **Costas Comhlán Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Poiblí** | **(127,531)** | **(72,141)** | **(35,426)** | **(12,055)** | **(6,296)** | **(11,273)** | **(7,246)** | **(14,498)** | **(5,711)** | **(662)** | **(11,055)** | **(3,953)** | **-** | **1,142** | **(306,705)** |
| **Barrachas ar Ghníomhaíochtaí Tráchtála** | **61,803** | **21,889** | **14,704** | **6,017** | **478** | **-** | **-** | **2,558** | **79** | **-** | **5,406** | **-** | **13,150** | **(559)** | **125,525** |
| Dáileadh ar Ranníoc ó Ghníomhaíochtaí Seirbhíse Neamhphoiblí nach mBaineann go Sonrach le Cainéal | **6,495** | **3,674** | **1,804** | **614** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **563** | **-** | **(13,150)** | **-** | **-** |
| Glanchostas Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí roimh Dháileadh ar Mhaoiniú Poiblí | **(59,233)** | **(46,578)** | **(18,918)** | **(5,424)** | **(5,818)** | **(11,273)** | **(7,246)** | **(11,940)** | **(5,632)** | **(662)** | **(5,086)** | **(3,953)** | **-** | **583** | **(181,180)** |
| Maoiniú Poiblí | | | | | | | | | | | | | | | |
| Dáileadh ioncam ón táille cheadúnais | 57,981 | 45,596 | 18,519 | 5,310 | 5,818 | 11,273 | 7,246 | 11,940 | 5,632 | 662 | 4,979 | 3,953 | - | - | 178,909 |
| Easnamh roimh cháin ioncaim | **(1,252)** | **(982)** | **(399)** | **(114)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(107)** | **-** | **-** | **583** | **(2,271)** |
| Cáin ioncaim | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | (482) | - | (482) |
| Easnamh don bhliain | **(1,252)** | **(982)** | **(399)** | **(114)** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **(107)** | **-** | **(482)** | **583** | **(2,753)** |

Áirítear ar ioncam tráchtála seachtrach €2.8 milliún ó dhíolachán lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, ioncam a rinneadh go príomha sa RA.

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad

(ar lean)

## 2. Príomhghníomhaíochtaí agus eolas rannóige (ar lean)

### (f) Sócmhainní, dliteanais agus eolas eile de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha), ag teacht le struchtúr eagrúcháin RTÉ

| | IBD Tráchtála €'000 | IBD Teilifís €'000 | IBD Raidió €'000 | IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha €'000 | IBD Líonra €'000 | IBD Digiteach € '000 | IBD Ceolfhoirne €'000 | Neamh-leithdháilte[1] €'000 | Iomlán an Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016** | | | | | | | | | |
| Sócmhainní rannóige | 37,088 | 61,245 | 2,345 | 3,167 | 61,564 | 1,744 | 744 | - | 167,897 |
| Sócmhainní neamhdháilte | - | - | - | - | - | - | - | 40,155 | 40,155 |
| **Sócmhainní Iomlána** | **37,088** | **61,245** | **2,345** | **3,167** | **61,564** | **1,744** | **744** | **40,155** | **208,052** |
| Dliteanais rannóige | (18,944) | (32,492) | (1,569) | (2,269) | (55,914) | (4,516) | (518) | - | (116,222) |
| Dliteanais neamhdháilte | - | - | - | - | - | - | - | (51,755) | (51,755) |
| **Dliteanais Iomlána** | **(18,944)** | **(32,492)** | **(1,569)** | **(2,269)** | **(55,914)** | **(4,516)** | **(518)** | **(51,755)** | **(167,797)** |
| **Caiteachas caipitil** | **195** | **3,124** | **822** | **1,016** | **1,878** | **160** | **29** | **29** | **7,253** |
| **Dímheas maoine, innealra agus trealaimh** | **132** | **4,110** | **595** | **1,515** | **6,064** | **360** | **106** | **(550)** | **12,332** |
| **Amúchadh sócmhainní doláimhsithe** | **44** | **749** | **41** | **43** | **107** | **245** | **1** | **-** | **1,230** |
| **Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015** | **(Arna athlua)*** | | | | | | | | |
| Sócmhainní rannóige | 35,959 | 66,422 | 2,266 | 3,989 | 65,975 | 1,621 | 482 | - | 176,714 |
| Sócmhainní neamhdháilte | - | - | - | - | - | - | - | 62,915 | 62,915 |
| **Sócmhainní Iomlána** | **35,959** | **66,422** | **2,266** | **3,989** | **65,975** | **1,621** | **482** | **62,915** | **239,629** |
| Dliteanais rannóige | (19,461) | (34,625) | (790) | (1,103) | (50,989) | (5,923) | (608) | - | (113,499) |
| Dliteanais neamhdháilte | - | - | - | - | - | - | - | (50,957) | (50,957) |
| **Dliteanais Iomlána** | **(19,461)** | **(34,625)** | **(790)** | **(1,103)** | **(50,989)** | **(5,923)** | **(608)** | **(50,957)** | **(164,456)** |
| Caiteachas caipitil | 52 | 4,592 | 656 | 914 | 1,536 | 304 | 68 | 17 | 8,139 |
| Dímheas maoine, innealra agus trealaimh | 154 | 4,248 | 700 | 1,521 | 6,106 | 461 | 121 | (506) | 12,807 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 14 | 568 | 31 | 33 | 92 | 694 | 1 | - | 1,433 |

1 Bíonn sócmhainní neamhdháilte comhdhéanta go príomha d'infheistíochtaí leachtacha agus airgid thirim. Bíonn dliteantais neamhdháilte comhdhéanta go príomha de phinsin, cáin agus dliteanais airgeadais eile chomh maith le sochair d'fhostaithe.

* Tá an fhaisnéis rannóige athluaite chun faisnéis 2015 a léiriú ar bhonn atá ag teacht le 2016.

Tá €0.1 milliún atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann san áireamh sna sócmhainní iomlána in 2016 (2015: €0.2 milliún).

### (g) Anailís ar tháillí líonra maidir le seirbhísí uile RTÉ

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| RTÉ One | **2,988** | 3,171 |
| RTÉ2 | **2,866** | 2,877 |
| RTÉ Radio 1 | **2,097** | 1,814 |
| RTÉ 2fm | **1,100** | 1,070 |
| RTÉ lyric fm | **1,107** | 1,075 |
| RTÉ Raidió na Gaeltachta | **1,190** | 1,174 |
| Eile | **3,200** | 2,802 |
| | **14,548** | 13,983 |

### 3. Costais oibriúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt)

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais maidir le Fostaithe (nóta 6) | **153,223** | 141,585 |
| Costais eile a bhaineann le pearsanra (conraitheoirí san áireamh) | **32,558** | 32,862 |
| Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra | **185,781** | 174,447 |
| | | |
| Costais na gclár coimisiúnaithe go díreach | **35,810** | 38,160 |
| Costais na gclár ceannaithe go díreach | **25,779** | 23,599 |
| Cóipcheart maidir le spóirt agus cúrsaí eile | **21,594** | 14,539 |
| Conarthaí maidir le craoladh seachtrach | **5,892** | 5,246 |
| Ciorcaid chumarsáide | **3,713** | 3,706 |
| Priontáil an *RTÉ Guide* agus costais a bhaineann leis sin | **1,493** | 1,535 |
| Leictreachas don líonra | **2,261** | 2,421 |
| Ceadúnais cheoil | **8,013** | 8,040 |
| Polasaithe árachais | **1,376** | 1,394 |
| Costais eile tríú páirtí | **51,736** | 47,175 |
| Costais Oibriúcháin nach mbaineann le pearsanra roimh dhímheas agus amúchadh | **157,667** | 145,815 |
| **Iomlán na gCostas Oibriúcháin (roimh dhímheas agus amúchadh)** | **343,448** | 320,262 |

### 4. Airgeadas (Ioncam)/Caiteachas

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam ó ús ar shuimeanna taisce sa bhanc | **(13)** | (122) |
| Gnóthachain luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh nach sonraítear mar fhálúchán maidir le sreabhadh airgid | **(575)** | - |
| Ioncam Airgeadais | **(588)** | (122) |
| | | |
| Ioncam ó ús maidir le sócmhainní scéime (nóta 20) | **(23,752)** | - |
| Costas úis maidir le dliteanais scéime (nóta 20) | **22,559** | - |
| Glan ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | **(1,193)** | - |
| | | |
| **Ioncam ó ghnóthaí airgeadais** | **(1,781)** | (122) |
| | | |
| Ús agus costais airgeadais maidir le hiasachtaí | **1,186** | 1,189 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid - athrangaithe ó OCI | **187** | - |
| Díchornadh lascaine ar chostais athstruchtúraithe | **191** | 250 |
| Caillteanais, arna lua ag luach cóir, ar ionstraimí airgeadais díorthaigh nach sonraítear mar fhálúchán maidir le sreabhadh airgid | **-** | 1,038 |
| Costas airgeadais | **1,564** | 2,477 |
| | | |
| Ioncam ó ús maidir le sócmhainní scéime (nóta 20) | **-** | (19,487) |
| Costas úis maidir le dliteanais scéime (nóta 20) | **-** | 19,782 |
| Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe | **-** | 295 |
| | | |
| **Costas Airgeadais a aithnítear sa ráiteas ioncaim** | **1,564** | 2,772 |

## 5. Easnamh Roimh Cháin Ioncaim

**(a) Áirítear na suimeanna seo a leanas san Easnamh roimh Cháin Ioncaim:**

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas agus amúchadh | | |
| - Dímheas maidir le maoin, innealra agus trealamh | **12,332** | 12,807 |
| - Amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe | **1,230** | 1,433 |
| | **13,562** | 14,240 |
| Costais Oibriúcháin | | |
| - Gnóthachan ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe a dhiúscairt | **(119)** | (569) |

**(b) Luach Saothair na nIniúchóirí:**

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Grúpa | | |
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais (lena n-áirítear costais) | **114** | 114 |
| Seirbhísí dearbhúcháin eile | **108** | 113 |
| Seirbhísí comhairleoireachta maidir le cánachas | **181** | 86 |
| Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad | **105** | 210 |
| | **508** | 523 |

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| RTÉ | | |
| Iniúchadh ar na ráitis airgeadais (lena n-áirítear costais) | **90** | 90 |
| Seirbhísí dearbhúcháin eile | **78** | 78 |
| Seirbhísí comhairleoireachta maidir le cánachas | **96** | 74 |
| Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad | **102** | 176 |
| | **366** | 418 |

**(c) Luach Saothair na Stiúrthóirí:**

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí[1] | **146** | 157 |
| Luach saothair eile, ranníocaíochtaí sochar scoir san áireamh | **368** | 337 |
| | **514** | 494 |

[1] Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Aengus Mac Grianna a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ.

Is féidir tuilleadh mionsonraí ar tháillí Boird a fháil sa chuid ar Rialachas Corparáideach.

## 6. Eolas maidir le Fostaithe

Seo a leanas na costais a bhain le foireann an Ghrúpa i rith na bliana:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | **127,590** | 122,429 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | **11,148** | 10,569 |
| Costais phinsin agus árachais saoil | **14,485** | 8,587 |
| | **153,223** | 141,585 |

### 6. Eolas maidir le Fostaithe (ar lean)

Seo a leanas líon iomlán na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, agus ócáideacha an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig agus a gcomhionann lánaimseartha:

| | Líon na bhfostaithe | | Comhionann lánaimseartha | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| Grúpa RTÉ | **1,984** | 1,978 | **1,834** | 1,833 |

Seo a leanas meánlíon bliantúil na bhfostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha, agus ócáideacha i rith na bliana:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Meán líon na bhfostaithe lánaimseartha | **1,706** | 1,643 |
| Meán líon na bhfostaithe páirtaimseartha | **137** | 144 |
| Meán líon na bhfostaithe ócáideacha | **145** | 147 |
| Grúpa RTÉ | **1,988** | 1,934 |

### 7. Cáin Ioncaim

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Costas Cánach Reatha** | | |
| An bhliain reatha | **-** | - |
| **Costas Cánach Iarchurtha** | | |
| Bunús agus aischeartú maidir le difríochtaí sealadacha (nóta 21) | **297** | 482 |
| **Iomlán an Chostais maidir le Cáin Ioncaim** | **297** | 482 |

| **Imréiteach maidir leis an Ráta Cánach Éifeachtach** | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Easnamh roimh cháin ioncaim | **(19,356)** | (2,271) |
| Easnamh roimh cháin ioncaim méadaithe faoi 12.5%, an gnáthráta cánach corparáide in Éirinn (2015: 12.5%) | **(2,420)** | (284) |
| Tionchar: | | |
| Ioncam incháinithe ar ráta cánach níos airde | **4** | 31 |
| Cáin iarchurtha ar chaillteanais chánach na bliana reatha gan aithint | **2,477** | 742 |
| Tearc-sholáthar na tréimhse roimhe seo | **-** | 185 |
| Difríochtaí Uainiúcháin maidir le Pinsin | **51** | (404) |
| Difríochtaí eile | **138** | 180 |
| Costais neamhcheadaithe | **47** | 32 |
| **Iomlán an Chostais maidir le Cáin Ioncaim** | **297** | 482 |
| **Cáin Iarchurtha a Aithnítear go díreach in Ioncam Cuimsitheach Eile** | | |
| Ag baint le sócmhainn pinsin (nóta 21) | **(2,211)** | 5,614 |
| Ag baint le fálú maidir le sreabhadh airgid (nóta 21) | **(20)** | (38) |
| | **(2,231)** | 5,576 |

Tagann an t-ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ trí "dheontas i gcabhair" faoi réir ag cáin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €648 milliún ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2016. Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo, ní luaitear sócmhainn chánach iarchurtha ar bith.

## 8. Maoin, Innealra agus Trealamh

**Grúpa**

| | Talamh agus Foirgnimh | Innealra agus Trealamh | Fearais agus Feistis | Tograí caipitil atá ar bun | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 70,117 | 183,723 | 2,041 | 6,601 | 262,482 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | 7,708 | 7,708 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 238 | 6,253 | 56 | (6,547) | - |
| Diúscairt agus Scor | (48) | (2,099) | - | - | (2,147) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 70,307 | 187,877 | 2,097 | 7,762 | 268,043 |
| | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 70,307 | 187,877 | 2,097 | 7,762 | 268,043 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | 6,158 | 6,158 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 1,299 | 7,198 | 39 | (8,536) | - |
| Diúscairt agus Scor | (71) | (2,299) | - | - | (2,370) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **71,535** | **192,776** | **2,136** | **5,384** | **271,831** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 57,441 | 121,891 | 1,710 | - | 181,042 |
| Dímheas don bhliain | 1,849 | 10,846 | 112 | - | 12,807 |
| Diúscairt agus Scor | (28) | (2,097) | - | - | (2,125) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 59,262 | 130,640 | 1,822 | - | 191,724 |
| | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 59,262 | 130,640 | 1,822 | - | 191,724 |
| Dímheas don bhliain | 1,291 | 10,937 | 104 | - | 12,332 |
| Diúscairt agus Scor | (71) | (2,291) | - | - | (2,362) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **60,482** | **139,286** | **1,926** | **-** | **201,694** |
| | | | | | |
| **Leabharluach Glan** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 11,045 | 57,237 | 275 | 7,762 | 76,319 |
| | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **11,053** | **53,490** | **210** | **5,384** | **70,137** |

## 8. Maoin, Innealra agus Trealamh (ar lean)

**RTÉ**

| | Talamh agus Foirgnimh €'000 | Innealra agus Trealamh €'000 | Fearais agus Feistis €'000 | Tograí caipitil atá ar bun €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 60,429 | 80,998 | 1,834 | 4,308 | 147,569 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | 6,277 | 6,277 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 8 | 5,583 | 56 | (5,647) | - |
| Diúscairt agus Scor | (20) | (326) | - | - | (346) |
| Aistrithe idir eintitis | 41 | - | - | - | 41 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 60,458 | 86,255 | 1,890 | 4,938 | 153,541 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 60,458 | 86,255 | 1,890 | 4,938 | 153,541 |
| Suimeanna Breise | - | - | - | 4,298 | 4,298 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 224 | 5,610 | 39 | (5,873) | - |
| Diúscairt agus Scor | (19) | (460) | - | - | (479) |
| Aistrithe idir eintitis | - | 702 | - | 105 | 807 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **60,663** | **92,107** | **1,929** | **3,468** | **158,167** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 53,096 | 72,148 | 1,674 | - | 126,918 |
| Dímheas don bhliain | 1,444 | 5,358 | 92 | - | 6,894 |
| Diúscairt agus Scor | - | (326) | - | - | (326) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 54,540 | 77,180 | 1,766 | - | 133,486 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 54,540 | 77,180 | 1,766 | - | 133,486 |
| Dímheas don bhliain | 885 | 5,778 | 84 | - | 6,747 |
| Diúscairt agus Scor | (19) | (457) | - | - | (476) |
| Aistrithe idir eintitis | - | 458 | - | - | 458 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **55,406** | **82,959** | **1,850** | **-** | **140,215** |
| **Leabharluach Glan** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 5,918 | 9,075 | 124 | 4,938 | 20,055 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **5,257** | **9,148** | **79** | **3,468** | **17,952** |

## 9. Sócmhainní Doláimhsithe

**Grúpa**

| | Bogearraí | Tionscadail bhogearraí atá ar bun | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 14,561 | 481 | 15,042 |
| Suimeanna Breise | - | 431 | 431 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 576 | (576) | - |
| Diúscairt agus Scor | (45) | - | (45) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 15,092 | 336 | 15,428 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 15,092 | 336 | 15,428 |
| Suimeanna Breise | - | 1,095 | 1,095 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 757 | (757) | - |
| Diúscairt agus Scor | - | - | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **15,849** | **674** | **16,523** |
| **Amúchadh agus caillteanas lagaithe** | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 11,885 | - | 11,885 |
| Amúchadh i leith na bliana | 1,433 | - | 1,433 |
| Diúscairt agus Scor | (45) | - | (45) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 13,273 | - | 13,273 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 13,273 | - | 13,273 |
| Amúchadh i leith na bliana | 1,230 | - | 1,230 |
| Diúscairt agus Scor | - | - | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **14,503** | **-** | **14,503** |
| **Leabharluach Glan** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 1,819 | 336 | 2,155 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **1,346** | **674** | **2,020** |

**9. Sócmhainní Doláimhsithe (ar lean)**

**RTÉ**

| | Bogearraí | Tionscadail bhogearraí atá ar bun | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 11,577 | 222 | 11,799 |
| Suimeanna Breise | - | 225 | 225 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 249 | (249) | - |
| Diúscairt agus Scor | (45) | - | (45) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 11,781 | 198 | 11,979 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 11,781 | 198 | 11,979 |
| Suimeanna Breise | - | 1,095 | 1,095 |
| Suimeanna arna n-athrangú | 757 | (757) | - |
| Diúscairt agus Scor | - | - | - |
| Aistrithe idir eintitis | 920 | 68 | 988 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **13,458** | **604** | **14,062** |
| **Amúchadh agus caillteanas lagaithe** | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2015 | 9,828 | - | 9,828 |
| Amúchadh i leith na bliana | 662 | - | 662 |
| Diúscairt agus Scor | (45) | - | (45) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2015 | 10,445 | - | 10,445 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 10,445 | - | 10,445 |
| Amúchadh i leith na bliana | 1,126 | - | 1,126 |
| Diúscairt agus Scor | - | - | - |
| Aistrithe idir eintitis | 610 | - | 610 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **12,181** | **-** | **12,181** |
| **Leabharluach Glan** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 1,336 | 198 | 1,534 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **1,277** | **604** | **1,881** |

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad

(ar lean)

## 10. Fardail

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Obair atá idir lámha** | | | | |
| Cláracha intí | **1,048** | 1,714 | **1,017** | 1,681 |
| Cláracha choimisiúnaithe | **16,382** | 12,776 | **16,382** | 12,776 |
| **Cláracha críochnaithe** | | | | |
| Cláracha agus scannáin cheannaithe | **14,606** | 12,945 | **14,606** | 12,945 |
| Cláracha intí | **228** | 281 | **228** | 281 |
| Cláracha choimisiúnaithe | **3,107** | 4,341 | **3,107** | 4,341 |
| Fardail eile | **56** | 82 | **-** | - |
| | **35,427** | 32,139 | **35,340** | 32,024 |

Bhí luach iomlán leis na fardail a ídíodh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016 ab ionann is €77.4 milliún (2015: €70.7 milliún)

Is é a bhaineann le fardail eile páipéar priontála atá ar láimh maidir leis an *RTÉ Guide*.

## 11. Suimeanna Infhaighte Trádála agus Eile

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Nithe infhaighte trádála | **40,310** | 38,805 | **34,053** | 32,291 |
| Suimeanna Infhaighte eile | **30** | 8 | **28** | 6 |
| | **40,340** | 38,813 | **34,081** | 32,297 |

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca creidmheasa agus airgeadra agus ó chaillteanas lagaithe a bhaineann le suimeanna infhaighte trádála agus eile i nóta 22.

## 12. Infheistíochtaí Leachtacha

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Infheistíochtaí Leachtacha – Taiscí Téarma | **1,000** | - | **1,000** | - |
| Meánráta ualaithe úis maidir le taiscí téarma | **0.03%** | - | **0.03%** | - |

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca rátaí úis agus anailís ar leochaileacht sócmhainní agus dliteanais airgeadais i nóta 22.

## 13. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Iarmhéideanna sa Bhanc | **10,205** | 9,653 | **7,197** | 7,191 |
| Taiscí inéilithe | **6,493** | 16,050 | **6,001** | 15,555 |
| Iomlán an airgid thirim agus na gcóibhéisí airgid thirim | **16,698** | 25,703 | **13,198** | 22,746 |
| Meánráta ualaithe úis | **0.03%** | 0.04% | **0.03%** | 0.04% |

Tugtar san áireamh le hiarmhéideanna sa bhanc €5.10 milliún (2015: €7.61 milliún) maidir le suimeanna a gcuntas na gClár Neamhspleách faoi réir Alt 116 den *Acht Craolacháin 2009.*

Foilsítear an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca rátaí úis agus anailís ar leochaileacht sócmhainní agus dliteanais airgeadais i nóta 22.

## 14. Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús

| | Ráta Úis | Dáta Aibíochta | Grúpa 2016 | Grúpa 2015 | RTÉ 2016 | RTÉ 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | % | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Áis Iasachta Téarma Amúchta | Costas an iasachtóra móide corrlach | 29 Meitheamh 2017 | **1,875** | 5,625 | **1,875** | 5,625 |
| Áis Creidmheasa Imrothlach | Costas an iasachtóra móide corrlach | 28 Eanáir 2021 | **3,000** | - | **3,000** | - |
| Iasacht Tionscadail agus Áis Iasachta Téarma | EURIBOR móide corrlach | 18 Meitheamh 2019 | **53,000** | 45,000 | **-** | - |
| | | | **57,875** | 50,625 | **4,875** | 5,625 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | | | |
| Neamhreatha | | | **52,500** | 46,875 | **3,000** | 1,875 |
| Reatha | | | **5,375** | 3,750 | **1,875** | 3,750 |
| | | | **57,875** | 50,625 | **4,875** | 5,625 |

Ar an 28 Bealtaine 2012, cheangail RTÉ comhaontú maidir le háis iasachta téarma amúchta 5 bliana le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Bhí an iasacht téarma tarraingthe anuas go hiomlán an 31 Iúil 2012.

Ar an 28 Eanáir 2016, chuaigh RTÉ i mbun Áis Creidmheasa Imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Bhí €3 mhilliún tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2016.

Tá comhaontú áis iasachta do thionscadail ag an nGrúpa, trína fhochuideachta 2rn, le Barclays Bank Ireland PLC, de líon comhlán €53 milliún, is ionann agus áis €40 milliún atá tarraingthe go hiomlán agus €13 milliún a bhí tarraingthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2016. Chuathas i mbun babhtáil ráta úis i rith 2015, maidir leis an áis iasachta do thionscadal €40 milliún, go dtí go dtiocfaidh an áis in aibíocht i Meitheamh 2019. Ainmníodh an ionstraim airgeadais dhíorthach seo mar fhálú maidir le sreabhadh airgid agus de réir na mbeartas cuntasaíochta, cuireadh cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm.

**Urrús an Iasachtóra – Áis Iasachta do Thionscadail**

Bhí ar cheann de na coinníollacha maidir leis an áis iasachta do thionscadail a chur ar fáil go ndéanfadh RTÉNL comhaontú gníomhais urrúis a fhorghníomhú agus urrús mar seo a leanas a chur ar fáil don iasachtóir:

a) Tailte trí cinn déag de phríomhshuíomhanna tarchuradóireachta DTT;
b) Fearas agus feisteas uile 2rn ar shuíomhanna tarchuradóireachta DTT, san am i láthair agus tráth ar bith is faide anonn;
c) Ioncam cíosa uile agus léasanna oibriúcháin uile 2rn;
d) Cearta agus sochair a bhaineann le polasaithe árachais RTÉNL;
e) Cuntas fáltais an árachais; agus
f) Gníomhais Sannacháin lena gcruthaítear sannacháin urrúis maidir le conarthaí tráchtála áirithe agus Conarthaí Tógála DTT.

Tá gealltanas tugtha ag RTÉ suim is ionann le haon ús agus/nó táillí a bhíonn dlite faoi théarmaí chomhaontú na háise iasachta a íoc le 2rn trí iasacht a thabhairt sa chás nach mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil ag 2rn chun suimeanna den sórt sin a íoc. Tá téarmaí agus coinníollacha faoi leith ag baint leis an ngealltanas sin trína ndeimhnítear an tráth a dtiocfadh oibleagáid ina leith i gceist.

## 15. Suimeanna Trádála agus Iníoctha eile

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Suimeanna Trádála is Iníoctha | **6,906** | 4,744 | **5,789** | 3,772 |
| Suimeanna atá dlite d'eintitis choimhdeacha | **-** | - | **167,612** | 165,011 |
| Fabhrú | **60,775** | 60,740 | **56,617** | 52,965 |
| Ioncam Iarchurtha | **7,271** | 8,824 | **3,446** | 2,930 |
| | **74,952** | 74,308 | **233,464** | 224,678 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais Neamhreatha | **2,515** | 2,631 | **2,515** | 2,631 |
| Dliteanais Reatha | **72,437** | 71,677 | **230,949** | 222,047 |
| | **74,952** | 74,308 | **233,464** | 224,678 |

Foilsítear i nóta 22 an baol atá ann don Ghrúpa ó riosca airgeadra a bhaineann le suimeanna trádála agus eile is iníoctha.

## 16. Cánachas agus Leas Sóisialach

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| CBL | **5,695** | 6,139 | **4,893** | 5,033 |
| Pá-rolla | **4,076** | 4,113 | **4,007** | 4,055 |
| Cáin eile | **1** | - | **-** | - |
| | **9,772** | 10,252 | **8,900** | 9,088 |

## 17. Sochair d'Fhostaithe

### (a) Sochair Iomlána d'Fhostaithe

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Costais athstruchtúraithe (b) | **12,895** | 15,399 | **12,895** | 15,399 |
| Fabhrú eile a bhaineann le pá-rolla (c) | **6,467** | 6,265 | **6,191** | 5,709 |
| Iomlán na sochar d'fhostaithe | **19,362** | 21,664 | **19,086** | 21,108 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | | | |
| Dliteanais Neamhreatha | **10,173** | 13,597 | **10,027** | 13,368 |
| Dliteanais Reatha | **9,189** | 8,067 | **9,059** | 7,740 |
| | **19,362** | 21,664 | **19,086** | 21,108 |

## 17. Sochair d'Fhostaithe (ar lean)

### (b) Costais Athstruchtúraithe

| **An Grúpa agus RTÉ** | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | **15,399** | 19,903 |
| Gearrtha le linn na bliana | **1,731** | 502 |
| Cuireadh in úsáid i rith na bliana | **(4,426)** | (5,256) |
| Muirear úis (nóta 4) | **191** | 250 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | **12,895** | 15,399 |
| **Arna anailísiú mar seo a leanas:** | | |
| Neamhreatha | **6,940** | 10,100 |
| Cúrsaí | **5,955** | 5,299 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | **12,895** | 15,399 |

Is é a léirítear leis na costais athstruchtúraithe ar an 31 Nollaig 2016 an meastachán is fearr de chuid an Bhoird maidir le luach lascainithe na n-íocaíochtaí a bheidh de dhíth go dtí 2022 maidir le hoibleagáidí eile an Ghrúpa faoi na scéimeanna éagsúla athstruchtúraithe.

### (c) Fabhruithe eile a bhaineann le Fostaithe

Is é a thagann i gceist le fabhrú eile a bhaineann le fostaithe sochair d'fhostaithe, mar shampla luach saothair agus laethanta saoire a ndéantar soláthar ina leith de réir IAS 19 *Sochair d'Fhostaithe* (2011).

## 18. Cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid

| **Grúpa** | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | **(266)** | - |
| Sciar éifeachtúil den chiste fálúcháin sreabhaidh airgid | | **(350)** | (304) |
| Athrangú sa ráiteas faoi ioncam ar an gcúlchiste fálaithe maidir le sreabhadh airgid | | **187** | - |
| Cánachas iarchurtha maidir leis an bhfálú maidir le sreabhadh airgid | 21 | **20** | 38 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | | **(409)** | (266) |

Is ionann an cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid agus an sciar éifeachtúil den athrú carnach glan ar an luach cothrom maidir leis an mbabhtáil rátaí úis a baineann leis an tsaoráid iasachta ó Barclay's i dtaobh tograí.

## 19. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

**RTÉ**

| | Iomlán €'000 |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016 | 65,827 |
| Suimeanna Breise | - |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016** | **65,827** |

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag RTÉ ar an 31 Nollaig 2016:

| Fochuideachtaí | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| RTÉ Commercial Enterprises DAC | 100% | Foilseacháin, bearta tráchtála éagsúla & beartaíocht eile |
| RTÉ Music DAC | 100% | Foilsitheoireacht Ceoil |
| RTÉ Transmission Network DAC (ag trádáil faoin ainm 2rn) | 100% | Bainistíocht ar shócmhainní an chraobhchórais craolacháin |
| RTÉ Licence Collections Teoranta | 100% | Díomhaoin |
| DTT Network Company | 100% | Díomhaoin |
| Seirbhísí Theilifís na Gaeilge Teoranta | 100% | Díomhaoin |

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar an luach ar a dtugtar anonn fuílleach infheistíochta an Ghrúpa agus táthar sásta nach bhfuil aon táscairí lagaithe agus go bhfuil luach cóir á lua leo.

Is in Éirinn a oibríonn na fochuideachtaí go léir agus tá an oifig chláraithe acu ag RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4. Is fochuideachta RTÉ Music DAC de chuid RTÉ Commercial Enterprises DAC agus é faoi lánúinéireacht.

I mí na Nollag 2016, d'íoc 2rn díbhinn €20 milliún le RTÉ. Aithnítear sin mar ioncam ag cuideachta RTÉ.

Bhí an comhfhiontar seo i leanas ag RTÉ ar an 31 Nollaig 2016:

| An Chuideachta Comhfhiontair | Céatadán den scairchaipiteal | Cineál Gnó |
|---|---|---|
| Multiplex Broadcasting Services NI Limited | 66.6% | Seirbhísí teilifíse digití saor go haer a chraoladh i dTuaisceart Éireann agus seirbhísí ilphléacs gaolmhara eile |

I dTeach Murray, Sráid Murray, Béal Feirste atá oifig chláraithe Multiplex Broadcasting Services NI Limited.

**19. Infheistíochtaí i bhFochuideachtaí (ar lean)**

Bearta Oibre Ghrúpa RTÉ arna Rangú de réir Rannóg Gnó Comhtháite (IBD) agus Eintiteas Dlíthiúil amhail an 31 Nollaig 2016

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises DAC | RTÉ Music DAC | RTÉ Transmission Network DAC |
|---|---|---|---|---|
| **IBD TRÁCHTÁLA** | | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht maidir leis an teilifís a dhíol | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht maidir leis an raidió a dhíol | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht idirlín a dhíol | • | | | |
| Fógraíocht agus urraíocht teileatéacs AERTEL a dhíol | • | | | |
| Saoráidí léiriúcháin teilifíse a ligean ar cíos le tríú páirtí | | • | | |
| Ioncam ó theileachumarsáid tráchtála | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le clár | | • | | |
| Tráthliostaí clár a dhíol | | • | | |
| Córais chraoltóireachta agus saoráidí teicneolaíochta a chur ar fáil don tríú páirtí | | • | | |
| Díolachán ar earraí a bhaineann le clár | | • | | |
| Fógraí teilifíse don tríú páirtí a léiriú sa stiúdeo | | • | | |
| Saoráidí léiriúcháin raidió a ligean ar cíos leis an tríú páirtí | | • | | |
| Stiúideo soghluaiste an Roadcaster agus díolacháin bolscaireachta | | • | | |
| Fógraí raidió a léiriú sa stiúideo | | • | | |
| Cóipcheart ceoil a dhíol | | | • | |
| Seirbhísí idirnáisiúnta físeáin arna n-éileamh ar tháille á soláthar. | | • | | |
| Ioncam a ghiniúint ó thaibhithe cheolfhoirne | • | | | |
| Iris an RTÉ Guide a chur ar fáil agus a fhoilsiú | | • | | |
| Fógraíocht san RTÉ Guide a dhíol | | • | | |
| Riarachán an IBD Tráchtála | • | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **IBD TEILIFÍS** | | | | |
| Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Cláracha teilifíse de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Coimisiúnú a dhéanamh de réir na reachtaíochta ar ábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha de chuid an AE | • | | | |
| Cláracha teilifíse de chuid na hÉireann agus ón iasacht a cheannach | • | | | |
| Ábhar clár nach nuacht ná cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| Ábhar a sholáthar do sheirbhísí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| An riarachán maidir le IBD Teilifís RTÉ | • | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **IBD RAIDIÓ** | | | | |
| Sceidil agus cainéil teilifíse seirbhíse poiblí a chraoladh saor go haer | • | | | |
| Cláracha raidió de dhéantús Éireannach a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Cláracha raidió de chuid na hÉireann agus ón iasacht a cheannach | • | | | |
| Ábhar a sholáthar do sheirbhísí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| An riarachán maidir le IBD Raidió RTÉ | • | | | |
| Coimisiúnú a dhéanamh de réir na reachtaíochta ar ábhar clár ó léiritheoirí neamhspleácha de chuid an AE | • | | | |

# Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad

(ar lean)

### 19. Infheistíochtaí i bhFochuideachtaí (ar lean)

| | RTÉ | RTÉ Commercial Enterprises DAC | RTÉ Music DAC | RTÉ Transmission Network DAC |
|---|---|---|---|---|
| **IBD NUACHT AGUS CÚRSAÍ REATHA RTÉ** | | | | |
| Seirbhís bhailiú nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil | • | | | |
| Léiriú a dhéanamh ar na cláracha nuachta ar an teilifís agus ar an raidió chomh maith le tráchtaireacht ar mhórimeachtaí agus cláracha eile | • | | | |
| Ábhar chláracha cúrsaí reatha a choimisiúnú agus a léiriú | • | | | |
| Ábhar chláracha nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do TG4 de réir na reachtaíochta | • | | | |
| An riarachán ar IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha | • | | | |
| Ábhar nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil do sheirbhísí poiblí saor-rochtana ar líne RTÉ | • | | | |
| **IBD LÍONRA RTÉ** | | | | |
| Seirbhísí tarchurtha analógacha do chraoladh náisiúnta raidió a chur ar fáil | | | | • |
| Seirbhísí tarchurtha digiteacha do chraoladh náisiúnta raidió a chur ar fáil | | | | • |
| Seirbhísí ilphléacs, tarchurtha agus dáilte a chur ar fáil d'oibritheoirí ilphléacs | | | | • |
| Áiseanna coimhdeacha crann agus túr a ligean ar cíos | | | | • |
| An riarachán maidir le 2rn | | | | • |
| **IBD DIGITEACH** | | | | |
| Cartlanna an chainéil teilifíse agus na leabharlainne nuachta a chothabháil | • | | | |
| Ábhar leabharlainne agus cartlainne a dhíol | | • | | |
| Cartlann agus leabharlann an chainéil raidió a chothabháil | • | | | |
| Seirbhísí teileatéacs RTÉ Aertel a chur ar fáil | • | | | |
| Raon seirbhísí ar líne saor in aisce don phobal, bunaithe ar an bpobal agus ar an ngréasán, a chur ar fáil | • | | | |
| An RTÉ Player a rith don lucht féachana in Éirinn agus thar lear | • | | | |
| Cothú agus Forbairt maidir le teicneolaíocht nua de chuid na meánchumarsáide | • | | | |
| An riarachán maidir le IBD Digiteach RTÉ | • | | | |
| Deiseanna breise a chur ar fáil chun teacht ar ábhar nuachta seirbhísí poiblí RTÉ trí RTÉ News Now Online | • | | | |
| **IBD CEOLFHOIRNE AGUS CÓIR RTÉ** | | | | |
| Taibhréimeanna ceolfhoirne agus cóir | • | | | |
| Ceol ceolfhoirne agus cóir a choimisiúnú, a léiriú a sheinm agus a thaifeadadh | • | | | |
| An riarachán madir le IBD Ceolfhoirne, Cheathairéad agus Cóir | • | | | |
| **SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA I GCOMHAR** | | | | |
| Cúrsaí Cumarsáide an Ghrúpa, Acmhainní Daonna Lárnach, Cúrsaí Dlí an Ghrúpa, Cúrsaí Cistíochta an Ghrúpa, Cúrsaí Teicneolaíochta Lárnacha, Seirbhísí Suímh Dhomhnach Broc, Cúrsaí Árachais an Ghrúpa agus Cúrsaí Pinsin an Ghrúpa | • | | | |
| Seirbhísí ilphléacs DTT a chur ar fáil do chraoltóirí (Saorview) | • | | | |
| **CEANNÁRAS NA CORPARÁIDE** | | | | |
| Obair stiúrtha agus feidhmiúcháin an Chraoltóra Seirbhíse Poiblí | • | | | |
| Seilbh ar ábhar infheistíochta i ngnóthaí a bhaineann le cúrsaí craolacháin | • | | | |

### 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ)

Is é an Grúpa príomhfhostóir urraíochta ag:

(a) Scéim Aoisliúntais RTÉ (scéim pinsin sochair shainithe ranníoca maoinithe nár ligeadh aon fhostaí nua isteach ann ón mbliain 1989 i leith);

(b) Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (scéim pinsin mhaoinithe ranníocaíochta lena mbaineann sochar sainithe (DB) mar phríomhghealltanas atá bunaithe ar an tuarastal suas go dtí leibhéal uasta chomh maith le socrú bunaithe ar ranníocaíochtaí sainithe (DC) i ndáil le hioncam is mó ná an uasteorainn sin); agus

(c) Scéim Pinsin Sochair Shainithe RTÉ (scéim DC ranníoca, mhaoinithe) agus déantar ranníocaíochtaí le roinnt scéimeanna pinsin sochair shainithe ranníoca eile thar ceann fostaithe.

Bunaíodh na scéimeanna thuas mar chistí iontaobhais ar leithligh, gach ceann arna bhainistiú ag bord iontaobhaithe atá freagrach as oibríochtaí na scéimeanna a mhaoirsiú, lena n-áirítear sócmhainní na scéimeanna a infheistiú.

**(i) Táille Pinsin**

Seo a leanas muirear pinsin an fhostóra maidir le gach bliain de na scéimeanna éagsúla:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| Scéim Aoisliúntais RTÉ | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(3,072)** | (3,481) |
| - creidmheas iarsheirbhíse [1] | **-** | 5,711 |
| | | |
| Scéim '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (Sciar DB) | | |
| - costas seirbhíse reatha | **(966)** | (1,085) |
| | **(4,038)** | 1,145 |
| | | |
| Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (Sciar DC) | **(336)** | (274) |
| Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ | **(9,362)** | (8,786) |
| Scéimeanna eile | **(20)** | (22) |

[1] I gcás Scéim Aoisliúntais RTÉ, tagann creidmheas ó sheirbhís roimhe seo chun cinn in 2015 mar thoradh ar chinneadh na nIontaobhaithe in 2015 sochair fhabhraithe na gcomhaltaí a laghdú amhail ag teacht leis an Tobhach Pinsin 2014.

**(ii) Socruithe Sochair shainithe**

Scéim Aoisliúntais RTÉ:

De réir mar a éilítear faoi *Acht na bPinsean,1990*, déantar tuarascálacha luachála neamhspleácha achtúire bunaithe ar bhonn tuisceana faoin maoiniú fadtéarmach arna leagan amach de réir nósanna achtúireacha a chur ar fáil go rialta maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ. Is é an 1 Eanáir 2017 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála is deireanaí ó achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin agus ba tráth níos deireanaí ná deireadh na bliana a thug Mercer, na hachtúirí, nach oifigigh ná fostaithe de chuid an Ghrúpa iad, obair na tuarascála sin chun críche. Léirítear le luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht, lena n-úsáidtear modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, go bhfuil barrachas is ionann is €36.1 milliún ar an scéim (1 Eanáir 2016: barrachas de €42.4 milliún), sin agus dliteanais ionchais a thabhairt san áireamh maidir le hardú ábhartha a bhainfeadh le daoine a dhul ar scor. Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

Tá luacháil déanta ag achtúirí freisin de réir an Íoschaighdeáin Maoinithe amhail an 1 Eanáir 2017 agus tuairiscítear easnamh ar an mbonn sin is ionann is €97.3 milliún (1 Eanáir 2016: easnamh €79.6 milliún). Cuireadh Deimhniú ar Mhaoiniú Achtúireacha ar aghaidh ar an mbonn sin. Chomhlíon an scéim an Cúlchiste Caighdeánach Maoinithe freisin amhail an 1 Eanáir 2017 agus tá deimhniú ag deimhniú an tortha sin curtha ar aghaidh chuig an an Údarás Pinsin.

Mar a éilítear de réir caighdeán cuntasaíochta IAS 19 (2011), ullmhaíonn Mercer, na hachtúirí, tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Aoisliúntais RTÉ. Baintear leas as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 (2011) chuige sin. Is é an cur chuige a bhaineann le IAS 19 (2011) maidir le luacháil agus tuairiscíocht chuntasaíochta maidir le ciste sochair shainithe, go mbaintear leas as modh réamh-mheastacháin chreidmheas an aonaid chun muirir pinsin bliantúla san am atá le theacht a ríomh, go leagtar luach ar shócmhainní de réir luach cóir reatha an mhargaidh agus go ndéantar lascainiú maidir le dliteanais ionchais (trí leas a bhaint as rátaí bannaí corparáide ardghráid ar gar an téarma ama atá leo don ré a mheastar a bhainfidh le dliteanais na scéime) chun teacht ar luach glan reatha maidir le dliteanais na scéime. Is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luachálacha dliteanais amhail an 31 Nollaig 2016 agus sócmhainn €27.1 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €0.9 milliún mar ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais RTÉ i rith na bliana 2017.

Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ:

Is é an 1 Eanáir 2017 an dáta a luaitear leis an tuarascáil luachála achtúireachta is deireanaí maidir le Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ agus ba thráth níos deireanaí ná deireadh na bliana a thug Mercer, achtúire na scéime, obair na tuarascála sin chun críche. Léirítear le luacháil seo an achtúire ar an gcistíocht, lena n-úsáidtear modh luachála "na haoise slánaithe" chun an costas seirbhíse san am atá le teacht a ríomh, go bhfuil barrachas is ionann le €3.5 milliún ar an scéim (1 Eanáir 2016: barrachas de €3.4 milliún). Ní bhíonn tuarascáil luachála an achtúire maidir le cúrsaí maoiniúcháin ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal; ach ina ainneoin sin, cuirtear torthaí na luachála in iúl do na comhaltaí.

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

B'ionann ráta ranníoca an fhostóra le sciar an tsochair shainithe de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus 8.75% de luach saothair comhaltaí ar fostaithe iad (ar a dtugtar de shainmhíniú tuarastal inphinsin móide liúntais suas go dtí uasteorainn is €48,000 p.a. faoi láthair). Tá luacháil déanta ag na hachtúirí freisin de réir na bhforálacha maidir le Íoschaighdeán *Maoiniúcháin in Acht na bPinsean, 1990* agus tuairiscítear barrachas ar an mbonn sin is ionann le €9.3 milliún ar an 1 Eanáir 2016 (1 Eanáir 2016: barrachas €7.4 milliún).

Maidir le scéim aoisliúntais RTÉ, ullmhaíonn Mercer tuairisc ina leagtar amach staid Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ agus leas á bhaint as an modh luachála cuntasaíochta a shonraítear in IAS 19 (2011). Maidir leis an scéim seo, is ionann an difríocht idir an tsócmhainn agus luacháil dliteanais amhail an 31 Nollaig 2016 agus sócmhainn €2.0 milliún.

Meastar go n-íocfaidh an Grúpa €1.3 milliún mar ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (rannóg DB) i rith 2017.

Baineann an gnáthriosca infheistíochta agus maoinithe a bhíonn i gceist le scéimeanna sochair shainithe leis an dá scéim, agus is féidir a bheith ag súil le luaineacht ghearrthéarmach maidir lena seasamh airgeadais. Tá teorainn, áfach, leis an riosca rialála, de bharr nach bhfuil aon riachtanas reachtúil in Éirinn go gcoinneodh fostóirí pleananna sochair shainithe ag imeacht nó go n-íocfaidís easnamh maoinithe sa chás go mbeadh easnamh ann.

### (iii) Glan-Sócmhainn/(Dliteanas) Sochair Shainithe

Mar seo a leanas atá an ghlan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe maidir leis an dá shocrú sochair shainithe ag 31 Nollaig 2016:

| An Grúpa agus RTÉ | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glan-sócmhainn/(dliteanas) i Scéim Aoisliúntais RTÉ | **27,113** | 43,402 |
| Glan-sócmhainn pinsin i Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | **1,951** | 3,347 |
| | **29,064** | 46,749 |

**Gluaiseacht i nglan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe**
**Scéim Aoisliúntais RTÉ**

| | Oibleagáid shochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glan-sócmhainn/(dliteanas) sochair shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **(951,710)** | (1,000,421) | **995,112** | 981,233 | **43,402** | (19,188) |
| **San áireamh sa Ráiteas Ioncaim** | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(3,072)** | (3,481) | **-** | - | **(3,072)** | (3,481) |
| Costas creidmheasa roimhe seo | **-** | 5,711 | **-** | - | **-** | 5,711 |
| (Costas)/ ioncam úis | **(22,333)** | (19,616) | **23,402** | 19,256 | **1,069** | (360) |
| | **(25,405)** | (17,386) | **23,402** | 19,256 | **(2,003)** | 1,870 |
| **San áireamh san OCI** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana achtúireacha | **-** | (2,020) | **-** | - | **-** | (2,020) |
| Boinn tuisceana airgeadais | **(82,233)** | 33,842 | **-** | - | **(82,233)** | 33,842 |
| Taithí | **3,821** | (3,843) | **-** | - | **3,821** | (3,843) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **62,891** | 31,474 | **62,891** | 31,474 |
| | **(78,412)** | 27,979 | **62,891** | 31,474 | **(15,521)** | 59,453 |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **1,235** | 1,267 | **1,235** | 1,267 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(1,073)** | (1,120) | **1,073** | 1,120 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **40,254** | 39,238 | **(40,254)** | (39,238) | **-** | - |
| | **39,181** | 38,118 | **(37,946)** | (36,851) | **1,235** | 1,267 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **(1,016,346)** | (951,710) | **1,043,459** | 995,112 | **27,113** | 43,402 |

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ**

| | Oibleagáid shochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glan-sócmhainn shochar shainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid an 1 Eanáir** | **(7,781)** | (6,905) | **11,128** | 8,742 | **3,347** | 1,837 |
| San áireamh sa Ráiteas Ioncaim | | | | | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(966)** | (1,085) | **-** | - | **(966)** | (1,085) |
| (Costas)/ ioncam úis | **(226)** | (166) | **350** | 231 | **124** | 65 |
| | **(1,192)** | (1,251) | **350** | 231 | **(842)** | (1,020) |
| **San áireamh san OCI** | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais | | | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó: | | | | | | |
| Boinn tuisceana achtúireacha | **-** | 19 | **-** | - | **-** | 19 |
| Boinn tuisceana airgeadais | **(2,479)** | 1,100 | **-** | - | **(2,479)** | 1,100 |
| Taithí | **(16)** | (160) | **-** | - | **(16)** | (160) |
| Aischur ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | **-** | - | **683** | 422 | **683** | 422 |
| | **(2,495)** | 959 | **683** | 422 | **(1,812)** | 1,381 |
| **Eile** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **-** | - | **1,258** | 1,149 | **1,258** | 1,149 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | **(688)** | (624) | **688** | 624 | **-** | - |
| Sochair íoctha | **4** | 10 | **(4)** | (10) | **-** | - |
| Préimh Árachais | **30** | 30 | **(30)** | (30) | **-** | - |
| | **(654)** | (584) | **1,912** | 1,733 | **1,258** | 1,149 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **(12,122)** | (7,781) | **14,073** | 11,128 | **1,951** | 3,347 |

**(iv) Sócmhainní scéime**

B'ionann luach cothrom na sócmhainní amhail dháta an chláir chomhardaithe:

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | Luach Cóir €'000 | Luach Cóir €'000 | Luach Cóir €'000 | Luach Cóir €'000 |
| Ionstraimí fiachais: | | | | |
| Bannaí Rialtais | **427,726** | 394,274 | **-** | - |
| Bannaí Corparáide | **55,072** | 54,061 | **-** | - |
| **Iomlan ionstraimí fiachais** | **482,798** | 448,335 | **-** | - |
| **Díorthaigh** | **(132)** | 116 | **-** | - |
| Maoiniú infheistíochta: | | | | |
| Cothromas | **408,487** | 390,742 | **8,490** | 6,454 |
| Bannaí | **-** | - | **5,428** | 4,237 |
| Maoin | **51,385** | 62,703 | **-** | 299 |
| Cistí fálaithe | **53,434** | 52,682 | **-** | - |
| Cothromas príobháideach | **35,572** | 31,083 | **-** | - |
| **Cistí infheistíochta iomlána** | **548,878** | 537,210 | **13,918** | 10,990 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | | | |
| Airgead Tirim | **7,745** | 6,454 | **155** | 138 |
| Iarmhéideanna infheistíochta eile | **4,170** | 2,997 | **-** | - |
| **Iomlán an airgid thirim agus na gcóibhéisí airgid thirim** | **11,915** | 9,451 | **155** | 138 |
| **Iomlán Luach cóir sócmhainní** | **1,043,459** | 995,112 | **14,073** | 11,128 |

Coinnítear gnáthscaireanna mar chistí le bunsócmhainní arna lua i margadh gníomhach. Coinnítear ionstraimí fiachais ar bhonn scagtha (Scéim Aoisliúntais RTÉ).

## 20. Oibleagáidí sochair scoir (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(v) Oibleagáid shochair shainithe**

***(i) Boinn tuisceanna achtúireacha***

Thíos tá na boinn tuisceana príomha a úsáideadh chun críocha na luachála cuntasaíochta bunaithe ar IAS 19 (2011) a rinneadh ar na scéimeanna pinsin.

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú tuarastail: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **2.0%** | 2.50% | **2.0%** | 2.50% |
| Sa dá bhliain ina dhiaidh sin | **1.3%** | 1.45% | **1.3%** | 1.45% |
| As sin amach | **1.3%** | 1.40% | **1.3%** | 1.40% |
| Meánráta réamh-mheasta maidir le hardú pinsean: | | | | |
| As seo go ceann dhá bhliain | **1.0%** | 0.00% | **1.3%** | 1.40% |
| Sna ceithre bliana ina dhiaidh sin | **1.6%** | 1.85% | **1.3%** | 1.40% |
| As sin amach | **1.3%** | 1.40% | **1.3%** | 1.40% |
| Ráta lascaine | **1.7%** | 2.40% | **2.1%** | 2.90% |
| Bonn tuisceana maidir le boilsciú | **1.3%** | 1.40% | **1.3%** | 1.40% |
| Básmhaireacht | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain |
| Ionchas saoil daoine a rachaidh ar scor amach anseo | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (saolaíodh 1962) | **25.0** | 24.9 | **25.0** | 24.9 |
| Bean 65 bliain d'aois (saolaíodh 1962) | **27.1** | 27.0 | **27.1** | 27.0 |
| Ionchas saoil daoine atá ar pinsean cheana féin | | | | |
| Fear 65 bliain d'aois (saolaíodh 1952) | **23.8** | 23.7 | **23.8** | 23.7 |
| Bean 65 bliain d'aois (saolaíodh 1952) | **25.9** | 25.8 | **25.9** | 25.8 |

Amhail an 31 Nollaig 2016, mar seo a leanas a bhí fad meán-ualaithe na n-oibleagáidí sochair shainithe:
Scéim Aoisliúntais RTÉ: 14 bliain
Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ: 34 bliain

***(ii) Anailís íogaireachta***

Breithníodh an tionchar ar an oibleagáid sochair shainithe ag athruithe ar na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha. Tá an tionchar a léirítear amhail an dáta tuairiscithe agus i ngach cás glactar leis nach bhfuil athrú ar aon bhonn tuisceana eile.

| | Scéim Aoisliúntais RTÉ | | Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | Bonn Tuisceana | Oibleagáid Shochair €000 | Bonn Tuisceana | Oibleagáid Shochair €000 |
| Ráta lascaine | | | | |
| **Ráta reatha** | **1.7%** | **1,016,346** | **2.1%** | **12,122** |
| -0.25% | 1.45% | 1,052,104 | 1.85% | 13,167 |
| +0.25% | 1.95% | 982,484 | 2.35% | 11,174 |
| Ardú ar thuarastal & ar phinsin | | | | |
| **Bonn tuisceana reatha (fadtéarmach)** | **1.3%** | **1,016,346** | **1.3%** | **12,122** |
| 0.25% ardú níos ísligh | 1.05% | 985,004 | 1.05% | 11,146 |
| 0.25% ardú níos airde | 1.55% | 1,047,689 | 1.55% | 13,182 |
| Básmhaireacht | | | | |
| **Bonn tuisceana reatha (fritháireamh ón tábla bunúsach)** | **-1 bliain** | **1,016,346** | **-1 bliain** | **12,122** |
| Níl aon fritháireamh | 0 bliain | 980,335 | 0 bliain | 11,809 |
| Fritháireamh dhá bhliain | -2 bliain | 1,052,358 | -2 bliain | 12,444 |

## 21. Cáin Iarchurtha

**Grúpa**

**Sócmhainní agus dliteanais cánach aitheanta iarchurtha**

| | Sócmhainní Glan 2016 €'000 | Sócmhainní Glan 2015 €'000 | (Dliteanais) Glan 2016 €'000 | (Dliteanais) Glan 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | **-** | - | **(1,794)** | (1,497) |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(3,633)** | (5,844) |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | **58** | 38 | **-** | - |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **58** | 38 | **(5,427)** | (7,341) |

**Gluaiseacht maidir le difríochtaí sealadacha i rith na bliana 2016**

| | Iarmhéid Tosaigh Glan | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (1,497) | (297) | - | **(1,794)** |
| Sócmhainn phinsin | (5,844) | - | 2,211 | **(3,633)** |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | 38 | - | 20 | **58** |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (7,303) | (297) | 2,231 | **(5,369)** |

**Gluaiseacht maidir le difríochtaí sealadacha i rith na bliana 2015**

| | Iarmhéid Tosaigh Glan | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | (1,015) | (482) | - | (1,497) |
| Sócmhainn phinsin | (230) | - | (5,614) | (5,844) |
| Díorthaigh – fálú maidir le sreabhadh airgid | - | - | 38 | 38 |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | (1,245) | (482) | (5,576) | (7,303) |

**RTÉ**

**Sócmhainní agus dliteanais cánach aitheanta iarchurtha**

| | Sócmhainní Glan 2016 €'000 | Sócmhainní Glan 2015 €'000 | (Dliteanais) Glan 2016 €'000 | (Dliteanais) Glan 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | **1,275** | 1,194 | **-** | - |
| Sócmhainn phinsin | **-** | - | **(3,633)** | (5,844) |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | **1,275** | 1,194 | **(3,633)** | (5,844) |

**Gluaiseacht maidir le difríochtaí sealadacha i rith na bliana 2016**

| | Iarmhéid Tosaigh Glan | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,194 | 81 | - | **1,275** |
| Sócmhainn phinsin | (5,844) | - | 2,211 | **(3,633)** |
| Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach Comhlána | (4,650) | 81 | 2,211 | **(2,358)** |

## 21. Cánachas Iarchurtha (ar lean)

**Gluaiseacht maidir le difríochtaí sealadacha i rith na bliana 2015**

| | Iarmhéid Tosaigh Glan | Aitheanta faoi Ioncam | Aitheanta faoi Ioncam Cuimsitheach eile | Iarmhéid Deiridh Glan |
|---|---|---|---|---|
| Maoin, innealra agus trealamh | 1,292 | (98) | - | 1,194 |
| Sócmhainn phinsin | (230) | - | (5,614) | (5,844) |
| Glan Sócmhainní/(Dliteanais) Cánach | 1,062 | (98) | (5,614) | (4,650) |

**Sócmhainní cánach neamhaitheanta iarchurtha (An Grúpa agus RTÉ)**

Tagann an t-ioncam ó tháille an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ trí "dheontas i gcabhair" faoi réir ag cáin chorparáide le héifeacht ón 1 Eanáir 2007. Tá caillteanas trádála a thugtar ar aghaidh chun críche cánach is ionann is €648 milliún ag an nGrúpa ar an 31 Nollaig 2016. Mar gheall ar an éiginnteacht a bhaineann leis an tráth a mbainfí leas dáiríre as na caillteanais seo ní luaitear sócmhainn cánach iarchurtha ar bith.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (Grúpa agus RTÉ)

**(a) Forléargas ar Chúrsaí Bainistíochta maidir le Riosca Airgeadais**

***(i) Timpeallacht Riosca***

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord RTÉ as creat oibre bainistíochta an Ghrúpa maidir le cúrsaí riosca a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh ina leith agus tá polasaithe ceadaithe ag an mBord maidir leis na réimsí is mó a mbeadh baol ag baint leo maidir le riosca airgeadais don Ghrúpa. Rannóg Cistíochta an Ghrúpa atá freagrach as an mbainistíocht maidir leis na bearta cistíochta uile, agus sin de réir na bpolasaithe cistíochta, an bhainistíocht maidir le hairgead tirim, riosca maidir le malairt eachtrach agus riosca maidir le creidmheas chontrapháirtithe san áireamh.

Is in Éirinn a dhéantar an chuid is mó de ghnó RTÉ. Dá bhrí sin, is in airgeadra an euro den chuid is mó a ainmnítear an sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíochta. Is maidir le híocaíocht ar chláracha ceannaithe a ainmnítear in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá nó sterling is mó a thagann baol maidir le hairgeadra eachtrach i gceist. Tá de pholasaí ag RTÉ fálú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ag tús na bliana airgeadais ar mhórchuid na bpríomhshuimeanna geallta in airgeadra eachtrach trí réamhchonarthaí in airgeadra dollar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sterling a cheangal. Bíonn dáta aibíochta is lú ná 18 mí ón 31 Nollaig 2016 le gach réamhchonradh i malairt eachtrach. Ní dhéantar na réamhchonarthaí seo i malairt eachtrach a lua le ceangal fálúcháin go sonrach ó thaobh na cuntasaíochta de ach feictear ina dhiaidh sin féin gur fálú eacnamaíochta dáiríre atá i gceist leo.

Fuair 2rn iasachtaí ar ráta athraitheach in 2014 agus chuaigh isteach i gconradh díorthach d'fhonn fálú a dhéanamh in aghaidh aon neamhchosaint a d'eascródh as luaineacht sa ráta úis in 2016. Luaigh an Grúpa an ionstraim airgeadais sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid de bhun IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas.*

Déantar dí-ainmniú ar ionstraimí airgeadais tráth na socraíochta nó an díolacháin.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

***(ii) Rangú na n-ionstraimí airgeadais***

Déantar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais ar fad, taobh amuigh de na bearta soláthair agus dliteanais a bhaineann le fostaithe, a lua ar an gcostas amúchta, ach amháin na sócmhainní díorthaigh/(dliteanais díorthaigh) a rangaítear mar seo a leanas:

| AN GRÚPA | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/ (dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **164** | - | **-** | - | **-** | - | **164** | - |
| **Iomlán Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | **164** | - | **-** | - | **-** | - | **164** | - |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **40,340** | 38,813 | **40,340** | 38,813 |
| Ioncam fabhraithe | **-** | - | **-** | - | **3,530** | 2,967 | **3,530** | 2,967 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **-** | - | **1,000** | - | **1,000** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **-** | - | **16,698** | 25,703 | **16,698** | 25,703 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **486** | 75 | **-** | - | **-** | - | **486** | 75 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **486** | 75 | **-** | - | **61,568** | 67,483 | **62,054** | 67,558 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **650** | 75 | **-** | - | **61,568** | 67,483 | **62,218** | 67,558 |
| | | | | | | | | |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(52,500)** | (46,875) | **(52,500)** | (46,875) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(10,173)** | (13,597) | **(10,173)** | (13,597) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(2,515)** | (2,631) | **(2,515)** | (2,631) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **(258)** | (150) | **-** | - | **(258)** | (150) |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **-** | - | **(258)** | (150) | **(65,188)** | (63,103) | **(65,446)** | (63,253) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(72,437)** | (71,677) | **(72,437)** | (71,677) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(5,375)** | (3,750) | **(5,375)** | (3,750) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(9,189)** | (8,067) | **(9,189)** | (8,067) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **(209)** | (154) | **-** | - | **(209)** | (154) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | - | **(209)** | (154) | **(87,001)** | (83,494) | **(87,210)** | (83,648) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **-** | - | **(467)** | (304) | **(152,189)** | (146,597) | **(152,656)** | (146,901) |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

| RTÉ | Ionstraimí airgeadais díorthaigh arna lua ar an luach cóir trí Ráiteas Ioncaim | | Ionstraimí airgeadais díorthaigh a ndéantar fálú ina leith | | Sócmhainní/ (dliteanais) arna lua ar an gcostas amúchta | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **164** | - | **-** | - | **-** | - | **164** | - |
| **Iomlán Sócmhainní Airgeadais Neamhreatha** | **164** | - | **-** | - | **-** | - | **164** | - |
| **Sócmhainní Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **34,081** | 32,297 | **34,081** | 32,297 |
| Ioncam fabhraithe | **-** | - | **-** | - | **402** | 349 | **402** | 349 |
| Infheistíochtaí leachtacha | **-** | - | **-** | - | **1,000** | - | **1,000** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | **-** | - | **-** | - | **13,198** | 22,746 | **13,198** | 22,746 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **486** | 75 | **-** | - | **-** | - | **486** | 75 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais Reatha** | **486** | 75 | **-** | - | **48,681** | 55,392 | **49,167** | 55,467 |
| **Iomlán na Sócmhainní Airgeadais** | **650** | 75 | **-** | - | **48,681** | 55,392 | **49,331** | 55,467 |
| **Dliteanais Airgeadais Neamhreatha** | | | | | | | | |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(3,000)** | (1,875) | **(3,000)** | (1,875) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(10,027)** | (13,368) | **(10,027)** | (13,368) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(2,515)** | (2,631) | **(2,515)** | (2,631) |
| **Dliteanais Neamh-Reatha Iomlána** | **-** | - | **-** | - | **(15,542)** | (17,874) | **(15,542)** | (17,874) |
| **Dliteanais Airgeadais Reatha** | | | | | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | - | **-** | - | **(230,949)** | (222,047) | **(230,949)** | (222,047) |
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **-** | - | **-** | - | **(1,875)** | (3,750) | **(1,875)** | (3,750) |
| Sochair fhostaithe | **-** | - | **-** | - | **(9,059)** | (7,740) | **(9,059)** | (7,740) |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | - | **-** | - | **-** | - | **-** | - |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais Reatha** | **-** | - | **-** | - | **(241,883)** | (233,537) | **(241,883)** | (233,537) |
| **Iomlán Dliteanas Airgeadais** | **-** | - | **-** | - | **(257,425)** | (251,411) | **(257,425)** | (251,411) |

Is ionstraimí airgeadais a thomhaistear ar luach cóir tríd an mbarrachas nó tríd an easnamh iad na réamhchonarthaí i malairt eachtrach. Is ionstraim dhíorthach a leagtar amach mar fhálú maidir le sreabhadh airgid an bhabhtáil maidir le rátaí úis.

**(b) Riosca Creidmheasa**

***Forléargas***

Is ionann riosca creidmheasa agus an baol go dtarlódh caillteanas airgeadais don Ghrúpa sa chás go mainneodh custaiméir nó frithpháirtí le hionstraim airgeadais déanamh de réir choinníollacha conartha.

Is ionann an tsuim a thugtar anonn maidir le sócmhainní airgeadais agus an tsuim uasta a mbeifí i mbaol a chaillte maidir le nochtadh do riosca creidmheasa. Seo a leanas an tsuim uasta maidir le nochtadh do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscíochta:

| | Nótaí | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Nithe infhaighte trádála | 11 | **40,310** | 38,805 | **34,053** | 32,291 |
| Infheistíochtaí leachtacha | 12 | **1,000** | - | **1,000** | - |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 13 | **16,698** | 25,703 | **13,198** | 22,746 |
| Ioncam fabhraithe | | **3,530** | 2,967 | **402** | 349 |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | | **650** | 75 | **650** | 75 |
| | | **62,188** | 67,550 | **49,303** | 55,461 |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena sócmhainní airgeadais mar a leagtar amach thíos.

***Riosca Creidmheasa maidir leis an Státchiste***

Tá nochtadh i gceist don Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa maidir leis na frithpháirtithe lena bhfuil cuntais bhainc ag an nGrúpa agus lena ndéantar idirbheartaíocht ar na margaí airgeadais. Tá na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, agus ionstraimí airgeadais díorthaigh i seilbh contrapháirtithe airgeadais a bhfuil rátáil creidmheasa íosta de BBB- acu de réir rátáil Standard & Poors.

Is cistí na hinfheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim atá infheistithe le hinstitiúidí airgeadais in Éirinn a thagann faoi Scéim Ráthaíochta Bainc Rialtas na hÉireann agus uasteorainn leis na méid a choinnítear le banc nó institiúid amháin tráth ar bith. Le hinstitiúidí de chuid na hÉireann agus de chuid na Ríochta Aontaithe atá ionstraimí airgeadais díorthaigh agus níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain fhrithpháirtithe den sórt sin a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

***Riosca Creidmheasa maidir le custaiméirí***

Tá árachas creidmheasa ag an nGrúpa agus socraítear teorainneacha creidmheasa do na custaiméirí ar fad. I bhfianaise chineál mhargadh na fógraíochta agus margaí eile ina mbíonn RTÉ ag feidhmiú, bhí nochtadh suntasach i gceist do RTÉ maidir le gníomhaireachtaí fógraíochta faoi leith agus custaiméirí eile i rith na bliana. Tá de pholasaí ag RTÉ teorainneacha a leagan síos maidir leis an tsuim chomhthiomsaithe dá mbeadh nochtadh maidir le gach custaiméir faoi leith. Bíonn an nochtadh sin agus na huasteorainneacha a ghabhann leis faoi réir ag athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach.

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta de réir réigiúin tíreolaíochta:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Éire | **37,773** | 37,847 | **32,775** | 31,585 |
| An Ríocht Aontaithe | **2,452** | 903 | **1,194** | 699 |
| Réigiúin eile | **85** | 55 | **84** | 7 |
| Nithe infhaighte trádála | **40,310** | 38,805 | **34,053** | 32,291 |

B'ionann an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta de réir chineál an chustaiméara:

| | Suim carraeireachta Grúpa | | Suim carraeireachta RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Féichiúnaithe neamhghníomhaireachta | **10,718** | 9,492 | **5,649** | 5,573 |
| Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta | **29,592** | 29,313 | **28,404** | 26,718 |
| Nithe infhaighte trádála | **40,310** | 38,805 | **34,053** | 32,291 |

Is ionann féichiúnaí gníomhaireachta agus gníomhaire nó gníomhaireacht fógraíochta, eadhon, duine, comhlacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áirithe thar ceann an fhógróra.

Is leis an bhféichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa a bhaineann €3.3 milliún (8%) de luach na suime a thugtar anonn maidir le nithe infhaighte trádála ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €3.5 milliún)

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Seo a leanas an ré a bhain le nithe infhaighte trádála ar an dáta tuairiscíochta:

| | Grúpa | | | RTÉ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Glan 2016 €'000 | Lagú 2016 €'000 | Glan 2016 €'000 | Glan 2016 €'000 | Lagú 2016 €'000 | Glan 2016 €'000 |
| Níl dlite thar théarma | **20,865** | **-** | **20,865** | **17,959** | **-** | **17,959** |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | **18,359** | **(282)** | **18,077** | **15,353** | **(62)** | **15,291** |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | **1,264** | **(326)** | **938** | **888** | **(102)** | **786** |
| Níos mó ná 120 lá | **1,042** | **(612)** | **430** | **154** | **(137)** | **17** |
| | **41,530** | **(1,220)** | **40,310** | **34,354** | **(301)** | **34,053** |

| | Grúpa | | | RTÉ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Glan 2015 €'000 | Lagú 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 | Lagú 2015 €'000 | Glan 2015 €'000 |
| Níl dlite thar théarma | 19,901 | (30) | 19,871 | 16,811 | - | 16,811 |
| Dlite thar théarma 0-30 lá | 18,969 | (416) | 18,553 | 15,396 | (117) | 15,279 |
| Dlite thar théarma 31-120 lá | 365 | (199) | 166 | 210 | (80) | 130 |
| Níos mó ná 120 lá | 883 | (668) | 215 | 152 | (81) | 71 |
| | 40,118 | (1,313) | 38,805 | 32,569 | (278) | 32,291 |

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht maidir le soláthar do lagú maidir le Nithe Infhaighte Trádála i rith na bliana:

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | **1,313** | 2,112 | **278** | 1,239 |
| (Scaoilte)/soláthraíodh i rith na bliana | **(95)** | (646) | **(10)** | (808) |
| Díscríobh ar dhrochfhiacha i rith na bliain | **2** | (153) | **33** | (153) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **1,220** | 1,313 | **301** | 278 |

Ní mheastar go bhfuil aon nochtadh do riosca creidmheasa maidir le réamhíocaíochtaí. Is é a bhaineann le hioncam fabhraithe suimeanna infhaighte neamhbhilleáilte ó líon beag custaiméirí. Níor tharla aon chaillteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain chustaiméar ar bith acu sin déanamh de réir dualgais.

**(c) Riosca Leachtachta**

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é cur chuige atá ag RTÉ maidir le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlitear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan caillteanas doghlactha a thabhú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an sreabhadh glan airgid neamhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

| **31-Noll-2016**<br>**Grúpa** | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1bl<br>€'000 | 1-2 bl<br>€'000 | 2-5 bl<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **57,875** | **60,271** | **6,399** | **8,417** | **45,455** | **-** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **467** | **467** | **209** | **185** | **73** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **74,952** | **74,952** | **72,437** | **2,515** | **-** | **-** |
| Sochair fhostaithe | **19,362** | **19,642** | **9,189** | **2,558** | **3,873** | **4,022** |
| | **152,656** | **155,332** | **88,234** | **13,675** | **49,401** | **4,022** |

| **31-Noll-2015**<br>**Grúpa** | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1bl<br>€'000 | 1-2 bl<br>€'000 | 2-5 bl<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 50,625 | 53,947 | 4,724 | 6,286 | 42,937 | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | 304 | 304 | 154 | 139 | 11 | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 74,308 | 74,308 | 71,677 | 2,631 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 21,664 | 22,173 | 8,099 | 3,403 | 5,785 | 4,886 |
| | 146,901 | 150,732 | 84,654 | 12,459 | 48,733 | 4,886 |

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais (gan dliteanais idirchuideachtaí a áireamh):

| **31-Noll-2016**<br>**RTÉ** | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1bl<br>€'000 | 1-2 bl<br>€'000 | 2-5 bl<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | **4,875** | **4,955** | **1,944** | **3,011** | **-** | **-** |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **65,852** | **65,852** | **63,337** | **2,515** | **-** | **-** |
| Sochair fhostaithe | **19,086** | **19,367** | **9,059** | **2,558** | **3,873** | **3,877** |
| | **89,813** | **90,174** | **74,340** | **8,084** | **3,873** | **3,877** |

| **31-Noll-2015**<br>**RTÉ** | Suim carraeireachta<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí<br>€'000 | Laistigh de 1bl<br>€'000 | 1-2 bl<br>€'000 | 2-5 bl<br>€'000 | Níos mó ná 5 bliana<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | 5,625 | 5,762 | 3,868 | 1,894 | - | - |
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | - | - | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 59,667 | 59,667 | 57,036 | 2,631 | - | - |
| Sochair fhostaithe | 21,108 | 21,616 | 7,772 | 3,403 | 5,785 | 4,656 |
| | 86,400 | 87,045 | 68,676 | 7,928 | 5,785 | 4,656 |

Mar a nochtadh i nóta 14, tá áis iasachta téarma agus áis creidmheasa imrothlach ag an nGrúpa le Banc na hÉireann agus tá áis iasachta téarma agus áis iasachta tionscadail aige le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraítear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí áis rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ, nár tarraingíodh, chomh maith le háis creidmheas imrothlach €12 milliún, nár tarraingíodh.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(d) Riosca Airgeadra**

Is é an euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr ghnéithe áirithe den ghnó, go háirithe cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ón iasacht, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad dollar na Stát Aontaithe agus sterling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn maidir leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa ráiteas ioncaim. An 31 Nollaig 2016 b'ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €650,000 (2015: dliteanas €75,000)

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú maidir le cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag an gCuideachta ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an 31 Nollaig 2016 ná 2015.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Euro | **5,699** | 4,318 |
| GBP | **1,168** | 341 |
| USD | **38** | 53 |
| Eile | **1** | 32 |
| | **6,906** | 4,744 |

Briseadh síos ar shuimeanna iníoctha trádála de réir airgeadra

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **RTÉ** | | |
| Euro | **4,596** | 3,637 |
| GBP | **1,167** | 53 |
| USD | **25** | 50 |
| Eile | **1** | 32 |
| | **5,789** | 3,772 |

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

| | Meánráta | | Spot-ráta an Dáta Tuairiscíochta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| EUR €1 = USD $ | **1.1069** | 1.1095 | **1.0541** | 1.0887 |
| EUR €1 = GBP £ | **0.8195** | 0.7258 | **0.8562** | 0.7339 |

Sa bhainistíocht a dhéantar maidir le rioscaí airgeadra, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**An Grúpa**

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €134,214 (31 Nollaig 2015 €47,373) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2016.

**RTÉ**

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €132,622 (31 Nollaig 2015 €15,018) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2016.

**(e) Riosca Ráta Úis**

Ar an 31 Nollaig 2016 bhí iasachtaí iomlána €57.88 milliún ag an nGrúpa (2015: €50.63 milliún)

Ar an 28 Bealtaine 2012, cheangail RTÉ comhaontú maidir le háis iasachta téarma amúchta 5 bliana le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Bhí an iasacht téarma tarraingthe anuas go hiomlán an 31 Iúil 2012. Is iasacht tionscadail ar ráta athraitheach an fiachas a thiocfaidh in aibíocht sa bhliain 2017.

Ar an 28 Eanáir 2016, chuaigh RTÉ i mbun Áis Creidmheasa Imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Bhí €3 mhilliún tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2016. Is ar ráta athraitheach atá an iasacht thiocfaidh in aibíocht sa bhliain 2021.

An 18 Meitheamh 2014, d'athmhaoinigh 2rn a áis iasachta tionscadail le Barclay's go dtí €40 milliún, chomh maith le háis iasachta téarma bhreise €13 milliún. Chuathas i mbun babhtáil ráta úis i rith 2015, maidir leis an áis iasachta do thionscadal €40 milliún, go dtí go dtiocfaidh an áis in aibíocht i Meitheamh 2019. Ainmníodh an ionstraim airgeadais díorthaigh seo mar fhálú maidir le sreabhadh airgid; mar thoraidh air sin bheadh éifeacht chothrom agus chontrártha ar an ráiteas ioncaim ag aon athruithe ar an ráta úis maidir leis an malartú ráta úis agus leis an bhfiachas don tréimhse.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ar an gcothromas ab ionann is €0.9 milliún agus €0.1 milliún ar an Ráiteas Ioncaim.

Ar an dáta tuairiscíochta, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

| | Suim carraeireachta | |
|---|---|---|
| **Grúpa** | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 |
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **7,493** | 16,050 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **10,205** | 9,653 |

| | Suim carraeireachta | |
|---|---|---|
| **RTÉ** | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 |
| **Ionstraimí Ráta Seasta** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **7,001** | 15,555 |
| **Ionstraimí Ráta Inathraithe** | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **7,197** | 7,191 |

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas Ioncaim ab ionann is €0.2 milliún (glan ar cháin).

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(f) Luachanna Córa**

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dliteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur neastachán réasúnta ina leith sin an luach coinneála.

| An Grúpa[(a)] | Suim Carraeireachta 2016 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2016 €'milliún | Suim Carraeireachta 2015 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2015 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.7** | **0.7** | 0.1 | 0.1 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | **(0.5)** | **(0.5)** | (0.3) | (0.3) |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas úsmhara | **57.9** | **60.3** | 50.6 | 53.0 |

| RTÉ[(a)] | Suim Carraeireachta 2016 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2016 €'milliún | Suim Carraeireachta 2015 €'milliún | Luach Cóir Leibhéal 2 2015 €'milliún |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **0.7** | **0.7** | 0.1 | 0.1 |
| **Dliteanais airgeadais a mheastar ar a luach cóir** | | | | |
| Conarthaí réamh-mhalairte | **-** | **-** | - | - |
| **Dliteanais airgeadais nach meastar ar a luach cóir** | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas úsmhara | **4.9** | **5.0** | 5.6 | 5.7 |

(a) Ní dhearna an grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh maidir le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iníoctha ná sochair fhostaithe, ó tharla gur neastachán réasúnta ar an luach cóir an luach coinneála ina leith a fhoilsítear ar leathanaigh 153 agus 154.

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: ionchuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dliteanais den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dliteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscíochta seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luach cóir.

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir suntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

**Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite | Idirchaidreamh idir ionchuir suntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir |
|---|---|---|---|
| Ionstraimí airgeadais díorthaigh | Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach. | Níl infheidhme | Níl infheidhme |

**Ionstraimí airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir**

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite |
|---|---|---|
| Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús | Sreabhadh airgid lascainithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe. | Níl infheidhme |

## 22. Ionstraimí Airgeadais agus bainistíocht maidir le riosca airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

**(g) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh:

| 31-Noll-2016 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | (467) | (467) | (209) | (185) | (73) |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 650 | 650 | 486 | 164 | - |
| | **183** | **183** | **277** | **(21)** | **(73)** |

| 31-Noll-2016 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Sócmhainní Díorthaigh** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 650 | 650 | 486 | 164 | - |

| 31-Noll-2015 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Babhtáil rátaí úis | (304) | (304) | (154) | (139) | (11) |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 75 | 75 | 75 | - | - |
| | (229) | (229) | (79) | (139) | (11) |

| 31-Noll-2015 | Suim carraeireachta €'000 | Sreabhadh airgid chonarthaí €'000 | Laistigh de 1bl €'000 | 1-2 bl €'000 | 2-5 bl €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RTÉ** | | | | | |
| **Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh** | | | | | |
| Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh) | 75 | 75 | 75 | - | - |

Déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthaí i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

Ar an 31 Nollaig 2016 bhí iasachtaí iomlána €57.88 milliún ag an nGrúpa (2015: €50.63 milliún). Rinne an Grúpa babhtáil ar ráta úis arb ionann é is €40 milliún d'fhonn ráta seasta a dhéanamh den ráta athraitheach ar iasachtaí 2014 go dtí tráth na haibíochta. Ar thionscnamh an fhálúcháin, rinne an Grúpa an ceangal fálúcháin a lua go foirmeálta agus dá thoradh sin, déantar aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais díorthaigh a lua go díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach.

## 23. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais

### (a) Ceangaltais Chaipitil

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **387** | 810 | **193** | 543 |
| Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith | **3,817** | 155 | **3,817** | 155 |
| | **4,204** | 965 | **4,010** | 698 |

### (b) Ceangaltais maidir le Ceannachán Clár/Ceart

| | Grúpa | | RTÉ | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith | **94,187** | 92,681 | **94,187** | 92,681 |

### (c) Dliteanais Theagmhasacha

De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

### (d) Barántais

An 31 Nollaig 2016 cheangail RTÉ le háis barántais dar luach €4.5 milliún a rachaidh in éag ar an 30 Eanáir 2018.

### (e) Seirbhísí Teilifíse Digití i dTuaisceart Éireann

Tá comhfhiontar nasctha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá dliteanas cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí Deireadh Fómhair 2024. B'ionann an gealltanas a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2016 agus €4.3 milliún.

## 24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

### (a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorparáid *Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoi Údarás Craolacháin na hÉireann, 1960*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Tá an cás eisceachta sin faoi IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* trína mbíonn díolúine maidir leis na coinníollacha faoi nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara curtha i bhfeidhm ag an ngrúpa maidir leis an Rialtas agus eintitis a bhaineann leis an Rialtas murar díol suntais aon idirbheart amháin as féin nó murar díol suntais idirbhearta éagsúla ar a dtabhairt le chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, maidir le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtas na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn an táille ceadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

B'ionann, ar an 31 Nollaig 2016, an t-iomlán a bhí iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí de chuid RTÉ agus €167.6 milliún (2015: €165.0 milliún).

## 24. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta[1]**

Chun críche na gcoinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi IAS 24 *Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara* is iad a thagann faoi scáth an téarma "daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta" (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu maidir le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht na cuideachta) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Feidhmeannas RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €3.9 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a híocadh le pearsanra bainistíochta in 2016 (2015: €3.6 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €3.4 milliún (2015: €3.1 milliún) agus sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.5 milliún (2015: €0.5 milliún).

B'ionann luach ceannacháin RTÉ ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2016 agus €1.3 milliún (2015: €1.2 milliún) agus ba maidir le cláracha coimisiúnaithe den chuid is mó an caiteachas sin. B'ionann luach díolacháin RTÉ le cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2016 agus €0.1 milliún (2015: €0.1 milliún). B'ionann luach dliteanais faoi réir conartha ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórthábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2016 agus €0.03 milliún (2015: €0.6 milliún Ní raibh aon suim ábhartha ag seasamh amach ag deireadh ceachtar den dá bhliain.

B'ionann luach na ranníocaíochtaí cláir a d'íoc RTÉ le comhaltaí Boird, le daoine eile a bhfuil mórthábhacht leo ar an lucht bainistíochta agus le daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu leo i rith na bliana 2016 agus €28,100 (2015: €9,515).

***Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara***

Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíocha a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

[1]Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórthábhachta, a gcuid gaolta gairide agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

## 25. Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

I mí Eanáir 2017, rinne RTÉ sócmhainn neamhinláimhsithe a dhiúscairt, rud ba chúis le gnóthachan €5 milliún don Ghrúpa.

I mí Márta 2017, d'fhógair RTÉ go bhfuil rún cuid den ghabháltas talún (8.64 acra) i nDomhnach Broc a dhíol. Déanfar an teacht isteach ón diúscairt sin a úsáid chun infheistíocht chaipitil agus athstruchtúrú eagrúcháin a mhaoiniú.

## 26. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais atá ó leathanach 116 go dtí leathanach 163 maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2016 ar an 20 Aibreán 2017.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Beartais Chuntasaíochta

## 1. Bunús na cuntasaíochta

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár mbeartas cuntasaíochta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i gcás na gcaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeáin arna leagan amach thíos.

**(a) Eintiteas tuairiscíochta**

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amhail an 31 Nollaig 2016 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an "Grúpa").

**(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le staid airgeadais, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus ráiteas maidir le hathruithe ar chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a *d'éileodh Acht na gCuideachtaí 2014 de ghnáth*. Tá leasú déanta ar ráiteas ioncam grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

**(c) Bunús an ullmhaithe**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an scéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

**(d) Caighdeáin nua agus athchóirithe a ghlacadh**

Bhí roinnt ceanglas nua i bhfeidhm don chéad uair le linn 2016. Tá na caighdeáin ábhartha leagtha amach go mionsonrach thíos.
Leasuithe ar IFRS 11: Cuntasaíocht maidir le héadálacha leasanna i gComhoibríochtaí.
Leasuithe ar IAS 16 agus IAS 38: Soiléiriú maidir le modhanna inghlactha dímheasa agus amúchta;
Leasuithe ar IAS 16 Maoin, Innealra agus Trealamh agus IAS 41 Plandaí Iompair;
Leasuithe ar IAS 27: Modh an Chothromais i Ráitis Airgeadais ar Leithligh
Leasuithe ar IAS 1: Tionscnamh Nochtaithe, Feabhsúcháin Bhliantúla ar an Timthriall IFRSanna 2012-2014; agus
Leasuithe ar IFRS 10, IFRS 12 agus IAS 28: Eintitis infheistíochta - eiseacht ar chomhdhlúthú.
Ní raibh tionchar ábhartha ar an nGrúpa ag na hathruithe ar na beartais chuntasaíochta a eascraíonn as na ceanglais nua sin.

**(e) Caighdeáin atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós**

Níl éifeacht fós le roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeáin agus léirmhínithe agus níor cuireadh i bhfeidhm iad is na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Níl i gceist ag an nGrúpa na caighdeáin seo a chur i bhfeidhm roimh an am; déanfar, ina ionad sin, iad a chur i bhfeidhm ón dáta éifeachta de réir mar a shocraítear sin i gcomhréir le dáta a n-aontú ag an AE. Áirítear othru sin:
IFRS 15 *Ioncam ó chonarthaí* le custaiméirí; agus
IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais:*
Tá an Grúpa fós i mbun athbhreithnithe ar an tionchar a bheidh ag an caighdeáin seo atá le teacht.

## 2. Aitheantas ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

A mhéid a mheastar is féidir ioncam a inaisghabháil, go mbíonn faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go dtiocfaidh sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir a aithnítear ioncam.

**(a) Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse**

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comshaoil (DCCAE) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCCAE, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Coimirce Sóisialta (DSP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse 'saor in aisce'. Tá an t-ioncam seo faoi réir ag teorainn ó 2011 agus íocann an DSP leis an DCCAE é gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den Acht Craolacháin 2009 arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011* íocann an DCCAE "deontas i gcabhair" neamh-inaisíoctha le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a íoctar leis ón DSP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íoctar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón táille ceadúnais atá iníoctha ag an DSP. Ar fhógra ó An Post a aithnítear gach ioncam eile ón Táille Ceadúnais.

**(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta**

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

**(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna**
Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú pháirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

**(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí**
Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an RTÉ Guide a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

**(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar**
Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

## 3. Tuairiscíocht Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS *8 Rannóga Oibriúcháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga IBD, na rannóga gnó, na príomhrannóga tuairiscíochta ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an IBD Tráchtála den chuid is mó. Luaitear ioncam 2rn maidir le IBD Tráchtála. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne maidir le IBD Seirbhísí Digiteacha Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Ach amháin i gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach IBD den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh. I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, bíonn na costais go léir clúdaithe ag an ioncam ón táille ceadúnais a luaitear.

Rinneadh an Rannóg Tráchtála a chur ar bun le héifeacht ón 1 Eanáir 2016 agus rinneadh athlua ar thuairiscí na réimsí éagsúla maidir leis an mbliain 2015 sa chaoi is gurb é an struchtúr nua eagrúcháin a léirítear.

Déantar costais arna dtabhú ag IBD agus ar son IBD a lua taobh istigh den IBD sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na IBDanna sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaíochta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar IBD Teilifís, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a baint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD ag nóta 2(f), tar éis dhíchur sócmhainní agus dliteanais idir-chuideachta agus aon bhrabús idir-chuideachta a leanann as aistrithe inmheánacha.

## 4. Fardail cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláracha a dhéanann RTÉ in-tí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardal cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas Ioncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Gnéchláracha: | 75% ar an gcéad tarchur, 25% ar an dara tarchur |
| Sraitheanna: | 99% ar an gcéad tarchur, 1% ar an dara tarchur |

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardal chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gceart. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnas maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas Ioncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta á gcraoladh.

## 5. Idirbhearta in airgeadra eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscíochta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó caillteanas malartaithe sa Ráiteas Ioncaim.

## 6. Maoin, innealra agus trealamh

**(a) Aitheantas agus tomhas**

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chaillteanas lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadáil. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhírigh agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá riachtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na rannóige ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaofa áirítear costais dá éis sin i suim charraeireachta sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhuirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

**(b) Dímheas**

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírí thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh | 2.5% | - | 25% |
| Innealra & trealamh | 7.5% | - | 20% |
| Fearais & feistis | 10% | - | 25% |

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de rannóg maoine, innealra nó trealaimh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoine, innealra nó trealaimh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

**(c) Lagú**

De réir IAS 36 *Lagú sócmhainní* déantar suim charraeireachta foirgneamh, innealra agus trealaimh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

**(d) Costais iasachta**

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht.

## 7. Sócmhainní doláimhsithe

**(a) Aitheantas agus tomhas**

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhisiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhraithe agus aon chaillteanais lagaithe fabhraithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

**(b) Amúchadh**

Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, a amúchadh go dtí an ráiteas ioncaim ar bhonn na líne dírí thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíocha úsáideacha.

**(c) Lagú**

De réir IAS *36 Lagú Sócmhainní* déantar suim charraeireachta shócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú de chineál ar bith mar sin ann ansin déantar suim inaisghabhála na sócmhainne a mheas.

## 8. Ionstraimí airgeadais

**(a) Ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh**

Tá ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

***Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí***

Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina ráiteas ar staid airgeadais, lúide caillteanais lagaithe.

***Suimeanna infhaighte trádála agus eile***

Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bhunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibiachtúil ann i ndiaidh na céad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

***Infheistíochtaí leachtacha***

Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainne reatha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ó tharla aibíocht na n-infheistíochtaí seo lasmuigh den am lena rangú mar airgead tirim nó coibhéisí airgid

thirim faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid,* caitear le hiarmhéideanna gaolmhara amhail is gur sócmhainní airgeadais iad agus tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

***Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim***

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangaítear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

***Fiachais agus Iasachtaí***

Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leasa as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

***Suimeanna iníoctha trádála agus eile***

Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

**(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh**

Tá an Grúpa nochtaithe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaithe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun bhabhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonarthaí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conarthaí díorthaigh amhantracha.

Trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leasa as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonarthaí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscíochta. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain ná caillteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas Ioncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

***Fáluithe Sreabhaidh Airgid***

Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaithe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chaillteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó caillteanais láithreach sa Ráiteas Ioncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaithe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaithe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fhálaithe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fhálaithe.

**9. Sochair fhostaithe**

**(a) Oibleagáidí sochair scoir**

Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe shainithe agus ranníoca shainithe léi) agus scéimeanna ranníoca sainithe eile ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas Ioncaim sa tréimhse a saothraíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanais na scéime ó mheasúnú achtúireachta, á ríomh ag baint leasa as an modh creidmheasa aonaid teilgthe, mar shóchmhainn/dliteanas sa ráiteas ar staid airgeadais, glan ar cháin iarchurtha (a mhéid is féidir é a inaisghabháil). An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireachta na sochar pinsean a ghealltar d'fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dliteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dliteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa ráiteas ioncaim.

**(b) Sochair Foirceanta**

Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

**(c) Sochair ghearrthéarmacha**

Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

# Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Beartais Chuntasaíochtas
(ar lean)

### 10. Cáin ioncaim

**(a) Aitheantas**

Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le rannóga a aithnítear go díreach i gcothromas agus sa chás sin a aithnítear i gcothromas.

**(b) Cáin reatha**

Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníoctha ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leasa as na rátaí cánach achtaithe nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscíochta, agus aon leasú ar cháin iníoctha maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam incánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

**(c) Cáin Iarchurtha**

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dliteanais a iompraítear do chríocha tuairiscíochta airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dliteanais cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dliteanais chánach ar mhaithe le gach difríocht sealadach cánach seachas chéad aithint sócmhainne nó dliteanais in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas incánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabúis incánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn cánach. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscíochta agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfear an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dliteanais chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna incánaithe.

### 11. Ioncam agus costais airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, díscaoileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

### 12. Ioncam Díbhinne

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile

## Nach cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa

**An Chomhairle Lucht Féachana**

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009*. Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an luacht féachana agus éisteachta.

Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus cúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an *Achta Craolácháin 2009* san áireamh. In 2015, thug RTÉ cuireadh don phobal iarratais spéise a chur isteach maidir le bheith mar chuid de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta a ndearnadh poiblíocht air ar sheirbhísí RTÉ. Tháinig roinnt ainmniúchán breise go díreach ó chomhaltaí Bhord RTÉ. I ndiaidh próiseas foirmeálta roghnúcháin, roghnaigh Bord RTÉ comhaltaí ar Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTE.

Déanann na comhaltaí fónamh ar bhonn deonach, ach is féidir leo na speansais sin as póca a d'fhéadfaidís le réasún a thabhú i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna, a fháil ar ais. Ceapann Bord RTÉ duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle.

Tionóladh sé chruinniú de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta i rith na bliana 2016, ar a n-áirítear cruinniú i gcomhar le Bord RTÉ mar a bhforáiltear dó faoin Acht. Is í Margaret E. Ward, comhalta de Bhord RTÉ, Cathaoirleach Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta agus le comhaltaí na Comhairle, chomh maith le cuntas achoimre ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana ar fáil ar http://www.rte.ie/about/en/how-rte-is-run/2015/0518/701954-audience-council/

Amach in 2016, chuir RTÉ tús le próiseas chomh maith le feachtas fógraíochta poiblí chun teacht ar chomhaltaí nua don Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta ó tharla téarma a oifige ag dul in éag ag deireadh 2016. I ndiaidh dheireadh na bliana, cheap Bord RTÉ Aengus MacGrianna, comhalta de Bhord RTÉ, ina Chathaoirleach nua ar an gComhairle Lucht Féachana agus Éisteachta.

**Ráiteas Bliantúil RTÉ ar Ghealltanais Feidhmíochta 2016 (ASPC 2016)**

**Réamhrá**

Faoi fhorálacha an *Achta Craolacháin 2009*, ní mór do RTÉ trí cheanglas tuairiscíochta nua a shásamh: ráiteas straitéise a ullmhú (alt 99); ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú (alt 101), tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí; agus ráiteas bliantúil faoi ghealltanais feidhmíochta a ullmhú gach bliain (alt 102). I gcomhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta, cuireadh Ráiteas Straitéise RTÉ agus Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ, an dara ráiteas den chineál sin faoin Acht, faoi bhráid an Aire i rith na bliana 2015 agus foilsíodh iad ar RTÉ.ie.

Faoi réir Alt 102(3) an Achta, cuireadh Ráiteas Bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta 2016 (ASPC) faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Márta 2016. Foilsíodh leagan de ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie

Cuirtear an achoimre seo ar an bhfeidhmíocht i láthair i gcomhlíonadh alt 102(5) den Acht agus ag teacht le halt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire ar an 31 Márta 2017.

**Gealltanais feidhmíochta 2016 maille le slata tomhais (bliain 4)**

**AN LUCHT FÉACHANA AGUS ÉISTEACHTA – SCIAR AGUS TIONCHAR**

**1. Cuirfidh RTÉ réimse cuimsitheach seirbhísí meán cumarsáide ar fáil a dhéanfaidh freastal ar speictream aoisghrúpaí den lucht éisteachta agus féachana agus a shásóidh riachtanais éagsúla**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois* | An buaic TVR i measc daoine 35-54 a choinneáil seasta ag >7.1 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | An sciar de na daoine aonair a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil seasta >66% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Chuaigh RTÉ One i gcionn ar 65% den lucht féachana gan seachtain, aon phointe amháin faoi bhun na sprice agus mar gheall den chuid is mó ar laghdú ar an méid a bhíonn daoine ag faire na teilifíse i rith na bliana 2016. Ina ainneoin sin, sáraíodh an sprioc maidir leis an sciar den lucht féachana agus baineadh amach na spriocanna cáilíochta go léir - féach gealltanas 3. |
| *Tabhair do d'aire: Is tagairt na spriocanna ar fad maidir le RTÉ One do shonraí maidir le RTÉ One agus RTÉ One +1 le chéile* | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna a choinneáil seasta ag >25% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile

## (ar lean)

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ2: Cothromaíocht a thabhairt i gcrích sa sceideal ionas go ndírítear ar dhaoine óga in Éirinn* | An buaic TVR i measc daoine 35-54 a choinneáil seasta ag >2.2 | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí buaic TVR RTÉ2 i measc daoine 15-34 ag 2, beagán faoi bhun na sprice. Is lú ábhar teilifíse a raibh daoine idir 15-34 bliain d'aois ag faire air sa bhliain 2016 i gcomórtas leis an mbliain 2015, agus tháinig ísliú 12% ar mheánlíon na nóiméad a breathnaíodh. Ina ainneoin sin, coinníodh an sciar den lucht féachana agus baineadh amach na spriocanna cáilíochta go léir - féach gealltanas 3. |
| | An sciar de na daoine aonair a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil seasta >51% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Chuaigh RTÉ2 i gcionn ar 47% den lucht féachana gach seachtain. Tá cúngú ar shaol na teilifíse agus laghdú maidir leis an méid ama a chaitheann gach duine faoi leith ag faire na teilifíse le sonrú ar an méid seo. |
| | An sciar de na daoine fásta 15-34 a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna a choinneáil seasta ag >9.2% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉjr: Freastal do riachtanais leanaí óga trí sceideal den iléagsúlacht* | Cur leis an sciar de na daoine 4-7 a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >13% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ Radio 1: Méadú ar an lucht éisteachta 35-54 bliain d'aois trí athrú a dhéanamh ar an tuin agus an meascán seánraí* | Cur leis an % de na daoine 35-54 "a d'éist inné" go mbíonn >24% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar de na daoine idir 35-54 a mbíonn aird acu air ar Raidió 1 2 phointe faoi bhun na sprice ag 22% i gcomparáid le 24% in 2015 agus 22% in 2014. Tá sin ag teacht le hísliú ó 85% go dtí 83% in imeacht na bliana maidir le hÉisteacht le Stáisiún Raidió ar bith. Tá leagtha amach ag an stáisiún an lucht éisteachta a ghnóthú ar ais i rith na bliana 2017. Baineadh amach na spriocanna cáilíochta ar fad ina dhiaidh sin - féach gealltanas 4. |
| | Cur leis an sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >38% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. 37.3% a bhí sa sciar de na daoine a d'éist le Radio 1 i rith na seachtaine, 1 phointe faoin sprioc. Féach an tráchtaireacht thuas faoin toradh saothair. |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a ardú go dtí 23% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ 2fm: Méadú ar an lucht éisteachta trí ábhar a bhaineann leis an lucht éisteachta 20-44 bliain d'aois a chruthú* | Cur leis an % de na daoine 20-54 "a d'éist inné" go mbíonn >15% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Chuaigh 2fm i gcionn ar 14.2% de na daoine idir 20-44, níos lú ná aon phointe amháin faoi bhun na sprice. Bhí na hathruithe a rinneadh ar bheartais labhartha agus ceoil 2fm leagtha amach chun lucht féachana óg a mhealladh agus súil go n-iompódh lucht féachana níos sine ar an stáisiúin. Cé nár tharla dul chun cinn chomh tréan i measc dhaoine faoi 35 bliain d'aois i rith na bliana 2016 agus a bhí á thuar, ionas go dtabharfaí isteach ar cailleadh i measc dhaoine os cionn 35 bliain d'aois, tá ardú á thuar maidir leis an mbliain 2017. Baineadh amach na spriocanna cáilíochta ar fad ina dhiaidh sin - féach gealltanas 4. |
| | Cur leis an sciar de na daoine fásta go léir 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >22% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an sciar den phobal a tharraing 2fm gach seachtain 2 phointe faoi bhun na sprice ag 20%. Féach an tráchtaireacht thuas faoin toradh saothair. |
| | Cur leis an sciar den lucht éisteachta 20-44 a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 go mbíonn ag 12% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. B'ionann buaicsciar 2fm den lucht éisteachta 20-44 agus 11%. Aon phointe amháin faoi bhun na sprice. Féach an tráchtaireacht thuas faoin toradh saothair. |
| *RTÉ lyric fm: Lucht éisteachta níos forleithne agus níos iléagsúla a chothú trí fhreastal ar lucht éisteachta faoi 50 bliain d'aois* | Cur leis an % de na daoine 35-54 "a d'éist inné" go mbíonn >4% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >8% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a choinneáil >2% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ Raidió na Gaeltachta: Méadú ar an lucht éisteachta trí fhreastal do lucht éisteachta nua taobh amuigh den Ghaeltacht agus thar lear* | Cur leis an % de na daoine 35-54 "a d'éist inné" go mbíonn >1% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >3% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ.ie: Ábhar ardchaighdeáin de chuid RTÉ a chur ar fáil do dhaoine in Éirinn agus thar lear* | Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ.ie go mbíonn >30% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. D'áitigh 29% de dhaoine fásta go mbaineann siad úsáid as RTÉ.ie gach seachtain. Tá an úsáid iarmhír seasmhach agus ag ardú le 5.6m Brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa, ardú ó 5.5m in aghaidh na míosa sa bhliain 2015. |
| *RTÉ Player: A bheith chun tosaigh ar gach seirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn* | Meánsciar seachtainiúil sheinnteoir RTÉ Player a athógáil go mbíonn >28% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Áitíonn an RTÉ Player go mbaineann 24% de dhaoine fásta úsáid as gach seachtain. Tá an úsáid iarmhír ag ardú áfach le 1.7m brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa, ardú ó 1.3m in aghaidh na míosa sa bhliain 2015. Tá athfhorbairt iomlán á dhéanamh ar an RTÉ Player in 2017 ionas go mbeidh sí ar an tseirbhís ar líne teilifíse is mó in Éirinn. |
| *RTÉ News Now (RNN): An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana* | Cur leis an sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >20% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. 19.6% a raibh aird acu air, leibhéal a mheasann RTÉ a bheith ag teacht leis an sprioc. |
| | Cur le líon na mbrabhsálaithe aonair, ó láithreán nuachta RTÉ agus aip soghluaiste RNN go mbíonn >3m | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Baineadh amach 2.9m brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa ar an meán le suíomh nuacht RTÉ agus leis an aip RNN, cothrom lenar baineadh amach sa bhliain 2015. |
| | Cur le líon na ndaoine a leanann RTÉ News ar Twitter go dtí >450k | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ go Soghluaiste agus Ar Líne: Cur leis an úsáid a bhaintear as cláracha agus as ábhar de chuid RTÉ ar dheiseanna soghluaiste agus ar líne* | Cur le meánsciar seachtainiúil sheinnteoir RTÉ Player go mbíonn >11% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Meánsciar seachtainiúil RTÉ trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne a atógáil go mbíonn >48% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. D'áitigh 46% de na daoine fásta go gceanglaítear le RTÉ ar líne nó ar ghléas so-iompair gach seachtain. Is léir pátrún forásach leanúnach ó na sonraí úsáide iarmhír le 6.8m brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa, ardú ó 6.4m in aghaidh na míosa sa bhliain 2015. Tharla buaicleibhéil tráchta ar sheirbhísí digiteacha RTÉ i rith na bliana 2016. |
| | Cur le meánlíon sruthanna RTÉ in aghaidh na míosa trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go dtí 6.5m | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Cur le meánsciar míosúil RTÉ de na brabhsálaithe idirnáisiúnta aonair go mbíonn >2.4m | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí RTÉ dírithe ar fhás ach go raibh UlBanna, áfach, faoi bhun leibhéil 2014 agus 2015 ag 2.1m sa mhí. Féachann RTÉ sprioc 2.2m a bhaint amach faoi 2017. |
| *RTÉ Aertel: Príomhsheirbhís faisnéise na hÉireann a chur ar fáil* | Monatóireacht ar úsáid RTÉ Aertel agus an sciar de na daoine a mbíonn aird acu air a choinneáil seasta ag >20% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Áitíonn 18% de na daoine fásta go mbaineann siad úsáid as RTÉ Aertel gach seachtain. Measann RTÉ go gcuireann a chuid seirbhísí eolais soghluaiste agus ar líne taithí-úsáideora ar chaighdeán níos fearr agus níos comhaimseartha don phobal. |
| *Cartlanna RTÉ: Cartlanna RTÉ a fhorbairt agus a oscailt don phobal* | Cur le líon na ndaoine a d'úsáid Cartlanna RTÉ riamh go mbíonn>22% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí 19% de na daoine fásta a luaigh gur bhain siad úsáid as an gCartlann. Tá líon na ndaoine a úsáideann an chartlann ar líne chomh hard le 128,000 brabhsálaí aonair in aghaidh na míosa faoin tráth seo, ardú 91% in imeacht bliana, agus déantar ábhar nua as Cartlann RTÉ a fhoilsiú agus a chur ar fáil ar an ardán sin gach lá. Déantar cuid mhór de shaothar Chartlann RTÉ a úsáid mar chuid de sheirbhísí eile RTÉ nó mar ábhar ag craoltóirí eile. Ní branda atá dírithe ar an lucht féachana agus éisteachta amháin atá i gCartlann RTÉ. |
| *Ceolfhoirne, Cóir agus Ceathairéid RTÉ: Ócáidí ceoil beo den chaighdeán is airde a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil in Éirinn* | An lucht éisteachta a choinneáil ag >164,000 | Rinneadh maith den ghealltanas. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile

## (ar lean)

**2. Tá rún ag RTÉ a bheith ina chuid thábhachtach den saol ag daoine, iontaoibh a bheith ag daoine as an eagraíocht agus an eagraíocht a bheith freagrach do na daoine**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Caidreamh a chothú leis an lucht éisteachta agus féachana trí réimse iomlán na seirbhísí* | Meánlíon na ndaoine 18+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Meánlíon na ndaoine 18-34 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhain RTÉ meánlíon seachtainiúil de 87% amach. |
| | Meánlíon na ndaoine 35-54 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Meánlíon na ndaoine 55+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ ar an Iomlán: A bheith ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn agus iontaoibh an lucht féachana agus éisteachta a choinneáil* | Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil >80% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil>65% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ ar an Iomlán: Iléagsúlacht mhuintir na hÉireann a léiriú* | Plean gníomhartha agus straitéis iléagsúlachta RTÉ a fhoilsiú | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Rinne RTÉ forbairt ar straitéis iléagsúlachta in 2016 ach mar gheall ar shrianta airgeadais, áfach, socraíodh gan í a chur i bhfeidhm go dtí 2017. |

**ÁBHAR – SAINIÚLACHT AGUS ARDCHAIGHDEÁN**

**3. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán teilifíse ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht féachana maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ2: Cothromaíocht sa sceideal trí chur leis an ábhar a léirítear in Éirinn agus nuáil maidir le cláracha agus léiriúchán atá dírithe ar lucht féachana níos óige in Éirinn* | Iléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**4. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán raidió ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ Radio 1: Cur leis an tarraingt atá sa stáisiún do dhaoine 35-54 agus leanúint de bheith ar an stáisiún raidió mórshuntais in Éirinn trí sceideal le meascán seánraí cainte agus ceoil* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá beartaithe | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ 2fm: Cur leis an spriocluchta éisteachta trí ábhar a chruthú atá suimiúil sainchóirithe. Déanfar caomhchóiriú ar ionad 2fm ar mhargadh raidió na hÉireann mar sheirbhís ceoil agus siamsaíochta den mhórthábhacht* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas. |

| | | |
|---|---|---|
| *RTÉ Lyric fm: Malairt rogha sainiúil a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil chlasaicigh, cheol an domhain agus na n-ealaíon agus réimsí spéise an lucht éisteachta a bheith le sonrú ar an sceideal ar fad* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ Raidió na Gaeltachta: Ábhar den nuáil a chur ar fáil a bheadh ina cheangal idir an t-éisteoir agus Gaeltacht phearsanta dáiríre agus saol na Gaeilge* | Iléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**5. Déanfaidh RTÉ na seirbhísí meán digiteach a thabhairt chun cinn ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana maidir le hábhar tarraingteach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ Player: A bheith chun tosaigh mar sheirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn agus an rogha agus an smacht a thabhairt don lucht féachana ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as cláracha de chuid RTÉ ina rogha áit agus an tráth is mian leo* | An scór maidir le dearcadh an lucht féachana go bhfuil seinnteoir RTÉ Player sásúil a choinneáil >80% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí an leibhéal sástachta ag 79%, leibhéal a mheasann RTÉ a bheith ard agus atá ag teacht leis an sprioc. |
| *RTÉ.ie: Ábhar de chuid RTÉ a chur ar fáil do lucht éisteachta agus féachana in Éirinn agus thar lear ar bhealaí atá fíorshásúil don lucht úsáide agus ar fáil ar ilardáin agus ar ildheiseanna* | An scór maidir le dearcadh 'sásta le RTÉ.ie' i measc an lucht éisteachta a choinneáil ag >80% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. B'ionann an leibhéal sástachta agus 71%. Tar éis athdhearadh ar RTÉ.ie i ndeireadh na bliana 2016, beidh an suíomh idirlín sin á chur i láthair mar "phointe aonair caidrimh" maidir le hábhar RTÉ ar fad ionas gur féidir leis an lucht éisteachta agus féachana iléagsúil teacht ar níos mó den réimse ábhair. |

**6. Leanfaidh RTÉ ina fhoinse thréan iontaofa in Éirinn maidir le nuacht agus cúrsaí reatha intíre agus idirnáisiúnta, ag cur nuachta ar fáil atá tábhachtach do chách, i mBéarla agus i nGaeilge**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ News: Foinse N&CR intíre agus idirnáisiúnta atá iontaofa, tréan, nua-aimseartha agus Éireannacha chur ar fáil* | Ábhar N&CR a chur ar fáil ar RTÉ One, RTÉ Radio 1 agus RTÉ News Now de réir na réimsí % uaireanta a chloig | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Féach freisin Gealltanas 20 maidir leis an dearcadh maidir le Cothromaíocht agus Neamhchlaontacht* | Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag >80% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *RTÉ News Now: An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana ar líne, ar dheiseanna soghluaiste agus ar an teilifís* | Iléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**7. Leanfaidh RTÉ d'ábhar cláracha ar ardchaighdeán de chuid na hÉireann trína ndéantar scrúdú agus léiriú ar an saol sin acusan a chur ar fáil do leanaí le lón soláthair ilmheán ar fud ardáin an raidió, na teilifíse, an idirlín agus na ndeiseanna soghluaiste**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Leanúint d'ábhar Éireannach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud na n-ardán do leanaí*<br><br>*Féach freisin a luaitear faoi RTÉjr faoi Ghealltanas 1* | An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan ábhair agus seirbhísí ar fáil do leanaí a choinneáil ag >50% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**8. Féachann RTÉ le díriú ar na cainteoirí uile Gaeilge in Éirinn agus thar lear leis na cláracha agus na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Féachaint le caidreamh a chothú le gach duine a labhraíonn Gaeilge in Éirinn agus thar lear*<br><br>Féach Gealltanas 4 maidir le RTÉ Raidió na Gaeltachta | Cur leis na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge >50% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile
## (ar lean)

ÁBHAR – CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL

**9. Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile - más imeachtaí móra siamsaíochta, nuachta nó polaitíochta, nó imeachtaí móra spóirt iad**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile* | Cur leis an dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú go mbíonn >80% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**10. Bainfidh RTÉ úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun cur le caighdeán na seirbhísí agus an t-ábhar a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Ábhar de chuid RTÉ a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir ar fud na n-ardán éagsúil agus ar dheiseanna éagsúla* | Cur leis an dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna go mbíonn >80% | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Teilifís RTÉ: Cur le caighdeán craolacháin ábhar Theilifís RTÉ trí theicneolaíocht HD* | Baineadh amach na huaireanta an chloig de réir sprice | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**11. Tá de rún ag RTÉ bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú go hinmheánach agus i measc earnáil na Léiritheoirí Neamhspleácha agus i measc lucht cruthaitheachta go ginearálta**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú* | Dearcadh an phobail gur eagraíocht chruthaitheachta RTÉ a choinneáil >60% | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Mheas 59% den phobal gur eagraíocht chruthaitheach é RTÉ. |
| | 5 chlár píolótacha a chraoladh ar Theilifís RTÉ | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Raidió RTÉ: Sciar ard maidir leis an gcéad chraoladh ar ábhar a léirítear in Éirinn a choinneáil ar Raidió RTÉ* | Ábhar dúchais á chraoladh den chéad uair a bheidh in >80% den ábhar a chraoltar ar sheirbhísí FM Raidió RTÉ | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Teilifís RTÉ: Cinntiú gur cláracha a léirítear in Éirinn sciar ard den ábhar a chraoltar le linn buaicthráthanna ar RTÉ One* | Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais a bheith ar 70% d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Cinntiú go sásaítear na coinníollacha caiteachais faoin reachtaíocht leis an gcoimisiúnú neamhspleách maidir le Raidió agus Teilifís, ionas go gcomhlíontar na dualgais faoi Alt 116 den Acht Craolacháin 2009.* | An dualgas maidir le caiteachas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**12. Tá de rún ag RTÉ ábhar ealaíon agus cultúir níos mó le rá, níos uaillmhianaí agus níos ilchuimsithí a chur ar fáil**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *RTÉ ar an Iomlán: Cuidiú le beartaíocht ealaíon in Éirinn* | Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ bonn treise faoi bheartaíocht ealaíne in Éirinn a choinneáil >70% | Rinneadh maith den ghealltanas. |

## AN ÚSÁID AS CISTÍ POIBLÍ

**13. Tá RTÉ tiomanta spriocanna buiséid a bhaint amach faoi mar a leagtar amach i mBuiséad Eatramhach RTÉ 2016, lena n-áirítear díriú ar meá ar mheá /farrasbarr beag a bhaint amach roimh an gcostas ar imeachtaí speisialta**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *An sprioc i mBuiséad Eatramhach 2016 a bhaint amach* | Toradh aontaithe ar an mbuiséad don bhliain a bhaint amach | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Rinne RTÉ pleanáil d'easnamh buiséid sa bhliain 2016 mar gheall ar imeachtaí speisialta. D'fhág lagú ar an margadh tráchtála tar éis reifreann an Bhreatimeachta gur tharla easnamh maidir leis an teacht isteach. Rinneadh sin a chúiteamh i bpáirt le tionscnaimh chun costas a ghearradh. |

**14. Seirbhís a chur ar fáil ar fiú an t-airgead í, trína chinntiú go mbaintear an luach is fearr amach i ngach réimse gnó agus trí leanúint den leas is fearr a bhaint as ioncam ón táille ceadúnais**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin.* | Na spriocanna maidir le buiséad an chostais oibriúcháin agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaint amach | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Cinntiú go mbíonn an chistíocht phoiblí maidir le gach seirbhís faoi leith taobh istigh de na teorainneacha sonraithe* | Fanacht laistigh de réimsí tairsí maidir leis an úsáid as cistí poiblí don bhliain 2016 | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí naoi gcinn de na seirbhísí laistigh den réimse a bhí á thuar, dhá sheirbhís faoin tairseach íseal agus ceann amháin níos airde ná an tairseach ard. |
| *An scór maidir le tuairim an phobail go bhfuil luach maith ar airgead ag baint le RTÉ a choinneáil* | An scór a choinneáil >56% | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí an scór seo, 53%, trí phointe faoi bhun na sprice. |
| *Sprioc bhuiséad 2016 maidir le PROC* a bhaint amach - % den Chostas Iomlán Oibriúcháin (sula dtugtar dímheas & amúchadh san áireamh)* | Sprioc PROC a bhaint amach | Rinneadh maith den ghealltanas. |

* Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra

**15. Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gíomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Rannóg Tráchtála RTÉ chun sprioc ioncaim tráchtála an ghrúpa a bhaint amach* | Sprioc ioncam tráchtála an ghrúpa a bhaint amach | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí ioncam tráchtála faoi bhun na sprice de bharr margadh tráchtála lag i ndiaidh an Bhreatimeachta. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile
## (ar lean)

### FOLLASACHT, CUNTASACHT AGUS COMHAROIBRIÚ

**16. Tá de rún ag RTÉ a bheith níos oscailte agus acmhainní ó chistíocht phoiblí a roinnt le lucht meán cumarsáide eile in Éirinn trí ábhar nuachta a roinnt le soláthraithe meán cumarsáide eile**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Níos mó d'ábhar RTÉ a roinnt trí ábhar a chur ar fáil do sholáthraithe meán cumarsáide eile de chuid na hÉireann* | Roinnt ábhar closamhairc ar líne a chur i bhfeidhm | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**17. Páirtnéireachtaí straitéiseacha agus cruthaitheacha den mhórthábhacht a chothú ionas gur féidir le RTÉ leanúint den nuáil maidir le cláracha, ábhar & cúrsaí teicneolaíochta agus forbairt a dhéanamh maidir le hacmhainn cumais agus gnáis oibre**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Caidreamh RTÉ le 5 cinn ar a laghad d'eagraíochtaí/geallsealbhóirí buntábhachta (arna sonrú ag Grúpa Comhpháirtíochtaí RTÉ) a thabhairt chun cinn, maidir le réimse na n-ealaíon, an chultúir, an ghnó, an oideachais agus na meán eile.* | Tuairisc faoi 5+ tionscadal comhpháirtíochta mórthábhachta a thabhairt chun cinn i rith na bliana 2016 | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**18. Féachann RTÉ le tuiscint a fháil ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann trí thionscnaimh taighde d'fhonn a mbíonn de dhíth orthu, agus súil acu leis, a mheas agus an dearcadh i leith ábhar agus seirbhísí RTÉ a thuiscint**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Taighde a dhéanamh a thugann tuiscint ar dhearcadh an lucht féachana agus éisteachta i leith ábhar agus seirbhísí RTÉ* | Suirbhéanna taighde leanúnacha a chur i bhfeidhm | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**19. Ceannródaíocht a léiriú maidir le seirbhísí den áisiúlacht trí na hiöschaighdeáin a shárú agus seirbhísí nua / den nuáil a chur ar fáil nuair is féidir sin, ionas go soirbhítear do theacht a bheith ar an Teilifís acu siúd atá faoi mhíchumas céadfach**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go gcomhlíontar rialacha rochtana an BAI* | Spriocanna ar fad an BAI a chomhlíonadh | Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Bhí RTÉ ar gcúl maidir le roinnt dá chuis spriocanna rochtana. |

**20. Na caighdeáin eagarthóireachta is airde a fheidhmiú, athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte eagarthóireachta i gcomhthéacs na reachtaíochta agus na gcód cleachtais agus laghdú chomh mór agus is féidir a bheith ar bhearta ceartaitheacha de réir rialúcháin / dlí**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go gcomhlíontar cóid eagarthóireachta an BAI.* | Cód Caighdeán na gClár | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Seasadh le dhá ghearán ina n-iomláine in 2016. |
| *Muinín an phobail a choinneáil maidir le neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht ábhar mórthábhachta de leithéid chláracha nuachta agus chúrsaí reatha agus iontaoibh an lucht éisteachta agus féachana a chothú* | Dearcadh an lucht féachana maidir le "cothroime agus neamhchlaontacht" *RTÉ News: Nine O'Clock* a choinneáil | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Dearcadh an lucht éisteachta maidir le "cothroime agus neamhchlaontacht" *Morning Ireland* a choinneáil | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Déileáil le gach gearán BAI laistigh den chreat ama éigeantach.* | Plé le gearáin BAI laistigh dena na tréimhsí ama éigeantacha | Rinneadh maith den ghealltanas. |

**21. Na coinníollacha ar fad maidir le reachtaíocht agus cúrsaí rialúcháin a chomhlíonadh agus córais rialachais agus tuairiscíochta den sárchleachtas a choinneáil ar bun**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Cinntiú go mbíonn Cóid agus Achtanna maidir le Tuairisciú Airgeadais agus Rialachas Corparáide á gcomhlíonadh.* | An t-ardchaighdeán maidir le *Tuarascáil Bhliantúil RTÉ agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (an Tuarascáil Bhliantúil)* a choinneáil agus iad a fhoilsiú de réir Alt 110 san *Acht Craolacháin 2009* | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a chomhlíonadh agus tuairisc ina leith sin a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca. | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Cinntiú go mbíonn na Cóid agus na hAchtanna uile maidir le cúrsaí Tráchtála agus cúrsaí Cumarsáide á gcomhlíonadh.* | Go mbeadh bearta tráchtála ag comhlíonadh Alt 108 den *Acht Craolacháin 2009* | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Cloígh le Cóid Chumarsáide Tráchtála BAI, ComReg, ODAS, agus ASAI | Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Seasadh le gearán amháin in aghaidh Alt 9 den Chód Cumarsáide Tráchtála Ginearálta (BAI tag 27/16). |
| *Cinntiú go gcloítear leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise* | Comhlíontas agus staitisticí maidir le Saoráil Faisnéise a chur faoi bhráid an DCCAE/ na Roinne Airgeadais gach ráithe | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *An sárchleachtas maidir le bainistíocht riosca fiontraíochta (ERM) a chur chun cinn.* | Caoinchóiriú a thabhairt ar phróiseas RTÉ maidir le bainistíocht riosca, lena n-áirítear príomhshlata tomhais riosca agus formáidí tuairiscíochta a fhorbairt. | Rinneadh maith den ghealltanas. |

Déantar obair uile RTÉ i gcomhréir leis na coinníollacha ar fad a bhaineann léi faoin dlí. Díríonn an méid as *Gealltanas 21* thuas agus ceanglais rialála agus reachtacha eile sa cháipéis seo ar réimsí a nascann le gníomhaíocht craolacháin.

**22. Follasacht agus freagracht níos fearr ar bhonn leanúnach a léiriú maidir leis an úsáid a bhaineann RTÉ as cistí poiblí**

| Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017 | Slat Tomhais ASPC 2016 (Bliain 4) | Toradh 2016 |
|---|---|---|
| *Leanúint ag foilsiú sonraí faoin gCostas in aghaidh na hUaire Craolacháin (CPTH)* | CPTH a fhoilsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2015 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Tuairisc a thabhairt ar an Úsáid a Bhaintear as Cistí Poiblí de réir an mhúnla follasachta maidir le cúrsaí airgeadais ar glacadh leis i rith na bliana 2013* | Tuairisc ar an úsáid as Cistí Poiblí a fhoilsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2015 | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Ráiteas bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta a fhoilsiú* | Tuairisc a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaith a dhéanamh de Ghealltanais RTÉ 2015 nó a mhalairt | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | ASPC RTÉ 2016 a fhoilsiú | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| *Comhlíonadh le beartas Cóirthrádála nuashonraithe RTÉ* | Gníomhaíochtaí tráchtála agus seirbhíse poiblí RTÉ a scaradh go feidhmiúil | Rinneadh maith den ghealltanas. |
| | Oifigeach Cóirthrádála a Cheapadh | Rinneadh maith den ghealltanas. |

# Ceanglais Tuairiscíochta Eile

## (ar lean)

### Tuarascáil Cóirthrádála RTÉ 2016

Tá RTÉ tiomanta a chinntiú go gcloítear le prionsabail na cóirthrádála i mbun na trádála agus go n-oibrítear taobh istigh de chreatchóras reachtaíocht an AE agus na reachtaíochta náisiúnta atá dírithe ar a chinntiú go ndéanann craoltóirí seirbhíse poiblí na mballstát de réir na bprionsabal coitianta cóirthrádála. Is léiriú breise ar an tiomantas ina leith sin an leagan leasaithe de *Pholasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála* RTÉ a foilsíodh ar shuíomh idirlín RTÉ ar an 29 Feabhra 2016.

Is fochoiste de chuid Bhord RTÉ an Coiste maidir le Cóirthrádáil. Is iad comhaltaí an fhochoiste Fionnuala Sheehan (Cathaoirleach), Fergus Armstrong agus Deborah Kelleher. Tá an fochoiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le cóirthrádáil maidir lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an bhfochoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú ar an bpróiseas maidir le gearáin. Déanann an tOifigeach Cóirthrádála tuairiscíocht go díreach leis an bhfochoiste. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an bhfochoiste i rith na bliana 2016.

I gcomhréir le polasaí agus nós imeachta RTÉ agus ar mhaithe le follasach breise a thabhairt i gcrích maidir leis an mbeartaíocht tráchtála agus leis an mbeartaíocht seirbhíse poiblí, cuireadh rannóg tráchtála ar bun. Déantar an bhainistíocht ar an rannóg tráchtála ar leithligh ó na Rannóga Comhtháite Gnó a dhéanann an bhainistíocht ar bheartaíocht maidir le seirbhísí poiblí RTÉ a chur i gcrích. Tá an rannóg tráchtála freagrach as an mbainistíocht ar bheartaíocht tráchtála RTÉ uile seachas na seirbhísí tarchuradóireachta, seirbhísí dáiliúcháin agus seirbhísí gaolmhara a chuireann an fhochuideachta 2rn ar fáil, atá faoi úinéireacht iomlán RTÉ; cuirtear as an áireamh chomh maith na seirbhísí ilphléacsanna a chuireann RTÉ ar fáil agus na táillí a ghearrtar maidir le hábhar cartlainne agus leabharlainne a thapú.

Chuir an tOifigeach Cóirthrádála seisiúin mionteagaisc ar siúl do na bainisteoirí ar fud RTÉ agus cuireadh comhairle faoi thrádáil chóir ar fáil i rith na bliana 2016.

Foilsíodh an nós imeachta maidir le gearáin ag deireadh mí Feabhra 2016. Ritheadh feachtas eolais don phobal ar an raidió, ar líne agus ar na meáin shóisialta i rith mhí na Samhna/mhí na Nollag 2016 chun aird a tharraingt ar an *bPolasaí agus an Nós Imeachta Cóirthrádála* agus rinneadh tagairt go sonrach don nós imeachta maidir le gearáin. Níor tháinig gearán ar bith i rith na bliana 2016.

### Comhionannas agus Iléagsúlacht

Tuairisc RTÉ i gcomhréir le *Moladh Chomhairle na hEorpa (CA/Mol(2013)1) ó Choiste na nAirí do na ballstáit faoi chomhionannas inscne agus na meáin chumarsáide* (arna aontú ag Coiste na nAirí ar an 10 Iúil 2013):

Déanann RTÉ, mar fhostóir agus mar chraoltóir araon, bearta forghníomhacha chun comhionannas agus Ileágsúlacht a chur chun cinn.

Mar fhostóir, is maith is eol do RTÉ gur den bhunriachtanas maidir le héifeachtacht agus críochnúlacht na hoibre agus leis an dea-chaidreamh i measc lucht na foirne go mbeadh an iléagsúlacht á cothú agus comhionannas deiseanna á chur ar fáil. Tá meas ar lucht na foirne as ucht iléagsúlacht a gcuid oibre agus cuidítear leo iomlán a gcuid acmhainne a thabhairt i gcrích. Maidir leis sin, tá Beartas Ileágsúlachta i bhfeidhm ag RTÉ atá ina chuid de *Lámhleabhar Foirne RTÉ.*

Maidir le comhionannas inscne i measc an lucht saothair, b'fhir 52% de lucht oibre RTÉ ar an 31 Nollaig 2016, agus ba mhná 48%. Ar leibhéal an Bhoird, déantar foráil faoin *Acht Craolacháin 2009* do chothromaíocht ó thaobh inscne maidir le comhalta an Bhoird trína cheangal go mbeadh líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear ar an mBord. An 31 Nollaig 2016, bhí seisear comhalta mná agus seisear comhalta fir ar Bhord RTÉ.


Is eol go géar do RTÉ, mar chraoltóir seirbhíse poiblí, go bhfuil na meáin chumarsáide in acmhainn tionchar faoi leith a imirt maidir le comhionannas inscne a chur chun tosaigh. Leagtar polasaithe eagarthóireachta RTÉ amach in *Caighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ* agus in *Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ*. Tugtar san áireamh leis na beartais sin forálacha sonracha chun an iléagsúlacht agus an comhionannas ó thaobh inscne a chur chun cinn agus dírítear ar réimsí tábhachtacha maidir le bainistíocht maidir leis an mbaol go dtarlódh claonadh leataobhach nó buanchruthú ó thaobh inscne in ábhar cláracha agus maidir leis an tábhacht atá le téarmaí a úsáid atá uilechuimsitheach ó thaobh inscne.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil RTÉ láncheangailte leis an lucht éisteachta agus féachana, is den bhunriachtanas go mbíonn an fhoireann, na láithreoirí agus aíonna ar chláracha de réir iléagsúlacht cultúir, déimeagrafaíochta agus tuairimí an lucht éisteachta agus féachana. Bíonn RTÉ ar an airdeall maidir leis na dualgais ina leith seo agus leantar de bhealaí a scrúdú ina gcothaítear caidreamh leis an lucht éisteachta agus féachana agus ina ndéantar saol agus pobal na hÉireann a léiriú.

### Tuairisc faoi Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*


Éilítear ar RTÉ faoi Alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tuairisc bhliantúil a ullmhú maidir leis an nochtadh cosanta a dhéantar faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*. I gcomhlíonadh an choinníll sin, deimhníonn RTÉ go ndearnadh aon nochtadh cosanta amháin i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016.

## IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE ("SF") CHUIG RTÉ




Foinse: RTÉ

## GEARÁIN A RINNEADH LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN (BAI) MAIDIR LE HÁBHAR CRAOLTA DE CHUID RTÉ




Foinse: RTÉ

1. I rith na bliana 2016, sheas Coiste Comhlíontais BAI go hiomlán le trí cinn de ghearáin in aghaidh ábhar de chuid RTÉ. Bhain ceann amháin de na gearáin le fógra ar RTÉ One agus bhain dhá ghearán le *The Ray D'Arcy Show* (RTÉ Radio 1, 9 Meitheamh 2016).

An 31 Nollaig 2016, bhíothas ag feitheamh le breith BAI faoi 18 gearán a rinneadh faoi ábhar craolta de chuid RTÉ i rith na bliana 2016.

# Stair Airgeadais

| | IFRS 2016 €'000 | IFRS 2015 €'000 | IFRS 2014 €'000 | IFRS 2013 €'000 | IFRS 2012 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **RÁITEAS IONCAIM** | | | | | |
| Ioncam ó cheadúnais teilifíse | 179,081 | 178,909 | 178,562 | 182,370 | 180,894 |
| Ioncam tráchtála | 158,237 | 155,403 | 149,605 | 145,214 | 156,320 |
| **Ioncam iomlán** | **337,318** | **334,312** | **328,167** | **327,584** | **337,214** |
| Costais oibríochta (roimh dhímheas, amúchadh agus athstruchtúrú agus costais eile) | (343,448) | (320,262) | (311,894) | (306,919) | (335,002) |
| **EBITDA roimh chostais athstruchtúrtha agus eile** | **(6,130)** | **14,050** | **16,273** | **20,665** | **2,212** |
| Dímheas agus amúchadh | (13,562) | (14,240) | (13,600) | (15,255) | (17,504) |
| Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt | 119 | 569 | 43 | - | - |
| Athstruchtúrú agus costais eile | - | - | - | 390 | (46,161) |
| **Caillteanas ó ghníomhaíochtaí oibríochta tar éis athstruchtúrú agus costais eile** | **(19,573)** | **379** | **2,716** | **5,800** | **(61,453)** |
| Glan ioncam/(chostas) airgeadais | 217 | (2,650) | (1,788) | (4,734) | (3,737) |
| Cáin | (297) | (482) | (711) | (408) | 43 |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | **(19,653)** | **(2,753)** | **217** | **658** | **(65,147)** |
| **CLÁR COMHARDAITHE** | | | | | |
| **Sócmhainní reatha agus neamhreatha** | | | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 70,137 | 76,319 | 81,440 | 88,522 | 98,550 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2,020 | 2,155 | 3,157 | 4,121 | 4,348 |
| Sócmhainn phinsin | 29,064 | 46,749 | 1,837 | 9,899 | 746 |
| Fardail | 35,427 | 32,139 | 33,848 | 33,484 | 31,977 |
| Sócmhainní eile | 71,404 | 82,267 | 76,517 | 80,991 | 91,529 |
| **Iomlán sócmhainní** | **208,052** | **239,629** | **196,799** | **217,017** | **227,150** |
| **Dliteanais reatha agus neamhreatha** | | | | | |
| Sochair d'fhostaithe - costas athstruchtúrtha | 12,895 | 15,399 | 19,903 | 25,278 | 34,610 |
| Oibleagáidí sochair scoir | - | - | 19,188 | - | 47,086 |
| Dliteanais eile | 154,902 | 149,057 | 134,736 | 139,724 | 148,388 |
| Iomlán dliteanas | 167,797 | 164,456 | 173,827 | 165,002 | 230,084 |
| Cothromas | 40,255 | 75,173 | 22,972 | 52,015 | (2,934) |
| **Iomlán cothromais agus dliteanas** | **208,052** | **239,629** | **196,799** | **217,017** | **227,150** |
| **SREABHADH AIRGID** | | | | | |
| Airgead tirim glan (insúite)/ ginte ó ghníomhaíochtaí oibríochta | (5,402) | 9,108 | 2,447 | 5,076 | (22,051) |
| Sreabhadh airgid glan maidir le héadáil ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe | (8,538) | (7,704) | (5,508) | (9,212) | (14,857) |
| **LÍON FOSTAITHE** | | | | | |
| **Líon iomlán ar an 31 Nollaig** | **1,984** | **1,978** | **1,899** | **1,856** | **1,858** |





Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
**in** linkedin.com/company/rte